

David Copperfield mar shaothar Gaeilge

- Staidéar ar ghnéithe d'aistriúchán
Sheáin Uí Ruadháin

Tracey Ní Mhaonaigh
B.A.

Tráchtas le haghaidh chéim MLitt a cuireadh faoi bhráid Roinn na
Nua-Ghaeilge, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad.

Mí na Samhna, 2002

Stiúrthóir agus Ceann na Roinne: An tOllamh Ruairí Ó hUiginn

CLÁR

| | |
|--|----------------|
| A. Focal Buíochais | i-ii |
| B. Réamhrá | iii-vi |
| C. Nodanna | v |
| 1. Teoiric an Aistriúcháin | 1-3 |
| 2. Cúlra an Aistriúcháin sa Ghaeilge | 4-11 |
| 3. Seán Ó Ruadháin | 12-32 |
| 4. Scéim Aistriúcháin an Ghúim | 33-50 |
| 5. Aistriúcháin eile an Ruadhánaigh | 51-62 |
| 6. Tionchar <i>David Copperfield</i> ar <i>Pádhraic Mháire Bhán</i> | 63-94 |
| 7. Béarla <i>David Copperfield</i> | 95-121 |
| 8. Na Seanfhocail in <i>David Copperfield</i> | 122-139 |
| 9. Na Samhlacha in <i>David Copperfield</i> | 140-156 |
| 10. Nathanna na Gaeilge in <i>David Copperfield</i> | 157-240 |
| 11. <i>David Copperfield</i> mar Shaothar Gaeilge | 241-251 |
| D. Leabharliosta | 252-257 |
| E. Aguisíní | 258-279 |

FOCAL BUÍOCHAIS

Ní bheadh an saothar seo ar an bhfód ach go bhfuil roinnt daoine ann a thug cúnamh, spreagadh agus cúis gháire dom le linn na hoibre. Ba mhaith liom breith ar an bhfaill seo le mo bhuíochas a ghabháil leo siúd.

Gan stiúrthóir, ar ndóigh, is beag an maitheas a bheadh idir na cludaigh seo. Leis an Ollamh Ruairí Ó hUiginn, gabhaim buíochas faoi leith as ucht a chuid cúnamh, tacaíochta agus foighne liom i gcónaí. Táim faoi chomaoin ag an Dr. Tadhg Ó Dúshláine, chomh maith, a thug spreagadh dom riamh, agus a chuir an t-ábhar seo i mo chloigeann an chéad lá. Ina dteannta leo, gabhaim buíochas le Roinn na Gaeilge iomlán in Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, as an tacaíocht agus an treoir a fuair mé uathu ar fad.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foirne na leabharlanna i Maigh Nuad (Leabharlann Eoin Pól II agus Leabharlann Russell). Sa Leabharlann Náisiúnta agus sa Chartlann Náisiúnta araon, fuair mé gach cabhair agus gach treoir a theastaigh uaim. Le Marion Gunn i gChartlann na gCanúintí, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, gabhaim buíochas faoi leith. Ní hamháin gur chabhraigh sí liom le linn mo thaighde, ach chuir sí spéis faoi leith i mo chuid oibre. Chomh maith leo siúd, táim go mór faoi chomaoin ag Fidelma Ní Ghallchobhair, sa Choiste Téarmaíochta, agus ag muintir an Ghúim go léir as ucht na tacaíochta, cúnamh agus treorach a fuair mé uathu.

Gan mo mhuintir agus mo chairde le m'ais ní bhéinn ag an sprioc seo choíche. Nuair a chaill mé an spreagadh ba iadsan a las an solas dom. Bhí orthu cur suas leis na giúmair ar fad a bhí orm go háirithe sna seachtainí deireanacha. Leo siúd deirim go raibh míle maith agaibh. Tá duine eile ar mhaith liom buíochas a ghabháil leis. Thug sé misneach agus cúis gháire dom i gcónaí, go

mór mór ag deireadh na n-óicheanta fada agus bailchríoch á cur ar an saothar seo agam.

Agus an ball is mó ar deireadh, gabhaim buíochas le Seán Ó Ruadháin – úrscéalaí, gearrscéalaí, iriseoir, aistritheoir agus Gaeilgeoir. Ach gur chaith sé tromlach a shaoil ar son na Gaeilge ní beadh an saothar seo beo.

Réamhrá

Cuireadh tús le scéim aistriúcháin an Ghúim le comórtas a fograíodh go náisiúnta sa bhliain 1928. Is é a bhí mar aidhm leis an scéim seo an t-easnamh in ábhar léitheoireachta na Gaeilge a líonadh. Roinn Seán Ó Ruadháin agus Mícheál Ó Siochfhradha céad áit an chomórtais, agus thug siad faoi *Wild Sports of the West* agus *Monarch the Big Bear* le haistriú. Le linn na dtríochaidí foilsíodh níos mó ná 250 aistriúchán ó theangacha éagsúla – an Béarla ach go háirithe. Agus ón uair a cuireadh tús leis an nGúm i 1926 go 1999 foilsíodh thart ar 590 aistriúchán (nach téacsleabhair iad).¹

Tharraing an scéim seo cuid de mhórscribhneoirí na Gaeilge chuici féin, ina measc Máirtín Ó Cadhain [*Saile Chaomhánach*], Séamus Ó Grianna (Máire) [*Faoi Chrann Smóla, Caiptín Blood*, srl.], Seosamh Mac Grianna [*Ben Hur, Ivanhoe*, srl.], Seán Mac Maoláin [*Imtheacht an Iolair, Scéal Fá Dhá Chathair*, srl.], Niall Ó Dónaill [*Mac Rí na hÉireann, Roibeart Emmet*, srl.], ach má tharraing féin ní raibh sí gan lucht a cáinte. Bhí tuairimí ann go raibh an iomarca béime á cur ar na haistriúcháin, go raibh scríbhneoirí na Gaeilge ag aistriú in ionad a bheith i mbun a saothar féin. Argóint eile a bhí ann ná nárbh fhiú na saothair a aistriú go Gaeilge sa mhéid is go raibh an chuid is mó díobh aistrithe ón mBéarla, agus go raibh fáil orthu sa teanga inar scríobhadh iad dá mba rud é gur theastaigh ó dhaoine iad a léamh.

Le blianta beaga anuas, áfach, táthar ag tabhairt aitheantais do roinnt de na buanna a bhain leis an scéim. Bua amháin, gur chuir sé an-chuid ábhair i ndea-Ghaeilge ar fáil agus gur caibidil thábhachtach i stair an aistriúcháin í.

¹ Tá an figiúr seo bunaithe ar an liosta sa leabhar *Foilseacháin an Ghúim* (1999).

Chomh maith leis sin aistríodh fúithi cuid de mhórshaothar an Bhéarla, ach go háirithe – gníomh a bhí dúshlánach agus éachtach ann féin.

Ceann de na saothair is toirtiúla a tháinig amach faoin scéim ná sárleabhar Dickens *David Copperfield*, a foilsíodh i 1938. Dúshlán mór a bhí anseo ar dhá údar: fad an leabhair féin (870 lch., agus thart ar 365,000 focal)², agus a shaibhre casta, fiú seanfhaiseanta, is atá Béarla Dickens. Is é Seán Ó Ruadháin a rinne an t-aistriúchán seo. Rugadh é in 1883, agus ba as Iorras, Contae Mhaigh Eo dó. Bhí an-suim aige sa Ghaeilge, agus bhuaigh sé an-chuid comórtas inti. Chaith sé tréimhse mar thimire de chuid Chonradh na Gaeilge, agus fuair sé oiliúint mar mhúinteoir sa chéad choláiste Gaeilge a cuireadh ar bun i 1904.³ Bhí sé ag múineadh leis go dtí go ndeachaigh sé ar pinsean i 1948. Chuir sé isteach ar an gcomórtas aistriúcháin a fograíodh i 1928, agus thosaigh sé ag aistriú don Ghúm dá bharr. Chuir sé Gaeilge ar úrscéalta, gearrscéalta, agus téacsanna scoile. Chomh maith le bheith ina aistritheoir, ba scríbhneoir cruthaitheach é, agus scríobh sé aistí, gearrscéalta, agus úrscéal. Bhain sé cáil amach leis an úrscéal úd, *Pádhraic Mháire Bhán*, a tháinig uaidh i 1932. Chuir sé spéis faoi leith i bhfoghraíocht na Gaeilge, agus fuair sé aitheantas as a chuid eolais inti. Ba dhuine é freisin a raibh spéis ar leith aige i bhfocail agus i ndul na Gaeilge, mar is léir ón mbailiúchán breá focal agus frásaí Gaeilge a chuir sé i dtoll a chéile idir 1961 agus 1966 agus atá anois ar coimeád i gCartlann na gCanúintí, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.⁴

² Tá na sonraí seo bunaithe ar fhigiúirí an Ghúim – san aistriúchán ansin, tá 1049 lch., agus breis agus 4000,000 focal.

³ Mac Níocláis, Máirtín. *Seán Ó Ruadháin – Saol agus Saothar*, An Clóchomhar Tta, 1991 (lch. 22).

⁴ De réir thaifid na Cartlainne bhailigh an Ruadhánach na focail i gcnuasaigh A01 agus A19 idir 1961 agus 1966. Ar an drochuair níl taifead do chnuasach B09, ach ceaptar go raibh sé ina bhun ag an am céanna.

Is éard a chuir mé romham sa tráchtas seo, féachaint ar an gcur chuige a d'úsáid Ó Ruadháin agus é i mbun an tsaothair. Rinne mé iarracht *David Copperfield* a shuíomh agus a mheas i gcomthéacs an aistriúcháin. Dhírigh mé ar ghnéithe éagsúla de stíl na beirte – Dickens agus Ó Ruadháin, agus ar ghnéithe de theanga Ghaeilge an leabhair. Ach, i ngeall ar mhéid an tsaothair, agus de cheal spáis anseo, ní raibh sé i gceist agam mionstaidéar a dhéanamh ar an téacs. Ceist eile a bhí me ag iarraidh a chíoradh, cé chomh mór is a chuaigh obair an aistriúcháin i bhfeidhm ar shaothar cruthaitheach Uí Ruadháin, agus chuige sin tá mionscrúdú déanta agam ar *Pádhraic Mháire Bhán*, agus ar na cosúlachtaí, mar a fheictear domsa, atá idir é agus *David Copperfield*.

NODANNA

Saothair:

DCB: David Copperfield – leagan Béarla

DCG: David Copperfield – leagan Gaeilge

FGB: Foclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill

MA: Mé Féin is m'Asal

MO: An Mothall Sin Ort

PMB: Pádhraic Mháire Bhán

RC: Stair na gConndae - Ros Comáin

SI: Sealgaireacht an Iarthair

Carachtair:

B: Barkis

G: Mrs. Gummidge

GC: Gentleman on coach to Suffolk

H: Ham

MP: Mr. Peggotty

Peg: Peggotty

YL: Youth in London

Caibidil a hAon:

Teoiric an Aistriúcháin

Dírítear sa saothar seo ar an aistriúchán Gaeilge a rinneadh ar an leabhar *David Copperfield*. Ach, ba mhaith liom rud nó dhó a rá ar dtús faoi cheird an aistriúcháin go ginearálta. Cad iad na cineálacha difriúla aistriúcháin, agus cad é an bealach is fearr le tabhairt faoi théacs nó sliocht a aistriú. Nuair atá sin déanta againn, beimid in ann *David Copperfield* a shuíomh agus a mheas ina chomhthéacs ceart.

Go bunúsach, tá dhá phríomhchineál aistriúcháin ann – an t-aistriúchán teicniúil agus an t-aistriúchán liteartha. Sin dearcadh thar a bheith simplí air, sa mhéid is go bhfuil cineálacha éagsúla d’aistriúchán teicniúil agus liteartha ann. Ach, maidir linn féin anseo, glacfaimid leis an dá phríomhchineál. Toisc go bhfuil téacsanna difriúla i gceist, ní chuireann sé ionadh orainn nach mbaineann an cur chuige céanna leo araon. Mar a deir Antain Mac Lochlainn, níl aon chur chuige atá ‘uileghabhálach’¹. I gcás an aistriúcháin theicniúil, is iondúil go mbíonn teachtaireacht éigin le scaipeadh i dteanga éigin seachas an ceann inar scríobhadh ar dtús í. Is beag an tsaoirse a bhíonn ag an aistritheoir agus an cineál seo idir lámha aige, ach is beag a theastaíonn uaidh i ndáiríre. Ní bhíonn sé ag iarraidh ach daoine a chur ar an eolas faoi rud éigin. Aistriúchán litriúil, nó focal-ar-fhocal, a bhíonn i gceist de ghnáth leis an gcineál áirithe seo.

Ar an lámh eile, ansin, tá an t-aistriúchán liteartha, ina bhfuil saothar próis nó filíochta á thiontú. Leagtar an bhéim anseo ar ábhar agus smaointí a atáirgeadh. Ní bhíonn an bhéim chéanna ar an teanga agus a bhíonn i gcás an aistriúcháin theicniúil. Tugann sin níos mó saoirse don aistritheoir agus é i mbun

¹ Mac Lochlainn, Antain. *Cuir Gaeilge Air*, Cois Life Teoranta, Baile Átha Cliath, 2000 (lch. 26).

oibre. Moltar dó úsáid a bhaint as leaganacha cainte dúchasacha a chuireann ciall na teanga eile in iúl. Leis an gcineál seo aistriúcháin a mheas, mar sin, caithfimid a bheith ag faire amach le haghaidh nádúrthacht na teanga. Ní cóir go mbeadh an chuma ar an téacs gur scríobhadh i dteanga ar bith eile é ar dtús. Ach, ba chóir go mbeadh an éifeacht chéanna ag an saothar ar léitheoirí an aistriúcháin agus a bhíonn ar léitheoirí an bhuntéacs. Mar a deir Peter Newmark ina leabhar *Approaches to Translation* –

There is wide but not universal agreement that the main aim of the translator is to produce as nearly as possible the same effect on his readers as was produced on the readers of the original. The principle is variously referred to as the principle of similar or equivalent response or effect, or of functional or dynamic equivalence.²

Tá roinnt deacrachtaí agus fadhbanna a bhaineann le ceird an aistriúcháin i gcónaí, agus is dócha gurb é an príomhcheann ná nach ionann aon dá theanga. Aonaid neamhspleácha atá iontu, a fhágann go bhfuil rudaí i dteanga amháin nach bhfuil inaistrithe go teangacha eile. Oibríonn rudaí agus baineann ciall le rudaí nach mbíonn ciall ar bith leo má aistrítear iad go díreach go teanga eile. Caithfidh an t-aistritheoir a bheith ag smaoineamh air sin i gcónaí, agus gan an fonn a bheith air géilleadh don teanga eile agus rud mínádúrtha a chur isteach. I gcás na Gaeilge is amhlaidh atá an scéal –

Gheobhaidh an t-aistritheoir amach nach bhfuil focal nó téarma aige a oireann don chomhthéacs sa Bhéarla.³

Saothar liteartha, agus aistriúchán liteartha atá againn in *David Copperfield*, a chiallaíonn go bhfuilimid ar thóir phrionsabal na comhéifeachta,

² Newmark, Peter. *Approaches to Translation*, Prentice Hall International (UK) Ltd., 1982 (lch. 10).

³ Ó Ruairc, Maolmhaodhóg. *Aistrigh go Gaeilge – Treoirleabhar*, Cois Life Teoranta, Baile Átha Cliath, 1997 (lch. 4).

mar a luaigh Newmark. Ar éirigh leis an aistriitheoir scéal Dickens a atáirgeadh i nGaeilge? An bhfuil an éifeacht chéanna ag an téacs ar léitheoirí na Gaeilge? Tá iarracht déanta na ceisteanna sin a fhreagairt tríd an saothar seo.

Gné stíle eile atá ciotach go leor i gcomhthéacs an aistriúcháin ná leaganacha cainte faoi leith – seanfhocail, samhlacha, cora cainte. Is samplaí iad siúd de neamhspleáchas na dteangacha, sa mhéid is nach mbaineann ciall ar bith leo má tá siad aistrithe go díreach go teanga eile. Tá an rud seo le feiceáil go minic i dtéacs seo an Ruadhánaigh. Bhain sé úsáid as leaganacha a bhí bunaithe sa chaint nuair a shíl seisean gur fheil siad don téacs, seachas díreach nuair a bhí comhleagan i dtéacs Dickens. Agus é ag caint ar shamhlacha, dúirt Newmark go mbíonn ar an aistriitheoir rudaí a athrú amanna ar mhaithe leis an spriocléitheoir. D'fhéadfaimis an rud céanna a rá maidir le leaganacha cainte eile faoi leith chomh maith –

Any simile, image or comparison should usually be as familiar to the target language as to the source language reader. Sometimes this requires adjustment.⁴

Níl sa mhéid seo ach spleáchadh ar cheird an aistriúcháin, agus ar an gcaoi go mbaineann níos mó leis ná díreach focail agus téarmaí a aistriú ó theanga amháin go teanga eile. Caithfidh an t-aistriitheoir cineál agus réim an bhuntéacs a oibriú amach sula dtugann sé faoi rud ar bith a thiontú, mar go mbaineann cur chuige faoi leith le cineálacha éagsúla aistriúcháin. Ní hamháin sin, ach caithfidh sé cultúr agus timpeallacht údar an bhunsaothair a thuiscint chomh maith. Ar deireadh, nuair atá na rudaí sin ar fad curtha san áireamh aige, d'fhéadfadh sé tabhairt faoin saothar a aistriú.

⁴ Newmark, Peter. *Approaches to Translation*, Prentice Hall International (UK) Ltd., 1982 (lch. 150).

Caibidil a Dó:

Cúlra an Aistriúcháin sa Ghaeilge

Agus muid ag caint ar an aistriúchán sa Ghaeilge caithfimid cuimhne go bhfuil cineálacha difriúla aistriúchán i gceist, a bhaineann le tréimhsí difriúla i stair na teanga agus na tíre. Don chuid is mó de, ba é an Béarla an dara teanga eile lena mbíodh na haistritheoirí ag obair – in amanna ón mBéarla go Gaeilge, agus amanna eile a mhalairt de threo. Ní hionann sin agus a rá, áfach, nach mbíodh teangacha eile i gceist. Aistríodh téacsanna ón Laidin, ón bhFraincis, ón nGearmáinis agus ó theangacha móra eile na hEorpa,¹ agus corruair aistríodh roinnt saothar Gaeilge go na teangacha sin. Le himeacht aimsire, d'athraigh na feidhmeanna agus na haidhmeanna a bhí taobh thiar den cheird ag brath ar chúinsí creidimh agus polaitíochta in amanna faoi leith, agus, is ar na feidhmeanna agus na haidhmeanna úd atá an chaibidil seo dírithe.

I measc aidhmeanna an aistriúcháin, tá iarracht ar oideachas agus cultúr a scaipeadh trí théacsanna Laidine agus Gréigise a aistriú go Gaeilge. Bhí manaigh agus sagairt ag cur fúthu ar an Mór-Roinn agus iad ag foghlaim agus ag múineadh ann araon. Agus iad thall bhuailead tionchar na gClasaiceach iad agus theastaigh uathu an litríocht úd a thabhairt go hÉirinn. Ach, toisc nach raibh an Laidin nó an Ghréigis ag tromlach na nÉireannach, bhí gá leis na téacsanna áirithe a aistriú go Gaeilge lena ndúil a chur i gcrích.

Bhain feidhm eile ar fad leis an gceird le tús réabhlóid an chreidimh, as ar fhás scoilt san Eaglais Chaitliceach, agus as ar tháinig cuid de na heaglaisí

¹ Is ar na saolta seo níos mó ná tréimhse ar bith eile a fhaighimid saothair Ghaeilge atá aistrithe ó theangacha eile nach iad an Béarla (príomhtheangacha na hEorpa don chuid is mó). Mar a dúirt Alan Titley agus é ag caint faoi aistritheoirí agus an t-aistriúchán sa lá atá inniú ann - 'Is dílse go mór ná sin an ghlúin nuá seo d'aistriúcháin, agus is fairsinge réim iad na teangacha as a bhfuiltear ag tarraingt.' (Titley, Alan. *Ag Scaipeadh smaointe agus ag cur síolta*, Irish Times, 18/07/2001).

éagsúla mar atá siad againn inniu. I gcás Shasana, rug an Protastúnachas greim ar an monarcacht – gníomh ag a raibh tionchar mór ar Éirinn, sa mhéid is gur faoi riail Shasana a bhí sí ag an am. Thug an mhonarcacht fúithi príomh-chreideamh na tíre seo a athrú ón gCaitliceachas go dtí an Protastúnachas. Nuair a cuireadh tús leis an Reifirméisean, bhí na sagairt Chaitliceacha in Éirinn ag teagasc dá bpobal tríd an nGaeilge. Shíl siad go mbeadh siad sábháilte ón bProtastúnachas fad agus a bhí an teanga dúchais in úsáid acu.

The clergy throughout the greater part of rural Ireland were well aware that the Irish language provided the best possible insulation for their flocks against the teachings of Protestantism.²

Ba í an Ghaeilge an teanga riaracháin ag an am, agus ba ar éigean a bhí an Béarla ag duine den chosmhuintir. Thuig na Protastúnaigh gurbh amhlaidh a bhí an scéal agus gur mó i bhfad an dul chun cinn a d'fhéadfaidís a dhéanamh dá mbeadh an Ghaeilge in úsáid acu. Thug siad fúthu, mar sin, leas a bhaint aisti ar mhaithe lena gcúis féin.

In the year 1600 we may take it that Irish was the language of the whole country outside Dublin and a few other English settlements; furthermore, the normal means of communication for educated people was rich and flexible literary language with centuries of cultivation behind it. Such was the prestige of this norm that the propagandists of the Reformation, whose avowed principle was to use the speech of the people, adopted it for their writings not only in Ireland, but in Scotland also.³

Ach, níorbh iad na Protastúnaigh amháin a bhain leas as an aistriúchán ar son an chreidimh le linn na tréimhse seo. Le spreagadh as an nua a thabhairt don Chaitliceachas d'aistrigh na manaigh agus na sagairt roinnt téacsanna a bhí in

² Wall, Maureen. *The Decline of the Irish Language*, (Ó Cuív, Brian (ed.). *A View of the Irish Language*), Stationery Office, Dublin, 1969 (lch. 83).

³ Greene, David. *The Irish Language – An Ghaeilge*, The Three Candles, Ltd., Dublin, 1966 (lch. 13).

úsáid ar an Mór-Roinn go Gaeilge. Bhí riachtanas leis an aistriúchán anois nár bhain leis riamh.

Translation became a necessity as one of the few means by which the clergy could provide devotional literature to Catholics in the 18th century.⁴

Fuair an t-aistriúchán feidhm eile, i ngan fhios dó féin, thart faoin tréimhse chéanna – feidhm pholaitiúil. Cruthaíodh ceangal idir cúrsaí teanga agus cúrsaí polaitíochta agus an troid in aghaidh chumacht na Sasanach ag neartú.

The translation enterprise which played a constructive role in the development of indigenous language and culture would become increasingly problematic in that its purposes became suspect, and its achievements questionable.⁵

Bhí éifeacht dhiúltach ag cúrsaí polaitíochta in Éirinn ar an nGaeilge. Leagadh an bhéim ar shaoirse agus neamhspleáchas a bhaint amach – rud a d’fhág go raibh an teanga á himeallú. Bhí leithéidí Daniel O’Connell ag moladh úsáid a bhaint as an mBéarla mar theanga riaracháin. Shíl seisean go raibh fadhbanna níos tábhachtaí agus níos práinní ná ceist na teanga ann. Ar an drochuair, d’oibrigh sin, i dteannta leis an nGorta Mór agus athrú treorach sa Chóras Oideachais, in aghaidh neart na Gaeilge.

Ach, cé nach raibh béim á leagan ar theanga na Gaeilge ag cuid de na náisiúnaithe thar na blianta, mhol siad go láidir go rachadh daoine siar sa stair agus go bhfaigheadh siad spleáchadh ar shaibhreas chultúr na tíre. Don chuid is mó de, áfach, ba sna téacsanna Gaeilge a bhí an saibhreas úd le fáil. Toisc go

⁴ Cronin, Michael. *Translating Ireland; Translation, Languages, Cultures*, Cork University Press, 1996 (Ich. 81).

⁵ *ibid.*, (Ich. 39).

raibh líon na gcainteoirí laghdaithe chomh mór sin, bhí gá leis na seantéacsanna a aistriú ón nGaeilge le go dtuigfí iad. Agus níorbh iad na hÉireannaigh amháin a bhain úsáid as na téacsanna a aistríodh ón nGaeilge, ach thug daoine eile faoi deara an saibhreas a bhí iontu chomh maith.

When we turn to our literature we find that here, too, we have much of interest, not only to ourselves as being part of our cultural traditions, but also to such outsiders as can appreciate it in the original language and even to those who know it only at second hand through translations.⁶

Bhí an ghné nua seo ag baint leis an aistriúchán sa Ghaeilge. Bhíodh na haistriúcháin i gcónaí ó theangacha eile go Gaeilge cheana. Ach, anois bhí rudaí á n-aistriú aisti. Tuigeadh ag an am gur beag an tóir a bheadh ar shaothair Ghaeilge i measc Éireannach mar go raibh an Béarla imithe chomh mór sin chun tosaigh. Baineadh leas as na seantéacsanna Gaeilge úd a bhí á n-aistriú go Béarla, mar sin, le sprid agus féinmhuinín a spreagadh i measc mhuintir na hÉireann.

...in order to counter erroneous, Anglocentric views of Irish history and literature, it was felt necessary to demonstrate, using the evidence of Irish texts, that certain received notions were based on misrepresentation and falsehoods.⁷

Bhí na Sasanaigh ag maíomh le fada go raibh futhú pobal barbarach na hÉireann a thabhairt chun sibhialtacht. Bhí seanlitríocht na Gaeilge in úsáid anois in aghaidh na hargóinte úd.⁸ Ní hé amháin go raibh na hÉireannaigh á spreagadh i dtreo a gcultúir, ach bhí glúin nua ag cur futhú sa tír nárbh aisti dóibh,

⁶ Ó Danachair, Caoimhín. *The Gaeltacht*, (Ó Cuív, Brian (ed.). *A View of the Irish Language*), Stationery Office, Dublin, 1969 (lch. 124).

⁷ *ibid.*, (lch. 92).

⁸ Tá paradacsa de chineál i gceist sa tréimhse seo sa mhéid is go raibh na haistritheoirí ag iarraidh an cultúr Éireannach a thabhairt chun solais tríd an mBéarla.

agus iad go mór ar son saoirse na tíre.⁹ Tuigeadh, ar an ábhar sin, nach mbeadh sé ciallmhar iad a imeallú de bharr cúrsaí teanga.

In 1893, ansin, bunaíodh Conradh na Gaeilge, agus í d'aidhm ag an eagraíocht teanga na Gaeilge a chaomhnú. Ba dhuine dá cheannródaithe Dubhglas de hÍde, agus ba aistriitheoir é a chuir tús le ré nua do litríocht na Gaeilge, agus do cheird an aistriúcháin, mar gur thug a chuid aistriúchán spreagadh do dhaoine na buntéacsanna saibhre a athaimsiú. Feidhm chultúrtha a bhain leis an aistriúchán ag an bpointe seo.

Ba í an aidhm is mó a bhí ag an aistriúchán riamh sa Ghaeilge ná oideachas éigin a scaipeadh. Chonaiceamar iarracht á déanamh ag manaigh agus ag sagairt an litríocht Chlasaiceach a thabhairt d'Éireannaigh. Ina dhiaidh sin, chonaiceamar na creidimh éagsúla agus iad ag baint leas as an aistriúchán le muintir na hÉireann a chur ar an eolas faoi bhuntáistí an chreidimh áirithe. Ansin, bhí an t-aistriúchán in úsáid ag náisiúnaithe le seanstair agus seanchultúr na tíre a mhúineadh don phobal.

Cé gur baineadh saoirse amach, níor tháinig deireadh leis an aistriúchán nó leis an tábhacht a bhain leis. Leagadh béim as an nua ar an nGaeilge mar theanga, agus cuireadh níos mó suime inti ná riamh. Bhí dúil ag daoine inti anois ar mhaithe léi féin, seachas ar mhaithe le cúinsí creidimh nó polaitíochta. Bhí glúin nua léitheoirí anois ann, a raibh de chumas orthu, agus a raibh ag teastáil uathu, leabhair Ghaeilge a léamh. Ach, bhí an teanga ag fulaingt de bharr easpa leabhar. Bhí leabhair á bhfoilsíú ach ba bheag an méid. Priacal a bhí i bhfoilsíú na Gaeilge – priacal nach raibh mórán daoine sásta tabhairt faoi.

⁹ 'The Old English, those descendants of the Anglo-Norman settlers who had invaded Ireland in the 12th Century' [Cronin, Michael. *Translating Ireland; Translation, Languages, Cultures*, Cork University Press, 1996 (lch. 50)].

Before 1926 the publication of books in Irish had been carried out by the Gaelic League and a small number of private publishers who were willing to gamble their money on what must have seemed a very risky investment.¹⁰

Ba ar éigin a bhí téacsleabhair oiriúnacha ann, gan trácht ar shaothair ghinearálta. Bhí easnamh le líonadh i litríocht na Gaeilge, agus ba as an easnamh úd a bunaíodh Coiste na Leabhar agus an Gúm araon i 1926, faoi stiúir Roinn Oideachais an tSaorstáit. Leagadh de chúram orthu ábhar léitheoireachta a sholáthar sa Ghaeilge.

Sa bhliain 1926 cuireadh tús le scéim eile a raibh de chuspóir aige leabhair Ghaeilge den uile chineál a chur ar fáil. *An Gúm* a tugadh mar ainm ar an scéim seo; ba faoi stiúradh na Roinne Oideachais a d'oibrigh sí, agus tá sé i réim go fóill freisin.¹¹

Bhí sé i gceist acu an dá chineál saothair (téacsleabhair agus saothair ghinearálta) a sholáthar ach go mbeadh an túsáit ag na téacsanna scoile.

Baineann an Gúm go speisialta le leabhra a meastar a bheith oiriúnach mar theacs-leabhra ins na Meadon-Sgoileanna. Taobh amuigh dhíobh san, amhthach, d'fheadfí glacadh le leabhra aile chun foillsithe a measfí tairbhe fa leith do bheith ionnta do lucht foghluma na Gaedhilge.¹²

Is léir nár éirigh leis an nGúm mórán daoine a spreagadh i dtreo léitheoireacht na Gaeilge leis na leabhair a bhí á bhfoilsíú acu ag an tús. Tá sé ráite ag Gearóid Mac Eoin fúthu go raibh siad leamh mar shaothair, agus nach spreagfadh siad éinne na leabhair a cheannach.¹³ Bhí cúis eile ann, chomh maith,

¹⁰ Mac Eoin, Gearóid S. *Twentieth-century Irish Literature*, (Ó Cuív, Brian (ed.). *A View of the Irish Language*), Stationery Office, Dublin, 1969 (lch. 62).

¹¹ Williams, J.E. Caerwyn & Ní Mhuiríosa, M. *Traidisiún Liteartha na nGael*, An Clóchomhar, 1985 (1979) (lch. 351).

¹² G8(2), Gúm chun cabhruithe le foillsiú leabhar i nGaedhilg. Chuir mé síos an sliocht seo mar a bhí sé sa bhuncháipéis – áit ina bhfuil na sintí fada ar iarraidh.

¹³ Mac Eoin, Gearóid S. *Twentieth-century Irish Literature*, (Ó Cuív, Brian (ed.). *A View of the Irish Language*), Stationery Office, Dublin, 1969 (lch. 62).

nach raibh daoine ró-tógtha le hiarrachtaí an Ghúim. Ar feadh tréimhse sna tríochaidí leagadh an bhéim ar aistriúcháin i leaba bunsaothair a sholáthar, rud nach raibh mórán daoine sásta leis.¹⁴

But what lowered these books in the estimation of many readers was that many of them were translations – translations, at that, of easily available English works – carried out for a fee of so much per thousand words. It has been the fashion to condemn these translations and to brand them as mercenary products.¹⁵

Is mór an trua nár thug daoine seans níos fearr do na haistriúcháin chéanna. Mar shaothair liteartha bhí an chuid is mó díobh d’ardchaighdeán, agus iad lomlán de shaibhreas na Gaeilge. Tá sé ráite faoi chuid acu, fiú, gur éirigh leis na haistritheoirí saothair shuimiúla a dhéanamh de shaothair a bhí leamh go leor ina mbunteanga. Sin ceann de na rudaí faoi aistriúcháin - bíonn tionchar éigin i gcónaí ag an aistritheoir ar shaothair liteartha, tugann sé gné nua don saothar nár bhain leis roimhe sin.

In fact, however, many of them are excellent translations and a few by their style lent distinction to works that in the original were pedestrian enough.¹⁶

Tá ceist an-suimiúil ardaithe ag Maolmhaodhóg Ó Ruairc, ina leabhar *Aistrigh go Gaeilge*, faoin aistriúchán sa Ghaeilge, agus faoin drochmheas úd a bhí ag a lán daoine ar scéim an Ghúim – ‘cén fáth a raibh drochmheas chomh mór sin ar an aistriúchán ag tús an chéid seo nuair atá traidisiún aistriúcháin chomh láidir sin sa Ghaeilge?’¹⁷

¹⁴ Tá plé déanta i gCaibidil a Trí den saothar seo ar an scéim aistriúcháin úd.

¹⁵ Mac Eoin, Gearóid S. *Twentieth-century Irish Literature*, (Ó Cuív, Brian (ed.). *A View of the Irish Language*), Stationery Office, Dublin, 1969 (lch. 62).

¹⁶ *ibid.*, (lch. 62).

¹⁷ Ó Ruairc, Maolmhaodhóg. *Aistrigh go Gaeilge – Treoirleabhar*, Cois Life Teoranta, Baile Átha Cliath, 1997.

Sna tríochaidí, mar atá feicthe againn, cuireadh tús le scéim aistriúcháin sa Ghúm as ar tháinig cnuasach leabhar a chuir go mór le hábhar léitheoireachta na Gaeilge. Cuireadh *David Copperfield* amach faoin scéim seo, agus is ar an leabhar sin atá ár n-aird dírithe sa saothar seo.

Caibidil a Trí:

Seán Ó Ruadháin

Rugadh Seán Ó Ruadháin ar an 26ú Feabhra, 1883 ar bhruach Chuan an Fhóid Duibh in Iorras, Contae Mhaigh Eo¹. Hugh Rowan agus Mary Barrett a bhí mar thuismitheoirí aige. Phós siad i mBéal an Mhuirthead in 1877, agus chuir siad fúthu ansin ar an nGob. Seachtar páiste san iomlán a bhí acu, agus ba é Seán an 3ú duine is sine agus é ag teacht i ndiaidh Mary agus Bridget, agus roimh Catherine, William, Sabina agus Martin.²

Bhí an-mheas ag a mháthair ar an léann agus thuig sí go maith gur san oideachas a bhí an todhchaí. Is ann a bhí an seans dá páistí dul ar aghaidh sa saol. Bhí Béarla – idir chumas scríbhneoireachta agus chumas léitheoireachta – aici féin agus ní haon ionadh, mar sin, gur thosaigh sí dá múineadh sular fhág siad an cliabhán. É sin ráite, áfach, níor thug sí cúl don Ghaeilge. Thuig sí an tábhacht a bhain le cumas a bheith i nduine sa Bhéarla, ach thuig sí leis, an tábhacht a bhain le cultúr na tíre. D'fhág sin go raibh Béarla le cloisteáil go minic sa teach, ach ba í an Ghaeilge an phríomhtheanga riamh. Ag deireadh na 19ú haoise, bhí an t-ádh le teaghlaigh dá bhféadfadh siad duine dá bpáistí a chur ar scoil; cuireadh gach páiste de chuid Hugh agus Mary Rowan. Fuair Seán a sheans féin ar an 9ú Meitheamh, 1890, agus é seacht mbliana d'aois.³

Tuigimid chomh dona agus a bhí cúrsaí oideachais i gceantar an Ruadhánaigh nuair a thugaimid faoi deara nach raibh bunscoil i nDubhloch faoin

¹ Ó Ruadháin, Seán. *Ceart nó Mícheart? (5), Feasta*, Meitheamh 1961 (lch. 16).

In a fhocail féin 'rugadh agus tóigeadh mise ar bhruach Chuan an Fhóid Duibh. Ní hé sin amháin é ach folcadh agus fliuchadh mé sa gcuán, ní uair amháin ach céad uair, sea, agus ba bheag bídeach nár báitheadh ann mé uair eile.'

² Mac Niocláis, Máirtín. *Seán Ó Ruadháin – Saol agus Saothar*, An Clóchomhar Tta, BÁC, 1991 (lch. 9).

³ *ibid.*, (lch. 10).

am a tháinig Seán in aois na scoile. Níor chuir sé sin isteach ar dhiongbháilteacht na dtuismitheoirí, áfach, agus cuireadh Seán (agus na páistí is sine) ar scoil sa tSraith. Níor mhair sin ró-fhada, toisc gur osclaíodh bunscoil nua i nDubhloch féin ar an 2ú Samhain, 1891. Bhí Seán cláraithe i rang a dó an scoilbhliain ina dhiaidh. Ba dhalta den scoth é Seán Ó Ruadháin agus bhain sé marcanna arda amach i gcónaí. Sa bhliain 1898, agus é sa 6ú rang, rinne sé roinnt scrúdaithe móra inar bhain sé amach an marc is airde i ngach ábhar a rinne sé.

I 1900 agus é seacht mbliana déag, d'fhág sé an scoil. Le linn a scolaíochta ní bhfuair Seán ceacht ar bith sa Ghaeilge. Toisc chomh lag agus a bhí an Béarla sa cheantar, cuireadh an bhéim sa rang ar an ábhar úd. Bhí an-dúil aige sna leabhair, agus is ait an rud é, dá bharr, nach ndearna sé iarracht breis cailíochtaí a fháil i ndiaidh dó an scoil a fhágáil. Ach, lean sé nós fir eile an bhaile, .i. chuaigh sé ag séasúracht i Sasana.⁴ Bhí sé féin agus a athair fostaithe mar fheirmeoirí thall. Ba sclábhaíocht í an obair sin agus ní hin smaoineamh an Ruadhánaigh amháin. Tá raidhse fianaise againn i sféir na litríochta d'údair, a gclanna agus a gcairde ag streachailt ó mhaidin go hoíche i Sasana agus in Albain, agus iad ag iarraidh roinnt airgid a shaothrú chun go mbeadh sé ar a gcumas acu geimhreadh in Éirinn a láimhseáil.⁵ Toisc chomh crua agus a bhí an obair thall, mar sin, ní haon ionadh nár thaitin sí le Seán. De bharr na hoibre seo, agus an obair a bhíodh á déanamh aige ar fheirm an teaghlaigh, thosaigh sé ag athsmoineamh faoin todhchaí agus a raibh in ann dó.

⁴ Is é an tréimhse idir 1900 agus 1904 atá i gceist againn anseo.

⁵ Is dócha gurb é an t-údar is nó a bhfuil cur amach leathan aige ar an ábhar seo ná Máire (Séamus Ó Grianna). Tá a lán tagairtí ina chuid scéalta don chleachtadh forleathan áirithe seo agus don chaoi ar ghoill sé ar na hoibrithe go hintinníúil agus go fisiciúil.

Mar a luadh cheana, bhí an Ghaeilge go láidir i dteach an Ruadhánaigh. Ní hamháin sin ach bhí sí go láidir i gceantar Dubhlocha leis. Áit ar bith ina raibh an Ghaeilge láidir bhí seanchas den chéadscóth le fáil inti agus b’amhlaidh a bhí an scéal don cheantar seo. Ní haon ionadh, mar sin, go bhfeicfimid rian den seanchas sin arís agus arís eile ina chuid saothair. Ní hamháin gur thug sé an seanchas leis, ach thug sé, níos tábhachtaí fós, an saibhreas Gaeilge a bhain leis an scéalaíocht – saibhreas atá le brath in obair uilig an údair.

Thart faoin mbliain 1906, thosaigh sé ag cur isteach ar roinnt comórtais Ghaeilge. I samhradh na bliana sin, bhuaigh sé an chéad áit i gcomórtas i Maigh Eo don óráid ab fhearr i nGaeilge, don duine ba mhó eolais ar stair na hÉireann, agus d’aiste ar shaol An Athar Mánus Mac Suibhne as Baile Uí Fhiacháin.⁶ Níorbh in ach tús a ghnóthaithe i bhFeiseanna na Gaeilge. Deir Mac Niocláis linn gur bhain sé cáil amach sna comórtais de bharr an tseanchais chomh maith leis na rudaí eile ar fad.

D’fhág Seán an scoil, mar sin, in aois a sheacht déag gan de chuma air go raibh sé chun bóthar acadúil a leanúint. Chuaigh sé ag sclábhaíocht i Sasana ina ionad. Ach, ní hin deireadh le scéal a oideachais. Fostaíodh Seán mar mhúinteoir taistil timpeall an ama seo. Chonacthas an cumas a bhí ann sa Ghaeilge le linn na bhfeiseanna, agus chonacthas leis, an spreagadh a bhí ann an Ghaeilge a chur ar aghaidh. Thosaigh sé ag múineadh ar chúrsaí samhraidh i nGaillimh, faoi stiúir Choláiste Chonnacht, Tuar Mhic Éadaigh. Mar a tharlaíonn fuair sé a oiliúint sa chéad choláiste Gaeilge a cuireadh ar bun – coláiste a raibh de chúram air an ganntanas múinteoirí a shásamh. Chonacthas nach raibh Gaeilge sách maith ag na múinteoirí a bhí á oiliúint sna cathracha, in ionad na Gaeilge saibhre, nádúrtha

a bhí le fáil sna ceantair Ghaeltachta; Gaeilge a bhí ag daoine leithéid Sheáin Uí Ruadháin. Bhí sé cáilithe ina mhúinteoir agus, i ndiaidh dó na cúrsaí Samhraidh a dhéanamh, chuaigh sé go Caisleán an Bharraigh mar a raibh post faighte aige mar mhúinteoir taistil. Tar éis do a thréimhse a líonadh ansin, thug sé aghaidh ar Thuaim le tabhairt faoin rud céanna.

Chaitheadh sé cúig uair déag sa tseachtain ag múineadh Gaeilge i scoileanna na mBráithre Críostaí agus bhíodh ranganna aige freisin i gClochar na Toirbhirte.⁷

Chomh maith leis na ranganna seo, bhíodh ranganna á dtabhairt aige faoi stiúir Chonradh na Gaeilge nuair a bunaíodh an eagraíocht úd. Bhíodh sé de nós aige, chomh maith, filleadh ar an gColáiste Samhraidh ag deireadh na bliana acadúla. Is léir mar sin go raibh an-suim aige i dtodhchaí agus i gcultúr na Gaeilge, agus é lán sásta an dá oiread ruda a dhéanamh ar son na teanga. Taobh istigh den Ghaeilge, chonacthas go raibh spéis faoi leith ag Seán i gcúrsaí foghraíochta, agus ba sa réimse seo a cuireadh an bhéim sna ranganna dá chuid.

Sa bhliain 1909, fuair Seán ardú céime ó mhúinteoir taistil go timire. Níos mó ná rud ar bith eile, léiríonn sé seo an inniúlacht mhúinteoireachta a bhí aige.

The name of Seán Ó Ruadháin will always be inseparably connected with the Gaelic renaissance in Sligo. A native of Erris, Co. Mayo, he first came to Co. Sligo in 1907 to teach classes at Riverstown. For many years thereafter his voice and figure were familiar to Gaelic enthusiasts throughout the country as he travelled from one centre to another.⁸

⁶ Mac Niocláis, Máirtín. *Seán Ó Ruadháin – Saol agus Saothar*, An Clóchomhar Tta, BÁC, 1991 (lch. 19).

⁷ *ibid.*, (lch. 28).

⁸ *Glór Shligigh: Conradh na Gaeilge 1893-1943* (lch. 33) – as MacNiocláis, *Seán Ó Ruadháin – Saol agus Saothar*, An Clóchomhar Tta, BÁC, 1991 (lch. 20).

Sa bhliain 1893, bunaíodh Conradh na Gaeilge le láimh chúnta a thabhairt don Ghaeilge mar theanga agus mar chuid bhunúsach de chultúr na tíre seo. Timpeall an ama sin, bhí atmaisféar an náisiúnachais ag borradh sa tír agus bhí na coinníollacha anois ann d’eagraíocht leithéid an Chonartha. Nuair a thosaigh an Conradh ag feidhmiú bhí an chuid is mó dá obair i réimse an oideachais - ranganna Gaeilge á soláthar don chuid is mó de. Agus an eagraíocht ag fás i measc an phobail, thosaigh sí ag leathnú le craobhacha á mbunú ar fud na tíre. Bhí suim ag an Ruadhánach i ngníomhaíochtaí an Chonartha ón tús agus, sa bhliain 1906, bhí sé ar Choiste Mhaigh Eo.⁹ Dúradh go raibh Seán an-tógtha le ‘Soiscéal an Chonartha’ agus gur lean sé leis ag obair faoi gan leisce dá laghad.¹⁰ Chaith Seán seal mar Uachtarán ar Chumann na Scríbhneoirí chomh maith, agus cé nár fheidhmigh an Cumann faoin gConradh, ba iad a chomrádaithe sa Chonradh is mó a bhí páirteach ann.

Conraitheoirí is mó a bhí páirteach i gCumann na Scríbhneoirí. Ach is eagrais neamhspleách a bhí ann a raibh beocht ar leith ag baint leis agus a thug misneach do scríbhneoirí óga agus a chuidigh sa deireadh le feabhas mór a chur ar chúrsaí foilsitheoireachta.¹¹

D’fhán Seán ag treabhadh leis i gConnachta go dtí 1922. Ansin, d’aistrigh sé go Baile Átha Cliath. Bhí suim fós aige sa mhúinteoireacht agus fuair sé post sa Mheánscoil Mháisiúnach i gCluan Sceiche. Le linn a chuid ama ansin, bhíodh ranganna Gaeilge á dtabhairt aige taobh amuigh den scoil – scáthánú ar a shaol i

⁹ Mac Niocláis, Máirtín. *Seán Ó Ruadháin – Saol agus Saothar*, An Clóchomhar Tta, BÁC, 1991 (lch. 20).

¹⁰ Bhí sé ráite faoi, chomh maith, go raibh sé páirteach i Sinn Féin agus gur chuir sé roinnt craobhacha de ar bun in iarthar na tíre.

¹¹ Mac Aonghusa, Proinsias. *Ar Son na Gaeilge – Conradh na Gaeilge, 1893-1993*, Conradh na Gaeilge, Baile Átha Cliath, 1993 (lch. 276).

gConnachta nuair a bhíodh an dá oiread ranganna faoina stiúir. Ní hamháin sin ach le linn an tSamhraidh bhíodh sé de nós aige fós filleadh siar ar an gColáiste i nGaillimh. I 1928, ansin, ceapadh an Ruadhánach mar ollamh i gColáiste Oiliúna Bhantiarna na Trócaire (An Charraig Dhubh), áit ina raibh an Ghaeilge, Stair agus Tíreolaíocht á múineadh aige. Sa bhliain chéanna, phós Seán bean as Trian na gCléireach, Coillte Mach, Contae Mhaigh Eo. Margaret O'Hara an t-ainm a bhí uirthi, agus ba mhúinteoir í mar an gcéanna. Chuir siad fúthu ar thalamh a tuismitheoirí. In ainneoin go raibh Seán suite i mBaile Átha Cliath faoin am sin, níor bhog sí ina dhiaidh. D'fhan sí ag múineadh sa cheantar dúchais. Níor tógadh le Gaeilge í ach rinne sí sáriarracht í a fhoghlaim. Ní hamháin gur éirigh léi cumas labhartha a fháil inti, ach bhí Gaeilge ag a páistí ar fad ón gcliabhán leis.¹² Bhí triúr páiste ag an lánúin – beirt bhuachaill agus cailín amháin – Caitriona, Micheál agus Seán Óg. Toisc a bhean chéile agus a pháistí a bheith thiar, ba nós le Seán ar a laghad turas nó dhó a dhéanamh go Maigh Eo i rith an téarma.

I 1929, chuir sé isteach ar chomórtas aistriúcháin de chuid an Ghúim, comórtas ina raibh an bua aige – bíodh is go raibh an chéad áit á roinnt aige le Micheal Ó Siocfhradha. Fostaíodh ina aistritheoir é dá bharr, agus thug sé faoi ag aistriú an leabhar Béarla *Wild sports of the West of Ireland* le W.H. Maxwell. D'aistrigh sé úrscéalta, gearrscéalta, agus téacsanna scoile le linn dó bheith ag obair faoin nGúm. Is dócha gurbh é an t-éacht is mó a rinne sé ná an t-úrscéal cáiliúil *David Copperfield*, a aistriú go Gaeilge. Ní hé díreach gur fheidhmigh an Ruadhánach mar aistritheoir, ach bhí sé ina scríbhneoir chomh maith.

¹² B'fhéidir gurb é an phríomhchúis leis sin, níos mó ná an Ghaeilge a bheith foghlamtha aici féin, ná go mbíodh cailíní aimsire ón nGaeltacht fostaithe acu.

Tháinig úrscéal amháin agus neart aistí agus téacsanna scoile óna pheannsa le linn a shaoil.

Sa bhliain 1948 (31 Lúnasa), d'imigh sé ar pinsean de bharr fadhbanna sláinte. Faoin am sin, bhí ainm déanta aige dó féin agus é i ndiaidh an chuid is mó dá shaol a thabhairt ar mhaithe leis an nGaeilge. Chuaigh sé abhaile ansin chuig a bhean agus a pháistí. Nílimid ag rá, áfach, gur chuir sé stop iomlán lena chuid oibre. Bhí roinnt tionscadal fós idir lámha aige – stór focal chanúint Mhaigh Eo á bhailiú do Thomás de Bhaldraithe an ceann is suntasaí - cnuasach atá anois ar coimeád i gCartlann na gCanúintí, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.¹³ Chuir sé faoi i Maigh Eo arís, mar sin, ar feadh deich mbliana, nuair a shocraigh an bheirt acu – Seán agus a bhean – bogadh ar ais go Baile Átha Cliath. D'fhan siad ann go dtí deireadh a laethanta – mhair Margaret ann go 1984.

Cailleadh Seán sa bhliain 1965, agus é in aois a dhá bhliain agus ceithre scór. Sula bhfuair sé bás bhí air an peann – an peann liteartha agus an peann acadúil araon – a leagadh síos go hiomlán de bharr cúiseanna sláinte, gníomh a ghoill go mór air. Nuair a dúnadh a shúile don uair dheireanach i mí an Mheithimh na bliana sin, fágadh folús i réimse na Gaeilge. Bhí sé i ndiaidh a shaol a dhíriú ar chúis na teanga agus i ndiaidh Éireannach ar fud na tíre a spreagadh i dtreo a gcultúr dúchasach. Ní haon ionadh, mar sin, go bhfacthas leithéidí Éamon deValera ag a shocraid.

Seán Ó Ruadháin an tAistritheoir

¹³ Tá an dá chuid leis an mbailiúchán seo. 1) A01 agus A19: dhá chnuasach cártaí d'fhocail Iorrais. 2) B09: cóipleabhair de fhocail agus de théarmaí in ord aibítire, agus iad minithe agus curtha i gcomhthéacs ag an Ruadhánach.

Mar a luadh thuas, tháinig Seán Ó Ruadháin chun suntais mar aistritheoir de bharr na scéime a chuir Coiste na Leabhar, faoi stiúir an Ghúim, ar bun sna fichidí. Go bunúsach, ba é aidhm an fheachtais ná ábhar léitheoireachta sa Ghaeilge a sholáthar. Ach, toisc an easpa bunsaothar sa Ghaeilge, thug an Coiste faoi aistritheoirí a fhostú le leagan tiontaithe de roinnt téacsanna a chur ar fáil. Chuir siad comórtas ar siúl le haistritheoirí maithe a fháil agus ba é Seán Ó Ruadháin duine dá bhuaiteoirí. Bhí cuid mhaith cúiseanna taobh thiar den chinneadh scéim mar seo a chur ar bun. Le linn na tréimhse sin, bhí Conradh na Gaeilge ag treabhadh leis ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun cinn. Ach cad ab fhiú an obair sin gan leabhair agus foilseacháin eile a bheith le fáil chun an teanga a chleachtadh? Ní hamháin sin ach thug an Coiste faoi deara leis go mbeadh deis sa scéim le teanga liteartha a fhorbairt – rud a bhí in easnamh sa Ghaeilge le fada.¹⁴

Agus muid ag caint ar scéim seo an Ghúim, caithfimid rud éigin a rá faoin gcaidreamh a bhí ag an Ruadhánach leis an eagraíocht seo. Sa chéad chaibidil eile, a dhíríonn isteach ar an scéim, tagraítear d'aistritheoirí eile agus na smaointí agus na tuairimí a bhí acusan ina leith. Don chuid is mó de, bhí na smaointí agus tuairimí sin diúltach. I gcás an Ruadhánaigh, tá an scéal amhlaidh. Ní raibh mórán measa aige ar an nGúm ná a chuid polasaithe. Bhí sé riamh is de shíor ag argóint leo, agus a gcuid tuairimí á gceistiú aige. Ón gcomhfhreagras eatarthu thar na blianta (atá le fáil), feicimid go raibh an oiread sin ábhair easaontais acu. Muna raibh sé feicthe againn go raibh aistritheoirí eile in adharca a chéile leis an nGúm agus le Coiste na Leabhar, bheimis ag ceapadh

¹⁴ Tá plé níos doimhne déanta ar an scéim seo sa chaibidil ar 'Scéim Aistriúcháin an Ghúim'.

nach raibh scríbhneoir nó aistritheoir ar bith eile ag an am a raibh ní ba chonspóidí ná an Ruadhánach.

Cad é an cineál ruda a bhí ina ábhar argóinte eatarthu? Ba é caighdeán na Gaeilge an príomhrud, is dócha. Is léir go raibh tuairimí difriúla acu araon ar cad ba chor a scríobh in amanna. Údar coimhlinte eile ba é nádúr na cainte. Cainteoir dúchais a bhí i Seán Ó Ruadháin agus bhí tuairimí dá chuid féin aige ar an ábhar. Ní gá dúinn ach súil a chaitheamh ar chuid dá chomhfhreagras leis an gCoiste agus *Wild Sports of the West of Ireland (Sealgaireacht an Iarthair)* á aistriú aige. Bhí roinnt fadhbanna aige leis an teanga sa bhunleabhar agus bhí roinnt focal ann nach raibh ar a eolas aige. Chuir sé litir chuig an gCoiste ag lorg cúnaimh, ag iarraidh go dtabharfadh baill an Choiste leaganacha de na focail sin dó. Ach, ba bheag an meas a bhí ag an Ruadhánach ar mholtaí úd an Choiste.¹⁵

Cháin an Ruadhánach obair an eagarthóra go minic. Le haghaidh gach ceann de na saothair a d'aistrigh sé, d'iarr sé ar an gCoiste an lámhscríbhinn a sheoladh ar ais chuige, chun go bhfeicfeadh sé an cineál rud a bhí 'ceartaithe' ag an eagarthóir. Níor leasc leis a chur in iúl nuair nach raibh sé sásta leo –

Chím go bhfuil a lán locht ins an gcló-scríbhinn.
Cuir i gcás ináit (sic.) a bhfuil "ag mnaoi uasail"
agamsa, chím ag an mnaoi uasal ins an gcló-s. Áit
a bhfuil iarainn agam tá iarainn ins an gcló-s.
Agus tá a lán "h"anna fágtha amach, agus mar sin
de. Ba ceart gach ceann aca sin a cheartú.¹⁶

Feicimid mórán den rud céanna agus an Ruadhánach ag obair ar *Travels with a Donkey in the Cevennes (Mé Féin is m'Asal)*. Agus an t-aistritheoir i mbun pinn, cuireadh litir chuige ag moladh dó gan bheith ag cloí ró-dhílis leis an

¹⁵ Faightear plé sa bhreis ar an ábhar seo sa chaibidil ar 'Aistriúcháin Eile an Ruadhánaigh'.

¹⁶ A13, litir ó Sheán Ó Ruadháin chuig Coiste na Leabhar, 21/08/1930.

mbunsaothar. Chuir comhairle seo an Choiste an Ruadhánach le báine. Ba shampla eile é sin den easpa leanúnachais mar a fheictear dósan a bhí in obair an Choiste –

Bhí a fhurmhór réidh agam nuair a fuaras scéala uaibh gan leanamhaint ró-dlúth don Bhéarla. Ba é an tordú a tugadh dúinn ar dtús – dona scríbhneoirí ar fad a deir siad liom – leanamhaint go dlúth don rud a bhíteas a aistriú.¹⁷

Sa litir chéanna d’ardaigh an Ruadhánach argóint eile faoin leagan Gaeilge ba nádúrtha. Nuair a fuair sé an lámhscríbhinn ar ais chonaic sé go raibh roinnt rudaí, a bhí aigesean go nádúrtha, agus iad athraithe ag an té a bhí dá ‘ceartú’. Sampla amháin a chuir isteach air go mór ná an leagan a cuireadh ar ‘white bread’. ‘Arán geal’ a bhí aige ariamh – ‘arán bán’ a cuireadh isteach ina ionad. Bhí fadhb aige chomh maith le caighdeán gramadaí an cheartaitheora – an tuiséal ginideach (nó easpa an ghinidigh) ach go háirithe. ‘Ag cur an ualaigh ar...’ a bhí sa bhunscríbhinn aige; ‘ag cur an t-ualach ar...’ a cuireadh isteach. Agus an méid sin fadhbanna ag an Ruadhánach leis an obair eagarthóireachta, ní haon ionadh gur thosaigh sé ag gearán agus gur chráigh sé an Coiste le litir i ndiaidh litreach ag iarraidh dul i dteagmháil leis an té a bhí i mbun na gceartúchán. Ba é Tomás Ó hÉighneacháin an t-eagarthóir a bhí i mbun na lámhscríbhinne seo (*Mé Féin is m’Asal*), agus cuireadh fearg air i ngeall ar iompar an Ruadhánaigh. Seo a leanas nóta inmheánach a chuir an t-eagarthóir chuig duine dá chomhghleacaí, Seán Mac Lellan, ag tagairt don scéal –

I. Do hiarradh ar an bhfear seo (Ó Ruadháin) (20 Lunasa, 1932) sul a ndearnadh aon chó-aontú leis “na caibidle tosaigh a chur isteach do réir mar bheadh siad réidh aige” ach ní dhearna sé é sin cé go bhfuil sé ráidhte go soléir sa gCó-aontú (Coinnioll (1)) go gcaithfeadh sé sin a dhéanamh;
II. Tar éis na ceartuithe a moladh dhó a dhéanamh sa gcéad chaibideal d’iarr sé “caoi le dul chun

¹⁷ A268, *Travels with a Donkey*, litir ó Sheán Ó Ruadháin chuig Coiste na Leabhar, 03/11/1932.

cainnte leis an té a rinne na nótaí ar an L.S.” ach cé go ndearnadh coinne dhó níor tháinig sé. Anois níl in sna ceartuithe (sé sin dhá cheann aca) ach rudaí seafóideacha nach gcuirfeadh sé isteach ach ar choinnioll “go n-innsigheadh sé don phobal gur ar ordú an Aire a rinne sé iad.” Agus an sceul mar seo ní thabharfadh mé aon bhreith ar an aistriúchán go dtí go mbeidh ceist seo na gceartú réidighthe eadrainn. Níl ann ach cailliúint ama dom-sa bheith ag aragóint (ar pháipéar) le daoine mí-ghraoidhiúla a cheapann nach scoláireacht go dtí n-a n-eolas féin.¹⁸

Sa dara alt thuas, tá blas d’fhearg an eagarthóra le feiceáil tríd an teanga atá úsáidte aige, agus tríd an teanga san abairt dheireanach ach go háirithe – ‘níl ann ach cailliúint ama dom-sa bheith ag aragóint (ar pháipéar) le daoine mí-ghraoidhiúla a cheapann nach scoláireacht go dtí n-a n-eolas féin.’ Le réiteach a fháil ar an scéal, bhuaíl an Ruadhánach isteach chuig Tomás Ó hÉighneacháin agus phléigh siad cúrsaí. Níor éirigh liom teacht ar thaifead den chomhrá eatarthu, ach i nóta a scríobh Ó hÉighneacháin chuig duine dá chomhghleachaí, tá tagairt ann don chruinniú úd. Tá sé ráite ag an eagarthóir sa nóta gur chuir an fear eile in iúl dó nach raibh ‘aon fhonn troda’ air, ach go raibh sé díreach ag iarraidh réiteach sásúil a fháil ar an gceist.

Ach, ní raibh mórán thar an mí imithe nuair a d’fhás achrann eatarthu arís eile. An uair seo, bhí an Coiste ag iarraidh go ndéanfadh an Ruadhánach rud a cheartú, ach go raibh seisear ag rá gurbh iadsan ba chúis leis an leagan úd a bheith in úsáid aige ar an gcéad dul síos. Scríobh siad chuige ag rá gur chóir dó rudaí ar nós ‘aran’, ‘fána’, ‘lena’, srl. a scríobh mar ‘ar an’, ‘fá na’, ‘le n-a’, srl. -

Ceartóchad rud ar bith ann a mheasfaidh mé gur bhféidir feabhar a chur air, ach ní bhacfad le “aran” “fán” &c. D’iarr sibh orm i dtús báire na focla sin a scríobhadh mar sin – tá an liosta focal agam ar iarr sibh orm a gcur le chéile – agus má

¹⁸ A268, nóta ó Thomás Ó hÉighneacháin chuig Seán Mac Lellan, 04/11/1932.

thainig athrú intinne díbh arís ba ceart sin a chur in iúl dom-sa sul ar thoisigheas ar an leabhar. Chuir sé a lán moille orm as tús iad a scríobhadh mar sin mar nach rabhar cleachtach air. Táim ag scríobhadh chuig an aire mar gheall ar an scéal.¹⁹

Ba é sin an argóint is measa eatarthu, agus an Ruadhánach ag bagairt orthu gearán oifigiúil a dhéanamh ina gcoinne. Ach, cuireadh le fearg an eagarthóra toisc nár chuala sé riamh faoi liosta bheith tugtha do na haistritheoirí ag moladh dóibh a leithéid de rud a scríobh. Mar a tharlaíonn, bhí an ceart ar fad ag an Ruadhánach. Bhí liosta den chineál sin curtha le chéile ag an gCoiste i ndiaidh dóibh plé a dhéanamh ar roinnt de na focail nach mbíodh mar an gcéanna ag scríbhneoirí agus aistritheoirí.

Rinne an Coiste ar 11/11/26 taighde ar rudaí airithe go mbíonn sgriobhnoiri na Gaedhilge ar malairt tuairimi ina dtaoibh agus moladh na neithe seo thíos do chur in iúl do sgriobhnoiri a thairgeas laimhsgríbhinni don Roinn agus a rádh leo go bhfuil an Coiste ar inntinn leanuint den tsimpliuchan chomh fad leo san.²⁰

Cé nach raibh ‘aran’ mar cheann de na rudaí a raibh tagairt déanta dó ar an liosta, bhí na cinn eile a bhí ina n-ábhar conspóide idir an Ruadhánach agus ó hÉighneacháin ina measc. Ní haon ionadh, mar sin, gur cuireadh as don aistritheoir go háirithe agus a argóint á dhiúltú. Seo a leanas an liosta úd –

| | |
|------------|----------|
| De’n | Den |
| D’ar | Dar |
| O’n | On |
| Fa’n, fe’n | Fan, fen |
| D’a | Da |
| ‘Seadh | Seadh |
| ‘Siad | Siad |
| Acht | Ach |
| Dob’eadh | Dob eadh |
| Niorbh’e | Niorbh e |
| Ma’s | Ma se |

¹⁹ A268, litir ó Sheán Ó Ruadháin chuig Coiste na Leabhar, 14/12/1932.

²⁰ A286, Comhairle choitcheanta d’aistritheoirí, 15/03/1933.

| | |
|---------|---------|
| Gur b'e | Gurb e |
| Dom' | Dom |
| Dod' | Dod |
| Agem' | Agem |
| Le n-a | Lena |
| Do na | Dona |
| O n-a | Ona |
| I n-a | Ina |
| Le m' | Lem |
| Gurbh'é | Gurbh é |

Ar an 30ú Eanáir, 1933, tháinig litir eile ón Ruadhánach ag gearán faoi na 'ceartuithe' a rinneadh ar a láimhscríbhinn. Chuir sé síos liosta mór fada den chineál ruda a bhí athraithe, gan chúis dar leis féin, san iarracht s'aigesean. Chríochnaigh sé leis an méid seo –

Chuir tú amudá (sic.) go leor ama orm ag cuartú na rudaí a bhí marcáilte agat, sa mbun-leabhar. Bhí fúm ar dtús an l.s. agus léirmheas ar an gceartú a chur díreach chuig aire an oideachais ach d'airuigheas m'intinn. Theasbaineás do thriúr nó ceathrar eile é agus bhí iongantas ortha.²¹

Ní haon ionadh gur chuir na hargóintí ar fad thuas isteach ar an gcaidreamh idir an Ruadhánach, an Gúm agus Coiste na Leabhar, agus nach raibh dúil ag an gCoiste bheith ag obair leis ní ba mhó. Bhí orthu géilleadh agus é a fhostú arís nuair a bhí futhú an chéad imleabhar de Stair na hÉireann (Contae Roscomáin) a aistriú. Ba an tAthair Micheál Ó Flannagáin a scríobh an bunsaothar agus theastaigh uaidh go n-aistreadh Connachtach é.

You will recollect that Fr. O'Flanagan was anxious that a Roscommon or Mayo man should do the translation and Seán Ó Ruadháin occurred to us at the time.²²

In ainneoin a n-amhras faoi, thug an Coiste an leabhar seo dó le haistriú, ach an iarraidh seo, chinntigh an Coiste go ndéanfadh an Ruadhánach an t-aistriúchán

²¹ A268, litir ó Sheán Ó Ruadháin chuig Coiste na Leabhar, 30/01/1933.

²² A333, *Ros Comáin*, nóta ón Roinn Airgid chuig Proinsias Ó Dubhthaigh, 08/02/1935.

faoi stiúir an eagarthóra. Bhí air dréachtanna a chur isteach níos minice ná riamh agus buaileadh isteach chuig oifigí an Ghúim ar bonn rialta.

Ach, conas mar a bhí an scéal agus é ag obair ar an saothar ba mhó dá chuid – *David Copperfield*? Saothar an-fhada a bhí san aistriú seo agus ní haon ionadh go raibh ceist nó dhó ag an Ruadhánach agus ag an eagarthóir araon. Arís eile, áfach, bhí litreacha ag dul thart agus iad gar do bheith maslach. Mar a d’iarr sé agus roinnt de na saothair eile idir lámha aige, theastaigh ón Ruadhánach dul i dteagmháil leis an ‘gceartaitheoir’ an iarraidh seo chomh maith, toisc nár aontaigh sé leis na rudaí a bhí á n-athrú aige siúd. Ach, dhiúltaigh an Coiste géilleadh dó an uair seo, agus níor lig siad dó teacht isteach. Níor chuir sin stop leis, áfach. Chuaigh sé i mbun litreach arís i mí an mheithimh, 1936 agus caighdeán na heagarthóireachta agus na clódóireachta á mhaslú aige –

Nach iongantach nach bhféadfadh sibh clódóir a fhagháil a dhéanamh níos fearr iad ná mar táthar dá ndéanamh. Praiseach cuid mhór de seo. Caithfead breathnú ar an l.s. nuair a rachas me ar ais go hÁth Cliath mar go bhfuil cuid den “cheartú” céadna dá dhéanamh agaibh féin ortha seo a rabhas ag clamhsán faoi cheana. Níl rud ar bith fágtha amach nuair a scríobhaim-se “an in é?” Ní ceart é a scríobhadh mar seo “an ’in é?”. Bhí sé chomh ceart “an é a bhí ann?” a scríobhadh mar seo “an ’é a bhí ann?”. Tuigeann tú go bhfuil a lán magaidh dá dhéanamh fán eagarthóireacht a ghníos an “Gúm”.²³

Bheadh sé deacair a shéanadh go bhfuil an litir áirithe seo gar do bheith páistiúil, go háirithe sa bhealach ina bhfuil sí críochnaithe aige – ‘tuigeann tú go bhfuil a lán magaidh dá dhéanamh fán eagarthóireacht a ghníos an “Gúm”’ – is dócha go raibh sin ina urchar scoir aige, agus é ag iarraidh ábhar machnaimh a thabhairt dóibh. Sin ráite, níorbh é an Ruadhánach amháin a raibh tuin pháistiúil ina

²³ A99, *David Copperfield*, litir ó Sheán Ó Ruadháin chuig Coiste na Leabhar, 26/06/1936.

chuid argóintí aige. D'fhéadfaí a leithéid a rá faoi chaint Thomáis Uí Éighneacháin mar an gcéanna, agus é ag caint faoin gcúis nach raibh sé sásta ligean don Ruadhánach an lámhscríbhinn a scrúdú i ndiaidh dó bheith ceartaithe, nó fiú ligean do teacht isteach chun cainte leis –

Ní dóigh liom gur ceart an ls. a theasbáinnt dó mar ní maitheas ach dochar a thioctadh as. Ní dhearnadh aon atharú gur fiú tracht air ar an ls. ach amháin ar an litriú agus ar fhuirmeacha na n-ainm óir a raibh sin(?) ag teastáil leis an gcaighdeán a choinneál cothrom tríd is tríd.

Maidir le theacht un cainnte liom-sa, rinne sé sin cheana agus shéan sé an rud adubhairt sé ina dhiaidh sin i leitir, agus rinne leiscéal den mhéid a dubhairt mise leis le leitir dhroch-mhúinte a scríobhadh chugam – agus a chonnaic an Rúnaidhe. Dá bhrí sin nílim-se toilteannach aon chaidreamh bheith agam leis go pearsanta.²⁴

Feicimid go ndéanann sé tagairt don chuairt dheireanach a thug an Ruadhánach air, agus an chaoi nár ghlac an fear úd le rud ar bith a ndúirt sé. Níorbh fhiú cuireadh a thabhairt dó an dara huair, is léir.

Tá sé paradacsúil, i mbealach, go raibh an Ruadhánach mar dhuine de na haistritheoirí ba thábhachtaí a bhí ag an nGúm le linn na scéime áirithe seo, ach go raibh sé, leis, mar dhuine de na haistritheoirí b'achrannaí agus ba ghlóraí. Ach, caithfidh gur thuig Coiste na Leabhar, in ainneoin an achrainn ar fad a tharraing sé orthu, go raibh Seán Ó Ruadháin an-chumasach mar aistritheoir. Bhí saibhreas maith Gaeilge aige, agus cnuasach de chora cainte, de sheanfhocail, agus de shamhlacha ar a eolas aige. Ba de bharr na tréithe sin, a d'éirigh leis an méid aistriúchán a dhéanamh agus a rinne sé.

Nuair a cuireadh an scéim ar bun bhí sé i gceist ag an gCoiste liosta a réiteach do na haistritheoirí as a roghnóidís leabhar, ach, le himeacht na gcúrsaí

²⁴ A99, nóta ó Thomás Ó hÉighneacháin chuig Seán Mac Lellan, 28/10/1936.

bhí air géilleadh do mhianta na dtiontaitheoirí. Sa chaoi sin, fágadh faoin Ruadhánach a rogha féin a dhéanamh arís agus arís eile. Sampla dá rogha ba é an chéad iarracht a rinne sé i ndiaidh dó an comórtas a bhuacan. Ba é sin an leabhar *Wild Sports of the West of Ireland* a tháinig ó pheann W.H. Maxwell sa bhliain 1832.

Úrscéal eile a rinne an Ruadhánach a aistriú ná an saothar cailiúil *Travels with a Donkey in the Cevennes* le Robert Louis Stevenson. Dialann níos mó ná úrscéal atá anseo, de thuras a thug an t-údar faoi sna Cevennes. Tháinig an leagan Gaeilge de seo amach sa bhliain 1937 agus faoin am sin bhí clú agus cáil bainte amach ag Seán mar aistritheoir.

Ní díreach úrscéalta amháin a bhí á n-aistriú aige faoin scéim. I measc na rudaí eile a tháinig óna pheann, faightear gearrscéalta agus saothair oideachasúla. I mí na Bealtaine 1935, chuir sé aistriúchán ar fáil de cheann de na téacsleabhair sa tsraith *Stair na gComndae*. Ros Comáin an contae a bhí faoi chaibidil aige agus d'oibrigh sé as an mbunsaothar leis an Athair Micheál Ó Flannagáin.²⁵ Roimhe sin sa bhliain 1932, fuair sé iarratas ón nGúm cnuasach gearrscéalta a thiontú – rud a bhí fíor-ghann sa Ghaeilge ag an am. Ag an deireadh tháinig siad ar an gcnuasach *Dear Ducks* a scríobh Lynn Doyle i 1925,²⁶ agus tháinig an leagan Gaeilge, *Lachain Daora*, amach i 1937. Rinne an Ruadhánach aistriúchán ar *Outline History of Europe* ansin, a scríobh Micheál S. Ó Maoláin. *Stair na hEorpa* an t-ainm a thug Seán don leagan Gaeilge den téacsleabhar úd.²⁷

²⁵ Mac Niocláis, Máirtín. *Seán Ó Ruadháin – Saol agus Saothar*, An Clóchomhar Tta, BÁC, 1991 (ch. 151).

²⁶ *ibid.*, (ch. 153-'54).

²⁷ Tá plé níos doimhne déanta ar aistriúcháin an Ruadhánaigh níos faide ar aghaidh sa saothar seo.

Níl aon dabht ann ach go ndearna Seán Ó Ruadháin ainm dó féin leis na saothair áirithe thuas, ach d'aistrigh sé úrscéal eile, éacht a chinntiú, ní hamháin go mbeadh cáil ar a ainm mar aistritheoir, ach go mbeadh a ainm greannta i stair aistriúchán na Gaeilge. Is é *David Copperfield* an saothar atá i gceist agam. Ceann de mhórchlasaicigh an Bhéarla é a scríobh Charles Dickens sa naoú haois déag, agus ceann de na saothair is mó agus is deacra a cuireadh ar fáil sa Ghaeilge riamh.

Mar is léir ón méid thuas, bhí Seán Ó Ruadháin gnóthach mar aistritheoir sna tríocaidí. Ní raibh ann ach go raibh deireadh aige le saothar amháin nuair a tugadh an chéad cheann eile dó. Ach, ní hé gur bhain Seán Ó Ruadháin cáil amach mar aistritheoir amháin, ach bhí cáil air mar scríbhneoir leis; cáil a léiríodh sna duaiseanna ar fad a bronnadh air.

Seán Ó Ruadháin an Scríbhneoir

Bhí an-dúil ag an Ruadhánach in aistí, agus tá níos mó dóibh scríofa aige ná rud ar bith eile. Ach, an méid sin ráite, tháinig gearrscéalta agus úrscéal óna pheann chomh maith.

Foilsíodh níos mó de shaothair an Ruadhánaigh in irisí nó a leithéid d'fhoilseacháin, ná i bhformáid ar bith eile. Ach, caithfimid cuimhne ag an bpointe seo ar an tábhacht a bhain le hirísí Gaeilge, agus irisí áitiúla go háirithe, i mbeocht agus i mbeatha na teanga.

The literature of this century has been to a great extent a periodical literature, appearing principally in the many periodicals that came and went over the last seventy years. The reason for this was mainly economic. A periodical can be founded for as little as is needed to pay the first printer's bill... The result of all this was that Irish literature fell, as a matter of convenience, into

those forms which could be most easily accommodated in magazines and newspapers, namely short stories, essays and poetry.²⁸

Ag tús na haoise atá faoi chaibidil, ní raibh aon mhórbhrú saothair Ghaeilge a chur ar fáil ar bhealach náisiúnta. Tháinig athrú de chineál ar an scéal le Conradh na Gaeilge agus scéim Choiste na Leabhar. Sin raite, níl gar a shéanadh gur bhain tábhacht faoi leith leis na hirisí áitiúla – áit ina raibh scéalta agus aistí á bhfoilsí le fada. Sna fichidí, cuireadh cúig scéal de chuid an Ruadhánaigh amach in *An Domhain Thoir*.²⁹ Sna daichidí ansin, bhain *Comhar* úsáid as gearrscéalta a scríobh sé in eagrán dá iris. Ceann de na gearrscéalta as ar bhain siad úsáid ná an scéal *Braoinín Fola*.³⁰ Tá tábhacht faoi leith ag baint leis an gceann seo toisc go bhfuair an Ruadhánach duais speisialta dó i gcomórtas an oireachtais sa bhliain 1941.³¹ Cuireadh cnuasach d'aistí dá chuid i gcló i 1967, faoin teideal *An Mothall Sin Ort*. Is é atá sa chnuasach sin ná 38 aiste ar phointí gramadaí na Gaeilge, agus an gearrscéal thuasluaite *Braoinín Fola*. Ba in eagrán *Feasta* sna seascaidí a tugadh beocht do na haistí úd ar dtús. Cuireadh amach iad i bhfoirm leabhair i ndiaidh dóibh bheith foilsithe san iris. *Ceart nó Micheart* ab ea teideal na sraithe. Is dócha gurbh é a bhí uaidh as na haistí seo ná samplaí de dhrochúsáid na Gaeilge a ardú – go háirithe na fadhbanna a bhain le tionchar an Bhéarla ar scríbhneoireacht na Gaeilge.

Mar a chonaiceamar sa chéad chuid den chaibidil seo, chaith an Ruadhánach tréimhse sách fada mar thimire agus mar mhúinteoir. Ní haon

²⁸ Mac Eoin, Gearóid S. *Twentieth-century Irish Literature*, (Ó Cuív, Brian. *A View of the Irish Language*), Stationery Office, Dublin, 1969 (lch. 68).

²⁹ Mac Niocláis, Máirtín. *Seán Ó Ruadháin – Saol agus Saothar*, An Clóchomhar Tta, BÁC, 1991 (lch. 101).

³⁰ *Comhar*, Meitheamh 1944 (lch. 8-10).

³¹ *ibid.*, (lch. 8).

ionadh, mar singur fhág se a rian i réimse an oideachais. De bharr an ghanntanais leabhar Gaeilge (leabhair le scéalta agus dánta iontu go háirithe) sna ranganna, bhí sé de nós ag Seán scéalta a chumadh dá ranganna féin. Chreid seisean go raibh gá le cur chuige leathan ina mbeadh rudaí siamsúla ar nós cluichí agus scéalaíocht, leis na daltaí a spreagadh i dtreo na Gaeilge. Tugadh aitheantas dá chreideamh sa chnuasach *Gearr-Sgéalta Grinn agus Grinn-Sgéalta* a tháinig amach faoi stiúir an Rialtais go luath sna fichidí. Ba leabhar do mhúinteóirí é a bhí lán de scéalta – scéalta a tháinig don chuid is mó de ó pheann an Ruadhánaigh. D'oibrigh Seán ar leabhar eile cosúil leis seo le Tomás Ó Raghallaigh a bhí ar fhoireann Choláiste na hOllscoile, Gaillimh san am ina raibh Seán ag múineadh don Choláiste Chonnacht.³² *Sgéalta Gearra Scoile* an t-ainm a bhí ar an saothar áirithe seo ina raibh scéalta agus dánta le fáil. Rinne Ó Ruadháin tagairt don tionscadal áirithe seo in eagrán den iris *Feasta* i 1961 – áit ina ndearna sé iarracht a shoiléiriú nach orthu a bhí an milleán maidir le hearráid sa saothar.

Thug sé in mo cheann leabhairín scoile, le haghaidh páistí, a chuir mé féin agus an tOllamh Tomás Ó Raghallaigh (Gaillimh) le chéile uair. Na foilsitheoirí iad féin chuir siad léiráideacha leis. Gheall siad iad a thaispeáint dom sula gcuirtí san leabhar iad, ach rinne siad dearmad glan air. Bhí a shliocht air. Ní thomhaisfeá go brách na breithe cén áit a raibh fuiseog bhreá ramhar cóirithe go clúfar acu i gceann de na léaráideacha? Creid é nó ná creid – thuas ar ghéag crainn – áit nach bhfaca Dia ná duine nead fuiseoige ariamh, agus nach bhfeicfidh, go dté soir anoir. Bhí náire ár gcroicinn orainn a leitheid de thuaiplis a bheith san leabhar, ach dar ndó ní raibh sé blas ní b'aistí ná fuiseog a fheiceál ag tógáil nide.³³

³² Ó Ruadháin, Seán. *Ceart nó Mícheart? (3)*, *Feasta*, Aibreán, 1961 (lch. 9).

³³ *ibid.*, (lch. 9).

Sa chaoi ina raibh *David Copperfield* mar an t-aistriúchán is mó a thug cáil don Ruadhánach mar aistritheoir, scríobh sé úrscéal a bhronn níos mó clú air mar scríbhneoir ná aon cheann de na saothair eile atá luaite thuas. *Pádraig Mháire Bhán* (nó *An Gol agus an Gáire*) an t-úrscéal atá i gceist. Is iontach an saothar é a tháinig amach ar dtús sa bhliain 1932, agus tá léargas ann ar cheantar beag Gaeltachta agus an chaoi in ar mhair na daoine ar bheagán airgid agus bia ag an am. Bhunaigh an t-údar an scéal thart ar bhaintreach bhocht agus a páistí, agus an streachailt a bhí acu maireachtáil ar an ngannchuid. Ní hamháin sin, ach tá léargas, leis, ar an tionchar a bhí ag cúrsaí polaitíochta na tréimhse ar ghnáthshaol na ndaoine.

Cuireadh an dara cló amach i 1934, agus atheagrán bhreise ansin i 1935, 1937 agus 1938 faoi seach. Tháinig an t-atheagrán is deireanaí amach i 1994. Is dócha gurb é príomhthreise an leabhair seo ná a shimplíocht. An saibhreas Gaeilge atá le fáil ann bheadh sé deacair a shárú i saothair eile na Gaeilge. Bhain an Ruadhánach úsáid as cora cainte agus seanfhocail áitiúla le blas na dúiche a thabhairt don scéal. Tugann sé sin le fios dúinn gur fheidhmigh sé, ní hamháin mar scríbhneoir na Gaeilge, ach mar chaomhnóir chanúint an cheantair leis; gur lean sé fealsúnacht an Athar Peadar Ua Laoghaire agus caint na ndaoine á cur chun cinn aige.

Níor ghlac Seán Ó Ruadháin sos ó scríobh na Gaeilge riamh. Cuireadh saothar i ndiaidh saothair dá chuid i gcló i rith a shaol, agus ní fios cé mhéad a scríobh sé nár lig sé uaidh. Idir aistí, altanna, gearrscéalta, téacsanna scoile agus úrscéal a bheith foilsithe (gan trácht ar líon na n-aistriúchán) níl gar a shéanadh ach gur thug an Ruadhánach an-lámh chúnta don Ghaeilge agus gur spreag sé

cainteoirí, leitheoirí agus scríbhneoirí eile na teanga leanacht leis an obair, agus aitheantas a fháil di mar theanga bhinn, shaibhir.

Caibidil a Ceathair:

Scéim Aistriúcháin an Ghúim

Sa bhliain 1926, tugadh aird sa Roinn Oideachais ar an easpa ábhair léitheoireachta a bhí sa Ghaeilge. As na tuairiscí a fuarthas, tuigeadh go raibh géarghá le polasaí cinnte ina leith. Chonacthas go raibh easnamh ollmhór le líonadh – easnamh i méid na dtéacsleabhar scoile a bhí ann, agus easnamh, leis, i méid na leabhar ginearálta.

In December 1926 the Department drew attention to the lack in Irish of reading matter suitable for the general public and to the need for the vote of a sufficient annual sum to make it possible to have this need supplied during the present period, in which the ordinary commercial publishers cannot risk the publication of many books in Irish. The Department pointed out that for the past quarter of a century the schools and colleges have turned out a steadily increasing number of people who can read Irish well.¹

Tá sé suimiúil go leor gur breathnaíodh ar an nGaeilge mar phriacal ó thaobh na foilsitheoireachta de. Aithníodh san alt thuas nach bhféadfadh an fhreagracht a thabhairt do ghnáthfhoilsitheoir an t-easnamh a líonadh i sféir litríocht na Gaeilge. Leanann an t-alt ar aghaidh ag cur in iúl go raibh na léitheoirí úd á mealladh i dtreo an Bhéarla agus a chuid litríochta, toisc nach raibh a leithéid le fáil sa Ghaeilge –

...Since the establishment of the Saorstat the output of readers of Irish has increased rapidly owing to the Gaelicisation of the educational system and the result is there is now in existence a considerable reading public which would read popular literature in Irish if it were available, but which at present reads it in English. If these people could get popular matter to read in Irish the training in Irish that they received during their educational career would be strengthened

¹ G59, Tuairisc ar Scéim Choiste na Roinne Oideachais.

and made permanent by their daily reading afterwards. If through the lack of such reading matter in Irish they are forced to confine their reading to English, the anglicising tendency of everyday life will be strengthened by their reading and much of the work of Gaelicisation done in the schools will be fruitless.²

Roimh dheireadh na bliana, bhí Coiste na Leabhar agus An Gúm araon bunaithe agus é d'aidhm ag an mbeirt acu na heasnaimh úd a réiteach. Bord pleanála a bhí i gCoiste na Leabhar ar a raibh sé de chúram leabhair a roghnú, a mheas agus a chur ar aghaidh chuig na foilsitheoirí.

Do cuireadh Coiste na Leabhar ar bun san mbliain 1926 chun scríbhinní Gaedhilge do léigheamh agus do léir-mheas, agus comhairle do thabhairt do Roinn an Oideachais i dtaobh na scríbhinní a bheadh oiriúnach le foillsiú. Agus fairis sin chun aith-fhoillsiú do dhéanamh ar leabhraibh maithe táscmhara atá as cló.³

Ach, mar a chonaiceamar níos luaithe, ní raibh faoin Roinn Oideachais úsáid a bhaint as gnáthfhoilsitheoir toisc gur dul sa seans a bhí i leabhair Ghaeilge a shólathar. Tríd is tríd, margadh éiginnte a bhí ann. Mar réiteach ar an scéal, cuireadh tús leis an nGúm agus é d'fheidhm aige na saothair úd a chur i gcló – feidhm atá ag an eagraíocht go fóill.

Ní haon ionadh gur díriodh aird na scéime ar an gcóras oideachais ar dtús, agus ar an easnamh ann a shásamh trí théascleabhair a sholáthar. Ní hionann sin is a rá, áfach, nár glacadh le saothair ghinearálta leis –

Baineann an Gum go speisialta le leabhra a meastar a bheith oiriúnach mar theacs-leabhra ins na Meadon-Sgoileanna. Taobh amuigh dhíobh san, amhthach, d'fheadfí glacadh le leabhra aile chun foillsithe a measfí tairbhe fa leith do bheith ionnta do lucht foghluma na Gaedhilge.⁴

² *ibid.*

³ G58(1), Coiste na Leabhar, 1/4/1930.

⁴ G8(2), Gum chun cabhrúithe le foillsiú leabhar i nGaedhilg, 1926.

Bhí sin maith go leor de réir teoirice, .i. go raibh An Gúm sásta saothair nach téacsleabhair iad a fhoilsiú. Ach, ní raibh an oiread sin téacsanna Gaeilge eile le fáil. Bhí scríbhneoirí ann i mbun pinn, cinnte, ach ní leor an méid díobh a bhí ann le carn leabhar a sholáthar sciobtha go leor. Bhí sin ar a n-eolas ag ceannródaithe na scéime, agus rinne siad iarracht teacht timpeall ar an bhfadhb. Sin an uair a smaoiníodh ar shaothair a aistriú go Gaeilge ó theangacha eile.

Accordingly, it was suggested, and the Department of Finance agreed and made stable financial provision therefor, that the Government should take the initiative in supplying popular reading matter in Irish until such time as the ordinary commercial supply will make this unnecessary. It was agreed that such literature should include Popular Fiction, Books of Travel, Biographies and other books of a type such as are in general demand in other countries. The books would be supplied chiefly by translation. A Committee of persons interested in Irish and in general reading was set up to select the books to be translated, to supervise the production of the books, and to recommend expenditure.⁵

Chruthaigh idé seo na n-aistriúchán fadhb eile, áfach – conas mar a d'fhéadfadh siad aistritheoirí a fháil. Socraíodh ar deireadh comórtas a chur ar bun ina mbeadh ar na hiarrthóirí caibidil áirithe a aistriú go Gaeilge, agus as a raibh sé i gceist na buaiteoirí a fhostú faoin scéim.

Do chuir an Coiste (Coiste na Leabhar) ar bun trí iomaidheachta i n-aistriú go Gaedhilg; agus do bronnadh duaiseanna ar na haistriúcháin a b'fhearr; agus bhí se de thoradh ar na hiomaidheachtaibh sin go raibh sé ar gcumas don Choiste tuille leabhar do chur dá n-aistriú go hiomlán.⁶

⁵ G59, Tuairisc ar Scéim Choiste na Roinne Oideachais.

⁶ G58(1), Coiste na Leabhar, 1/4/1930.

Ar an 9ú Feabhra, 1928, ansin, fograíodh comórtas sna nuachtáin náisiúnta agus sna foilsiúcháin Ghaeilge ar lorg aistritheoirí. Seo a leanas an fógra úd mar a bhí sé san *Irish Independent*—

COMORTAS DO SGRIBHNEOIRI GAEDHILGE

Tá an Coisde Foilsiúcháin ag lorg sgríbhneoirí chun leabhartha do thionntódh go Gaedhilge ó theangthacha eile. Chítear don Choisde gur féidir daoine do bheith ann i gan fhios dóibh a bheadh i n-inmhe an obair sin do dhéanamh, agus, i gcaoi go bhfaghfaidh gach uile dhuine cothrom na féinne, táthar ‘ghá iarraidh ar sgríbhneoirí sompla dá gcuid oibre do chur ag triall ortha. Isé sompla atá ceaptha i gcóir an chomórtais seo ná aisdriúchán go Gaedhilg ar an gcéad chaibidil d’úirsgéal áirithe a thoigh an Coisde chuige.

An duine is fearr a dhéanfaidh an t-aisdriúchán san, toghfar é chun leabhair iomláin d’aisdriú do réir na gcoingheallacha agus na rátaí páidh atá ceaduithe chuige. Gheobhfar ainm an úirsgéil atá toghtha i gcóir an chomórtais agus eolas iomlán i dtaobh na gcoingheallacha agus na rátaí san ach sgríobhadh chun Rúnaidhe an Choisde ‘ghá lorg.

Caithfear na hiarrachtaí do sheoladh chun an Rúnaidhe, an Coisde Foilsiúcháin, Sráid Hiúm a haon, Baile Átha Cliath, i gcaoi go bhfaghfaidh sé iad roim an gcéad lá de mhí na Bealtaine, 1928.⁷

Ag an am, leagadh an bhéim sa Ghaeilge ar chaint na ndaoine – fealsúnacht an Athar Peadar Ua Laoghaire. Luigh sé le réasún go mbeadh na Gaeilgeoirí dúchais na daoine ar mhó eolais ar an gcineál cainte seo, agus díriodh an comórtas orthusan ach go háirithe, ag iarraidh ar dhaoine tabhairt faoin gcomórtas, fiú muna ndearna siad a leithéid riamh.

I ndiaidh don fhógra seo a bheith foilsithe, fuair an Coiste Foilsiúcháin litreacha ó chéad tríocha is duine amháin, agus iad uilig ag lorg eolais faoin

⁷ *Irish Independent*, Déardaoin, 9/2/1928.

gcomórtas. Ar an 21ú Feabhra, chuaigh Seán Ó Ruadháin, as Iorras, Contae Mhaigh Eo, i mbun pinn agus scríobh sé chuig Rúnaí an Choiste Foilsiúcháin –

Chonaiceas fuagradh uaibh ar na páipéir an lá eile ar lorg daoine le aistriú a dhéanamh go bhfeiceadh sibh cé'n duine a b'fhearr. Ba mhaith liom eolas 'fhagháil cé na riaghlacha atá ag baint leis má sé do thoil é.⁸

As na daoine a scríobh isteach ag lorg eolais, chuir duine is caoga acu isteach ar an gcomórtas ar deireadh.⁹ Bhí ar na hiarrthóirí caibidil a aistriú agus í a chuir faoi bhráid Choiste na Leabhar ar a raibh sé de chúram í a mheas. Bhí an Ruadhánach i measc na ndaoine a chuir isteach air. Cainteoir dúchais ab ea é a raibh carn de nathanna agus de sheanfhocail ar eolas aige, agus ag a raibh ardchaighdeán teanga. Ar an 17ú de mhí Iúil, 1928, chuir Rúnaí Choiste na Leabhar litir amach chuige ag rá go raibh seisear mar dhuine de bhuaiteoirí an chomórtais.

An comórtas aistríthe a chur an Coiste Foilsiúcháin ar bun tamaill ó shoin, tá toradh saothair na mbreitheamhan faoi ar fághail anois. Is áthas mór liom a chur i n-iúl duit go bhfuil tú féin agus Micheal Ó Siochradha ar chothrom le h-aghaidh an chéad áit.¹⁰

I ndiaidh dó an comórtas a bhuachan, fostaíodh é mar aistritheoir de chuid an Ghúim. Ní díreach eisean agus Micheal Ó Siochradha a fostaíodh as an gcomórtas sin, áfach, ach feicimid go bhfuair cuid de na hiarrthóirí eile tairiscintí leis – na hiarrthóirí úd a chuir iarracht mhaith isteach.¹¹

⁸ G54, Notice to Writers of Irish, litir ó Sheán Ó Ruadháin go Rúnaí an Choiste Foilsiúcháin, 21/2/1928.

⁹ A13, *Wild Sports of the West*, litir ó Rúnaí Choiste na Leabhar chuig Seán Ó Ruadháin, 17/7/1928.

¹⁰ *ibid.*

¹¹ A1-16 –litir (17/7/1928) ó Rúnaí Choiste na Leabhar chuig cuid de na hiarrthóirí nár éirigh leo an comórtas a bhuachan, ach a raibh sé ón gCoiste conarthaí a thairiscint dóibh.

Sa litir chéanna inar tugadh toradh an chomórtais don Ruadhánach, luadh saothar a bhí ón gCoiste a bheith aistrithe go Gaeilge. Ba in an saothar *The Legend of Montrose* le Sir Walter Scott. Mar a tharlaíonn, ní raibh suim ag an Ruadhánach sa téacs úd agus d'iarr sé ar an gCoiste leabhar eile a roghnú dó –

Tá do litir agus an leabhar a bhí léi (*Legend Montrose*) agam, go raibh maith agat. Tá an leabhar an-chruaidh le bualadh faoi, agus tá an iomarca téarmaí agus focal ann go mbéadh orm liosta díobh fhághail as Gaedhilg na h-Alban. Dá bhrígh sin ní thóigfinn orm féin bualadh faoi, ach bhéinn sásta ar “Monarch the Big Bear” nó leabhar cosamhail leis a aistriú.

...Ar chuma ar bith má chuireann sibh leabhar eicín chugam cosamail leis an gceann a ndearnas caibidil de cheana bhéarfad iarracht faoi.¹²

Is sampla é sin de cheann de na hargóintí is mó a bhí ag lucht cáinte na scéime, .i. go raibh an iomarca cumhachta ag na haistritheoirí agus saothair á roghnú dóibh. Nuair nár thaitin saothar leo, dhiúltaigh siad glan é agus roghnaigh siad ceann dá chuid féin ina ionad. Dúradh nárbh fhiú í mar scéim nuair nach raibh na heagraithe sásta údarás a ghlacadh agus saoirse na n-aistritheoirí a cheansú.

Ar an 10ú de Dheireadh Fómhair, 1928, d'aontaigh siad ar *Wild Sports of the West* le W.H. Maxwell a aistriú in ionad *The Legend of Montrose*.¹³ Breis is dhá bhliain ina dhiaidh sin, ar an 25ú de Mheán Fómhair, 1931, ceadaíodh an chéad chuid de lámhscríbhinn an Ruadhánaigh a chur ar aghaidh chuig na clódóirí agus, ar deireadh, i mí Aibreáin na bliana 1933, bhí sí réidh le foilsiú.¹⁴ Sa bhunsaothar, bhí 395 leathanach agus 115,000 focal, agus fuair an

¹² A13, litir ó Sheán Ó Ruadháin chuig Coiste na Leabhar, 23/7/1928.

¹³ A13, foirm chláráithe don aistriúchán.

¹⁴ ‘PASSED FOR PRESS 12.4.33’, A13, foirm chláráithe don aistriúchán.

Ruadhánach íocaíocht as ina dhá chuid. Punt an míle focal (sa bhunsaothar) a bhí mar ráta íocaíochta le linn na scéime.

Do na haistritheoirí a bhí ag obair faoin scéim seo leagadh amach gur leis an Roinn a bheadh gach ceart a bhain leis an aistriúchán, seachas leis an aistritheoir, a luaithe is a bheadh an t-aistritheoir íochta.¹⁵ I ndiaidh don Roinn cead a thabhairt don aistritheoir saothar áirithe a thiontú bhí air foirm chomhaontaithe a líonadh isteach – comhaontú oifigiúil idir an t-aistritheoir agus an tAire Oideachais a bhí le síniú agus le séalú i bhfianaise an tríú duine.¹⁶

In ainneoin an obair ar fad a bhí ar bun faoin scéim, ní raibh sí gan a conspóidithe. Bhí an tuairim ag daoine go raibh an iomarca béime á cur ar na haistriúcháin – rud a bhí ag obair glan in aghaidh bhunscríbhneoireacht na Gaeilge. Cruthaíodh an argóint go mbeadh sé níos fearr dá gcuirfí an bhéim ar an gcineál scríbhneoireachta seo, i leaba rudaí a aistriú ó theangacha eile – go háirithe na cinn a bhí á n-aistriú ó Bhéarla, sa mhéid is go raibh léamh an Bhéarla ag an bpobal agus go mbeadh siad in ann an leabhar a léamh ina bhunteanga dá mba rud é go raibh sin uathu. Na leabhair Ghaeilge a bhí á scríobh, áfach, ní raibh fáil orthu in áiteanna eile. Seo a leanas sliocht as agallamh a rinneadh leis na foilsitheoirí Sáirséal agus Dill, a foilsíodh san *Irish Times* i 1970 –

Their (An Gúm) way of doing this was to publish translations of books which were available to everyone in the original English. They did publish a number of original works in Irish, but by and large, they employed writers who should have been writing their own books to translate works like “Ben Hur” and “The Hound of the Baskervilles” at so much per thousand words.¹⁷

¹⁵ Le liosta de na coiníollacha a fháil, féach Aguisín a Ceathair.

¹⁶ Féach Aguisín a Cúig.

¹⁷ *Irish Times*, 2/2/1970.

Lean an t-alt ar aghaidh ag cáineadh an cur chuige a bhí ag an nGúm uair ar bith ina raibh bunsaothar Gaeilge á fhoilsiú acu -

When they did publish a book, an original book, in Irish, they made no attempt to publicise or market it; the format was the same for every book and was the same for every book and was uniformly dull, and above all, they would accept nothing which was not suitable, in their estimation, for use in schools.¹⁸

Taobh istigh den Ghúm, agus i measc na n-aistritheoirí iad féin, bhí neart argóintí le cloisteáil in aghaidh na scéime, agus bhí dóthain daoine ann agus iad lán-sásta iarrachtaí an Ghúim a cháineadh. Ina measc Niall Ó Dónaill, Séamus Ó Grianna, agus Seosamh Mac Grianna (chun ach cúpla a luadh). Agus ón méid atá ar ár n-eolas againn faoin gcaidreamh idir an Ruadhánach agus an Gúm, is rí-léir nach raibh seisean gan a chuid argóintí in aghaidh na scéime ach an oiread.

Is dócha gurbh é Seosamh Mac Grianna an té ba láidre ina coinne, agus feicimid an scéim á cáineadh aige sa chéad chaibidil dá shaothar *Mo Bhealach Féin*, áit inar thug sé le fios dúinn nach raibh meas muice aige ar an eagraíocht ná a gníomhaíochtaí –

Bhí scéim ar bun ag an Rialtas le leabhair Ghaeilge a chur amach agus chuaigh mé dh'obair air seo...Níor chuir mé féin nó mórán eile suim ar bith sa Ghúm ó thús, amach ó a bheith ag magadh air...Bhí fáilte ag an Ghúm roimh achan duine an t-am sin, go dtí go raibh a oiread leabhar aige agus a bhí á choinneáil ar a chosa.¹⁹

Bhí fuath agam ar an Ghúm, agus choinnigh an fuath sin drithleog bheo i m'anam ar fad go dtáinig an fhaill. Ba é mo mhian i gcónaí an Gúm a loit agus a scrios agus ba chuma liom mé féin a bheith thíos leis.²⁰

¹⁸ *ibid.*

¹⁹ Mac Grianna, Seosamh. *Mo Bhealach Féin*, An Gúm, Baile Átha Cliath, 1997 (1940) (lch. 8).

²⁰ *ibid.*, (lch. 9).

Lean sé leis sa dóigh chéanna ag cur in iúl an faoiseamh a mhothaigh sé nuair a tháinig deireadh lena sheal ag aistriú ann.

Dá mairinn ag cur Gaeilge ar leabhair don Ghúm i bhfad eile níorbh fheidir don drithleog fanacht beo ionam. Bheadh gléas beatha agam ach bheinn mar bheadh duine ann nach mbainfeadh agus nach gcaillfeadh.²¹

Bhí méid áirithe le rá ag an Dónallach faoin scéim chomh maith, agus dúirt sé nach ‘raibh muid sásta riamh leis an scéim mar a leagadh amach é. Is mó a mhill sé sinn mar scríbhneoirí ná a chuidigh sé linn.’²² Ba in tuairim agus argóint láidir a bhí ann ag an am ag lucht cáinte na scéime. Cheap siadsan gur fheidhmigh an scéim mar bhac do scríbhneoirí. Bhí orthu an oiread sin ama a chaitheamh ag aistriú nach raibh mórán fágtha lena gcuid cumadóireachta féin a dhéanamh. Caithfidh, leis, gur chuir sé isteach ar an spreagadh agus an inspioráid a bhí acu, toisc nach raibh ceapadóireacht ar bith i gceist leis an aistritheoireacht.

Níl obair liteartha ar bith is lú sásamh ná aistriúchán, dar liom. Ní leat féin a thoradh, dá fheabhas é. Níl tú ach ag ealaíneacht le smaointe duine eile.²³

Bhí a chuid le rá faoin scéim ag Séamus Ó Grianna (‘Máire’) mar an gcéanna. Dúirt sisean gur thosaigh sé ag obair faoin scéim mar nach raibh an dara rogha aige – ní hé gur theastaigh uaidh tabhairt faoi –

I gceann na haimsire bhí an saol ag teannadh orm féin agus bhí mé ag smaoineamh nach raibh an dara suí sa bhuaile ann ach toiseacht a dh’aistriú. Bheadh sé iontach cruaidh orm i ndiaidh na rudaí tarcaisneacha a dúirt mé fán aistriú le cúpla bliain roimhe sin. Ach ní raibh neart air...²⁴

²¹ *ibid.*, (lch. 10).

²² Mac Congáil, Nollaig. *Scríbhneoirí Gaeilge Dhún na nGall agus Scéim Aistriúcháin an Ghúim*, Feasta, Aibreán 2002 (lch. 21).

²³ *ibid.*, (lch. 21).

²⁴ *ibid.*, (lch. 21).

Ocras a chuir i gceann na hoibre sin mé. Bhí mé ar an tráigh fhoilimh san am. Murab é go raibh, ní aistreachainn aon líne amháin.²⁵

Díreach mar a bhí in eispéireas scríbhneoirí eile, ní dhearna na haistriúcháin maitheas ar bith dá bhuncheapadóireacht féin. Bhí méid maith aistriúcháin á chur amach aige, agus ba ar éigean go raibh deis aige a chuid féin a dhéanamh. (Ní hionann sin agus a rá nár tháinig rud ar bith óna pheannsa le linn na tréimhse, áfach.)

Bhí aistriúchán de mo chuid ag teacht amach bliain i ndiaidh na bliana eile. Agus ní raibh úrscéal ná gearrscéaltaí ná rud ar bith eile le feiceáil.²⁶

Nuair a chuir sé críoch lena sheal mar aistritheoir bhí an tuairim aige go raibh a chuid Gaeilge agus a chumas mar scríbhneoir loite ag an scéim – cé nár chaith sé ach bliain go leith ag aistriú.

Agus ar feadh bliana ina dhiaidh sin bhí mearbhlán in mo cheann agus bhí cruit orm. Bhí crampaí in mo mhéara agus mé ag cailleadh amharc na súl. Agus bhí mo chuid Gaeilge briste brúite bearnach.²⁷

Cuireadh béim chomh mór sin ar leabhair a shaothrú agus leabhair a shaothrú go sciobtha, go raibh sé dosheachanta go mbeadh éifeacht aige sin ar bhuncheapadóireacht na Gaeilge go pointe áirithe.

Mar a dúirt Maolmhaodhóg Ó Ruairc –

Bhí beaguchtach á chur ar na fionscríbhneoirí. Bhí siad chomh traochta sin tar éis a raibh d'aistriúcháin ar siúl acu nach raibh fonn orthu na fuinneamh iontu tabhairt faoi mhórshaothar cruthaitheach dá gcuid féin.²⁸

²⁵ *ibid.*, (lch. 22).

²⁶ *ibid.*, (lch. 22).

²⁷ *ibid.*, (lch. 22).

²⁸ Ó Ruairc, Maolmhaodhóg. *Aistrigh go Gaeilge – Treoirleabhar*, Cois Life Teoranta, Baile Átha Cliath, 1997 (lch. 1).

Bhí tuairimí ann ag an am go ndearna an scéim níos mó dochair di mar theanga ná maitheas, cé gur saothraíodh slam leabhar dá bharr. Go hinntiniúil is mó a bhí an dochar déanta. Ceapadh go mbeadh an tuairim ag daoine nárbh fhiú litríocht bhunaidh na Gaeilge, nach raibh rud ar bith b'fhiú a léamh curtha amach, nó á chur amach, ag scríbhneoirí. Bhí daoine ann ag argóint in aghaidh na scéime, agus iad ag iarraidh go gcuirfeadh infheistíocht i réimse na buncheapadóireachta seachas i scéim a bhí bunaithe thart ar leabhair nár leabhair Ghaeilge iad go dúchasach.

Tá píosa suimiúil scríofa faoin nGúm ag Joseph O'Connor, chomh maith, ina leabhar *Hostage to Fortune*. Ní raibh mórán measa aige ar an eagraíocht ach an oiread –

The Irish commercial publishers had given up publishing any Gaelic books, except those which could be used in the schools. It did not pay. So the Government stepped in and set up a publication office of their own. By a sort of anticipatory intuition they christened it *An Gúm*, as if they knew it would prove to be the gummiest, stickiest holdfast institution in the Gaelic world. It never gives up what it takes in its maw. It is a oneway trap, which the darkest incantations and most blistering imprecations of thwarted authors cannot release.²⁹

Agus, níos faide ar aghaidh sa sliocht céanna tagraíonn sé do na 'constipational practices of the Gúm'³⁰, agus an chaoi nach ligfidís uathu lámhscríbhinn ar bith a cuireadh isteach chucu.

Bhí an argóint eile ann chomh maith. Bhí na daoine ann a bhí ar son na scéime, ar son aistriúcháin a sholáthar le heasnamh a líonadh. Nuair a cuireadh tús léi, ba bheag a bhí ann sa Ghaeilge ó thaobh ábhar léitheoireachta de. Faoi

²⁹ O'Connor, Joseph. *Hostage to Fortune*, Michael F. Moynihan, Baile Átha Cliath, 1951 (lch. 290).

³⁰ *ibid.*, (lch. 290).

dheireadh na scéime, áfach, bhí slam leabhar ar fáil. Ní hamháin sin, ach toisc gur scríbhneoirí a bhí sna haistritheoirí caomhnaíodh saibhreas teanga sna saothair úd – saibhreas canúna agus saibhreas friotail.

De réir cuma, ba mhinic caitheamh anuas ar scéim aistriúcháin an Ghúim sna 1920í agus sna 1930í. Is de bharr síorghearáin scata beag scríbhneoirí a d'fhás an caitheamh anuas seo, agus tá scoláirí ag taispeáint anois gur déileáladh go ceart is go cóir lena bhformhór i rith an ama. I leataoibh uaidh sin, d'éirigh leo corpas scríbhneoireachta a chur ar fáil ar maith is fiú go leor de a léamh i gcónaí.³¹

Is diol spéise an pointe atá ardaithe ag Alan Titley anseo, nach raibh ann ach dornán scríbhneoirí ag déanamh raic faoin eagraíocht agus faoin scéim – dornán ag a raibh glórtha arda. Sa sliocht seo a leanas as an leabhar *Traidisiún Liteartha na nGael*, tá breis moltaí i leith na heagraíochta agus a cuid iarrachtaí –

Is iomaí locht a fuathas ar an nGúm ó bunaíodh é. Cuireadh ina leithe gur cloíodh ró-mhór i dtosach le foilsíú aistriúcháin ó theangacha iasachta, go háirithe an Béarla, nach raibh a lán de na foilseacháin ar chaighdeán sásúil liteartha agus go raibh lámh na státseirbhíse ró-throm ar an eagraíocht, ag cur moille ar fhoilsíú na leabhar agus ag cosc neamhspleáchais smaointe na scríbhneoirí. Bhí, gan amhras, bunús éigin le cuid den cháineadh sin, ach ar an iomlán tá obair fhónta luachmhór déanta ag an nGúm chun nualitriche i nGaeilge a chothú.³²

Fiú agus an scéim ar siúl bhí an dea-fhocal le cloisteáil i gcúinní áirithe.

Tógadh an ráiteas seo as alt a scríobhadh san *Irish Times* i 1938 –

Have you heard what remarkable work the Gúm is doing now? Within two or three weeks, half a shelf of splendid new books in Irish has appeared; and if anybody cannot find something to his taste, as a Christmas present for himself, he is beyond pleasing. Those who don't know Irish

³¹ Titley, Alan. *Ag scaipeadh smaointe agus ag cur siolta*, *Irish Times*, 18/07/01.

³² Williams, J.E. Caerwyn & Ní Mhuiríosa, M. *Traidisiún Liteartha na nGael*, An Clóchomhar, 1985 (1979) (lch. 351).

will get pictures in the Gaelic version of *Peter Pan* – so even they are remembered.³³

Taobh istigh den scéim í féin, áfach, ní hé nach raibh sé ón gCoiste bunleabhair a fhoilsíú nuair a bhí a leithéid le fáil, in ainneoin a mbíodh á rá ag dreamanna áirithe. I 1930, mar shampla, cuireadh comórtas scríbhneoireachta ar siúl ina raibh duaiseanna ag dul don dá fhinscéal Gaeilge a b'fhearr –

D'fhonn agus go spreagfaí scríbhneoirí chun creis bun-cheapadóireachta do dhéanamh sa Ghaedhilg do bhronn an Roinn, sa bhliain 1930, dhá dhuais £150 an ceann ar an dá fhinscéal a b'fhearr dár tairgeadh dóibh taobh istigh de ré áirithe.³⁴

Faoi 1933, bhí cuid mhaith aistriúchán curtha amach faoin scéim agus theastaigh ón Aire Oideachais an aird a atreorú go bunsaothar na Gaeilge. Ba é bunchúis na scéime ná ábhar léitheoireachta a sholáthar sciobtha go leor – sprioc a bhí bainte amach, go pointe áirithe, faoin am sin.

...tá an tAire tar éis stop do chur leis an gcuid is mó de'n aistriúchán a bhí ar siubhal, agus b'fhearr leis go mór dá bhféadtaí i bhfad níos mó bun-cheapadóireacht d'fhághail. Chuige sin bhí seifteanna á gceapad aige chun daoine do mhealladh chun na h-oibre sin, ach toisc ganntanas airgid níor fhéad sé iad do chur i bhfeidhm i mbliana. Tuigim nach bhfuil bac ar bith, ach a mhalairt, ar dhaoine chun obair nua-cheapadóireachta do chur isteach ach is beag de atá ag teacht.³⁵

Is díol spéise an abairt dheireanach ansin, toisc go gcuireann sí le fios dúinn go raibh bunstruchtúr ann saothair Ghaeilge a chur i gcló, ach nach raibh mórán díobh ann. Ardaíonn sin an cheist faoin bhfáth nach raibh siad le fáil? Tá féidearacht amháin ardaithe ag Sairséal agus Dill san alt thuas nuair a thagraíonn

³³ *Micawber 'na Gaedheall*, Irish Press, 15/12/1938.

³⁴ G58(1), Coiste na Leabhar, 1/4/1930.

³⁵ G59, Coiste na Leabhar, Minutes, Litir ón Roinn chuig Seán Óg Ó Ceallaigh, Árd-Rúnaidhe, Connradh na Gaedhilge, 14, Cearnóg Parnell, 29/08/1933.

siad don phointe go raibh na scríbhneoirí á bhfostú mar aistritheoirí, agus nach raibh an t-am acu le n-a gcuid peannaireachta féin a chur i gcrích. Tugtar neart don argóint úd nuair a smaoinimid ar chuid de na hainmneacha a bhí ag aistriú ag an am, daoine mar Sheán Ó Ruadháin, a rinne dhá úrscéal, cnuasach gearrscéalta, agus méid leabhar ilghnéitheach a aistriú go Gaeilge, ach nár tháinig óna pheann féin ach aon úrscéal amháin, téacs scoile, agus cnuasach aistí. D'fhéadfá a argóint go mb'fhéidir nach raibh dúil ag an Ruadhánach bunsaothar eile a chur ar fáil agus nár chuir na haistriúcháin isteach, mar sin, ar bhunscríbhneoireacht a d'fhéadfadh a bheith ar bun aige. Ach, ba léir go raibh smaoinemh i gcloigeann an Ruadhánaigh saothar eile a chur uaidh – rud atá luaite aige i litir a scríobh sé chuig Coiste na Leabhar i 1933 –

Ba mhaith liom fios a fhágháil uaibh go luath má theastuigheann uaibh go naistreachainn aon leabhar eile dhíbh, mar gur mhaith liom toisiú ar leabhar a chur le chéile mé féin ar chúrsaí poilitideachta agus nepotism le deich nó dó dhéag de bhliadhanta anuas.³⁶

Is léir ón sliocht seo nach raibh sé in ann an dá thrá a fhreastal. Bhí uaidh fáil amach an mbeadh an Coiste ag iarraidh go n-aistreadh sé saothar eile, toisc go gcuirfeadh sin isteach ar a chuid pleananna scríbhneoireacht féin.

Ar an lámh eile ansin, bhí scríbhneoirí ar nós Mháire (Séamus Ó Grianna) ar éirigh leo an dá thrá a fhreastal. Chuir seisean sé aistriúchán ar fáil faoi 1940, i dteannta le slam bunsaothar dá chuid féin.

De réir a conspóidithe, mar sin, chuir an scéim seo, agus a béim ar an aistriúchán, in intinn roinnt daoine nárbh fhiú biorán an t-ábhar a bhí á scríobh i nGaeilge ag an am, go mb'fhearr aistritheoirí a fhostú le saothair a thiontú in ionad infheistithe i scríbhneoirí na bunteanga. Mar a deir Micheal Cronin,

The impulse to translate was driven by a cultural inferiority complex that failed to take seriously the literary possibilities of the living language.³⁷

Maidir leis an argóint a chualathas ag an am faoi na haistriúcháin a bheith ón mBéarla amháin níorbh in an cás i gcónaí. Níl gar a shéanadh ach go raibh tromlach na n-aistriúchán ina mbunsaothar Béarla, ach sin ráite, aistríodh leabhair ó theangacha eile ar nós na Fraincise, na Spáinise, na hIodáilise agus na Gearmáinise chomh maith. Ach, bhí rud amháin ag obair i gcoinne leabhar a thiontú ó theangacha nárbh iad an Béarla. Le saothar a aistriú, bhí géarghá go mbeadh an t-aistritheoir cumasach sa dá theanga, .i. an bhunteanga ina raibh an saothar scríofa, agus an sprioctheanga ina mbeadh an t-aistriúchán ag dul inti. Ba ar éigean go raibh scríbhneoirí Gaeilge cumasach go leor sa Ghaeilge agus i dteanga eile amach ón mBéarla.

From the beginning the Committee fully appreciated the desirability of having books from language other than English translated into Irish. The dearth of writers of Irish who were at the same time skilled in foreign languages other than English did not make it possible, however, to implement this view to more than a very small extent.³⁸

Sna figiúirí seo a leanas, tá blas le fáil ar an gcineál aistriúchán a bhí á chur amach ag an am, ó thaobh na dteangacha as ar aistríodh iad. Baineann siad leis an tréimhse 1928 -1937 –

| | |
|------------------------|-----------------|
| Fiction (English)..... | 136 |
| Fiction (French)..... | 16 |
| Fiction (German)..... | 5 |
| Fiction (Italian)..... | 1 |
| Fiction (Russian)..... | 1 ³⁹ |

³⁶ Comhad A268, *Travels with a Donkey in the Cevennes*, litir ó Sheán Ó Ruadháin chuig Coiste na Leabhar, 07/02/1933.

³⁷ Cronin, Micheal. *Translating Ireland; Translation, Languages, Cultures*. Cork University Press, 1996 (lch. 157).

³⁸ G59, Tuairisc ar Scéim Choiste na Roinne Oideachais.

³⁹ *ibid.*

Tháinig deireadh leis an scéim ansin nuair a thosaigh an Gúm ag díriú ar réimse eile sna daichidí – leabhair scoile agus saothair do pháistí.

De réir mar a tháinig an scríbhneoireacht bhunaidh chun cinn sa Ghaeilge chuaigh an t-éileamh ar na haistriúcháin i laghad. Ó 1940 i leith maolaíodh ar scéim an aistriúcháin agus cuireadh an bhéim ar leabhair bhunaidh.⁴⁰

Sa mhéid is nach bhfuil aon dáta cruinn againn faoin uair a tháinig deireadh leis an scéim ní fhéadfaimid a bheith cinnte cad é an saothar deireanach a aistríodh. Chomh maith leis sin, lean an Gúm ar aghaidh ag foilsiú aistriúcháin, cé nach raibh feachtas den chineál céanna arís. Is dócha go raibh meascán cúiseanna ann gur críochnaíodh í. Go pointe áirithe, bhí bunaidhm na scéime comhlíonta, .i. bhí an t-easnamh i saothair na Gaeilge líonta. Mar a chonaiceamar níos luaithe, ansin, ba cheann de na cúiseanna taobh thiar den athrú teorach ná an dúil a bhí ag an Aire Oideachais an bhéim a chur ar bhunsaothair na Gaeilge. Ach, taobh amuigh de na rudaí sin, caithfidh go raibh tionchar éigin ag a lucht cáinte ar an gCoiste, agus an scéim á meas acu. Tá sé ráite ina haghaidh nach raibh an scéim eagraithe i gceart, gur chuir an Coiste tús léi agus gan plean fadtéarmach acu. Bhí an chumacht ar fad ag na haistritheoirí, mar atá feicthe againn cheana, áit ar chóir don Choiste a bheith de shíor i gceannas. Bhí liosta déanta amach ag an gCoiste de na leabhair a bhí uathu le haistriú. Ach, ag an am céanna, bhí saoirse ag na haistritheoirí maidir leis na saothair a bhí á dtiontú acu agus na cinn nach raibh suim ar bith acu iontu. Mar a chonaiceamar i gcás an Ruadhánaigh, mar shampla, de thoradh an chomórtais aistriúcháin úd ar chuir sé isteach air, moladh saothar dó le haistriú, *The Legend*

⁴⁰ Mag Shamhráin, Antain. *Foilseacháin an Ghúim*, An Gúm, Baile Átha Cliath, 1999 (Ich. 1).

of Montrose le Walter Scott. Ach, ní raibh sin uaidh, agus thug sé liosta do Choiste na Leabhar de na cinn a mbeadh suim aige iontu.

In ainneoin go raibh dreamanna ann i gcoinne na scéime, ní fhéadfadh duine ar bith a rá nach raibh buntáistí ar bith ag baint léi. Bhí drochmheas riamh ag Gaeilgeoirí ar an nGúm agus a chuid scéimeanna – cuid de a bhí tuillte aige, cuid eile b'fhéidir nach raibh. Ach, is fíor a rá nach bhfuair sé an moladh a thuill sé as an scéim áirithe seo. Ar deireadh thiar, tá ábhar léitheoireachta againn anois nach bhféadfaí a shamhlú ach gur thug an Gúm faoi an tionscnamh úd – d'éirigh leis an scéim méid na leabhar Gaeilge a bhí le fáil a mhéadú as cuimse.

Le linn bhlianta na dtríochaidí foilsíodh breis agus 250 aistriúchán ar shaothair litríochta de chuid na hEorpa, go háirithe saothair Bhéarla. A lán de na saothair a aistríodh ba iad na leabhair iad a raibh mór-ráchairt ghearrshaolach orthu ach tá a lán eile acu a aithnítear anois mar 'chlasaici' a linne agus tá fáil orthu i gcónaí sa bhunteanga.⁴¹

Chomh maith leis sin, agus mar atá feicthe cheana, feidhmíonn cuid mhaith de na haistriúcháin mar thaiscí canúna inniu; stórais ina bhfuil cora cainte, nathanna dúchásacha, seanfhocail agus blas den saibhreas Gaeilge a bhí ar bhéal na ndaoine le fada - cé nach raibh sin ina haidhm ag an nGúm nuair a cuireadh tús leis an scéim.

B'éachtach an scéim aistriúcháin i ndáiríre é. Má smaoinimid ar chuid de na húdair a aistríodh faoin scéim – Dickens⁴², Robert Louis Stevenson⁴³, Emily Brönte⁴⁴, Bram Stoker⁴⁵, Jonathan Swift⁴⁶, A. Conan Doyle⁴⁷ - tuigimid an cineál

⁴¹ *ibid.*, (lch. 1).

⁴² *A Tale of Two Cities*, agus *David Copperfield*.

⁴³ *Dr. Jekyll and Mr. Hyde*, *Kidnapped*, *Caitriona*, *Travels With a Donkey*, agus *The Master of Ballantrae*.

⁴⁴ *Wuthering Heights*.

⁴⁵ *Dracula*.

⁴⁶ *A Voyage to Lilliput*.

⁴⁷ *The Hound of the Baskervilles*.

dúshláin a thug an Gúm faoi. Níor roghnaigh siad díreach údair nach mbeadh a n-ainmneacha ar eolas ag daoine amháin. Níor roghnaigh siad díreach leabhair nach mbeadh ró-dheacair le haistriú. Ach roghnaigh siad údair cháiliúla, agus leabhair a raibh clú orthu cheana ar leibhéal idirnáisiúnta. Fiú, sula léimid focal ar bith iontu, ba chóir dúinn ardmholadh a thabhairt don Ghúm as ucht a mhisnigh. Caithfidh gur thuig siad go bhféadfaidís saothair a chur ar an bhfód nach mbeadh cur amach chomh mór sin ag daoine orthu, agus nach mbeadh daoine in ann mórán a rá ina gcoinne. Ach, níor ghéill siad don rogha éasca. Ní hamháin go raibh an scéim í féin éachtach, ach bhí ardchaighdeán aistriúcháin á chleachtadh inti. I roinnt cásanna, d'éirigh chomh maith sin leis na haistritheoirí go raibh cuid de na aistriúcháin níos fearr fiú ná an bunsaothar.

Caibidil a Cúig:

Aistriúcháin eile an Ruadhánaigh

SEALGAIREACHT AN IARTHAIR (*Wild Sports of the West*)

Mar atá feicthe againn níos luaithe cuireadh tús le gairm an Ruadhánaigh mar aistritheoir i ndiaidh dó comórtas aistriúcháin a bhuacaint i 1928. Mar thoradh ar an gcomórtas seo fostaíodh mar aistritheoir de chuid na Roinne é. Ba é an chéad saothar a thug sé faoi a aistriú ansin, ná an téacs úd *Wild Sports of the West* a scríobh W.H. Maxwell in 1832.¹

Tuairisc atá sa leabhar seo ar thréimhse a chaith an t-údar in Iarthar na hÉireann. Agus é ann, chaith sé a chuid ama ag seilg agus ag iascaireacht, agus é ag cleachtadh nósanna an taobh sin tíre. Fuair sé blas, agus é ann, de sheanchas agus de mhiotaseolaíocht na hÉireann. Chonaic sé a fhéin-chothaitheach agus a bhí muintir na háite agus an chaoi in ar éirigh leo an úsáid is mó a bhaint as an méid is lú. Mar shampla, bhí an trealamh iascaireachta is nuaí aige, ach níor éirigh leis chomh maith agus a d'éirigh leis na fir eile ag a raibh an trealamh a rinne said féin. Cur síos ar a leithéid d'eachtraí a fhaighimid sa saothar.

Roimh dheireadh na bliana 1928 bhí tús curtha ag an Ruadhánach leis an tionscadal. Cé gur thosaigh sé an uair sin níor foilsíodh an leagan Gaeilge de go dtí 1933.² Sa bhunsaothar, bhí 395 leathanach agus beagnach 115,000 focal, agus fuair an Ruadhánach íocaíocht as ina dhá chuid. Bhí an córas íocaíochta faoin scéim bunaithe ar mhéid na bhfocal sa bhunsaothar seachas ar an méid díobh san aistriú, agus ba í an tsuim a bhí ag dul dóibh ná punt an míle focal.

¹ Rugadh Maxwell i 1792, agus le linn a shaoil chuir sé cuid mhaith saothar amach, an leabhar áirithe seo ina measc siúd.

² 'PASSED FOR PRESS 12.4.33', A13, foirm chláráithe don aistriúchán.

Sé an ráta iocuíohta a bheadh ag dul duit ná punt (20/-) ar gach míle focal dá bhfuil sa leabhar bunaidh.³

Fuair sé an chéad chuid den íocaíocht ar an 1ú d'Iúil, 1929 agus luach £57.10 ann, agus fuair sé an tsuim chéanna arís eile ar an 4ú de Shamhain, 1931.⁴

Tá fáil ar chuid mhaith comfhreagrais idir an Ruadhánach agus Choiste na Leabhar agus é i mbun an tsaothair seo – cuid de atá feicthe againn sa chaibidil dheireanach. Is léir go raibh fadhb aige le faid an aistriúcháin – theastaigh uaidh giotaí a ghearradh as ionnas nach mbeadh saothar ollmhór ann nuair a bheadh an leabhar críochnaithe aige –

Má leanaim orm ag aistriú roda dá bhfuil ann béidh a oiread go leith insan leabhar Gaedhilge is atá sa leabhar béarla. Dá mbéinn 'ghá dhéanamh dom féin d'fhagfainn amach a lán giotaí nach bhfuil ag teastáil. B'fhearrde an leabhar béarla féin dá mbeithí gan go leor dá bhfuil ann a chur isteach ó thús. Is é an faitchíos atá orm má fhágaim amach cuid de go n-abróchaidh an coiste, nó cuid aca, gur ag iarraidh rudaí deacra a sheachaint atá mé. Ba mhaith liom comhairle fhágháil ina thaobh seo má'sé do thoil é.⁵

Agus é i mbun pinn tháinig an Ruadhánach ar fhocail nach raibh Gaeilge aige dóibh. Tháinig sé, leis, ar fhocail sa Bhéarla nach raibh a mbrí ar eolas aige. Chuir sé liosta focal faoi bhráid Choiste na Leabhar ansin le cúnamh a fháil Gaeilge a chur orthu. Seo a leanas an litir a sheol sé chucu ina raibh na deacrachtaí úd á n-ardú aige -

1/3/29

A Chara,
Bhéinn buidheach do choiste na leabhar dá gcuireadh siad focla Gaedhilge chugam ar an

³ A13, *Wild Sports of the West*, litir ó Rúnaí Choiste na Leabhar chuig Seán Ó Ruadháin, 17/7/1928.

⁴ A13, foirm chláráithe don aistriúchán.

⁵ A13, litir ó Sheán Ó Ruadháin chuig Choiste na Leabhar, 10/10/1928.

liosta seo istigh. (Wild Sports of the West). Tá cupla focal ann agus is cosamhail gur Gaedhilg iad (tá marc x rompa) ach níor chualas ariamh iad. Tá aistriú déanta agam féin ar chuid de na focla ach ba mhaith liom téarmaí níos fearr a fhágáil dá m'bfhéidir é.

Ba mhaith liom freisin fios a fhágáil cé aca is fearr ifin(sic.) a chur isteach nó a fhágáil amach cuir i gcás i bhfocla mar seo: an t-asal (nó an tasal), na h-asail (nó na hasail), na n-asal (nó na nasal), mar an gcéadna le míoc-chúramach, nó míochuramac tc.

Le meas mór,
Seán Ó Ruadháin

Céard a dhéanfas mé le focla mar seo – major, adjutant, corporal tc? An bhfágfadh iad mar atá siad? SOR

Tá cupla rud sa liosta agus ní thuigim cén ciall atá leo is ceart. Cuir i gcás, “pass the glass” níl a fhios agam an “dul thar an bhfuinneog” atá i gceist nó ag cur thart an ghloine. SOR⁶

Tá roinnt samplaí dá leithéid - d'fhocail agus de leaganacha cainte nach raibh a míniú ar a eolas ag an Ruadhánach, nó cinn nach raibh Gaeilge aige dóibh, sa liosta seo a leanas.⁷ Is leisean an liosta ar clé, agus ar dheis faightear iarrachtaí an Choiste – iarrachtaí a mhaslaigh sé go láidir nuair a fuair sé iad.

| | |
|--------------------|---|
| Gillaroo | An giolla ruadh, lónnach |
| Poacher | Póirséir, fiadhaidhe |
| Parley | Cainnt, gach re 'seadh, agallamh, pairlí |
| On parade | Ar Paráid, ar mustar |
| Field Officer | Oifigeach, blár-oifigeach |
| Nerve and Coolness | Misneach agus calmacht |
| Coal-fish | Duibhiasc |
| Chalk up | Cuir san áireamh |
| Knowes | Cnocháin, cnoicíní |
| Trigger | Lua-chasair, coisín |
| Prinkum | Macnas |
| Clasp-knife | siball, cuach-sgian, sgian chromóige |
| Wigwam | bothóg, rúisg-theach, rúsg-bhothán, caochairt, sgailp |
| Omelet | Ubh-mharóg, ubhogán |
| Antipathies | fuatha, bun-uile |

⁶ A13, litir ó Sheán Ó Ruadháin chuig Choiste na Leabhar, 01/03/1929.

⁷ Tá fáil ar na liostaí seo sa chomhad A13, 01/03/1929.

| | |
|--------------------------|---|
| Cover (for game &c) | sgáth, folach, fasgadh, ros-chaille |
| Sky-light | Foirlias |
| Trap | Trap, gaiste, iaróg |
| Stuffed | dingthe, adhartha, palcaithe |
| Whimbrel (wimbrel) (éan) | crothach eanaigh |
| Hamstrung | (ar crochadh da reathachaibh, speartha) |
| Proselyte | dalta, noibhíseach |
| Stille & Worms (poitín) | (stillí agus píopaí, stiallairí, still agus cam stille) |
| Demoralising | malluithe, táir, táireach, táireamhail |
| Zoology | ainmhidh-eoluidheacht |
| Phocae tribe | cineál phocae, cineál na rón |
| Droppers (fishing gear) | tomairí |
| Rowel | notháin spuir, roth-spuir |
| Furrier | clúmhadóir, buanadóir, fionnfaire |
| Dogma | dleacht-theagasg, bun-theagasg |
| Viscus | Greumannach, táthach (viscous) |
| John Dory (iasc) | Seán a' duibhre, Seáinín Deamhsaí |
| Romantic Waters | uisce a bhfuil trácht air san sgéalúiocht, linn-glan |
| Phenomenon | iongnadh saoghail, forr-aidhbhse, oll-éacht, oll-iongnadh |
| Mud-shooting | slab-lamhach, slab-fhiadhach |
| Blunderbuss | blunderbuis, gearra-ghunna gloice |
| Tirewoman | bean fhreasdal |

Chuir an Ruadhánach na liostaí faoi bhráid an Choiste, mar sin, agus é ag iarraidh go dtabharfadh na baill cúnamh dó leagan Gaeilge a fháil dóibh. Ach, bhí roinnt fadhbanna ag an Ruadhánach leis an gCoiste agus an saothar seo idir lámha aige. Bhrath sé go raibh siad mall ag freagairt a chuid ceisteanna, agus ag cur na liostaí úd ar ais chuige ach go háirithe. Ar deireadh, fuair sé ceann de na liostaí ar ais uathu agus leagan Gaeilge socruithe dóibh, ach chuir a n-iarrachtaí (cuid acu atá le feiceáil thuas) déistean air –

An dá liosta focal, &c, úd a chuireas chugaibh focal níor chualas fá cheann acu beag nó mór ó shin, gidh go raibh sibh dom bhrostú liostaí a chur chugaibh le téarmaí a cheap dóibh. An liosta eile a chuireas chugaibh ba le Dia na téarmaí a ceapadh le n'aghaidh. Ní raibh an leabhar cor ar bith ag an duine no ag na daoine a bhí ag ceapadh

na dtéarmaí is cosamhail, agus is mór an tadhbar
grinn é.⁸

Ní hin an t-aon fhadhb amháin a bhí aige leo ach an oiread. D'iarr sé ar an Rúnai an lámhscríbhinn a chur ar ais chuige i ndiaidh di bheith léite ag an gCoiste. Rinne an Coiste é sin agus chuir siad cóip clóscríofa de leis. Nuair a léigh sé an leagan clóscríofa de cuireadh fearg air toisc go raibh roinnt rudaí athraithe ón leagan a bhí aige sa bhunscríbhinn –

Chím go bhfuil a lán locht ins an gcló-scríbhinn. Cuir i gcás ináit a bhfuil “ag an mnaoi uasail” agamsa chím ag an mnaoi uasal ins an gcló-s. Áit a bhfuil iarainn agam tá iarrainn ins an gcló-s. Agus tá a lán “h”anna fágtha amach, agus mar sin de. Ba ceart gach ceann aca sin a cheartú. Dearmad an cheist-chinn(?) ag gach duine idir ughdair agus eile seadh dá R a scríobhadh ináit (sic.) R amháin, cuir i gcás barramhail i leabhaidh baramhail, corr i leabhaidh cor, &c. Gidh go bhfuil ciall ar leith agus fuaim ar leith le barramhail thar mar tá le baramhail agus le corr thar mar atá le cor, agus ní ceart go mbeirfidhe ag déanamh praisighe den litriú mar sin...⁹

Toisc an cineál saothair atá againn anseo, bhí níos mó deiseanna ag an aistritheoir Gaeilge níos saibhre a úsáid ná mar a bheadh aige le téacs níos acadúla. Ní haon ionadh, mar sin, go bhfuil sracfhéachaint eile le fáil sa saothar seo ar stíl choiteann an Ruadhánaigh. Is é sin le rá go bhfuil an cineál céanna cur chuige úsáidte aige anseo agus atá le fáil sna saothair eile dá chuid, agus go bhfeicimid an tseandúil chéanna dá chuid i seanfhocail agus cora cainte tríd síos.¹⁰ Ó thaobh an leibhéil deacrachta de, scríobh an t-aistritheoir i nGaeilge bhreá, shothuighthe, nár chóir go mbeadh fadhb ag cainteoir nó léitheoir ar bith léi.

⁸ A13, litir ó Sheán Ó Ruadháin chuig Rúnai Choiste na Leabhar, 09/07/1930.

⁹ A13, litir ó Sheán Ó Ruadháin chuig Rúnai Choiste na Leabhar, 21/08/1930.

¹⁰ Tá roinnt samplaí de na seanfhocail agus na samhlacha a fhaighimid sa téacs le fáil in Aguisíní a hAon agus a Dó.

MÉ FÉIN IS M'ASAL (*Travels with a Donkey in the Cevennes*)

Is é atá sa saothar seo ná aistriúchán ar an leabhar cáiliúil a scríobh Robert Louis Stevenson sa bhliain 1879, agus é ag iarraidh cur síos a dhéanamh ar thuras a chaith sé ag taisteal i gceantar na Cevennes sa Fhrainc, gan de chomhlúadar aige ach asal a cheannaigh sé roimh imeacht dó. Mar a tharlaíonn, i gcás an tsaothair áirithe seo, níorbh é Seán Ó Ruadháin a ceapadh mar aistritheoir ar dtús. Ba é Séamus Ó Caomhánaigh an t-aistritheoir úd a raibh sé i gceist ag Coiste na Leabhar an saothar seo a thiontú. Bhí seisean ag obair air i 1930 i ndiaidh dó sliocht as a chur faoi bhráid an Choiste –

Tá an t-aistriú seo go maith. Gaedhilg bhreagh nádurtha ghunta agus an t-aistriú féin go cruinn. Molaim an leabhar so do thabhairt dó le haistriú.¹¹

Ach, de bharr ciúinsí éagsúla bhí ar an gCaomhánach éirí as an tionscadal agus ligean don Choiste duine éigin eile a chur ina bhun.

N'fheadar dá bhrígh san an mbeadh Coiste na Leabhar cómh maith san agus go dtuigfidís mó chás. Admhuighim ná fuil an conradh cóimhlíonta agam ach ní i gcómhnuidhe a bhí seans agam ach sa tSamhradh agus ansan ar son mo shláinte béigean dom saoire a glacadh – an chéad shaoire samhraidh lé chúig mbliain roimh san.

Ní bhead saor ó obair go dtí mí dheire fhóghmair agus is dócha go dtógfadh sé uaim go Nodlaig 1931 nó mar sin an t-aistriúchán a chóimhlíonadh. Leis sin bheinn buidheach den Choiste dá ndéanfaidís socrúghadh a oirfeud.¹²

Ar an 15adh Iúil 1932, scríobhadh litir chuig an Ruadhánach ag iarraidh fáil amach an mbeadh suim aigesean tabhairt faoin saothar a aistriú –

‘Dá mbeitheá toilteannach tabhairt faoi aistriú an leabhair seo bhéinn buidheach díot ach leagan

¹¹ A87, *Travels with a Donkey in the Cevennes*, nóta ó Dhomhnall Mac Grianna chuig Rúnaí an Choiste, 15/04/1930.

¹² A87, litir ó Shéamus Ó Caomhánaigh chuig Rúnaí Choiste na Leabhar, 03/02/1931.

Gaedhilge a chur ar an gcéad míle focal de agus an méid sin a chur isteach mar shampla ar do chuid oibre.¹³

Chuir an Ruadhánach freagra ar ais chucu sula ndeachaigh an tseachtain thart a rá go mbeadh sé sásta tabhairt faoin tionscadal. I ndiaidh don Choiste an chéad cúpla míle focal d'iarracht an Ruadhánaigh a bheith léite acu, thug siad cúram an aistriúcháin dó. Ait go leor bhrath an Coiste gur gá comhairle a thabhairt dó gan a bheith ró-dhílis le teanga an bhunsaothair.

Ceaptar nach gádh dhuit leanúint cómh dhlúth sin ar fad don Bhéarla, go h-áithrid, nuair nach dtig leat bheith dílis don bhun leagan gan tearmaí nua a cheapadh – bíodh an ceapadh sin ar fheabhas féin; agus fós nach féidir aithris a dhéanamh ar stíl R.L.S. san aistriú seo agus nach mór, dá bhríogh sin, iarracht faoi leith a dhéanamh le craiceann maith mín Gaedhilge chur ar an innsint.¹⁴

Is léir nach raibh an Ruadhánach ró-shásta leis an gcomhairle úd agus chuir sé a chuid tuairimí faoi bhráid an Choiste i bhfoirm litreach, agus é ag rá gur de réir orduithe a bhí seisean ag obair chomh dílis sin leis an mbuntéacs –

Ba é an tordú a tugadh dúinn ar dtús – dona scríbhneoirí ar fad a deir siad liom – leanamhaint go dlúth don rud a bhíteas (sic.) a aistriú.¹⁵

Is léir gur fhág an agóid seo a d'ardaigh an Ruadhánach blas searbh i mbéal bhail an Choiste; blas chomh láidir sin nach raibh siad ag iarraidh é a fhostú arís dá mbeadh siad in ann. Bhí faitíos orthu chomh maith go raibh sé i gceist aige iad a cháineadh sa leabhar úd faoin a raibh sé ag caint.

...On further consideration I would prefer to leave Seán out of it. If reports are true he proposes to pillory the Dept. in a book he is writing.¹⁶

¹³ A268, *Travels with a Donkey in the Cevennes*, litir ón Oifigeach Foillsiúcháin' chuig Seán Ó Ruadháin, 15/07/1932.

¹⁴ A268, litir ón Oifigeach Foillsiúcháin chuig Seán Ó Ruadháin, 20/09/1932.

¹⁵ A268, litir ó Sheán Ó Ruadháin chuig an Oifigeach Foillsiúcháin, 03/11/1932.

¹⁶ A333, *Ros Comáin*, litir ón Roinn Airgid chuig Proinsias Ó Dubhthaigh, 08/02/1935.

Ach, nuair a chuir an tAthair O'Flanagan an chéad imleabhar den sraith ar stair na hÉireann ar fáil don Ghúm, bhí orthu athmhacnamh a dhéanamh, go háirithe nuair a fuair siad amach gur theastaigh ón sagart go ndéanfadh Connachtach an t-aistriúchán –

You will recollect that Fr. O'Flanagan was anxious that a Roscommon or Mayo man should do the translation.¹⁷

...Mr. Ó hÉighneacháin suggests the name Seán Ó Ruadháin as that of the most suitable translator available and I concur in this suggestion. Seán Ó Ruadháin has already translated 3 books for the Gúm, and has published an original novel in Irish. In two competitions held by the Dept. he tied for first place – (1) as translator, and (2) as writer of a novel.¹⁸

Leagadh amach ar deireadh go mbeadh an t-aistriúchán á dhéanamh i gcomhairle dhíreach le heagarthóir, agus gan é a bheith fágtha faoina rogha féin go bhfurmhór, dá mba rud é go raibh uaidh glacadh leis. *Ros Comáin* an saothar a bhí i gceist, agus ghlac an Ruadhánach le n-é a dhéanamh i mí na Bealtaine, 1935.

ROS COMÁIN

Bhí sé i gceist ag an Athair O'Flanagan sraith leabhar staire a chur amach faoi chontaetha na hÉireann, agus iad ag díriú isteach ar an stair áitiúil. Ba é *Ros Comáin* chéad saothar na sraithe – contae dúchais an údair. Saothar stairiúil agus faisnéiseach atá againn anseo, rud a chiallaíonn go bhfuil an ghné acadúil ag baint leis. Sa mhéid is go mbaineann an ghné seo leis an saothar, laghdaíodh saoirse an Ruadhánaigh agus é i mbun an aistriúcháin; saoirse ó thaobh stíl agus saibhreas na teanga – rud a fhágann nach bhfuil fáil ar na seanfhocail agus na

¹⁷ A333, litir ón Roinn Airgid chuig Proinsias Ó Dubhthaigh, 08/02/1935.

¹⁸ A333, nóta scríofa ag Seán MacLellan, 25/04/1935.

cora cainte anseo a bhfuilimid cleachtaithe chomh mór sin orthu in obair an Ruadhánaigh. Ach, ní hionann sin agus a rá nach bhfuil fáil ar nath ar bith sa saothar. Tá roinnt de na sean-nathanna céanna atá in úsáid ag an údar sna saothair eile dá chuid. Nathanna ar nós – ‘ní fiú biorán sin’ (RC 50), ‘cos a chur i bpoll le...’ (RC 56), ‘ba é an chloch ba mhó ar a bpaidrín’ (RC 115), ‘ní raibh ach duine sé nó seachráin ann’ (RC 26, 304), srl.

Tá cur síos cuimsitheach sa téacs ar thréimhse áirithe i stair na tíre i gcoitinne – seachas i Ros Comáin mar a deir an teideal. Maidir leis an argóint gur mó a bhaineann an leabhar seo le stair na hÉireann ná le stair Ros Comáin, faigheann sí tacaíocht ar leathanach 286 den leabhar. Má chaithimid súil ar líne dheireanach an leathanaigh feicimid an méid seo –

Mar a dubhradh i réamhrádh an leabhair seo, sin é an t-am a rinneadh conndae de Ros Comáin.¹⁹

Má smaoinimid soicind ar an rud atá á rá sa mheid seo, tá an chuma air go bhfuil sé ag cur in iúl dúinn gur dhírigh tromlach na leathanach chomh fada le 286 leis an tréimhse sula raibh Ros Comáin ina chontae. Tuigimid go raibh an t-údar ag iarraidh cúlra a thabhairt dúinn, agus ag iarraidh an comhthéacs a thaispeáint, ach i ndáiríre ba leor caibidil nó dhó achomair. Thug sé faoi saothar ar stair chontae faoi leith a scríobh. Ina leaba sin, chuir sé saothar amach ar stair na gcúigí ar fad – an Mhí san áireamh. Tá sé go maith mar shaothar ann féin, agus níl an mhalairt á argóint agamsa, ach amháin go mb’fhéidir go ndeachaigh an t-údar ón teideal an iomarca. Sin ráite, ar ndóigh, ní an Ruadhánach atá ciontach as seo. Ní dhearna seisean ach leagan Gaeilge de bhuntéacs O’Flanagan a sholáthar, gníomh a rinne sé go maith agus go cruinn.

¹⁹ Ó Ruadháin, Seán. *Ros Comáin*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1938 (lch. 286).

Bhí có-aontú idir an sagart agus An Gúm le go ndéanfadh siadsan leabhair na sraithe a aistriú go Gaeilge, agus, mar a luadh cheana, i gcás an chinn seo theastaigh ón sagart Gaeilge Chonnacht a fheiceáil ann.

Thosaigh Seán Ó Ruadháin dá aistriú i 1935 agus foilsíodh é i 1938 –

Tamall ó shoin socruigheadh sraith leabhra a chur amach agus a chur ar fagháil do aos óg na h-Éireann, ag iarraidh stair gach chonndae a innsint. Tá an chéad cheann de'n sraith seo ar fagháil anois. Stair na dúithche a bhfuil Conndae Ros Comáin uirthi mar ainm anois atá sa leabhar.²⁰

Tá an saothar seo ábhairín ait sa mhéid is nach luaitear ainm an údair nó ainm an aistritheora ann. Is cosúil gurbh é mian an údair a bhí ansin. Chuir sé in iúl do Choiste na Leabhar nár theastaigh uaidh ainm ar bith a bheith luaite ar an leabhar, go raibh uaidh go mbeadh sé faoi chúram na Roinne amháin –

Father O'Flanagan has suggested that it might be better in the interests of the sale and success of these Histories if his name (or the name of the translator) did not appear; that is if the Histories were issued as official publications of the Department.²¹

Mar aistriúchán tá sé deacair go leor an saothar seo a mheas sa mhéid is gur leabhar eolais agus staire atá ann. Agus a leithéid sin de leabhar idir lámha ag an aistritheoir ba dheacair dó aithris a dhéanamh ar an stíl a bhí in úsáid aige agus saothair ghinearálta á n-aistriú – pointe a ardaíodh cheana. Ó thaobh chaighdeán an tsaothair seo fuair sé moladh agus cáineadh araon. Moladh an Ruadhánach as an saibhreas Gaeilge a d'úsáid sé tríd síos. Ar an lámh eile, áfach, bhí daoine ann a rá go raibh sé rí-shoiléir nach staraí a bhí san aistritheoir, agus go raibh sé ag scríobh ar ábhair nach raibh ar eolas aige –

²⁰ Ros Comáin, *Irish Weekly*, 26/11/1938.

²¹ A333, nóta ó Phroinsias Ó Dubhthaigh chuig Rúnaí Choiste na Leabhar, 14/09/1937.

Tá leagan maith Gaedhilge curtha ar an leabhar. Is truagh, ámh, ná raibh eolas níos fearr ag an aistriitheoir ar stair na hÉireann agus ar na buntéacsanna a ghabhann léi. Fágann an t-easnamh san tuaiplisí mar Mágh Ai agus Rí Uí Máine, srl., sa leabhar.²²

Agus muid ag iarraidh an saothar Gaeilge a mheas mar aistriúchán ba mhaith an rud é an bunsaothar a bheith os ár gcomhair againn leis na difríochtaí agus cosúlachtaí eatarthu, ó thaobh teanga, stíle, ord na bhfocal, srl., a mheas. I gcás an tsaothair seo, áfach, tá an chuma ar an scéal nár cuireadh an bunsaothar amach, .i. go ndearna an tAthair O’Flanagan an saothar a chur le chéile don Ghúm go speisialta, agus nach raibh sé i gceist ach an saothar a fhoilsiú i nGaeilge amháin.

Father O’Flanagan expects to be able to write one history a year. That of Monaghan is with the printers, and may be issued within a few months. The text of that of Carlow, the next, is in type. The story of Kerry is in manuscript form. All the histories are being prepared in English, and translated by An Gum into Irish. It is understood that they are not to be published in English.²³

Lachain Daorga (*Dear Ducks*)

Cnuasach gearrscéalta ó Lynn Doyle atá sa bhunsaothar Béarla seo a tháinig amach sa bhliain 1925. Faoi scéim aistriúchán an Ghúim, úrscéalta agus téacsleabhair ba mhó a bhí á n-aistriú. Rinneadh na húrscéalta a aistriú le hábhar léitheoireachta ginearálta a sholáthar do léitheoirí na Gaeilge. Ach, tugadh faoi deara ag tús na dtríochaidí, nach raibh mórán ó thaobh gearrscéalta le fáil. Bhí

²² A333, *Ros Comain*, Irish Independent, 27/12/1938.

²³ Irish Times, 19/09/1938 - *Book Begins County History Series*.

Cé gur chuartaigh mé go forleathan níor éirigh liom teacht ar leagan Béarla den leabhar áit ar bith, rud a chiallaíonn, is dócha, nár cuireadh amach ach an leagan Gaeilge de.

foilseacháin tréimhsiúla ann ach níor ghnách leo cnuasaigh iomlána a fhoilsiú.

Socraíodh Coiste na Leabhar an t-easnamh sin a shásamh dá bharr.

Ós rud é gur beag páipéar ná irisleabhar Gaedhilge fhoillsigheann ábhar léightheoireachta de chineál a bheadh feiliúnach don ghnáthléightheoir nach mbíonn ach beagán ama aige le caitheamh le léightheoireacht, meastar go mba mhaith an rud é roinnt gearr-scéal do thogha agus leagan Gaedhilge do chur ortha. D'fhéadfaí thimpal 10 gcinn nó mar sin – do réir an mhéid focal a bheadh ionnta – do chur sa gcnuasach.²⁴

²⁴ A310, *Dear Ducks*, litir ón Oifigeach Foillsiúchán chuig Seán Ó Ruadháin, 15/02/1932.

Caibidil a Sé:

Tionchar *David Copperfield* ar *Pádhraic Mháire Bhán*

Tá sé scríofa ag Q.D. Leavis sa leabhar *Dickens The Novelist* go raibh tionchar díreach ag saothair Dickens, agus ag *David Copperfield* ach go háirithe, ar scríbhneoireacht Tolstoy – rud atá pléite níos faide ar aghaidh anseo. Sa chaibidil seo thíos tá iarracht déanta an tuairim seo a phlé i gcás Sheáin Uí Ruadháin agus *Pádhraic Mháire Bhán*, .i. tá an cheist ardaithe faoin tionchar a bhí ag saothar sin Dickens ar úrscéal an Ruadhánaigh. Scríobh Seán Ó Ruadháin *Pádhraic Mháire Bhán* sular tháinig an t-aistriúchán de *David Copperfield* uaidh. Ach, an gciallaíonn sin nach raibh tionchar ag úrscéal Dickens air agus a úrscéal féin á scríobh aige? Tá na cosúlachtaí idir an dá shaothar ró-shoiléir le bheith ina chomhtharlú glan.

Ó thaobh na teanga de, tá rudaí coiteanna a thagann chun cinn sa dá shaothar ní nach ionadh. Is dócha gurb é an chuid de is suimiúla ná an chuid a thagraíonn do ghrá na bhfear. Sa dá chás feicimid go dtagraíonn Pádhraic agus David mar aon do Ghráinne agus d'Úna mar aingil, agus iad ag déanamh cur síos ar a n-áilleacht.

‘Ba bheag nár bhain an radharc an t-amharc as dhá shúil Phádhraic. Aingeal a bhí san ainnir alainn ealaphíbeach seo, aingeal as flaitheas, agus ní raibh gar á cheilt.’¹

‘Seadh, a Úna, aingeal as flaitheas. Bír mar aingeal liom-sa i gcomhnuidhe.’²
[‘Yes, Agnes, my good Angel! Always my good Angel!’³]

¹ Ó Ruadháin, Seán. *Pádhraic Mháire Bhán*, An Gúm, Baile Átha Cliath, 1994 (lch. 44).

² Ó Ruadháin, Seán. *David Copperfield*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1938 (lch. 440).

³ Dickens, Charles. *David Copperfield*, Penguin Popular Classics, England, 1994 (lch. 304).

Feicimid ansin go mbaineann an Ruadhánach úsáid as an nath meafarach céanna ‘Áilne (Áille) na Gréine’ sa dá shaothar. Agus é ag tagairt do Ghráinne, deir Pádhraic fúithi –

‘Agus í ag siúl ar an machaire cheapfá nach mbrúfadh sí an nóinín féin faoina cois, bhí a coiscéim chomh héadrom éasca sin. Ba í ‘Áille na Gréine’ dáiríre píre í.’⁴

San aistriúchán ar Dickens, ansin, tá dhá shampla den nath céanna –

‘Do réir mar bhí an t-athrú seo ag teacht ar Annie, i leabaidh a chéile, bhí cuma na h-aoise ag teacht ar an Dochtúr agus é ag éirghe ní ba sollamhanta, mar go raibh Annie tráth agus ba í Áilne na Gréine ar fud an tighe í.’⁵

[‘As this change stole on Annie, once like sunshine in the Doctor’s house, the Doctor became older in appearance.’⁶]

‘Thugas m’aghaidh ar an teach draoidheachta agus bhí sin ann soillse agus cabaireacht, ceol agus blátha, agus oifighigh (mó bhrón!) agus an Miss Larkins ba sin mar bhéadh Áilne na Gréine ann.’⁷

[‘I repair to the enchanted house, where there are lights, chattering music, flowers, officers (I am sorry to see), and the eldest Miss Larkins, a blaze of beauty.’⁸]

Tá breis den chosúlacht chéanna tríd an dá théacs. Seo a leanas roinnt cora cainte atá in *Pádhraic Mháire Bhán* – cinn atá le fáil ar liosta na nathanna in *David Copperfield* chomh maith⁹:

I ndeireadh na péice (PMB 5, DCG 22-3), greim an fhir bháite (PMB 5, 179, DCG 37), ladar a chur isteach (PMB 14, DCG 248), cor agus cleas (PMB 16,

⁴ PMB 44.

⁵ DCG 742-3.

⁶ DCB 510.

⁷ DCG 326.

⁸ DCB 228.

⁹ Faightear taobh leis an tagairt do *Pádhraic Mháire Bhán* áit amháin ina bhfuil an leagan cainte céanna le fáil in *David Copperfield*.

DCG 790), go bog is go crua (PMB19, DCG 938), guth an ghola ina béal (PMB 20, DCG 9), thit an lug ar an lag (PMB 21, 99, DCG 7), ní raibh gar ag caint (PMB 20, DCG 611), ór na cruinne (PMB 24, DCG 386), gach mac máthar (PMB 58, DCG 109), ó bhonn go baithis (PMB 28, DCG 859), Bealtaine a shocrú le (PMB 31, DCG 11), ar dhearglasadh go bun na gcluas (PMB 31, DCG 956), ó dhuine liath go leanbh (PMB 42, DCG 920), ainnir álainn (PMB 44, DCG 588), ina dhá gcuid déag le chéile (PMB 52, DCG 294), faitíos a chraicinn air (PMB 53, DCG 851), idir an leac is an losaid (PMB 57, DCG 748), de phlimp (PMB 70, DCG 411), cér bith gaoth a shéidfeadh (PMB 74, DCG 715), chluinfeá biorán ag titim (PMB 81, DCG 121), níorbh iontaí le...an sneachta dearg ná (PMB 84, DCG 12), ní raibh léamh sna leabhra ar... (PMB 88, DCG 304), ceo na fríde (PMB 89, DCG 32), ina gcosa in airde (PMB 104, DCG 134), dubh ban na riabhach (PMB 105, DCG 468), ar áit bonn (PMB 106, DCG 84), eitreoga air (PMB 113, DCG 579), ina Bhrian Óg (PMB 117, DCG 493), bíodh thíos bodh thuas (PMB 122, DCG 338), truisle a bhaint as (PMB 126, DCG 67), marbhfháisc ort (PMB 127, DCG 135), thit an trioll ar an treall (PMB 131, DCG 244), bog te (PMB 137, DCG 828), d'imigh an scéal in a loscadh sléibhe (PMB 145, DCG 544), go Lá an Luain (PMB 153, DCG 362), feacadh ná fiaradh a bhaint as (PMB156, DCG 281), ar leagan d'fhabhra (PMB 161, DCG 496), fáilte Uí Cheallaigh (PMB 173, DCG 593), ach an oiread leis an té atá sa ngealach (PMB 191, DCG 746), le haghaidh na coise tinne (PMB 191, DCG 202), mar bhuailfeá do dha bhois faoi chéile (PMB 200, DCG 22), gan cor ná cleas as (PMB 220, DCG 790).

Níl ansin ach díreach blas den chosúlacht teanga a fhaightear idir an dá théacs seo. Mar a luadh ag an tús, bheimis ag súil leis an gcomhthreomhaireacht

seo sa mhéid is go raibh an duine céanna i mbun Gaeilge an dá théacs. Ach, an mbeimis ag siúl le comhthreomhaireachtaí eile – comhthreomhaireachtaí ó thaobh radharcanna agus tarlúintí de?

I litir a scríobh an Ruadhánach chuig Choiste na Leabhar ar an 8ú Iúil, 1930, leag sé amach roinnt leabhar a mbeadh suim aige a aistriú. Ina measc siúd bhí sé cinn a tháinig ó bhunpheann Dickens – *A Tale of Two Cities*, *Pickwick Papers*, *Old Curiosity Shop*, *David Copperfield*, *A Christmas Carol*, agus *Oliver Twist*.¹⁰ I ndiaidh dó na cinn thuas a mholadh don Choiste, d'iarr siad air a rogha féin a dhéanamh idir an dá shaothar *David Copperfield* agus *Oliver Twist*. Taobh istigh den cheithre lá ó bhfuair sé an litir bhí freagra curtha ar ais chuig an gCoiste aige agus intinn an Ruadhánaigh socraithe ar *David Copperfield* a aistriú¹¹ –

Fuaras do litir go raibh maith agat. Má chuireann tú “David Copperfield” chugam béal ag gabháil dó ar feadh na laethanta saoire.¹²

Ní fhéadfaimis a rá go cinntiúil as sin go raibh an saothar léite aige, ach, sin ráite, an mbeadh an méid sin saothar ó údar amháin á moladh aige muna raibh cur amach éigin aige ar theanga agus stíl an údair úd? Caithfidh go raibh suim éigin aige i scríbhneoireacht Dickens, suim a bhí ag Tolstoy mar is léir. Ar an gcaidreamh idir saothar Tolstoy agus saothar Dickens, bhí an méid seo le rá ag Leavis –

The parts of Tolstoy's first major fiction, *War and Peace*, which he wrote nearly twenty years after first reading *Copperfield*, that struck me as so interestingly like parts of *Copperfield* that I started looking for extra-fictional evidence of Tolstoy's interest in this novel, with what

¹⁰ Comhad A338/99, litir ó Sheán Ó Ruadháin chuig Rúnai Choiste na Leabhar, 08/07/1930.

¹¹ Tabhair faoi deara gur scríobh an Ruadhánach na litreacha áirithe sular chuir sé *Pádhraic Mháire Bhán* uaidh.

¹² Comhad A338/99, litir, 14/07/1930.

astonishing results and confirmation I have described...¹³

Tá sé scríofa i saothar Leavis go raibh ceangal díreach idir radharc oscailte *War and Peace* agus ceann de na codanna is tábhachtaí in *David Copperfield*. Is é sin an caidreamh idir David agus Dora – an fear ciallmhar pósta leis an mbean éirimiúil. I saothar Tolstoy, is é an pósadh idir Lisa agus Prince Andrew atá crochta os ár gcomhair, agus ag tús an tsaothair tá léargas ar an gcaidreamh úd. D'fhéadfá argóint nach bhfuil rud ar bith ansin, agus nach gciallaíonn sé ach go raibh dúil ag an dá údar i gcarachtair den chineál céanna. Ach, is é an rud ar a ndíríonn Leavis aird ná an chaoi nach bhfuil bun nó barr leis an oscailt seo i gcomhthéacs an úrscéil, go mb'fhéidir nach raibh ann ach go raibh Tolstoy ag iarraidh scáthánú a dheánamh ar cheann de na caidrimh is tábhachtaí i saothair Dickens.

Yet in spite of the brilliant and moving delineation of a typical situation, which is of course that of David and Dora in *Copperfield* translated into Russian terms, with Princess Mary as Agnes, it has no before or after in *War and Peace*; it merely fixes a subject that Tolstoy, it seems to me, had been struck with in making the acquaintance of a Dickens masterpiece.¹⁴

An bhféadfaimis, mar sin, an rud céanna a rá faoin Ruadhánach agus an radharc oscailte atá aige in *Pádhraic Mháire Bhán?* Ag tús an tsaothair seo, feicimid stoirm uafásach láidir ar siúl – a leithéid nach bhfaca duine ná deoraí riamh sa cheantar. Ach, díreach sa chaoi nach raibh ceangal ar bith ag radharc oscailte Tolstoy leis an gcuid eile dá úrscéal, is beag an nasc a fheicimid idir radharc na stoirme seo agus tarlúintí na coda eile den scéal. Tá an chuma air go

¹³ Leavis, Q.D. & Leavis F.R. *Dickens The Novelist*, Rutgers University Press, New Jersey, 1970 (lch. 39).

¹⁴ *ibid.*, (lch. 41).

mb'fhéidir go raibh tionchar díreach ag ceann de na radharcanna móra i saothar Dickens ar údar na Gaeilge chomh maith. Feicimid go bhfuil stoirm Dickens mar cheann de bhuaicphointí *David Copperfield*. Ceanglaítear codanna éagsúla den scéal le chéile léi – faigheann Ham Peggotty bás agus é ag iarraidh foireann báid a shábháil. Is é an rud ba speisiúla faoin éacht seo ná an chaoi go raibh sé ag iarraidh Steerforth – an fear a d'éalaigh leis an gcailín a bhí geallta leis – a shábháil. Le bás na beirte úd, tá críoch curtha le mír áirithe den scéal. D'fhéadfaimis a rá, leis, go seasann an stoirm mar thúsphointe do na heachtraí deireanacha sa saothar. I ndiaidh na stoirme, téann David thar lear, áit ina dtagann sé chuige féin i ndiaidh bhás a mhná, agus ina osclaítear a shúile maidir leis an saol atá amach roimhe. Agus tosaíonn Mr. Peggotty, Emily, Mrs. Gummidge, agus muintir Mhicawber ar shaol nua a chruthú dóibh féin thall san Astráil.

Ach, níl rian ar bith den mhéid thuas le feiceáil i saothar an Ruadhánaigh. Níl tábhacht ar leith a d'fhéadfaimis a cheangal leis an stoirm i gcomhthéacs tarlúintí an scéil (seachas gur tháinig Pádhraic ar mhadra uisce agus é ag cuartú breosla – rud a thug cúpla punt sa bhreis don chlann).

Gan trácht á dhéanamh againn go fóill ar shaothair na beirte, ba mhaith liom díriú isteach nóiméad ar chosúlacht shuntasach amháin eatarthu mar údair. Ó thaobh na teanga de, bhain Dickens clú agus cáil amach de bharr a shuim i bhfriotal agus i gcúrsaí teanga, agus léiríodh an tsuim seo in úrscéal i ndiaidh úrscéil dá chuid. Bhain sé úsáid as seifteanna liteartha de gach saghas agus é i mbun pinn, agus bhí sé ar a chumas aige an Béarla a láimhsiú pé bealach a bhí uaidh. Ón bplé atá déanta ar an mBéarla in *David Copperfield*, tuigimid go bhfuil an scéal amhlaidh leis an gcaoi inar éirigh le Dickens friotal na gcarachtar a úsáid

ar mhaithe le feidhmeanna difriúla thar díreach na cánúintí éagsúla a léiriú. Is léir go raibh suim ag an Ruadhánach in ábhar seo na teanga chomh maith, agus feicimid toradh na suime seo sna haltanna ar fad a scríobh sé don iris *Feasta* sna caogaidí agus sna seascaidí, ar ghnéithe de stíl agus de ghramadach na Gaeilge.

An dá shaothar

Má fhéachaimid ar an dá shaothar, *Pádhraic Mháire Bhán* agus *David Copperfield*, ritheann sé linn go bhfuil an-chuid ‘comhtharluithe’ eatarthu ó thaobh ábhair de. Tá sé ráite faoi *David Copperfield* gur chuir Dickens tús leis mar dhírbheathaisnéis, go raibh sé i gceist aige tuairisc a thabhairt ar eachtraí a shaoil féin. Ar deireadh, áfach, shocraigh sé idé na dírbheathaisnéise a fhágáil ar lár agus úrscéal a scríobh. I gcás an tsaothair eile, tá daoine ann a deir an rud céanna, .i. gur chur síos ar a shaol féin, agus ar a óige ach go háirithe, atá scríobhtha ag an Ruadhánach sa saothar *Pádhraic Mháire Bhán* seachas gur úrscéal glan atá ann.

Fiú ó thaobh suíomhanna agus radharcanna de, tá rudaí coitianta le feiscint sa dá shaothar. Is dócha gur cheann de na rudaí is suntasaí ná an chaoi ina dtiteann cuid mhaith radharcanna amach le hais na tine. Feicimid Pádhraic, a mháthair agus na páistí eile cois na tine níos minice ná áit ar bith eile. Mar an gcéanna, feicimid David, a mháthair agus Peggotty sa láthair chéanna arís agus arís eile. Osclaíonn gach ceann den dá scéal sa láthair úd, fiú.

‘Bhí Máire Bhán agus a seisear dílleachtaí cruinn thart ar an tine nuair a thoisigh an stoirm.’¹⁵

‘Bhí mo mháthair, mar dubhras, cois na teinidh, agus í go trom-chroidheach le h-ímnidhe fúithi féin agus fán strainséara beag gan athair, a raibh

¹⁵ PMB 4.

na céadta biorán cheana féin i scibéad os cionn
staighre ag failtiú roimhe ar an saoghal.’¹⁶

Go luath i saothar Dickens cuirimid fáilte roimh Bhetsey Trotwood agus feicimid í ag síneadh na ngéag agus ag ligean a scíth cois na tine céanna. Tá tagairt do Mháire Bhán sa saothar eile, agus í i riocht atá thar a bheith cosúil le riocht na mná eile.

‘Chonnaic sí an bhean uasal ina suidhe agus íochtar a gúna craptha aici, a lámha fillte aici ar a leath-ghlúin, agus a cosa ar an gcosnán, agus í ag breathnú ar an teinidh go gruamdha.’¹⁷

‘Máire Bhán í féin bhí sí ina suí ar leic an teallaigh, a droim leis an mbac aici agus a dhá cois chosnochta sínte uaithi amach.’¹⁸

Tá tagairtí ann, chomh maith, don tine mar fhoinsé solais sa dá theaghlach araon.

‘Dá dhónacht dá bhfacadar a chéile ní fhéadfaidís sin féin a dhéanamh gan an teine.’¹⁹

‘Ní raibh aon tsolas san teach ach cér bith solas a bhí ar an tine, mar nach lastaí an laimpín stáin a bhí crochta ar an mballa ach nuair a bhítí ag ithe an tsuipéir nó ag réiteach dí don bhóin.’²⁰

Sa dara sliocht thuas, as *Pádhraic Mháire Bhán*, feicimid nach mbíodh solas ar bith in úsáid acu ach amháin ag am béile. Sa chuid seo a leanas, tógtha as an saothar eile, tá tagairt a bhfuil macalla aici leis an gceann eile thuas, sa mhéid is go dtugann sé le fios dúinn nach mbíodh coinnle in úsáid sa teach ach amháin nuair a bhíodh ithe nó ólachán i gceist.

‘Agus Peggotty ag teacht isteach le treallamh an tae agus le coinnle thug sí fá deara ar an toirt a dhonacht agus bhí sí – b’fhéidir go dtiúbhradh

¹⁶ DCG 8.

¹⁷ DCG 10.

¹⁸ PMB 4.

¹⁹ DCG 11.

²⁰ PMB 4.

Miss Betsey fá deara é ní ba túisce ná sin dá mbéadh a sáith soluis aici...²¹

Ní hamháin go bhfuil suíomh na tine úsáidte sa dá théacs, ach baintear úsáid go minic as suíomh na farraige chomh maith. Arís eile, feicimid go bhfuil cosúlachtaí idir na heachtraí a thiteann amach sa dá scéal agus an fharraige mar chúlra acu. I gcás Phádhraic, rugadh agus tógadh é cois na farraige, agus ní haon ionadh, mar sin, go dtiteann cuid mhaith rudaí amach ar an láthair sin. Ceann de na híomhánna is luaithe a fhaighimid i scéal an Ruadhánaigh, ná an buachaill óg agus é thíos ar an trá i ndiaidh stoirme ag cuardach rudaí a d'fhéadfadh a bheith úsáideach nó luachmhar. Sin nós a bhí ag muintir na háite dá dtarlódh go raibh an stoirm i ndiaidh rud ar bith a fhágáil ina diaidh.

Cé nach raibh cónaí ag David cois farraige, chaith sé cuid mhaith ama ar an gcósta. Ba as ceantar farraige a bhuime, agus chuaigh sé léi amanna le cuairt a thabhairt ar a deartháir, a nia agus a neach, rud a d'fhág gur bunaíodh cuid de na heachtraí is tábhachtaí sa leabhar ansin. Agus é ar a chéad chuairt ann, feicimid David ar an trá le Emily agus iad ag bailiú rudaí – díreach mar a bhí Pádhraic ag bailiú ar chósta na hÉireann – cé gur ar mhaithe le spraoi a bhí an bheirt seo á dhéanamh.

Bádh athair Emily agus athair Ham (a col-ceathar) araon san fharraige, rud a d'fhág go raibh eagla orthu (agus ar Emily ach go háirithe) roimpi. Bhí an eagla chéanna ar Mháire Bhán i ndiaidh dá fear céile bás a fháil sa bhealach céanna. Faighimid amach, ó chomhrá idir David agus Emily, nár thángthas ar chorp a hathar riamh. Cloisimid iad ag caint ar an dóigh ina raibh an bheirt acu

²¹ DCG 14.

gan athair. Ach, ar a laghad, bhí a fhios ag David cá raibh a athair curtha agus bhí seisean in ann dul isteach sa reilig uair ar bith a theastaigh sin uaidh. Ní raibh an deis sin aicise, áfach.

‘Ach ba cosamhail nár mhar a chéile a fágadh mé féin agus Em’ly in ár ndílleachtaí. Fuair a máthair-sean bás roimh a hathair, agus ní raibh fios fáirnéise cén áit a raibh uaigh an athar, ach amháin go raibh sí in áit eicín ar thóin na farraige.’²²

Tá comhrá den chineál céanna le fáil saothar an Ruadhánaigh, áit ina gcloisimid Máire Bhán agus í ag éagaoineadh na marbh atá cailte san fharraige agus gan teacht ar a gcoirp choíche.

‘Bhí cuid acu nach bhfuarthas riamh, agus nach bhfaighfear go brách, agus rinne sin an scéal i bhfad ní ba mheasa. Má bháitear duine féin agus go bhfaighfear an corp lena chur i reilig choisricthe is mór an sásamh intinne é ar na gaolta, ach nuair nach bhfaightear é, agus nuair a bhíos an bhaintreach ná an mháthair nó an deirfiúr ina suí cois na tine ag éisteacht leis an ngaoth ag feadaíl agus leis na tonntracha ag géimnigh, sin é an brón dáiríre, sin é an céasadh intinne, sin é an crá – ag smaoineamh ar chnámha an té atá imithe agus iad á gcarnadh agus á réabadh ar thóin na farraige.’²³

(Is dócha gurb é an rud is mó agus is tábhachtaí a thiteann amach cois na farraige sa dá shaothar ná an stoirm, rud atá á phlé níos faide ar aghaidh sa chuid seo.)

Ag tús an dá shaothair, buailimid le príomhcharachtair fhireanna – buachaillí óga ag a bhfuil an tús céanna acu sa saol. Tá an bheirt acu fágtha gan athair i ndiaidh dóibh bás a fháil. Fágann sin go bhfuil a gcuid máithreacha araon ina mbaintreacha. D’fhéadfá argóint nach bhfuil aon rud aisteach anseo, ach má

²² DCG 45.

²³ PMB 17.

chuirimid na rudaí eile thíos san áireamh, feicimid go neartaíonn sé an argóint go mb'fhéidir go raibh an Ruadhánach ag obair faoi thionchar shaothar an údair eile.

Ó thaobh chúrsaí oideachais de, d'fhreastail an dá phríomhcharachtar ar scoileanna áirithe go dtí go raibh sin dodhéanta – de bharr cúinsí nach raibh i gcumhacht na mbuachaillí. I gcás Phádhraic, b'eisean an té ba shine sa chlann, agus b'éigean dó lámh chúnta a thabhairt dá mháthair agus í ag iarraidh an chlann a thógáil. Ar an drochuair, bhí sé go maith ar an scoil, ach ní raibh an dara rogha ag a mháthair.

'Nár mhór an trua nárbh fhéidir léi a choinneáil leis an scoil tamall eile agus an máistir á rá léi go raibh tógáil an léinn chomh maith sin ann. Ach céard ab fhéidir a dhéanamh.'²⁴

Cé nach raibh ar David cabhair a thabhairt d'éinne, bhí air éirí as an oideachas i ndiaidh bhás a mháthar, toisc nach raibh suim ag a leas-athair ina chuid scolaíochta.

'D'fhágas Teach Salem tráthnóna an lae ar na bhárach. Ba bheag a shíleas an uair sin nach bhfillfinn go deo.'²⁵

I ndiaidh don bheirt acu an scoil a fhágáil ina ndiaidh bhí orthu dul amach ag obair. Bhí David ag obair i monarchan Mr. Murdstone, agus Pádhraic, bhí seisean ar na bóithre faoi scéim Bhord na gCeantar Cúng. In ainneoin go raibh Pádhraic níos sine ná David le linn na tréimhse seo dá saol, bhí sé fós i ndomhan nár oir dó mar bhuachaill. Sclábhaíocht a bhí i gceist sa dá chás agus iad ag obair ó dhubh go dubh i measc na ndaoine fásta.

'Ag iompar fód a bhíodar ó na fir a bhí ag baint go dtí na fir a bhí ag bancáil an bhóthair.'²⁶

²⁴ PMB 7.

²⁵ DCG 152.

²⁶ PMB 28.

‘Tá a fhios agam go mbínn ag obair ó dhubh go dubh le daoscar fear agus buachaillí, agus mé in mo pháiste gioblach.’²⁷

Ar ais ag ceist an oideachais, fuair Pádhraic agus David araon an dara deis. Cuireadh ranganna oíche ar bun i gceantar Log an tSearraigh áit ina ndearna Pádhraic an-dul chun cinn. Fuair David a dheis féin nuair a d’éalaigh sé go teach a aintín. Chuir sise chun na scoile é in áit a bhí i bhfad Éireann ní b’fhearr ná an chéad scoil a raibh sé inti. I ndiaidh dóibh an dara deis seo a fháil d’éirigh go maith leo. Chomh maith sin gur bhain siad clú agus cáil amach, agus go raibh a hainmneacha i mbéal an phobail – bíodh sin de bharr cúinsí éagsúla. Bhain Pádhraic an chuid is mó dá chlú amach as ucht an bua óráide a bhí aige agus ba mar scríbhneoir a fuair David formhór a cháile.

‘Ach Pádhraic! Bhí a ainm i mbéal gach duine. A leithéid de phíosa cainte agus a chuir sé de, stócach chomh hóg leis.’²⁸

‘Nár bhreágh an saothar é sin atá i ndiaidh do láimhe. Nach ann atá na leaganacha! Léigheas gach focal de – gach focal. Agus maidir le h-aon chodladh teacht orm – ba bheag an baoghal!’²⁹

Fuair gach duine acu aitheantas as a eolasach agus a bhí siad in ábhair léinn. Rud amháin atá fíor-shuimiúil ná an chaoi ina dtagann ardmholadh ó na carraeirí sa dá chás, cé gur mó na difríochtaí ná na cosúlachtaí idir an bheirt úd (Barkis i gcás David, agus an carraeir ar an mbealach go bád na hAlban sa chás eile) –

‘D’innseas dó a raibh ar eolas agam, ach chreidfeadh sé rud ar bith a dhéarfainn leis, fíor nó bréag, mar go raibh meas thar cionn aige ar mo chuid léighinn, agus le linn an tseanchuis chualas e ghá rádh le n-a mhnaoi gurbh éard a bhí

²⁷ DCG 197.

²⁸ PMB 141.

²⁹ DCG 875.

ionnam ‘a young Roeshus’ agus measaim gurbh í an chiall a bhí aige leis sin duine árd-eolasach.’³⁰

“Tá cloigeann maith ortsa, a stócaigh, bail ó Dhia is ó Mhuire agus ó Phádhraic ort, agus nár fheice súil drochdhuine thú, cér bith cérb as thú nó cér bith cérb leis thú,” arsa an seanfhear.’³¹

Cad mar gheall ar chúrsaí grá? Arís eile, feicimid an cineál pátrúin chéanna sa dá shaothar ó thaobh ghrá na bpríomhcharachtar. Cé nach raibh an méid céanna ban i saol Phádhraic agus a bhí i saol David, sroicheadh deireadh na scéalta sular éirigh leo beirt a ngrá geal a fháil. Ba í Gráinne searc Phádhraic, agus bhuail sé léi go luath ina shaol. Úna an bhean a bhí ina grá ag David agus, arís eile, bhí sí ina shaol ó am luath. Bhuail David le hÚna i ndiaidh dó bogadh go teach a aintín. Nuair a cuireadh chun na scoile é athuair fuair sé lóistín le Mr. Wickfield – athair Úna. D’fhág sin go raibh a gcuid saolta nasctha ón tréimhse seo. D’fhás siad mar a bhí deartháir agus deirfiúr ann. Cluiche caide a bhí ar siúl nuair a tháinig an bheirt eile ar a chéile. Chonaic Pádhraic Gráinne ar thaobh na páirce, agus thit sé di láithreach.

‘Súil dá dtug Pádhraic thairis chonaic sé cailín óg ina seasamh in aice leis, cailín nach bhfaca sé a leithéid ar sholas a dhá shúl riamh roimhe.’³²

Cé nach raibh a saolta nasctha chomh dlúth le saolta na beirte eile, ní ligtear dúinn dearmad a dhéanamh ar Ghráinne choíche le linn an scéil. Déantar tagairt di go rialta agus í le feiceáil uair ar bith a thiteann aon rud amach i saol an fhir áirithe. Nuair a bhí sé ar lorg le Micilín sa churach, mar shampla, tháinig siad i dtír san áit a raibh uncail Ghráinne ina chónaí ann. Ba i dteach a huncail a

³⁰ DCG 179.

³¹ PMB 154.

³² PMB 43-4.

tógadh iad, áit ina raibh Gráinne ar cuairt ag an am. Nuair a rinne Pádhraic a chéad óráid phoiblí ansin ba í Gráinne an chéad duine a chonaic sé agus é thuas ar an ardán. Arís eile, tháinig a ndá shaol trasna ar a chéile agus Pádhraic ag dul go hAlbain ag spailpínteacht.

De bharr cúinsí éagsúla, cuireadh baic i mbealach na scéalta grá. I gcás David, phós sé bean eile – sin ráite, ní raibh claonadh ar bith aige i dtreo Úna mar rud éigin seachas mar dheirfiúr agus dlúthchara faoin am sin. I gcás Phádhraic, ansin, chuaigh sé go hAlbain, mar atá feicthe againn thuas, áit ar chuir sé faoi ar feadh roinnt blianta. Agus é ag imeacht, thug Gráinne a seoladh dó agus d'iarr sí air scríobh chuige. Ach, ar an drochuair, nuair a bhí an seoladh á lorg aige, ní raibh rian de le fáil. D'fhág sin nach raibh bealach aige le dul i dteagmháil léi, agus bhí sé ar a intinn aige go mbeadh sí ag ceapadh nach raibh fonn air scríobh chuici. Tháinig deireadh leis an scéal, áfach, nuair a chonaic Pádhraic fógra bainise sa nuachtán (cuireadh an nuachtán áitiúil chuige ón mbaile) ag rá go raibh Gráinne Nic Uidhir chun fear áirithe a phósadh. Is dócha go raibh tionchar éigin aige sin ar an gcinneadh a rinne sé gan filleadh ar Éirinn ar feadh tréimhse eile.

Ach, ní mar a shíltear a bhítear. Ar a fhilleadh abhaile ba í Gráinne duine de na chéad daoine lenar bhuail Pádhraic . Thit sé amach nach raibh sí pósta ar chor ar bith.

'B'fhurasta an scéal a mhíniú – agus ba dheacair...“ach chonaic mé le mo dhá shúil féin, ar an *Mayo Messenger*, go raibh tusa pósta,” a deir sé. Rinne sí gáire. “Níorbh é m'ainmse a chonaic tú,” a deir sí, “ach ainm col ceathrar liom – phós sí pílear.”³³

³³ PMB 195.

I gcás David, bhí a bhean, Dora, agus Úna ina ndlúthchairde – rud a d’fhág go raibh an triúr acu le chéile go minic. Ach, fuair Dora bás agus thit an bun as saol an fhir. Ní raibh faoi fanacht sa bhaile agus chuaigh sé ag taisteal. Agus é as baile, scríobh Úna chuige ar bonn rialta. Le linn dó bheith ar shiúl, thuig sé cé chomh tábhachtach agus a bhí Úna dó. Díreach mar bhuail Pádhraic le Gráinne i ndiaidh dó an baile a bhaint amach, ba í Úna an chéad duine lenar chas David nuair a tháinig seisean ar ais. Bhí sé ar intinn Phádhraic go raibh Gráinne pósta le fear eile, agus cé nár cheap David go raibh céile ag Úna, bhí sé lánchinnte go raibh a súil dírithe i dtreo fir éigin – fear nárbh eisean é.

“Ach an bhfuil leannán ar bith ag Úna arbh fhiú di bacadh leis. Ní bhéadh beann ag Úna ar dhuine ar bith eile.”

Rinne m’aintín machtnamh tamaillín agus a bos fá na smig aici. Thug sí a súile ar m’aghaidh go mall, agus dubhairt –

“Táim ag ceapadh go dtaitheann duine eicín léi, a Trot.”³⁴

Bhí sí i ngrá, bhí sin i gceart aige, ach ba leisean a bhí sí i ngrá riamh. Ag deireadh an leabhair, feicimid iad sona sásta agus iad pósta agus páistí thart timpeall orthu. Ag deireadh an tsaothair eile, feicimid Gráinne agus Pádhraic agus iad dúnta i ngrá. Bhí seisean i ndiaidh a bheith gortaithe go dona, agus é ar leaba an bháis, i dtroid ar son na saoirse, agus ba í Gráinne a d’fhán le hais a leapa tríd an oirdéal ar fad. Bhí Úna ann do David mar an gcéanna agus é ag an bpointe is ísle dá shaol – nuair a cailleadh a bhean – agus thug sí cúnamh agus tacaíocht dó éirí as an dorchadas úd. Feicimid Úna, mar sin, ina túr tacaíochta do David agus é ag fulaingt go hintinniúil, díreach mar a fheicimid Gráinne agus í ina túr tacaíochta do Phádhraic agus é ag fulaingt go fisiciúil.

³⁴ DCG 1001.

Ní raibh ach aon bhean amháin i saol Phádhraic, áit a raibh níos mó ná sin i saol David. Mar atá feicthe againn cheana, cé gur phós David Úna ag an deireadh, níorbh ise a chéad chéile. Bhí sé pósta le Dora go dtí go bhfuair an bhean sin bás. Agus é ar thóir na chéad mhná, fuair a hathair bás agus b'éigean di dul chun cónaithe lena haintíní. D'fhág sin go raibh ar David dul ar chuairt chuici ansin agus gur chuir siad aithne ar a chéile i dteach a gaolta. Cé nach ionann an dá chás amach is amach, tá macalla den rud seo le feiscint sa chaoi go bhfeicimid Pádhraic agus Gráinne ag cur aithne ar a gcéile i dteach a huncail (mar atá luaithe againn cheana). An bhfuil sé inchreidte amach is amach go raibh béim á leagan ag an Ruadhánach ar theach ghaolta na mná i gcúrsaí grá, díreach mar a bhí ag Dickens, agus é cumtha go neamhspleách aige?

Agus é ar thóir na mban, feicimid David á mhaisiú féin go cúramach, agus tá tagairt faoi leith déanta do ghlaineacht na mbróg.

‘Ní raibh fóirithín ar bith agam ach ag cur orm na n-éadaighe a b’fhearr a bhí agam agus ag glanadh mo bhróg gach ré leath-uair.’³⁵

‘Dá mbéadh gléis sciúirse dá mbailiú d’fhéadfaidhe mo bhróga a chur leo.’³⁶

Tá an bhéim chéanna curtha ag an Ruadhánach ar na bróga agus Pádhraic á léiriú ar thóir Ghráinne.

“Má tá aon phéire bróg thíos ag aon duine de na gasúir,” ar seisean léi, i gcogar, “cuirim i bpéin Dé ort agus cuir aníos chugam iad.”³⁷

“Chugainn leat amach, a Mhicilín, go mbreathnaí sinn ar an áit thart timpeall,” arsa Pádhraic, ag breith ar scuab agus ag glanadh a chuid bróg. Bhí siad beagáinín beag bídeach róbheag aige, ach ar chuma éigin b’fhearr leis sin, cheap sé, ná iad a

³⁵ DCG 325.

³⁶ DCG 574.

³⁷ PMB 107.

bheith rómhór, gí go mba chuma leis seachtain ó shin beag nó mór iad.

“Cén call glanadh atá agat ar na bróga?” arsa Micilín, “ar ndóigh, ní hé an Domhnach atá agat ann?”

“Ó, murab é féin níl a fhios ag duine cé a chasfaí leis, agus ní hionann a bheith in áit mar seo agus a bheith sa mbaile.”³⁸

‘Níorbh é a gháire a sciorr ar Phádhraic nuair a chuala sé í ag rá go raibh sí ag dul abhaile, agus má líomh sé na bróga féin ar maidin níor dhochar é mar go raibh a chroí faoi seo i mbonn a chos.’³⁹

Ar ábhar an ghrá, bhí an bheirt fhear tite go mór leis na mná áirithe, agus tá íomhánna dóibh agus iad ag siúl thart gan a fhios acu cad a bhí á dhéanamh acu, nó cá háit ina raibh siad ag dul ann. Feicimid iad ag deargadh agus iad i neasraon na mban, nó ag caint leo. Feicimid, leis, gur chaill siad bua na cainte, agus gur chaill siad an réasún in amanna dá mbarr.

Tá rudaí eile sa dá shaothar a bhfuil an chuma orthu go bhfuil cosúlacht éigin eatarthu – rudaí seachas gnéithe de shaol an dá phríomhcharachtair. Agus muid fós ar ábhar na carachtaracha, seiceálfaimid an bhfuil comhthreomhaireacht ar bith idir carachtair nó grúpaí carachtar seachas David agus Pádhraic.

Tá na cosúlachtaí idir an bheirt phríomhbhan pléite againn go pointe áirithe. Chonaiceamar gur bhuail an bheirt acu lena fear féin nuair a bhí siad óg, agus go raibh siad ann ag cuid de na pointí is tábhachtaí i saol na bhfear. Níor phós duine acu, ach d’fhan siad dílis do David agus do Phádhraic – cé gur cheap siad go raibh a ndeis cailte acu. I gcás Úna, bhí sí ann nuair a phós David Dora – rud a thug le fios di nach mbeadh deis aici é a fháil. I gcás Ghráinne, chonaic sí Pádhraic agus é ag dul ag spailpínteacht in Albain, agus cé gur thug sí a seoladh

³⁸ PMB 109-10.

³⁹ PMB 111.

dó níor chuala sí focal uaidh. Ní raibh a fhios aicisean, ar ndóigh, gurb é a tharla ná gur chaill sé an seoladh. Fad agus a bhí sé imithe – agus bhí sé as baile ar feadh tréimhse sách fada – níor phós sí. Agus muid ag caint ar chúrsaí pósta, feicimid go raibh Pádhraic agus David araon cosantach maidir le Gráinne agus le hÚna, agus go raibh siad buartha faoin ábhar grá a bheadh acu. Nuair a léigh Pádhraic sa nuachtán go raibh ‘Gráinne Nic Uidhir’ ag dul ag pósadh duine ó Chonstáblacht Ríoga na hÉireann, chuir sé as dó i bhfad Éireann níos mó ná dá mba rud é go raibh fear ar bith eile á phosadh aici.

‘Dá mba rud é gur phós sí duine ar bith eile ní bheadh an scéal leath chomh dona, gí go mbeadh sé dona go leor.’⁴⁰

Bhí David gach pioc chomh buartha i gcás Úna, go háirithe nuair a nocht Uriah Heep dó go raibh spéis aigesean inti mar chéile.

‘Ach chaitheas as mo cheann é ar an bpointe arís. Ach bhíos ag smaoineadh ar Úna agus déistean orm go maslóchadh an bodach ruadh sin chomh mór í agus go gcuimhneochadh sé uirthi, agus é annsin os mo chomhair go codarmánta, go sílfeá gurbh é an chaoi a raibh an t-anam mí-fhiúntach a bhí ann ag baint lúbarnaighe as a cholainn, agus thainig meabhrán in mo cheann.’⁴¹

Bhí Mrs. Micawber agus Máire Bhán cosúil lena chéile chomh maith, sa mhéid is go raibh siad beirt ina máithreacha ar chlanna móra. Bhí an dá chlann beo bocht agus iad gan a bheith acu ach ón láimh go dtí an bhéil – agus ní raibh fiú sin acu in amanna.

“Beidh na ceannaitheoirí ag teacht Dé Sathairn agus dá n-éiríodh liom céad faochan a bheith agam is crua a theastódh a luach uainn.”⁴²

⁴⁰ PMB 185.

⁴¹ DCG 457.

⁴² PMB 13.

“Ní féidir fuil a bhaint as turnap, agus ní féidir cuid den chunntas féin a fhagháil ó Mhr. Micawber fá láthair.”⁴³

Sa dá chás feicimid go raibh an iomarca páistí acu⁴⁴ agus gur ar éigean a bhí greim bia ann dóibh. D’fhág sin go raibh ualach sa bhreis ar na pingíní beaga a bhí acu. Cé go rinne sé iarracht – agus sár-iarracht in amanna – níor éirigh le Mr. Micawber mar sholáthraí na clainne. Ní raibh soláthraí ag Máire Bhán ach an oiread – ina cásan, áfach, bhí a fear céile marbh. D’fhág sin go raibh ag an mbeirt bhan bealaí éagsúla a aimsiú le breis airgid a fháil. Bhí orthu rudaí a dhíol agus iad ag iarraidh na fiacha ar fad a ghlanadh. I gcás Mrs. Micawber, dhíol sí trealaimh agus troscáin an tí. Dhíol Máire Bhán uibheacha agus faochain. Bhí nós ag Mrs. Micawber David (a bhí mar mhac eile aici) a chur chun an tsiopa leis na nithe. Chuir Máire Bhán an dara mac, Antaine, chun an mhargaidh ar a son. Bhí an dá chlann fíorbhródúil. Cé nach raibh mórán de mhaoín an tsaoil ag muintir Mhicawber níor thóg siad airgead ó éinne riamh gan a bheith cinnte gur iasacht a bhí ann, agus gan nóta a scríobh don té a thug an iasacht, le cinntiú dóibh go bhfaighfeadh siad íocaíocht aisti a luaithe agus a bhí sin ann.

‘Leis sin thóg sé scilling ar iasacht uaim le h-aghaidh pórtair, thug ordú scríobhtha dhom ar Mhrs. Micawber leis an méid sin, chuir a chiarsúr ina phóca agus dhearmaid an brón.’⁴⁵

Bhí bród i dteach Mháire Bhán chomh maith, bíodh is gur bhród de chineál eile a bhí ann. Cé nach raibh pingin rua aici, níor lig Mháire uirthi riamh gurbh in an cás, agus cé nach raibh bia dá clann féin aici, níor tháinig duine isteach sa teach riamh gan tairiscint bia agus dí a fháil.

⁴³ DCG 193.

⁴⁴ Bhí seisear i gceist sa dá chás – ‘Bhí Máire Bhán agus a seisear dilleachtaí cruinn thart ar an tine nuair a thoisigh an storim.’ (PMB 4); ‘Is follusach nach féidir le seisear de mhuirighín, gan trácht ar sheirbhíseach, maireachtáil ar an aer.’ (DCG 314).

⁴⁵ DCG 201.

“Is bocht an rud duine ar bith a fheiceáil ag dul amach gan greim nó blogam a thairiscint dó...Is bocht an cháil a bheadh orainn ar maidin dá mbeadh sé le rá linn gur chailleamhar an chaint nuair a tháinig an strainséara isteach ar ár n-urlár.”⁴⁶

Maidir leis na mioncharachtair in *David Copperfield*, ansin, buailimid le triúr bhan, máthair Uriah Heep, máthair chéile an Dochtúra Strong agus Rosa Dartle faoi seach, atá cosúil i mbealaí áirithe le Nóra Crosach i saothar an Ruadhánaigh. Mná fiosracha a bhí iontu ar fad – ní raibh gnó duine ar bith nach raibh dúil acu ann. I gcás mháthar Heep, chuir sí iallach ar David gach eolas a bhí aige faoi Una agus a hathair a sceitheadh léi nuair a chuaigh sé ar cuairt chun a tí.

‘Ní raibh aon tseans agam in aghaidh Uriah agus Mhrs. Heep, ar chuma ar bith, ach an oiread agus bhéadh ag corca bog óg in aghaidh dá chastán, nó ag fiacail bhuig óig in aghaidh beirt fhiaclóirí, nó ag coilichín sráide in aghaidh dá chamán.’⁴⁷

Chaith máthair chéile an Dochtúra Strong an chuid is mó dá ham agus a ladhar á chur isteach aici i ngníomhaíochtaí a hiníon. Agus díreach cosúil leis an mbeirt eile, bhí Rosa Dartle i gcónaí ar thóir faisnéise faoi dhuine ar bith nó rud ar bith.

“Is maith liom a fhios sin a bheith agam, mar gur maith liom i gcomhnuidhe mo chur ar an eolas nuair a bhím éigceart,” arsa Rosa Dartle.⁴⁸

Bhí Nóra Crosach gach pioc chomh fiosrach agus a bhí na mná eile, agus ba bheag a tharla i Log an tSearraigh nach raibh ar a heolas aici.

‘Ní bhíodh an rud ba lú a thitfeadh amach ar fud an pharáiste nach mbíodh ar a gob aici, agus mura gcuireadh sí rud ar bith leis bí lánchinnte nach mbaineadh sí tada de...dá bhrí sin ní bhíodh

⁴⁶ PMB 20.

⁴⁷ DCG 309.

⁴⁸ DCG 515.

mórán fáilte roimh Nora i dtithe na gcomharsan,
ach nár mhaith leo a teanga a tharraingt orthu.’⁴⁹

Bhí sí chomh fiosrach sin gur éirigh sí as a leaba lá nuair a chuala sí go raibh fear an phoist i ndiaidh dul isteach i dteach Mháire Bháin, le fáil amach cad a bhí seolta chuici. Bhí a béal ar leathadh aici nuair a fuair sí amach go raibh gaol éigin i Meiriceá i ndiaidh airgead a chur chuig an mbaintreach. Bhíodh an gaol áirithe ina chónaí sa cheantar sin tráth agus bhí aithne aige ar mhuintir na háite dá bharr. Ní haon ionadh mar sin go raibh sé ag cur tuairisce na ndaoine agus gur ainmnigh sé iad go pearsanta. Níor luadh ainm Nóra Chrosaigh, áfach, rud a chuaigh go smior inti, go háirithe agus í i láthair agus an litir á léamh.

‘Bhí Nóra Chrosach isteach orthu go díreach le linn an litir a bheith á críochnú. Bhí sí ar a leaba di féin nuair a tháinig malrach isteach le scéala go raibh fear an phoist imithe isteach go teach Mháire Bhán...Ní raibh mórán le rá aici nuair a chuala sí chuile duine de na comharsana fiafraithe inti ach í féin, agus d’éalaigh sí amach go foríseal nuair a fuair sí fail.’⁵⁰

Tá macalla den radharc seo le fáil ag tús an tsaothair eile, áit ina gcuirimid fáilte roimh Bhetsey Trotwood don chéad uair. Tá sí díreach i ndiaidh teacht ar cuairt chuig Clara Copperfield nuair a fuair an bhean óg tinneas clainne. Bhí Betsey tar éis a insint di go mbeadh sí ina cara Críost ag an bpáiste (a bheadh ina cailín) nuair a shaolófaí é. Ar an drochuair, rugadh buachaill aici. Ní raibh suim ar bith ag Betsey ann, agus d’fhág sí an áit, agus an radharc deireanach faighte aici ar mháthair David go deo.

‘Smid níor labhair m’aintín, ach rug ar a boinéad ar ghreim sreangán, mar dhéanfá le crann tabhaill, d’aimsigh Mr. Chillip ins an gceann leis, chuir uirthi é agus é briste, shiubhail amach agus ar ais níor tháinig. D’imthigh sí mar bhéadh sídheog ann nach mbéadh ar a mian, nó mar bhéadh ceann

⁴⁹ PMB 29.

⁵⁰ PMB 40.

de na spioradacha úd ar cheap daoine go mbéadh sé ar mo chumas-sa a bhfeiceáil; agus ar ais níor tháinig ariamh.⁵¹

Bhí fear ag cur faoi i dteach aintín David, Mr. Dick, nach raibh mórán céille aige. Bhí sé ábhairín soineanta agus é iomlán neamhurchóideach. Iontas na n-iontas, tá fear i saothar an Ruadhánaigh atá gach pìoc chomh soineanta agus chomh neamhurchóideach leis. Séamas Donn an carachtar úd. Feicimid difear mór amháin idir an bheirt acusan, áfach – i gcás Shéamais, ba mhór an t-ábhar grinn agus magaidh é. Ar an lámh eile, tugadh ard-omós do Mr. Dick agus a chomhairle.

I ndiaidh dó cur faoi sa teach úd, feicimid gur éirigh go maith le David agus Mr. Dick le chéile agus deirtear linn –

‘Ba ghearr go rabhas féin agus Mr. Dick chomh mór le chéile le dhá chloigeann capaill.’⁵²

Bhí caidreamh den chineál céanna, .i. an gasúr agus é cairdiúil le fear níos sine ná é féin agus a bhí mar chomhairleoir aige, ag Pádhraic le sean-Mháirtín, a bhí ina chónaí i neasacht Phádhraic.

‘Ní túisce a bhí an bricfeasta caite ag Padhraic ná siúd amach é go teach shean-Mháirtín go bhfeannadh sé an mada uisce dó.’⁵³

Phléamar ceist an oideachais cheana agus chonaiceamar go raibh comhthreomhaireachtaí idir stair oideachais na beirte fear. Ach, ba mhaith liom díriú anois ar ábhar atá sách gar don cheist áirithe seo, .i. cúrsaí léitheoireachta agus scéalaíochta.

Nuair a phós máthair David athuair, níor réitigh an buachaill ró-mhaith lena leasathair. De bharr an drochchaidrimh eatarthu, cuireadh chun scoile

⁵¹ DCG 18.

⁵² DCG 262.

⁵³ PMB 14.

cónaithe é. Ach, sular thosaigh sé ansin chuir sé suim i leabhair mar go bhfuair sé slí éalaithe i measc na leathanach. Bhí sé ar a chumas aige leabhar a oscailt agus é féin a shleamhnú isteach i ndomhan sin na scéalaíochta.

‘Bhí glaicín leabhar i ndiaidh m’athar i seomra beag os cionn staighre ar bh’fhéidir liom dul ann (mar go raibh sé le h-ais mo chinn féin) agus nár bhac aon duine eile ins an teach leis. As an seoimrín beannuighthe sin thainig orm amach, ‘Roderick Random,’ ‘Peregrine Pickle,’ ‘Humphrey Clinker,’ ‘Tom Jones,’ ‘The Vicar of Wakefield,’ ‘Don Quixote,’ ‘Gil Blas,’ agus ‘Robinson Crusoe,’ drong ghlórmhar le comhlúadar a choinneál liom. Choinnigheadar an tsamhlaidheacht beo ionnam agus thug dóchas dom go dtiocfadh saoghal eile orm seachas mar bhí – iad-san agus na ‘Arabian Nights’ agus na ‘Tales of the Genii,’ – gan aon dochar a dhéanamh dom;’⁵⁴

Bhí fáil ag David ar ábhar maith leabhar agus bhí cnuasach breá dóibh sa bhaile. Cé nach raibh fáil chomh héasca sin ag Pádhraic ar leabhair, ní hionann sin agus a rá nár léigh sé. Fuair sé cóip de *Robinson Crusoe* ar iasacht, tráth, agus díreach mar a rinne David i gcás na leabhar s’aigesean, chaill Pádhraic é féin in eachtraí an scéil.

‘Tharla faoin am seo go bhfuair sé *Eachtra Robinson Crusoe* ar iasacht ó sheanfhear ar an mbaile a raibh glaic mhaith leabhar cruinn aige. Ní raibh mórán léite aige go dtí sin cé is moite den méid a léigh sé ar scoil, ach ó fuair sé *Robinson Crusoe* níor lig sé an leabhar as a láimh, tig liom a rá, nó gur léigh sé an focal deiridh de.

Ní raibh amhras ar bith air nach raibh gach focal dá raibh sa leabhar fíor, agus níl áit dár leag Robinson Crusoe cos ó d’fhág sé an baile go dtáinig sé ar ais arís nár thaistil Pádhraic ina aigne féin, agus chuir an oiread suime sna heachtraí, agus bhí an oiread céanna imní air nuair a bhí Robinson Crusoe i ngéibheann nó i ngábh ar bith,

⁵⁴ DCG 69.

agus dá mba dhuine é a mbeadh aithne agus eolas aige ait.’⁵⁵

Deirtear linn sa sliocht thuas go raibh *Robinson Crusoe* á léamh ag Pádhraic. Ní hamháin sin ach feicimid, leis, go raibh an leabhar céanna ina ábhar léitheoireachta ag David. Ní cóir dúinn an iomarca béime a leagan air sin ag an bpointe seo, ach má leanaimid ar aghaidh tríd an scéal feicimid go luann Dickens an saothar seo i bhfad níos minice ná saothar ar bith eile. Arís agus arís eile cloisimid David agus é ag tagairt do laoch an scéil úd, agus ní hé go mbíonn sé ag tagairt do laochra na leabhar eile mar an gcéanna.

‘Isteach liom go h-oifig na dticéad agus mé níos uaignighe ná **Robinson Crusoe** nach raibh aon duine aige a dhearcfadh air agus a chífedh go raibh sé uaigneach...’⁵⁶

‘B’iongantach breágh an rud ar fad liom é an caisleán árd sin a bheith fúm féin, agus cur i gcéill dom féin, nuair a dhúininn doras na sráide, go mba mé **Robinson Crusoe** nuair a thugadh sé a dhaingean air féin agus a tharraingeadh sé a dhréimire suas ina dhiaidh.’⁵⁷

‘Bhí an fhiadhnaise fá dhó go díreach chomh fada le **Robinson Crusoe** do réir mar rinneas suas é, agus bhí sé buille mall sa lá nuair a bhíomar réidh.’⁵⁸

‘...m’aintín ina suidhe ar charn bagáiste, a dhá éan ar a h-aghaidh amach, agus a cat ar a glúin, mar bhéadh **Robinson Crusoe** boineann ann, agus í ag ól tae.’⁵⁹

Nach iontach an comhtharlú é nach dtagraíonn an Ruadhánach ach don leabhar seo amháin ina scéal féin.

⁵⁵ PMB 46.

⁵⁶ DCG 89.

⁵⁷ DCG 427.

⁵⁸ DCG 464.

⁵⁹ DCG 592.

Nuair a cuireadh chun na scoile é, d'fhág David na leabhair ina dhiaidh. Sin ráite, bhí na scéalta ar fad beo ina chloigeann aige agus bhí sé in ann iad a thabhairt chun cuimhne agus faoiseamh a fháil uathu. Oíche amháin sa seomra leapa fuair duine de na buachaillí, Steerforth, amach go raibh na scéalta sin aige. Theastaigh ó Steerforth na scéalta ar fad a chloisteáil, agus oíche i ndiaidh oíche, ansin, d'fhan an bheirt acu ina suí deireanach, agus scéalaíocht ar bun acu – duine acu ag caint, an duine eile ag éisteacht.

‘Ach ba mhór a spreag sé mé chun saothair mé a bheith in mo chineál bréagáin in mo sheomra aca, agus fios a bheith agam go raibh sé canta thart imeasc na ngasúr go rabhas in mo scéalaidhe, agus gur tugadh a lán sunndais dom mar gheall air sin gídh go mba mé an duine a b’óige ann.’⁶⁰

Bhí eagla ar David ar dtús mar gur bhuachaill ciúin a bhí ann, agus ba é Steerforth an dalta is tábhachtaí sa scoil. Ach níor gá dó bheith buartha. Chomh luath agus a thosaigh sé fuair sé meas thar chuimse i ngeall ar an gcumas a thaispeáin sé. Ba rí-léir go raibh bua na scéalaíochta aige, agus d’éirigh leis Steerforth a tharraingt isteach sa domhan eile seo in éineacht leis. Is léir go raibh a leithéid chéanna de bhua ag Pádhraic Mháire Bhán chomh maith, agus tá cur síos ar an uair nuair a bhí eisean agus Gráinne ina suí le hais an tobair. Ní raibh cur amach ró-mhaith aici ar sheanscéalta na hÉireann, ach thosaigh Pádhraic dá n-insint di, agus d’éirigh leis í a shiabhradh le draíocht na tuairisce.

‘Bhuail Pádhraic air agus d’inis sé scéala Chlann Lir di ó thús go deireadh.’⁶¹

Nuair a bhí David ina ghasúr chaith sé roinnt mhaith ama i Yarmouth lena bhuime. Toisc go raibh seisean agus Emily bheag ar chomhaois, bhídís i gcuideachta a chéile an chuid is mó den am. Dúradh linn gur bhain David an-

⁶⁰ DCG 115-6.

⁶¹ PMB 112.

taitneamh as an am a chaith sé ina shuí lena hais ag léamh di fad agus a bhí sí ag obair.

‘An saoghal a b’fhearr a bhíodh againn ba é an uair é a mbíodh sí ina suidhe go socair sásta ins an doras ag déanamh a cuid oibre, agus mise in mo shuidhe ar an gcéim ádhmaid ag a cosa agus mé ag léigheamh di.’⁶²

Níos luaithe sa leabhar céanna tá íomhá eile de David mar an scéalaí, agus é ag léamh do Pheggotty an uair sin.

‘Bhíos féin agus Peggotty oidhche amháin in ár suidhe ag teine an pharlúis linn féin. Bhíos tar éis a bheith ag léigheamh do Pheggotty, i dtaobh crogall.’⁶³

Ní raibh Pádhraic gan a lucht féachana ach an oiread. Chonaiceamar go raibh Gráinne ann, ach ní hise amháin a bhí faoi dhraíocht ag a chuid scéalaíochta –

‘Leis an am thoisigh corrdhuine ag teacht isteach ag éisteach leis ag léamh, go dtí ar deireadh go mbíodh scata maith cruinn.’⁶⁴

I saothar seo Dickens, tá cáil ar an gcur síos atá déanta aige ar an stoirm inar bád Ham. Bhí David imithe go Yarmouth le teachtaireacht a thabhairt dó ó Emily agus ise ar tí dul ar imirce. Agus é ar an mbealach thíos, d’ardaigh stoirm ollmhór, agus ba ar éigean a d’éirigh le carr na litreach an áit a bhaint amach. Chuir sé faoi i dteach lóistín agus chuaigh sé ar thóir Ham. Le linn an ama, bhí an ghaoth ag ardú agus an bhaisteach ag éirí ní ba throime. Ar deireadh tháinig David air, ach ba bheag an t-am a bhí aige le hábhar a chuairte a phlé leis. Bhí bád le hais an chósta ach go raibh sé ag buaileadh in aghaidh na gcarraigeacha. Glaodh ar Ham chun iarracht a dhéanamh ar an bhfoireann a shábháil. Ar an

⁶² DCG 175-6.

⁶³ DCG 23.

⁶⁴ PMB 47.

drochuair, níor éirigh leis, agus fuair sé féin bás i gcuideachta na bhfear eile. Cé nach bhfuil an chuma ar stoirm an Ruadhánaigh go raibh sí chomh mór nó chomh fiáin agus a bhí an ceann eile, bhí stoirm ann dá ainneoin sin. Osclaíonn an t-úrscéal leis an stoirm úd agus feicimid Antaine (deartháir le Pádhraic) ag streachailt ina haghaidh agus é ag iarraidh an teach a bhaint amach. Tá fáil ar an bpictiúr céanna, ach gurb é David atá i gceist, sa saothar eile. Feicimid é agus a cheann cromtha síos aige agus é ag siúl in aghaidh na gaoithe. I gcás an dá stoirm cuirtear ar an eolas sinn gur stoirmeacha iad nach raibh a leithéidí ar chuimhne na ndaoine is sine sna ceantair.

“Ní fhaca ná mise – aon cheann chomh dona sin,” ar seisean. “Sin gaoth, a dhuine uasail. Níorbh iongnadh liom dá gluintí ár de bhárr na fairrge gan mórán moille.”⁶⁵

‘A Thiarna Dia, nárbh uafásach an oíche í. A leithéid níor shéid as aer le chuimhne cinn an duine ba shine ar an mbaile.’⁶⁶

Lá amháin nuair nach raibh rud ar bith eile le déanamh acu, chuaigh Pádhraic agus Micilín amach i gcurach. Agus iad amuigh, áfach, d’ardaigh an ghaoth. Ní raibh na maidí rámha acu, agus ní raibh bealach ar bith acu leis an tír a bhaint amach. Bhí orthu fanacht sa bhád ag guí go mb’fhéidir go dtiocfadh duine éigin an bealach. Ar deireadh thiar thit siad ina gcodladh agus nuair a dhúisigh siad bhí siad in áit nár aithin siad. Ba éard a tharla dóibh ná gur tugadh an curach isteach ar an bhFód Dubh, agus an bheirt acu ar mire istigh ann. Tógadh isteach i dtithe áitiúla iad – áit inar fhan siad go dtí go raibh siad tágtha ar ais chucu féin.

‘Níorbh é seo a sheomra féin sa mbaile. Cén áit a raibh sé ar chor ar bith? Teach strainséartha a

⁶⁵ DCG 939.

⁶⁶ PMB 1.

raibh sé ann, ach cén fáth ar tugadh ann é agus cén chaoi?’⁶⁷

Tá scáthánú éigin air sin le feiscint in *David Copperfield*. Nuair a d’imigh Emily le Steerforth chuaigh siad ag taisteal i mbád dá chuid agus iad ar thóir óir agus saibhris. Ach, d’fhás scoilt eatarthu agus d’éalaigh Emily uaidh. Bhí sí chomh lag sin gur thit sí léi ar charraigeacha ar an gcósta, agus bhí sí ann go dtí go bhfaca duine de mhuintir na háite í. Díreach mar a rinne na stráinséirí í gcur síos an Ruadhánaigh, tógadh isteach i dteach éigin í agus bhí sí ann go dtí gur tháinig biseach uirthi.

‘Bhí sé fliuch garbh, agus bhí sí ina luighe taobh thíos de charn cloch ar an gcladach, agus bhí bean ag cainnt léi, agus fiafruighe di i dteangaidh na tíre sin céard a thárla dhí go raibh an chaoi sin uirthi?...Ní raibh aici ach botháinín, mar thuigeas sibh,’ ar seisean, fá cheann tamaill, ‘ach rinne sí áit do Em’ly ann...’⁶⁸

De bharr easpa airgid bhí ar Mháire Bhán géilleadh dá hiníon, Eibhlín, agus ligean di dul go hAlbain ag spailpínteacht. Bhí drochthuar ag an máthair an oíche sular imigh an cailín, agus bhí rún marfach aici nach bhfeicfeadh sí a hiníon arís.

“Mo sheacht grá thú,” ar sise léi féin, ag teacht isteach an doras di, “tá rud eicint á rá liom nach bhfeicfead radharc ort go brách arís,” agus bhí a croí á réabadh ina lár. B’fhíor di. Bhí an radharc deireanach feicthe aici ar Eibhlín arís go brách.’⁶⁹

Bhí mothú míshuaimneach den chineál céanna ag máthair David agus í ag breathnú ar an ngasúr agus é ag filleadh ar Theach Salem i ndiaidh dó na saoire a chaitheamh sa bhaile.

⁶⁷ PMB 105.

⁶⁸ DCG 865-6.

⁶⁹ PMB 76.

“Ní fheicfead mo mhúirnín ionmhuin arís go bráth. Tá rud eicín ghá rádh sin liom, rud eicín a innseas an fhírinne, tá a fhios agam.”⁷⁰

Bhí an ceart ag an mbeirt bhan, bíodh is go raibh críocha difriúla i gceist. Fuair Eibhlín bás agus í thall in Albain, díreach sular tháinig sí abhaile. I gcás mháthar David, ise a fuair bás, agus sin go luath i ndiaidh dá mac filleadh ar an scoil.

Agus muid ag caint ar na mairbh, feicimid go bhfuil comhthreomhaireacht eile le feiceáil sa dá saothar. Le linn stoirme fuair Ham, nia le Peggotty, bás agus é ag iarraidh Steerforth a shábháil. Ag an am, bhí Mr. Peggotty agus Emily bheag ar tí dul ar imirce chun na hAstráile nuair a tharla an tubaiste, agus shocraigh David gan an drochscéal a insint dóibh dá bharr. Agus iad thall, fuair siad amach cad a tharla ó thaistealaí ar bhuail siad leis. Ag deireadh an tsaothair, ansin, feicimid Mr. Peggotty agus é ar cuairt i dteach David ar feadh cúpla seachtaine. Sular imigh sé ar ais, áfach, thóg sé dornán cré ó uaigh Ham le tabhairt d’Emily –

‘Ach sul ar imthigh sé chuaidh sé liom go Yarmouth nó go bhfaca sé leac bheag a chuireas ina seasamh sa roilig i gcuimhne ar Ham. D’iarr sé orm cóip den inscríobhadh shimplidhe a bhí ar an leic a dhéanamh dhó, agus chomh-fhad agus bhíos ag déanamh amhlaidh chonnaiceas é ag cromadh agus ag baint tuinín den fhéar a bhí ag fás ar an uaigh, agus ag tógáil dornáin den chré. “Is le h-aghaidh Em’ly é,” adeir sé, ghá chur ina bhrollach. “Gheallas di é, a Mháighistir Davy.”⁷¹

In aghaidh thoil a mháthar, chuaigh Pádhraic go hAlbain, díreach mar a rinne a dheirfiúr roimhe, le breis airgid a shaothrú. Mar a chonaiceamar níos luaithe fuair sise bás agus í ann, agus ba thall a cuireadh í. Díreach mar a rinne

⁷⁰ DCG 161.

⁷¹ DCG 1044.

Mr. Peggotty ag uaigh Ham, thóg Pádhraic dornán cré uaidh ó uaigh a dheirféar le tabhairt dá mháthair.

‘Ansin chrom agus thóg lán a ghlaice den chré agus chuir isteach i bpáipéar í lena cur abhaile chuig a mháthair.’⁷²

Carachtair láidre a bhí i bPádhraic Mháire Bhán agus David Copperfield araon, agus feicimid an láidreacht úd agus iad ag iarraidh iad féin a chur ar aghaidh sa saol. Óna n-óige, bhí rún ag an mbeirt acu rud éigin a dhéanamh lena chinntiú nach mbeadh ar dhuine ar bith eile ina gclann maireachtáil mar a mhair siadsan. Bhí siad uilig ceanndána agus stuama – tréithe a d’oibrigh ar a son ar deireadh thiar. I rith an dá scéal, tá tagairtí le fáil don dul chun cinn a bhí déanta ag na gasúir agus na céimeanna a bhí á dtógáil acu leis sin a dhéanamh. Rud ar bith a chur siad ina gcloigeann a dhéanamh d’fhán siad leis go dtí go raibh sé curtha i gcrích acu.

‘An rud ba mhó a chuir gliondar ar chroí Phádhraic ba ea leabhairín Gaeilge a fuair sé ón maistir an oíche sin – an chéad leabhairín de chuid an Athar Ó Gramhnaigh. B’fhada tóir aige ar an teanga a fhoghlaim ach ní raibh caoi aige air go dtí sin. Bhí se ar a chumas an Ghaeilge a labhairt go maith, ach b’in a raibh; agus mura dtug sé faoin leabhar an chéad oíche castar leis é, é féin agus Micilín Pheait. Gan cuidiú, gan cúnadh ó neach beo, bhí siad in ann leath an leabhair a léamh sula ndeachaigh said abhaile an oíche sin, agus lean di go raibh siad beirt ina scoláirí maithe Gaeilge.’⁷³

‘Dubhairt Traddles liom gurbh é an t-eolas a fuair seisean ar an scéal, gurbh é an rud a bhí ag teastáil, ach amháin i bhfíor-chorr-chás, le dul ar aghaidh go maith leis an gceird sin, sár-eolas a bheith ag duine ar rúin-diamhaireacht na gearrscríbhíne, sé sin a scríobhadh agus a léigheamh, agus go raibh an deacracht chéadna ag baint leis sin agus a bhéadh le sé teangacha,

⁷² PMB 178.

⁷³ PMB 54.

tuairim⁷⁴...Séard atá i gceist agam rud ar bith a chuireas romham a dhéanamh ariamh go dtugas faoi ar mo mhíle dicheall; go rabhas i gcomhnuidhe lán dá ríre leis na rudaí beaga chomh maith leis na rudaí móra⁷⁵...Tá an ceann is fearr fáighte agam ar an ngearr-scríbhinn diamhraigh úd.⁷⁶

Chaith an dá phríomcharachtar sealanna ag feidhmiú mar rúnaithe i riochtanna áirithe, cé go raibh cúinsí difriúla i gceist sa dá chás. I gcás Phádhraic, bhí seisean an-ghníomhach sa ghluaiseacht in aghaidh údarás na dtiarnaí talún in Éirinn, agus rinne sé cibé ar bith ruda a bhí ag taisteáil ar son na cúise. Níor chuir sé iontas ar dhuine ar bith, ansin, nuair a cuireadh a ainm chun tósaí mar rúnaí ar an gcumann áitiúil de Léig na nÉireannach Aontaithe.

‘Ba é Pádhraic a toghadh ina rúnaí ar chraobh an *U.I.L.* nuair a cuireadh ar bun é.’⁷⁷

Maidir le rúnaíocht David, ansin, bhí air post a fháil tar éis dá aintín a cuid airgead a chailliúint. Bhí sise ag íoc as a chuid táillí go dtí sin agus é ag foghlaim an dlí, ach anois bhí air a airgead féin a shaothrú. Ba í Úna a chuir ina chloigeann faoi rúnaíocht a dhéanamh don Dochtúir Strong – a bhíodh ina mhúinteoir ag David agus é ar scoil.

“Tá a fhios agam nach mbéadh aon doic agat rúnaidheacht a dhéanamh,” arsa Úna, ag teacht chugam, agus ag labhairt liom ós íseal, chomh caoin ceanamhail dóchasach sin go bhfuil a glór in mo chluasa fós.⁷⁸

Fad agus a bhí sé ar shiúl, d’fhaigheadh David litreacha ón mbaile agus iad lán de scéalta agus de nuacht ón gceantar. D’fhág sin go raibh air a chumas aige coinneáil suas le gach a bhí ag titim amach ina éagmais.

⁷⁴ DCG 629.

⁷⁵ DCG 723.

⁷⁶ DCG 747.

⁷⁷ PMB 47.

⁷⁸ DCG 613.

‘Ní raibh sé ach cúpla nóiméad roimhe sin ó fuair mé beart litreach ag fanacht liom. Agus amach liom as an mbaile ag spaisteoireacht nó go léighinn iad chomh-fhad agus bhéadh mo shuipéar dhá réidhteach.’⁷⁹

Ní raibh Pádhraic gan a chara sa chúirt ach an oiread, agus chuireadh a dheartháir, Antaine, an nuachtán áitiúil chuige ar bonn rialta – ba ann a chonaic sé an fógra faoi Ghráinne Nic Uidhir a bhí ag dul ag pósadh.

‘Ní dheachaigh Pádhraic abhaile ó d’imigh sé, ach ní hé sin le rá go ndearna sé dearmad ar a mhuintir...Ní raibh seachtain ó d’fhág sé an baile nár chuir Antaine an *Mayo Messenger* chuige, mar gur chuir Pádhraic suim mhór i nuaíocht an bhaile.’⁸⁰

Ón méid seo thuas, mar sin, bheadh sé deacair a argóint gur chumadóireacht ghlan de chuid an Ruadhánaigh a bhí ina úrscéal *Pádhraic Mháire Bhán*. B’fhéidir nár tharla na comhthreomhaireachta d’aon turas, ach caithfidh go raibh tionchar éigin ag saothar seo Dickens ar shamhlaíocht an údair eile agus é ag scríobh – bíodh is nach gá go raibh an tionchar sin comhfhiosach.

⁷⁹ DCG 975.

⁸⁰ PMB 183-4.

Caibidil a Seacht:

Béarla *David Copperfield*

I ndiaidh mhéid an tsaothair, is dócha gurbh í teanga Dickens an deacracht is mó a bhí ag an Ruadhánach agus *David Copperfield* á aistriú aige. Bhain Dickens úsáid as stíl faoi leith ina chuid oibre, stíl a chuir go mór le cruth na leabhar ach a d'fhág go mbeadh breis deacrachtaí ag an té a bhí ag iarraidh saothar dá chuid a atáirgeadh i dteanga eile. Bhain sé úsáid as an-chuid seifteanna liteartha agus é ag scríobh. Bhí an-suim aige féin i bhfriotal agus i gcúrsaí teanga, agus tá tábhacht shuntasach ag baint le cúrsaí teanga ina scríbhneoireacht. Bhí feidhmeanna faoi leith ag teanga dó - feidhmeanna thar díreach an teanga a úsáid ar mhaithe leis an teanga. Leag seisean béim ar an teanga mar mhodh le pearsantacht, aicme agus oideachas na gcarachtar a mheas, chomh maith leis an gceantar arbh as dóibh a thaispeáint. Amanna, tá níos mó eolais le fáil faoi charachtar éigin ón gcineál urlabhra atá in úsáid aige/aici, ná mar a fhaighimid ón rud a deir sé/sí.

Fuair Dickens cuid mhaith dá spreagadh ón timpeallacht thart air. Ní dheachaigh sé amach ag cuardach plota nó téama ach thug sé faoi deara - go fiosach agus go neamhfhiosach - gach a raibh os a chomhair amach. Bhí sé antógtha le saol na cathrach agus saol na mbochtán, agus bhí bá aige don ísle-aicme agus a gcuid deacrachtaí.

He had, in the most sacred and serious sense of the term, the key of the street...his stars were the lamps of the street; his hero was the man of the street.¹

¹ Chesterton, G.K. *Charles Dickens*, Burns & Oates, London, 1975 (1906) (lch. 32).

Lonnaíodh tromlach a chuid scéalta i measc sráideanna gruama, dorcha na gcathracha móra. Níor éalaigh seisean ón saol mar a bhí sé, ní raibh eagla air siúl tríd na cuinní dearóla agus carachtair a chumadh astu; carachtair ar nós úinéir an tsiopa 'Mr. Dolloby,' áit ina ndearna David iarracht airgead a fháil dá chasóg.

In ainneoin gur beag an cur amach a bhí ag an Ruadhánach ar shaol na cathrach, ó thaobh na scríbhneoireachta, d'éirigh go maith leis na codanna úd de *David Copperfield* a atáirgeadh. Seo a leanas díreach sampla dá leithéid as an mbunsaothar, agus thíos faoi tá iarracht an aistritheora -

'Into this shop, which was low and small, and which was darkened rather than lighted by a small window, overhung with clothes, and was descended into by some steps, I went with a palpitating heart; which was not relieved when an ugly old man, with the lower part of his face all covered with a stubbly grey beard, rushed out of a dirty den behind, and seized me by the hair of my head. He was a dreadful old man to look at, in a filthy flannel waistcoat, and smelling terribly of rum. His bedstead, covered with a tumbled and ragged piece of patchwork, was in the den he had come from, where another little window showed a prospect of more stinging nettles, and a lame donkey.'²

'Isteach liom sa siopa seo. Bhí sé beag íseal agus fuinneogín air a raibh éadaighe crochta thart uirthi, agus ba mhó an solus a choinnigh an fhuinneogín amach ná a leig sí isteach. Bhí suim chéimeanna ag dul síos ann agus ba é mo chroidhe a bhí ag preabadh ag dul isteach dhom, agus níor lugha-de m'eagla é nuair a rith seandúine gránda amach agus claimhreach d'fhéasóg léith ar a smig agus ar a ghialla, agus rug ar ghreim gruaige orm. B'uathbhásach an feic é le breathnú air, bheist de fhlainín salach air, agus boladh uathbhásach rum air. Bhí cnaiste leabtha aige ins an bprochlais a dtainig sé as agus seansúsa giobach paisteáilte scartha uirthi, agus chíféa tuilleadh neanntóg nimhneach amach uait ar fhuinneogín eile a bhí ann, agus asal bacach.'³

² Dickens, Charles. *David Copperfield*, Penguin Popular Classics, England, 1994 (lch. 159).

³ Ó Ruadháin, Seán. *David Copperfield*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1938 (lch. 224).

Agus an sliocht Gaeilge á léamh againn, ní fhéadfaimis a rá nár scríobhadh sa teanga sin ar dtús é. Níl rian d'fhocláíocht an Bhéarla le fáil ann. Ach, sin ráite, níl ceist ar bith ann ach go bhfuil na mothúcháin chéanna spreagtha sa Ghaeilge agus atá spreagtha sa Bhéarla.

Tá raidhse samplaí sa leabhar áirithe seo de chosúlachtaí idir saol an údair agus saol laoch an scéil. Deirtear gur thosaigh *David Copperfield* mar dhírbheathaisnéis Dickens sular athraigh sé é ina úrscéal;

For though there are many other aspects of 'David Copperfield', this autobiographical aspect is, after all, the greatest.⁴

Ach sin ráite, ní ceart dúinn an iomarca béime a chur ar an bpointe seo.

Mar atá ráite ag Q.D. Leavis sa leabhar *Dickens the Novelist* -

Whoever David is, he isn't his author...now whatever Dickens was he was not Daisy, and his habit of referring to himself as 'The Inimitable' does not sound at all like David either. While Dickens was a colourful personality David is colourless and intentionally uninteresting in himself - only a type.⁵

Ar ndóigh, caithfidh go raibh tionchar éigin ag a shaol ar Dickens agus é ag scríobh, ach ní leir go raibh an tionchar sin pioc níos treise ná an tionchar ar shaol scríbhneora ar bith eile. Tá sé ráite fiú, gur d'aonturas a roghnaigh Dickens 'David Copperfield' mar ainm an phríomhcharachtair. Má chasaimid inisealacha an ainm thart, faighimid 'C.D.' - inisealacha de chuid an údair. Ach, dar le Leavis, bhí pleananna leagtha amach ag Dickens roimh ré agus ainmneacha eile luaite iontu, rud a fhágann nach raibh sa mhéid seo ach comhtharlú glan -

Too much has been made of the possible psychological implications of the fact that the novel's hero and the novelist have the same

⁴ Chesterton, G.K. *Charles Dickens*, Burns & Oates, London, 1975 (1906) (lch. 140).

⁵ Leavis, Q.D. *Dickens the Novelist*, Penguin Books, London, 1970 (lch. 74).

initials in reverse and of Dickens's been unaware of this or startled when Forster pointed it out to him. Dickens's first two choices of name for the hero had been 'David Mag' and 'Thomas Mag', and it was the novel *David Copperfield*, not its hero, that Dickens called his 'favourite child.'⁶

Maidir le stíl Dickens, bhí áit faoi leith ag an ngreann in a chuid saothar. Deir John Carey linn, ina leabhar *The Violent Effigy – a study of Dickens' imagination*, go raibh Dickens ina scríbhneoir grinn ach go ndéanann daoine faillí ar an ngné seo da scríbhneoireacht.

Dickens is essentially a comic writer. The urge to conceal this, noticeable in some recent studies, can probably be traced to a suspicion that comedy, compared to tragedy, is light.⁷

Is dócha i gcás *David Copperfield* go mbaineann an chuid is mó den ghreann le Micawber, agus a chuid galamaisíocht chainte ach go háirithe. Ach, mar a fheicfidimid níos faide ar aghaidh sa chaibidil seo, níor éirigh leis an Ruadhánach chomh maith sin agus an ghné seo de charachtar Mhicawber á haistriú go Gaeilge aige. Caithfidh go gcaillimid, mar léitheoirí na Gaeilge, an chuid is suntaisí de ghreann an bhunsaothair, mar sin.

Tríd an scéal buailimid le carachtair agus canúintí agus blasanna éagsúla acu - daoine ar nós Mr. Peggotty, Ham agus Barkis, ach go háirithe. Ní mór a rá gur éirigh go geal le Dickens agus na canúintí éagsúla á dtaispeáint aige. D'éirigh leis trí úsáid a bhaint as nathanna áitiúla agus seifteanna foghraíochta. Seo sampla, anois, as béal Mr. Peggotty, inar úsáid Dickens Béarla cheantar Yarmouth -

"I'm much obleeged to her, I'm sure. Well, sir, if you can make out here, for a fortnut, 'long wi'

⁶ *ibid.*, (lch. 73).

⁷ Carey, John. *The Violent Effigy – a study of Dickens' imagination*, Faber and Faber, London, 1973 (lch. 7).

her,” nodding at his sister, “and Ham, and little Em’ly, we shall be proud of your company.”⁸

Bhí cuid mhaith deacrachtaí ag an Ruadhánach agus é ag iarraidh na cánúintí éagsúla a aistriú, áfach, sa mhéid is nach bhfuil éagsúlachtaí den chineál céanna sa Ghaeilge. Seo a leanas an sliocht céanna mar a d’aistrigh sé é -

“Táim buidheach di, go cinnte,” arsa Mr. Peggotty. “Bhoil, a dhuine uasail, má’s féidir leat cur suas leis an áit seo go ceann coicíse, in aoifheacht léi-se,” ag croitheadh a chinn i dtreo a dheirbhsheathar, “agus le Ham, agus le Em’ly bheag, béidh fáilte romhat.”⁹

Mar a fheicimid, níl ach aon fhocal amháin sa mhéid seo a thugann leid dúinn gur chanúint éagsúil ón gcanúint atá ag David, agus a leithéidí, atá ag Mr. Peggotty. Is é sin an focal ‘Em’ly’. Ach, maidir leis na hainmneacha, bhí sé leagtha amach do na haistritheoirí na cinn eachtrannacha a chur i gcló Rómhánach mar a bhí siad sa bhuntéacs, treoir a thugann le fios dúinn nach gó go raibh iarracht chomhfhiosach á déanamh ag an Ruadhánach cuid den bhlais réigiúnach a atáirgeadh.

Personal and place names are to be in Gaelic fount (sic.) throughout. Care should be taken in selecting suitable founts for the non-Gaelic letters j, k, y, w, v, q, z, and x. Foreign words and quotations (English, French, Latin, etc.) to be in Roman type.¹⁰

Tá raidhse samplaí dá leithéid tríd an leagan Béarla. Uair ar bith a chloisimid Mr. Peggotty ag caint, is i mBéarla a cheantair a labhraíonn sé. Ní bhaineann an tréith sin leis-sean amháin ach an oiread. Tá cás a nia, Ham, agus cás Mrs. Gummidge díreach mar an gcéanna -

⁸ DCB 37.

⁹ DCG 41.

¹⁰ Sliocht as litir a chuir an tOifigeach Foillsiúcháin (sic.) chuig na clódóirí i 1938 (níl an chuid eile den dáta soiléir).

“So sh’is! So sh’is! Mas’r Davy bor, so sh’i!”¹¹

Agus an leagan Gaeilge de -

“Sin é féin í! Sin é féin í!” arsa Ham. “A mháighistir Davy, a bhuachaill, sin é féin í!”¹²

Sampla de chuid Mrs. Gummidge, ansin -

“I am a lone lorn creetur’,” were Mrs. Gummidge’s words, when that unpleasant occurrence took place, “and everythink goes contrairy with me.”¹³

Tá tábhacht faoi leith ag baint leis an ráiteas seo, toisc gurb é rosc Mrs. Gummidge é. Mar a fheicfidimid, bhí nós ag Dickens nath éigin a chur i mbéal cuid de na carachtair arís agus arís eile, chun go gcuirfeadh sé le n-ár dtuiscint orthu. Sa chás seo, shocraigh an Ruadhánach mana sin na seanmhná a fhágáil sa Bhéarla ionnas, is dócha, nach gcaillfeadh sé aon chuid den tábhacht a bhain leis an ráiteas sa bhunleagan. Agus, de réir na dtreoracha, ba sa chló Rómhánach a foilsíodh an Béarla seachas sa chló Gaelach -

“I am a lone lorn creetur’,” arsa sise, nuair a thuit an rud mío-ádhmharach sin amach, “and everythink goes contrairy with me.”¹⁴

Ach, díreach leathanach amháin níos faide ar aghaidh, feicimid gur chuir an Ruadhánach Gaeilge ar an mana céanna, rud a fhágann go bhfuil éifeacht athrá an Bhéarla cailte ag léitheoirí an aistriúcháin -

“Tá a fhios agam gur créatúr bocht aonraic mé, agus ní hé amháin go dtéigheann gach rud in m’aghaidh ach ní thaithnighim le duine ar bith.”¹⁵
[“I know that I am a lone lorn creetur’, and not only that everythink goes contrairy with me, but that I go contrairy with everybody.”]¹⁶

¹¹ DCB 125.

¹² DCG 172.

¹³ DCB 42.

¹⁴ DCG 49.

¹⁵ DCG 50.

¹⁶ DCB 43-4.

Athraíonn an leagan Gaeilge arís níos faide ar aghaidh sa leabhar. I gcaibidil X, cloisimid Mrs. Gummidge ag éagoin go bhfuil Emily in easnamh sa teach. Sa Bhéarla, feicimid an seanmhúnla céanna in úsáid – ‘I’m a lone lorn creetur’, and she used to be a’most the only think that didn’t go contrary with me.’ (DCB 124). Arís eile, áfach, níl rian den leanúnachas céanna san aistriú – ‘Is créatúr uaigneach aonracánach atá ionnam, agus ba í an rud amháin í nach dtéigheadh in m’aghaidh.’ (DCG 171). Níos faide ar aghaidh fós, tá sampla eile le fáil – ‘nothink’s nat’ral to me but to be lone and lorn’ (DCB 370), agus é aistrithe mar ‘ní thigeann tada go réidh chugam ach an t-uaigneas agus an buaidhreach’ (DCG 536).

Bhí nós ag Dickens, mar a luadh cheana, nathanna faoi leith a thabhairt do chuid de na carachtair - nathanna a shamhlóimis leo i gcónaí - chun go gcuirfeadh sé lenár dtuiscint ar phearsantacht na gcarachtar sin. Mar a deir G.L. Brooks,

...a phrase, either descriptive or conversational, once associated with a particular character, will be repeated at intervals throughout a novel whenever that character is introduced.¹⁷

Ardaíonn sé an pointe céanna arís níos faide ar aghaidh sa leabhar -

...one of the simplest linguistic devices that can be used as an aid to characterization is the habitual phrase - a device of which Dickens is very fond.¹⁸

I gcás Mrs. Gummidge, mar sin, tá trí fhocal ar cheangail Dickens léi i gcónaí – ‘lone’, ‘lorn’, ‘contrairy’ - trí fhocal faoi leith nach bhféadfaimis a aithint sa Ghaeilge.

¹⁷ Brook, G.L. *The Language of Dickens*, Andre Deutsch Ltd., London, 1970 (lch. 36).

¹⁸ *ibid.*, (lch. 143).

Ní hí Mrs. Gummidge an t-aon charachtar amháin a raibh mana dá cuid féin aici. Is dócha gurb í Mrs. Micawber an charachtar is mó de chuid Dickens a bhfuil clú agus cáil uirthi as ucht athrá natha. ‘I never will desert Mr. Micawber’ a chloistear uaithi arís agus arís eile. Le leid a thabhairt ar thábhacht agus ar mhinicíocht na cainte áirithe sin, ní gá dúinn ach súil a leagan ar leathanaigh 149 agus 150 den bhunsaothar, áit ina bhfeicimid é ní lú ná cúig huaire. D’éirigh go geal leis an Ruadhánach an éifeacht sin a atáirgeadh san aistriúchán, sa mhéid is gur chuir sé ‘ní thréigfead Mr. Micawber go bráth’ ar na samplaí ar fad de.

Ar an mbealach céanna, tá Uriah Heep iomráiteach as úsáid an fhocail ‘umble’. Gach iarracht atá déanta aige ar chur síos a dhéanamh air féin, ar a mháthair, nó ar aon chuid dá shaol tagann sé ar an láthair. Seo a leanas na samplaí de a fhaighimid díreach ar leathanach 200 den bhunsaothar amháin – ‘I’m a very *umble* person’, ‘I am well aware that I am the *umbllest* person going’, ‘my mother is likewise a very *umble* person. We live in an *umble* abode’, ‘my father’s former calling was *umble*’, ‘which would not otherwise lay within the *umble* means of mother and self!’, ‘I am much too *umble* for that!’. An bhfuil an patrún céanna i saothar an Ruadhánaigh ansin? ‘*Duine bocht suarach mé*’, ‘tá a fhios agam go maith nach bhfuil duine ar domhan is *suaraigne* ná mé’, ‘tá cónaí orainn i mbothán *suarach*’, ‘ba *suarach* an cheird a bhí ar m’athair nuair a bhí sé ann’, ‘rud nach mbéadh sé ar mo chumas fein ná mo mháthar a bhaint amach ar aon bhealach eile, táimid chomh bocht sin’, ‘táim ró-*shuarach* do rud mar sin’.¹⁹ Seachas sampla amháin as an méid sin, réitíonn an dá leagan ar a chéile sa mhéid is go bhféadfaimis a rá go bhfuil leagan cainte ag an gcarachtar seo, sa dá shaothar, a cheanglóimid leis le linn an scéil. Treisíonn an sampla seo a leanas go

¹⁹ Tógtar na samplaí sin as lch. 284-5 den saothar Gaeilge.

bhfuil an éifeacht chéanna leis an nGaeilge sa chás seo agus atá sa Bhéarla. ‘*Umble* we are, *umble* we have been, *umble* we shall ever be.’ (DCB 217). ‘Is *suarach* atáimid, is *suarach* a bhíomar, is *suarach* a bhéas sinn go bráth.’ (DCG 308).

Sa chaoi go raibh manaí ag cuid de na carachtair, tá carachtair eile ann a raibh nósanna cainte acu; nósanna nach raibh chomh iomráiteach leis na cinn thuas, ach a raibh tábhacht leo ag an am céanna. Bhí sé de nós ag Mr. Peggotty, mar shampla, ‘old mawther’ a thabhairt ar Mhrs. Gummidge, ach tá tionchar an ainm sin cailte san aistriú, sa mhéid gur ‘a shean-mháthair!’ a thugann sé uirthi i nGaeilge.²⁰ Caithfimid an cheist a chur ag an bpointe seo faoi oiriúnacht an aistriúcháin. Ón aistriúchán, tuigimid gur an focal ‘mother’ a bhí i gceist ag Mr. Peggotty, agus nach bhfuil i gceist ar thaobh an Bhéarla ach go raibh bealach éagsúil aige le n-é a rá. Ach ní chaithfidh gurbh in an cás. Tá gach seans ann gurbh focal as féin a bhí san fhocal ‘mawther’ i gcánúint réigiúnach an fhir. Tugann G.L. Brook leid dúinn ar chiall an fhocail úd sa leabhar dá chuid, *The Language of Dickens* -

‘*Mawther*, term of endearment to a woman’²¹

Sa téacs Béarla, é féin, tá a leithéid chéanna de mhíniú nuair a thugann Dickens faoi, trí bhí David, urlabhra Mr. Peggotty a mhíniú don léitheoir –

“Cheer up, old mawther!” (Mr. Peggotty meant old girl.) (lch. 43)

Bhí rud amháin i gcónaí ag teastáil ó Dickens as a chuid oibre – is e sin go mbeadh an léitheoir in ann an scéal a leanúint agus a thuiscint gan mórán deacrachta. Bhí sé de nó ag Dickens an léitheoir a chur ar an eolas i gcásanna inar

²⁰ Tá sampla d’úsáid an natha sin le fáil ar leathanach 43 den leagan Béarla agus leathanach 50 den aistriúchán.

²¹ Brook, G.L. *The Language of Dickens*, Andre Deutsch Ltd., London, 1970 (lch. 119).

úsáid sé nathanna nó focail a bhain le canúint faoi leith. Sin thuas díreach sampla amháin, ach feicimid an rud céanna i roinnt cásanna eile – ‘Like two young mavishes,’ Mr. Peggotty said. I knew this meant, in our local dialect, like two young thrushes, and received it as a compliment.’ (DCB 41); ‘I’m a re’lar Dodman, I am,’ said Mr. Peggotty; by which he meant snail, and this was in allusion to his being slow to go.’ (DCB 94); ‘Unless my wits is gone a bahd’s neezing’ - by which Mr. Peggotty meant to say, bird’s-nesting – ‘this morning, ’tis along of me as you’re a going to quit us?’ (DCB 591); ‘to find a Bein’ fur her wheer she can fisherate for herself.’ (A Bein’ signifies, in that dialect, a home, and to fisherate is to provide.)’ (DCB 597).

Conas mar a dheileálann an Ghaeilge le foirmle sin an údair? I gcás ‘old Mawther’ mar atá feicthe againn cheana, tá sé díreach aistrithe go ‘a sheanmháthair’ (DCG 50) gan aon rian den Bhéarla ‘Mr. Peggotty meant old girl’ le fáil. I gcás an ‘two young mavishes,’ socraíodh an focal ‘mavish’ a fhágáil sa bhunteanga. D’fhág sin go raibh gá leis an míniú a aistriú. Maidir leis an ‘Dodman’, tá an scéal mar an gcéanna, agus an míniú atáirgthe dúinn – ‘Is Dodman cruthanta atá ionnam,’ arsa Mr. Peggotty, ‘seadh sin’; agus ba seilmidhe an chiall a bhí aige leis an bhfocal, agus thug sé isteach é le cur i dtuigsin dúinn go raibh sé ag moilliú ró-fhada.’ (DCG 128). I gcás ‘bahd’s neezing,’ níor bacadh le canúnachas an Bhéarla ar chor ar bith, ach díreach cuireadh an méid seo air: ‘Muna bhfuilim ag dul amugha go mór is mar gheall orm-sa atá tú ag imtheacht?’ (DCG 863). Ar ábhar an ‘Bein’ agus an ‘fisherate’ aistríodh é mar ‘teach eicín a fhagháil di in áit a mbéadh sí in ann déanamh as di féin’ (DCG 871). Tá sé deacair gné seo an aistriúcháin a mheas. Ar lámh amháin, tá an chuma ar an scéal go bhfuil faillí éigin déanta ann, in amanna, ar cheann de phríomhthréithe údar an

bhunteacs, is é sin an claonadh a bhí aige rudaí a mhíniú don léitheoir. Ní chuireann sé isteach nó amach ar Dickens an scéal a stopadh le deis a thabhairt don reacaire eolas a thabhairt -

The context usually makes the meaning clear but, when any doubt is left, Dickens does not hesitate to introduce a gloss into the text, putting it into the mouth of David, the supposed narrator.²²

Ar an lámh eile, áfach, d'fhéadfá a argóint go n-oibríonn an leagan Gaeilge ar son an spriocléitheora; gur smaoineadh nach mbeadh cur amach choíche ag léitheoirí na Gaeilge ar 'mawther', 'bahd's neezing', 'Bein', nó 'fisherate', bíodh siad fágtha sa bhunteanga nó nach mbíodh.

Cé a bhí freagrach as an gcinniúint seo, mar sin, cuid de na samplaí a aistriú, agus cuid eile a fhágáil sa Bhéarla? I mbunchomhad *David Copperfield*, atá ar coimeád sa Chartlann Náisiúnta, faighimid freagra éigin ar an gceist sin. I gcás 'old mawther', mar shampla, feicimid go raibh sé fágtha sa Bhéarla ag an Ruadhánach, ach gur scriosadh amach é agus an saothar á cheartú nó á chur in eagar. Thabharfadh sé sin le fios dúinn go mb'fhéidir go raibh an tuairim ag an Ruadhánach nárbh ionann an Béarla 'old mawther' agus an Ghaeilge 'sean-mháthair'.²³

Bhain Mr. Peggotty úsáid as na focail 'you see', arís agus arís eile ina chuid cainte. Is dócha gur tréith dá urlabhra atá againn anseo, tréith nach bhfeicimid sa leagan Gaeilge, áfach. Má thógaimid samplaí as codanna difriúla den leabhar feicimid an rud atá i gceist leis seo -

²² *ibid.*, (lch. 118).

²³ I mbunscríbhinn an Ruadhánaigh tá na ceartúcháin ar fad, mar a cuireadh i bhfeidhm ar an saothar iad, le feiscint. Feicimid an sampla áirithe seo ar lch. 57 den scríbhinn.

“*You see*,”²⁴ said Mr. Peggotty, “knowing as you was partial to a little relish with your wittles when you was along with us we took the liberty.”²⁵

I nGaeilge -

“Mar go raibh a fhios againn go dtaitnigheadh greim annlainn le do bhéile leat nuair a bhís sa teach s’againne,” arsa Mr. Peggotty, “rinneamar chomh dána seo ort.”²⁶

Sampla eile, ansin -

“We come, *you see*, the wind and tide making in our favour in one of our Yarmouth lugs to Gravesen’.”²⁷

“Thainigeamar i gceann de bháid seoil Yarmouth go Gravesen’ agus cóir agus ionnradh linn.”²⁸

Agus, tá an méid céanna le feiceáil arís eile níos faide ar aghaidh sa leabhar -

“*You see*, the path ain’t over light or cheerful arter dark; and when I’m here at the hour as she’s a comin’ home, I puts the light in the winder. That, *you see*, meets two objects.”²⁹

“*Mar tá a fhios agat* níl an bealach ró-sholasta ná ró-sholasta na ró-thíorthamhail san oidhche, agus nuair a bhím-se annseo an tráth a mbítheas ag súil abhaile léi cuirim an choinneal ar an bhfuinneog. Sin dhá rud déanta.”³⁰

Sa sampla deireannach, feicimid gur thug an Ruadhánach aird ar shampla amháin den nath áirithe seo, ach an bhfreagraíonn sé do bhrí an Bhéarla? Sa Bhéarla, tá an chuma air go bhfuil an scéal á mhiniú ag Mr. Peggotty. Sa

²⁴ Tá an cló iodálach curtha isteach díreach ar mhaithe leis an mbéim a chur ar an nath ata faoi chaibidil.

²⁵ DCB 94.

²⁶ DCG 125.

²⁷ DCB 94.

²⁸ DCG 126.

²⁹ DCB 370.

³⁰ DCG 537.

Ghailge, áfach, tá an tuairim ag Mr. Peggotty go bhfuil an t-eolas ag David cheana féin.

An sean-scéal céanna atá againn arís sa sampla seo, .i. gan rian den dá fhocal le fáil ar thaobh na Gailge -

“It’s my opinion, *you see*,” said Mr. Peggotty, with a delighted face, after some further rubbing of his legs, “as this is along of my havin’ played with her so much.”³¹

Chuimil Mr. Peggotty na ceathramhna tuilleadh sul ar labhair sé, agus bhí an t-áthas le feiceál ina éadan. “Sé mo bharamhail féin,” ar seisean, “gurab éard is cionntach leis a mbíodh de chleasa ar bun againn.”³²

Sa tslí chéanna, nuair a deir Peggotty, an cailín aimsire, le David ‘you have got a Pa!’ (DCB 46), tá sé rí-shoiléir gur Béarla faoi leith atá aici. Sa leagan Gailge, áfach, níl an tsoiléireacht sin ann – ‘tá athair agat.’ (DCG 54). Ó thaobh na hintriachta de, fiú, níl an fuaiscneamh céanna le cloisteáil i nGailge Pheggotty agus a chloistear i mBéarla na mná chéanna.

Ní fadhb é sin a bhaineann le muintir Pheggotty amháin, áfach. Feicimid an rud céanna maidir le Barkis, an carraeir. Seo a leanas sliocht a léiríonn arís an cineál faidhbe a bhí ag an aistritheoir agus é ag iarraidh dul i ngleic le Béarla réigiúnach -

“Says you, ‘Peggotty! Barkis is a waitin’ for a answer.’ Says she, perhaps, ‘Answer to what?’ Says you, ‘To what I told you.’ ‘What is that?’ says she. ‘Barkis is willin’,’ says you.”³³

I nGailge -

“A Pheggotty!’ arsa tusa, ‘Tá Barkis ag fanacht le freagradh.’ ‘Cén freagradh?’ adéarfais seise, b’fhéidir. ‘Freagradh ar an rud adubhras leat,’

³¹ DCB 371.

³² DCG 538.

³³ DCB 99.

arsa tusa. ‘Céard sin?’ adéarfais sí. ‘Tá Barkis
toilteannach,’ arsa tusa.”³⁴

Deilín ceart atá sa mhéid seo, i mBéarla agus i nGaeilge, ach, sin ráite, tá easpa oird sa Bhéarla nach bhfuil atáirgthe sa Ghaeilge. Feicimid sa Bhéarla go raibh sé de nós ag Barkis, díreach sa tslí chéanna agus a bhí sé ag Mr. Peggotty, litreacha a fhágáil ar lár anseo is ansiúd - cuid acu, is léir, de bharr canúna, agus cuid eile de bharr easpa oideachais. Tugann ‘a answer’ le fios dúinn gur beag an t-oideachas a bhfuair Barkis ina shaol. Ní fhéadfá a shamhlú leithéidí David á rá sin. Ón nGaeilge, áfach, ní fhéadfá a rá gur duine ar bheagán oideachais nó duine as ceantar faoi leith a dúirt an méid céanna. D’fhéadfá a shamhlú an ráiteas úd ag teacht amach as béal duine ar bith de na carachtair, ó aicme ar bith.

Tá sampla eile ann - urlabhra de chuid fhear an choiste - ina bhfuil an téacs scríofa ag Dickens ar mhaithe leis an gcluas, le héagsúlacht na cainte a thaispeáint don léitheoir.

“I should think so. There ain’t no sort of orse that I ain’t bred, and no sort of dorg. Orses and dorgs is some men’s fancy. They’re wittles and drink to me - lodging, wife, and children - reading, writing, and ’rithmetic - snuff, tobacker, and sleep.”³⁵

Ní don chéad uair feicimid nach dtagann an leagan Gaeilge gar don Bhéarla ó thaobh thionchar na cainte de -

“Abair é,” arsan duine uasal. “Níl cineál ar bith capaill nó madaidh nár thóigeas. Taithnigheann caiple agus madaidh le daoine áithride. Biadh agus deoch dom-sa iad - lóistín, bean, agus páistí - scríobhadh, léigheamh, agus áireamh - snaoisín, tobac, agus codladh.”³⁶

³⁴ DCG 132.

³⁵ DCB 239.

³⁶ DCG 342.

Anois is arís, bhain Dickens úsáid as drochlitriú d'aonturas chun cur le canúint agus le haicme na gcaractar áirithe. Nuair a bhain Peggotty úsáid as an bhfocal 'Crorkindills' i gcaibidil a dó,³⁷ tá sé intuigthe ag an léitheoir nach bhfuil mórán oideachais nó cur amach ar léitheoireacht aici. 'Crocodiles' an focal atá uaithi. Sa Ghaeilge, tá iarracht mhaith déanta chun é a atáirgeadh 'anois innis tuilleadh dom mar gheall ar na clogair' (DCG 25). Ach, níos faide ar aghaidh, nuair atá stádas pósta Mr. Peggotty á shoiléiriú dúinn, tá éifeacht an Bhéarla iomlán cailte againn sa Ghaeilge. Aistríodh 'bachelore' (DCB 38) mar 'beaitsiléara' (DCG 43). Is rí-shoiléir an difir ó thaobh aicme agus urlabhra atá idir David agus Mr. Peggotty, má chuirimid na focail sin ina gcomthéacs -

"Haven't you any children, Mr. Peggotty?"
"No, master," he answered, with a short laugh.
"I'm a bachelore."
"A bachelor!" I said, astonished. (DCB 38)

Ní fhaighimid blas den aicmeachas sin sa Ghaeilge, áfach, ach amháin go mbaineann Mr. Peggotty úsáid as 'a mháighistir' agus é ag caint le David³⁸ -

"Nach bhfuil clann ar bith agat, a Mhr. Peggotty?"
"Níl, a mháighistir," ar seisean, agus rinne miongháire. "Is beaitsiléara mé."
"Beaitsiléara!" arsa mise, agus iongantas orm. (DCG 43)

Seo a leanas samplaí eile den drochlitriú as ar bhain Dickens úsáid ar mhaithe le cánúnachas na gcarachtar a thaispeáint. Tá an tagairt, chomh maith leis

³⁷ DCB 26.

³⁸ Ón mbunchomhad, áfach, tuigimid go raibh ón Ruadhánach an éagsúlacht teanga seo a thaispeáint sa mhéid is gur fhág sé an focal sa Bhéarla ('is 'bachelore' mé'). Ach, cuireadh líne tríd agus scríobhadh leagan eile ina ionad. (Tá an bunchomhad seo ar coimeád sa Chartlann Náisiúnta, Sráid an Easpaig, Baile Átha Cliath).

an gcarachtar lena mbaineann sé, tugtha idir luibíní.³⁹ Féach, leis, conas mar a chuaigh an t-aistritheoir i ngleic leo -

Béarla

allus (G, DCB 604)
apple parsties (B, DCB 64)
azackly (Peg, DCB 46)
Chrisen name (B, DCB 98)
creetur' (G, DCB 43)
dootiful to her (MP, DCB 592)
dorg (DC, DCB 239)
drowndead (MP, DCB 37)
for a fortnut (MP, DCB 37)
fower days (MP, DCB 480)
fust (MP, DCB 478)
gen'l'm'n (H, DCB 98)
gratitooode (MP, DCB 479)
half-arter three (MP, DCB 367)
I thankee (MP, DCB 96)
I unnerstan' (H, DCB 603)
I'm afeered (H, DCB 602)
jest afore (MP, DCB 597)
much obleeged to her (MP, DCB 37)
orse (GC, DCB 239)
pollis (YL, DCB 155)
reskied of him (MP, DCB 710)
she thowt (MP, DCB 593)
solitooode (MP, DCB 708)
summat (MP, DCB 592)
thowtful (MP, DCB 708)
trewest (MP, DCB 710)
wuerd (MP, DCB 365)

Gaeilge

i gcomhnuidhe (DCG 883)
milseoga ubhall (DCG 80)
baileach (DCG 54)
ainm baistthe (DCG 132)
créatúr (DCG 50)
ina thaca aici (DCG 865)
madadh (DCG 342)
báidhte (DCG 42)
go ceann coicíse (DCG 41)
ceithre lá (DCG 699)
ar dtús (DCG 696)
a dhuine uasail (DCG 128)
buidheachas (DCG 697)
leath-uair tar éis an trí (DCG 531)
táim buidheach díot (DCG 128)
tuigim (DCG 880)
is eagal liom (DCG 880)
go díreach sul a (DCG 872)
buidheach di (DCG 41)
capall (DCG 342)
síoth-mhaoir (DCG 217)
...aircis a thabhairt air (DCG 1040)
feicfidhe di (DCG 866)
an t-uaigneas (DCG 1039)
beagáinín (DCG 865)
smaointeach (DCG 1038)
is dílse (DCG 1041)
focal (DCG 528)

Leis an liosta úd bhí fúm a thaispeáint gur rí-léir na difríochtaí canúna sa saothar Béarla, rud nach bhféadfá a rá faoin nGaeilge. Sna haistriúcháin, baineann na carachtair úsáid as focail Ghaeilge a d'fhéadfá a shamhlú ag teacht amach as béal David, Betsey Trotwood, Úna, Mr. Micawber, nó duine ar bith eile acu. Gan an bunsaothar a bheith léite roimh ré agat, ní bheifeá in ann na carachtair ag a raibh canúint faoi leith a shuíomh, díreach óna gcuid cainte, ó thaobh áite de nó ó thaobh aicme de, rud ata indéanta i saothar Dickens.

³⁹ Seo a leanas na giorrúcháin atá in úsáid le haghaidh na gcarachtar éagsúil - Peg = Peggotty; MP = Mr. Peggotty; H = Ham; B = Barkis; G = Mrs. Gummidge, YL = Youth in London, GC =

He made a serious attempt to achieve verisimilitude in making the language of his characters appropriate to their personality.⁴⁰

Dickens took a lot of trouble to individualize the speech of his characters, and for many of them he devised 'special languages'.⁴¹

Tá gnéithe canúna eile le feiceáil tríd an mbuntéacs nach bhfuil le fáil san aistriú, rudaí ar nós an chaoi ar athraíodh an 'ng' ag deireadh an fhocail 'thing' go fuaim na litreach 'k' in urlabhra Mrs. Gummidge - 'everythink' (DCB 43) ['gach rud' (DCG 50)]; 'thinks' (DCB 44) ['gach rud' (DCG, 51)]; 'nothink' (DCB 370) ['tada' (DCG 536)]. I gcás ainm bhriathartha de chuid Bharkis, ansin, feicimid go bhfágann sé an litir dheireanach ar lár de ghnáth - 'willin'' (DCB 64) ['toilteannach' (DCG 80)]; 'writin'' (DCB 64) ['ag scríobhadh' (DCG 80)]; 'a waitin'' (DCB 98) ['ag fanacht' (DCG 132)]. Ba rud coitianta leis, úsáid a bhaint as dhá fhoirm dhiúltacha taobh le chéile - 'I never giv him no name' (P, DCB 38) ['níor thugas aon ainm riamh air' (DCG 42)]; 'I don't want no driving' (P, DCB 43) ['ní theastuigheann aon chur ann uaim' (DCG 50)]; 'I haven't nowt in all the wureld that ain't yourn' (H, DCB 283) ['gach a bhfuil de chuid an tsaoghail agam is leat-sa é' (DCG 407)].

Níl sa mhéid thuas ach blas den réigiúnachas atá le fáil sa saothar áirithe seo. Ach, in ainneoin na lochtanna in iarrachtaí an Ruadhánaigh, an mbeadh sé féaráilte an milleán a chur air-sean i gcónaí? Caithfidh gur bhain cuid den fhadhb, ar a laghad, leis an nGaeilge agus an t-éagumas inti dul i ngleic leis na canúintí éagsúla a bhfuil tábhacht chomh mór sin leo i mbunsaothar Dickens. Tá canúintí difriúla sa Ghaeilge, ar ndóigh, a thugann leid dúinn faoin gceantar arb as don

Gentleman on Coach to Suffolk.

⁴⁰ Brook, G.L. *The Language of Dickens*, Andre Deutsch Ltd., London, 1970 (lch. 138).

⁴¹ *ibid.*, (lch. 25).

chainteoir, ach níl an dara feidhm acu mar atá i gcanúintí Dickens, .i. ní thugann siad aon eolas dúinn faoi aicme nó oideachas an chainteora.

Tá sé feicthe againn, mar sin, go raibh fadhb éigin ag an aistritheoir le canúintí Dickens, fadhb dho-réitithe óna thaobhsan don chuid is mó de. Ach, an bhfuilimid in ann an locht a chur air maidir le neamhréireanna teanga de chineál ar bith eile? Is léir ón méid seo thuas gur thug an urlabhra le fios dúinn, ní hamháin an ceantar arbh as do na carachtair, ach caighdeán a n-oideachas chomh maith. Dá bharr sin, d'fhéadfaimis iad a roinnt de bharr a n-aicme. Ar bharr an scála, chuirfimis Betsey Trotwood, Mr. Wickfield, Agnes, Mr. Dick, David, máthair David, Dr. Strong agus a bhean chéile, agus Steerforth agus a mháthair. Uathu thíos, chuirfimis clann Murdstone agus na Micawbers. Níos faide síos Uriah Heep, Barkis, agus clann Pheggotty. Agus, ag an mbun, gheobhaimis na daoine ar bhuail David leo agus é ag iarraidh chathair Londain a fhágáil.⁴² Bhéifeá ag súil, mar sin, go mbeadh teanga faoi leith ag baint leis na grúpaí éagsúla. Ní hamháin go mbeadh díreach difear idir na grúpaí gan oideachas agus na cinn a raibh oideachas faighte acu, ach go mbeadh, fiú, difir inmheánacha. Bhéifeá ag súil go mbeadh rudaí ann a oireann do dhaoine áirithe, ach nach n-oireann chomh maith sin do dhaoine eile. Sa Bhéarla, d'éirigh go geal le Dickens na scoilteanna ar fad a thaispeáint. Níor éirigh chomh geal leis an Ruadhánach sa leagan Gaeilge, áfach. Má dhírimid isteach ar charachtar Bhetsey Trotwood mar cheann de na samplaí is suntasaí, feicimid gur bhean righin, lom, ardnósach atá inti sa bhunsaothar. Ní chloistear aisti ach Béarla righin, lom, ardnósach ar an mbealach céanna. Agus an saothar á aistriú aige, chuir Ó Ruadháin nathanna áirithe ina béalsan nach n-oireann di i ndáiríre. Ní shamhlófá í ag rá 'ní fearr liom

speach sa lorgain ná an méid sin féin, dá mbéadh gan a bheith ann ach é'⁴³, mar shampla. Is fearr i bhfad an rud a deir sí i saothar Dickens, 'I should sleep the better for that, if there was nothing else to be glad of.'⁴⁴ Ní hé go bhfuil an Béarla an oiread sin níos séimhe ná an Ghaeilge, ach tá measúlacht éigin ann nach bhfaightear i leagan an Ruadhánaigh, measúlacht atá inti féin mar bhean de nádúr. Ní hin an t-aon sampla amháin dá leithéid atá le fáil sa leabhar, ach an oiread. Amanna tá focail roghnaithe ag an aistritheoir atá ró-chomónta di. Nuair a deir sí sa Bhéarla le Mr. Dick go bhfuil sé 'as sharp as a surgeon's lancet'⁴⁵, tá rud éigin ag baint leis sin nach gcludaíonn 'chomh géar leis an rásúir'⁴⁶ sa Ghaeilge. Shamhlófa duine ar bith de na carachtair ag caint faoi dhuine nó rud a bheith chomh géar le rásúr, ach ní gach duine a d'fheillfeadh do chaint ar 'a surgeon's lancet'. Tá sé intuigthe sa Bhéarla go bhfuil aicme agus oideachas faoi leith á dtaispeáint ag an té a deir a leithéid. Cloisimid uaithi rudaí eile ar nós 'beidh achrann idir mé féin agus é féin, chomh cinnte is go bhfuil gob ar ghandal'⁴⁷, áit a bhfuil 'or he and I will fall out, I can tell him!'⁴⁸ sa Bhéarla, 'a ropadóir mhadramhail!'⁴⁹ ar 'you bold-faced thing'⁵⁰, agus 'níl a fhios ag an duine ó Dhia anuas céard a chas ina bealach thú'⁵¹ ar ghalántacht an bhunleagain 'why, in the mysterious dispensations of Providence, you ever did see her, is more than humanity can comprehend'.⁵² Ceist stíle níos mó ná teanga atá sna samplaí úd,

⁴² Sa ghrúpa úd, bheadh an buachaill a ghoid bosca David, agus a bhí ag caint faoi 'the pollis', na siopadóirí a cheannaigh giuirleáidí David, agus an lucht taistil ar bhuail David leo agus an chathair á fágáil aige.

⁴³ DCG 793.

⁴⁴ DCB 543.

⁴⁵ DCB 167.

⁴⁶ DCG 234.

⁴⁷ DCG 244.

⁴⁸ DCB 173.

⁴⁹ DCG 251.

⁵⁰ DCB 178.

⁵¹ DCG 259.

⁵² DCB 183.

agus ní fhéadfaimid an locht a chur ar theanga na Gaeilge dá bharr. Níl a fhios againn go cinntiúil, an é nach raibh sé ar chumas an Ruadhánaigh urlabhra níos oiriúnaí a thabhairt di, nó an é nár thuig sé go raibh foirmle in úsáid ag Dickens - go raibh an bunúdar ag iarraidh phearsantacht na gcarachtar a chur in iúl tríd a gcuid cainte, agus gur roghnaigh sé nathanna thar cheann nathanna eile ar mhaithe leis sin, nó b'fhéidir go raibh fealsúnacht an Athar Peadar Ua Laoghaire ina chloigeann aige agus an cheist seo á plé aige - is é sin fealsúnacht chaint na ndaoine. B'fhéidir gur rith sé leis an Ruadhánach nach mbeadh Gaeilgeoirí cleachtaithe ar a leithéid sin cainte, agus nach mbeadh suim iontu a leithéid a léamh.

Tá ardcháil ar charachtar Mr. Micawber i sféir litríocht an Bhéarla de bharr a chuid urlabhra agus geaitsíochta, rud a chiallaíonn nach mbíonn amhras ar an léitheoir choíche cén uair atá sé i láthair. Ní fhéadfá an rud céanna a rá faoi i ndomhan na Gaeilge, áfach. Cosúil le Mr. Peggotty agus Betsey Trotwood thuas, d'fhéadfaí teanga Mr. Micawber a shamhlú ag teacht as béal duine ar bith de na carachtair. Sa leagan Béarla tá curatacht éigin sa chaint aige. Tá drámatacht agus anamúlacht inti. Tá carachtar agus galántacht inti. Caint bhladhmannach, ghalamaisíoch a thagann uaidh. Ar an drochuair, ní fhaighimid ach blas de na tréithe sin san aistriúchán. Tá an iomarca céille tugtha ag an Ruadhánach dá chuid óráide agus dá bhladhmann. Seo a leanas roinnt samplaí a chuireann in iúl go gcaillimid, mar léitheoirí na Gaeilge, cuid de bhunéifeacht an charachtair áirithe seo;

“Without more directly referring to any latent ability that may possibly exist on my part, of wielding the thunderbolt, or directing the devouring and avenging flame in any quarter, I may be permitted to observe, in passing, that my brightest visions are for ever destroyed - that my

peace is shattered and my power of enjoyment destroyed - that my heart is no longer in the right place - *and that I no more walk erect before my fellow-man. The canker is in the flower. The cup is bitter to the brim. The worm is at his work, and will soon dispose of his victim.* The sooner the better...

Placed in a mental position of peculiar painfulness, beyond the *assuaging reach even of Mrs. Micawber's influence*, though exercised in the *tripartite character of woman, wife, and mother*, it is my intention to *fly from myself* for a short period, and devote a respite of eight-and-forty hours to revisiting *some metropolitan scenes* of past enjoyment. *Among other havens of domestic tranquility and peace of mind, my feet will naturally tend towards the King's Bench Prison...*" (DCB 573-4)

Tógadh an píosa seo as ceann de na litreacha a bhí sé de nós ag Mr. Micawber a chur uaidh go minic. Tá neart samplaí tríd an sliocht den ghalamaisíocht chainte ar thagair mé di cheana. Sa chéad sliocht eile feicfidimid conas mar a thug an t-aistritheoir faoi an píosa úd a aistriú.

“Ní maith liom níos mó a rádh fã thalainn ar bith atá ina codladh ionnam féin - talann ar bith a chuirfeadh in mo chumas saothar iongantach ar bith a dhéanamh a chuirfeadh m'ainm in áirde, ach ba mhaith liom an méid seo a rádh, ó tharla mo lámh ar an bpeann - go bhfuil deire go deo leis an saoghal sona suairc a leagas amach dhom féin a bheith i ndán dom. Tá m'intinn céasta cráidhte, agus níl blas nó boladh agam ar ghreann nó ar chuideachta. Mo chroidhe féin níl sé san áit ar cheart dó, agus ní féidir liom breathnú díreach ar mo chomh-chréatúr. Is searbh an deoch atá le hól agam, ach tá an t-éag sa gcroidhe agam cheana féin, agus is gearr goirid go gcuiridh sé cos i bpoll liom. Ní dá luaithe nach amhlaidh is fearr...

Tá mé fã láthair in amar ina bhfuil mé féin agus m'intinn ag troid le n-a chéile ann, agus gan aon leigheas agam air mar scéal. Fiú Mrs. Micawber féin, gídh gur mhaith í a comhairle dom agus an chomhairle sin dá cur orm *ag mnaoi agus ag céile agus ag máthair, ní féidir léi cabhair ar bith a thabhairt dom annseo.* Séard atá

fúm fá láthair, d'eile, *imtheacht liom béal mo chinn* tamall, agus ocht n-uaire agus dá fhichid a chaitheamh ag tabhairt cuairt ar *áiteacha ar fud na cathrach* ar chuireas isteach scathamh pléisiuir ionnta san am a caitheadh. *Áit amháin ar chaitheas scathamh go sásta sonasach ann, mé féin agus mo mhuirighín, agus áit a dtiubhradh cuairt arís air seadh Príosún Bhinnse an Ríogh...*" (DCG 838)

Tá an cló iodálach in úsáid leis an gcomparáid idir na nathanna is suntasaí, mar a fheictear domsa, a shoiléiriú. Is rí-léir go bhfuil an leagan Gaeilge i bhfad níos simplí ná an bunleagan ó thaobh an fhriotail de. D'éirigh leis an Ruadhánach an bhrí a atáirgeadh, cinnte, ach theip air go huile agus go hiomlán saibhreas chainte Mhicawber a thabhairt leis. Má thógaimid an méid seo a leanas as, feicfimid gur mó i bhfad an tuiscint a d'fhéadfá a thógáil as an nGaeilge. Ach thairis sin amháin, tá sé deacair ceangal ar bith idir an dá leagan a fheiceáil; 'of wielding the thunderbolt, or directing the devouring and avenging flame in any quarter, I may be permitted to observe, in passing,' 'talann ar bith a chuirfeadh in mo chumas saothar iongantach ar bith a dhéanamh a chuirfeadh m'ainm in áirde, ach ba mhaith liom an méid seo a rádh, ó tharla mo lámh ar an bpeann'. Tá faillí iomlán déanta aige ar 'the canker is in the flower', agus is amhlaidh atá an scéal i gcás 'the tripartite character'. Maidir le héifeacht na teanga, is mó i bhfad éifeacht an Bhéarla ná éifeacht theanga na Gaeilge – 'The worm is at his work, and will soon dispose of his victim' i gcomparáid le 'tá an t-éag sa gcroidhe agam cheana féin, agus is gearr goirid go gcuiridh sé cos i bpoll liom'; 'some metropolitan scenes' i gcomparáid le 'áiteacha ar fud na cathrach', agus 'among other havens of domestic tranquility and peace of mind, my feet will naturally tend towards the King's Bench Prison' i ndeargchomparáid le 'áit amháin ar chaitheas scathamh go sásta sonasach ann, mé féin agus mo mhuirighín, agus áit a dtiubhradh cuairt

arís air seadh Príosún Bhinnse an Ríogh'. Tá raidhse samplaí eile den rud céanna tríd an téacs; d'éagumas na Gaeilge éifeacht an Bhéarla a sholáthar. Seo anois sampla eile, sampla inar bhain Micawber úsáid as an nath 'you are friends in need, and friends indeed' (DCB 576). Sa Ghaeilge deir sé 'Dia féin a chuir chugam sibh, mar go bhfuilim i gcruadh-chás' (DCG 842). An chéad rud a ritheann leis an léitheoir ná an easpa rithime atá sa dara leagan. Tá cuma na filíochta i mbealach ar an mbunleagan - cuma nach bhfuil a rian de le fáil sa Ghaeilge. Ní hamháin sin, ach má bhreathnaimid ar an teanga í féin, tabharfaimid faoi deara go bhfuil difear mór amháin eatarthu - sa Bhéarla is iad na cairde atá i gcruachás, ach sa Ghaeilge admhaíonn Micawber gurb eisean atá i dtrioblóid. Tá éadochas le brath san aistriúchán nach mbíonn le brath sa Bhéarla choíche. I saothar Dickens, tá Micawber dóchasach, suaire i gcónaí. Uair ar bith a ritheann rud ina choinne, éiríonn sé as bealach amháin nó bealach eile; ní ligeann sé d'aon rud é a bhrú aníos. Ach, tá buaireamh le brath sa Ghaeilge, anseo, mothú nach bhfeicimid a rian de sa Bhéarla. Tá cáil ar Mhicawber toisc chomh síorbhíoch is a bhí sé i gcónaí; síorbhíochas atá in easnamh san aistriú.

The whole meaning of Mr. Micawber is that a man can be always almost rich by constantly expecting riches...he always looks forward never back.⁵³

Feicimid arís agus arís eile i saothair an Ruadhánaigh, go bhfuil blúirí cainte de chuid de na gcarachtair, Mr. Micawber ach go háirithe, fágtha ar lár. Ba Bhéarla faoi leith é an Béarla Victeoiriach úd - Béarla a bhfuil cuid de imithe as an gcaint le fada. B'fhéidir, mar sin, go raibh fadhb chéille ag an aistritheoir.

⁵³ Chesterton, G.K. *Charles Dickens*, Burna and Oates, London, 1975 (1906) (lch. 191-2).

B'fhéidir gur rith sé leis, gur rogha an da dhíoga é píosaí a fhágáil amach anseo is ansiúd.

“The friendliness of this gentleman, if you will allow me, ma'am, *to cull a figure of speech from the vocabulary of our coarser national sports - floors me.*”⁵⁴ (DCB 579)

“Tá an duine uasal seo chomh carthannach sin, más ceadmhach om a rádh, go bhfuil balc orm aige.” (DCG 846)

Má fheicimid ar bhunchomhad an tsaothair Ghaeilge arís, tuigimid níos fearr an cineál deacrachta a bhrath an t-aistritheoir le cuid den bhladhmann Béarla. Tríd an mbunchomhad tá slam samplaí dá leithéid sin. Samplaí inar fhág an t-aistritheoir bearna i gcomhair focail nó natha nach raibh ar eolas aige, agus samplaí eile agus abairtí agus giotáí iomlána fágtha ar lár aige.

Agus an saothar ag druidim chun deiridh, feicimid sampla eile de mhian Mhicawber i gcaint dhrámatúil, liteartha, agus é ag caint le hUriah Heep agus a chuid feillbhirt á nochtadh aige – ‘Approach me again, you - you - you HEEP of infamy’ (DCB 913). Ba d’aon turas a chuir Dickens an focal ‘HEEP’ i mbéal Mhicawber; imeartas focail atá ann ar ainm an choirpigh a bhí os a comhair. Arís, cailleadh an éifeacht seo san aistriú – ‘Tar in aice liom arís, tusa - tusa, a rí-Bhitheamhnaigh’ (DCG 896). Sa chás áirithe seo, áfach, ní fhéadfaimis an milleán a chur ar an aistritheoir, toisc go mbeadh sé dodhéanta an t-imeartas focal céanna a athchruthú sa Ghaeilge.

Tá cuid de chaint Mhicawber fíor-fhileata in amanna, rud a chuireann go mór leis an gcur síos atá á dhéanamh aige - cur síos ar na deacrachtaí agus na baic atá ina shaol aige don chuid is mó de.⁵⁵ Caint ar nós na samplaí seo a leanas:

⁵⁴ Léiríonn an cló iodálach an chuid den abairt atá in easnamh san aistriúchán.

⁵⁵ Ach, mar atá feicthe againn cheana, fiú má tá cur síos á dhéanamh aige ar rud atá éadochasach mar ábhar bíonn blas an dóchais le fáil ann i gcónaí.

“Under grinding penurious apprehensions, at rise of morn, at dewy eve, in the shadows of night, under the watchful eye of one whom it were superfluous to call Demon” (DCB 618)

An t-aistriúchán air sin, -

“Ag gabháil dó moch mall agus deireannach agus mé fá súil an Diabhail i rith an ama” (DCG 903)

Ní gá dúinn ach súil a dhíriú ar fhad na n-abairtí le teacht ar an gconclúid go bhfuil rud éigin in easnamh sa leagan Gaeilge. Tá gaoth na bhfocal Béarla faighte againn, ach an leor sin, i ndáiríre, má chuirimid an dá leagan i gcomparáid lena chéile? Is dócha nach leor, go háirithe i gcás Mr. Micawber.

“To turn it when completed, to the right account, may be as the sprinkling of a few drops of sweet water on my funeral pyre.” (DCB 618)

An rud is suntasaí, dar liom, faoin ráiteas áirithe seo ná an rómánsachas atá le brath ann; rómánsachas atá iomlán cailte i bhfuarchúiseacht na Gaeilge -

“Rinneas mo dhicheall leis an gceart a dhéanamh, agus is mór an sólas sin féin dom, tá súil agam, ar uair mo bháis.” (DCG 903-4)

Tá an rómánsachas céanna le fáil, agus é i ndeargchomparáid leis an bhfuarchúiseacht chéanna, sa chuid seo, chomh maith, -

“The fair land of promise lately looming on the horizon is again enveloped in impenetrable mists, and for ever withdrawn from the eyes of a drifting wretch whose Doom is sealed!” (DCB 640)

“An saoghal sona suairc úd a bhíos a shamhailt dom féin tá deireadh go bráth leis, agus sé an bás atá in dán don mhac seo!” (DCG 935)

Tá an léitheoir á mhealladh ag Dickens i dtreo Mhicawber, agus é lomlán le trua agus bá don fhear úd a ritheann gach rud rite leis. Ní fhéadfaimis an rud céanna a shamhlú leis an nGaeilge, áfach. Níl an chumhacht chéanna sna focail, nó níl na híomhánna céanna le cruthú astu san aistriú.

An pointe deireannach atá fúm a ardú anseo, ná ceist na n-ainmneacha pearsanta sa téacs. Mar atá feicthe againn cheana, cuireadh de dhualgas ar na haistritheoirí cló faoi leith a úsáid agus ainmneacha iasachta á scríobh acu, ar mhaithe, is dócha, le n-a thaispeáint nárbh ainmneacha iad a bhí bunaithe sa Ghaeilge. I gcás an tsaothair seo, feicimid gur leanadh an riail seo, agus gur cuireadh na hainmneacha sin sa chló Rómhánach. Ach, feicimid go bhfuil easpa leanúnachais san aistriúchán maidir le gné amháin de na hainmneacha céanna. Tá tromlach na n-ainmneacha sa téacs fágtha sa Bhéarla, ach tá dornán díobh a aistríodh go Gaeilge, ‘Agnes’ agus ‘Annie’ an dá cheann is mó suntais. Ina gcás siúd, feicimid ó bhunchomhad an aistriúcháin go raibh siad fágtha sa bhunteanga ag an Ruadhánach, ach gur athraíodh iad go Gaeilge am éigin ina dhiaidh sin. Cuireadh ‘Úna’ ar ‘Agnes’ agus ‘Áine’ ar ‘Annie’. D’fhéadfá a argóint go mb’fhearr iad a chur sa Ghaeilge, sa mhéid is go bhfuil leaganacha dúchasacha díobh ann. Chomh maith leosan, tá tagairtí ann do ‘Séamas’ (ainm baiste Steerforth), agus do ‘Éadbhaird’ (ainm baiste Mr. Murdstone). Ach, dá mba rud é go raibh siad sásta cuid acu a aistriú, cén fáth nár aistríodh ‘Jack’ go Gaeilge sa dóigh chéanna, nó nach gcloisimid trácht ar ‘Tomás Traddles’, ‘Sinéad Murdstone’, nó fiú ‘Daithí Copperfield’? Níl dabht ann ach go dtógann an easpa cinnteachta seo ón téacs. Bhí géarghá le plean éigin maidir leis na hainmneacha agus na cinn a bhí le haistriú, agus na cinn a bhí le fágáil sa bhunteanga, plean a bhí iomlán ar iarraidh.

Sa chuid seo thuas, theastaigh uaim plé éigin a dhéanamh ar an mBéarla in *David Copperfield*. Ag an tús, chonaiceamar go raibh feidhmeanna thar an gnách ag cúrsaí teanga i saothair Dickens. Ó theanga an bhunshaothair, is féidir linn na carachtair a rangú. Ó chaint Bhetsey Trotwood, mar shampla, d’fhéadfaimis a rá

go cinntiúil gur bhean í a bhain leis an uas-mheánaicme, go bhfuair sí oideachas maith, agus gur bhean righin, dáiríre a bhí inti. Ar an lámh eile, tugann caint Mr. Peggotty le fios dúinn gurbh fhear é a bhain leis an ísealaicme, nach raibh mórán oideachais aige, agus go raibh ardmheas aige ar lucht na n-aicmí arda. San aistriúchán, áfach, theip glan ar an Ruadhánach feidhmeanna speisialta agus sainiúla sin na teanga a atáirgeadh do léitheoirí an tsaothair Ghaeilge. Ní fheicimid difear, beag nó mór, idir caint na beirte thuas, mar shampla. D'éirigh go geal leis an scéal a aistriú, níl aon dabht faoi sin, ach i gcás Dickens, tá ról faoi leith ag urlabhra - ról atá mar eithne ina chuid saothair, agus ról atá cailte i leagan Gaeilge an chlasaicigh.

Caibidil a hOcht:

Na Seanfhocail in *David Copperfield*

Is é a chuirim romham sa chaibidil seo aird an léitheora a dhíriú ar na seanfhocail agus na seanrannta atá le fáil i leagan Gaeilge an leabhair *David Copperfield*. Níor mhiste an cheist a chur, mar sin, cad atá i gceist againn agus muid ag caint faoi sheanfhocail agus seanrannta na Gaeilge. Don saothar seo, díriodh isteach ar na leaganacha cainte dúchasacha atá ar aon dul leis an ‘idiomatic expression’ mar atá cur síos ag Ailbhe Ó Corráin air sa leabhar *A Concordance of Idiomatic Expressions in the Writings of Séamus Ó Grianna*.

It is characteristic of such expressions that **although the meaning of all the constituent elements might be readily understood, the meaning of the expression as a whole may nevertheless be far from apparent...**but for a clear understanding of the manner in which an expression is used and for an appreciation of its full range of signification and connotation, it is usually necessary to see it in context.¹

Caithfimid rud éigin sa bhreis a rá ag an am céanna faoin gcineál seo cainte leis an idirdhealú idir iad agus na nathanna cainte atá le fáil níos faide ar aghaidh sa saothar seo. Tá teachtaireacht éigin iontu a chaithfimid a bhaint amach astu. Don chuid is mó de, is ráitis iad a bhíonn ar eolas go forleathan, agus a bhfuil comhairle éigin á tabhairt iontu. Is ionann seanfhocal na Gaeilge agus ‘proverb’ an Bhéarla. Má fhéachaimid i bhfoclóir Béarla Oxford, tá an míniú áirithe seo tugtha faoin bhfocal ‘proverb’ –

A short pithy saying in common and recognized use; a concise sentence, often metaphorical or alliterative in form, which is held to express some truth ascertained by experience or observation and familiar to all; an adage.²

¹ Ó Corráin, Ailbhe. *A Concordance of Idiomatic Expressions in the Writings of Séamus Ó Grianna*, Queen’s University, Belfast, 1989 (lch. viii).

² *Oxford English Dictionary*, Oxford University Press, 2nd Edition, 1989.

Go bunúsach, mar sin, is é a chiallaíonn an méid seo dúinn, ná go bhfuilimid ag díriú isteach ar leaganacha cainte a bhaineann ciall thar an ngnách leis na bhfocail iontu agus iad sa riocht úd. Tógaimid an sampla ‘Is i ndiaidh a chéile a ghníthear na caisleáin’³ leis an scéal a mhíniú. Ar an gcéad amharc, feicimid gur fhocail iad ar fad atá intuigthe. Ach, ní hiad na focail atáimid ag iarraidh a thuiscint, ach brí na habairte. Níl caint anseo ar thógáil caisleán go litriúil, ach go meafarach, ag cur in iúl dúinn go gcaithfimid gach rud a dhéanamh i ndiaidh a chéile, agus nach bhfuil sé ar ár gcumas gach rud a dhéanamh in aon iarracht amháin - tá comhairle á tabhairt ann. Sin anois an cineál ruda ar a bhfuil an chaibidil seo ag díriú. Abairtí agus ráitis ag a bhfuil fotheachtairacht éigin, thar díreach brí na bhfocal neamhspleách.

Is léir go raibh eolas agus tuiscint mhaith ag Seán Ó Ruadháin ar chúrsaí teanga, agus gur thuig sé go bhfuil rudaí éagsúla ann atá do-aistrithe ó theanga amháin go teanga eile. Ní hionann aon dá theanga agus ní chóir, mar sin, go mbeadh an t-aistritheoir ag cloí ró-dhocht le múnlaí agus struchtúr na teanga a bhfuil sé ag obair aisti.

Each language has its own way of deploying these words in sentences, its own way of suggesting, highlighting and contrasting ideas, its own figures of speech, its own peculiar nuances and idioms. All this leads to the simplest phrase, an *aura* or living glow that is frequently untranslatable into other languages.⁴

Ní haon ionadh, agus an méid sin curtha san áireamh againn, go bhfuil nathanna faoi leith sa bhunsaothar nach bhfuil aistrithe mar nathanna den

³ Tá plé déanta ar an seanfhocal seo níos faide ar aghaidh sa chaibidil.

⁴ Brennan, Rev. Martin. *Language, Personality and the Nation*, (Ó Cuív, Brian (ed.). *A View of the Irish Language*), Stationery Office, Dublin, 1969 (lch. 71).

struchtúr céanna sa Ghaeilge, agus go bhfuil ghnéithe cainte ar thaobh na Gaeilge, chomh maith, nach bhfuil a rian dóibh sa téacs eile.

Gné shuntasach de shaibhreas na teanga atá i seanfhocail agus seanrannta na Gaeilge, mar sin. Ní gá ach sracfhéachaint a thabhairt ar litríocht na Gaeilge, agus ar litríocht na nGaeltachtaí ach go háirithe, le fianaise a fháil ar an tábhacht a bhain riamh leo. Mar atá ráite ag An Seabhac ag tús an leabhair *Seanfhocail na Mumhan* –

Is iontu atá blas agus bláth agus slachtmhaireacht na Gaeilge faoi mar a d'fhás is a ghluais sí le fás agus le gluaiseacht ár gcine, ag fónamh dóibh agus sag cumhdach inti féin na nithe a cruthaíodh in aigne na nGael. Is deimhin gur iontu leis atá an stíleadh is firinní d'fhealsúnacht agus de mheon na sinsear Gael ó dtangamar agus má tá an ní sin a n-abarthar 'aigne Ghaelach' ann is dóigh gur sna seanfhocail seo is soiléire atá sin.⁵

Ní haon ionadh, mar sin, go bhfuil raidhse seanfhocal in úrscéal an Ruadhánaigh, *Pádhraic Mháire Bhán*. Ach, an bhfuil an scéal amhlaidh i gcás a aistriúcháin ar *David Copperfield*? Sa mhéid is go raibh sé ag obair ar scáth téacs Béarla ní bheadh sé doiligh a shamhlú nach mbeadh fáil ar an oiread sin seanfhocal ina leithéid de shaothar. Ach, i gcás an aistriúcháin seo, tá cuid mhaith díobh breactha tríd an téacs. Leis na seanfhocail úd a mheas, leagfaimid súil ar an mBéarla le fáil amach an bhfreagraíonn an dá theanga áit ar bith ina bhfuil seanfhocal úsáidte ag an Ruadhánach, .i. an oireann leagan an aistritheora i gcónaí?

Maidir le hábhar de, is léir ó na samplaí thíos go raibh réimse leathan seanfhocal ar eolas ag an Ruadhánach, agus nár leasc leis an réimse úd a thaispeáint don léitheoir. Ardaíonn sin an cheist, an raibh plean nó smaoineamh

⁵ An Seabhac. *Seanfhocail na Mumhan*, An Gúm, Baile Átha Cliath, 1984 (1926) (Reamhrá, Ich. vii).

éigin ag an aistritheoir, nuair a chuir sé tús leis an tionscadal, an t-eolas sin a thaispeáint? An é sin an chúis go dtagaimid arís agus arís eile ar sheanfhocail nach bhfuil mar leaganacha cainte faoi leith sa bhuntéacs? Nó, an é díreach gur cheap an Ruadhánach go mbeadh na seanfhocail chomh feiliúnach le caint ar bith eile?

I gcás cuid de na seanfhocail, níl aon dabht ann gur cinn iad a aithnímid ar an toirt. Ní hamhlaidh atá an scéal, áfach, i gcás cuid eile acu. Tosnóimid, mar sin, leis na cinn so-aitheanta, agus iad á meas le hais bunsaothair Dickens.

a) **Ní mar síltear a bítear** (DCG 71). ‘But it turned out to be quite a mistake’ (DCB 58) a bhí ar thaobh an Bhéarla. Go bunúsach, ciallaíonn an leagan Gaeilge nach gá go bhfuil an rud a cheapann daoine fíor. Feicimid gur bhain an t-aistritheoir úsáid as seanfhocal sa leagan Gaeilge, áit nach raibh seanfhocal úsáidte sa bhuntéacs. Agus ba mhaith an cinneadh é seo mar go n-oireann an leagan Gaeilge go maith, agus go gcuireann sé le dul na cainte. Tá an seanfhocal céanna in úsáid ag an Ruadhánach san úrscéal dá chuid, *Pádhraic Mháire Bhán*. ‘Thug siadsan an tuath orthu féin, agus chuaigh seisean ar lorg Thomáis Óig. Ach ní mar a shíltear a bhítear.’ (PMB 172). Ní hionann an dá leagan amach is amach ó thaobh na litrithe de, ach tarlaíonn sé go minic i gcás na Gaeilge go bhfaightear leaganacha den seanfhocal céanna ina bhfuil litriú nó struchtúr nach mbíonn i gcónaí mar an gcéanna. Baineann sin de ghnáth le cúrsaí canúna, áit a mbíonn leagan amháin le fáil i gceantar Gaeltachta amháin, agus leagan eile ar fad i gceantair eile. Ach, feicimid anseo go bhfuil an scéal amhlaidh i gcás an Ruadhánaigh é féin – go bhfuil an seanfhocal céanna úsáidte aige i saothair dhifriúla, ach go bhfuil miondifríocht éigin eatarthu.

b) Ní féidir leis an ngobadán an dá thráigh a fhreastal (DCG 295).

Seo anois sampla eile de sheanfocal atá le fáil go forleathan i gcanúintí na Gaeilge ach go bhfuil leaganacha éagsúla de. Mar shampla, ‘gobachán’ a fhaighimid seachas ‘gobadán’ in amanna, nó ‘ní thig’ seachas ‘ní féidir’. I gcás an tsaothair seo, ‘Time and tide wait for no man’ (DCB 208) a bhí le haistriú ag an Ruadhánach. Ní miste ceist a ardú anseo áfach, faoi oiriúnacht an tseanfocail Ghaeilge don nath Béarla. Ní léir go bhfeileann sé chomh maith sin i ndáiríre. Má fhéachaimid ar an míniú a thugann cnuasach *Fios Feasa* ar an gceann Gaeilge seo, feicimid a bhrí thraidisiúnta –

Má tá duine i n-ait amháin, ní fhéadfadh sé a bheith i n-ait eile ag an am céanna, maran naomh é.

Tá an chuma ar an scéal mar sin, nach bhfeileann seanfhocal an Ruadhánaigh, sa mhéid is nach ionann ‘time and tide wait for no man’ agus ‘you can’t be in two places at the one time.’ Sa saothar úd *Seanfhocla Chonnacht*, tá seanfhocal eile atá níos gaire don Bhéarla anseo, a fhreagraíonn níos fearr dó ná mar a fhreagraíonn an ceann atá roghnaithe ag an aistritheoir. Sin an seanfhocal ‘ní fhanann am ná taoille le haoinneach.’⁶ Tá sampla eile den seanfhocal seo (‘ní féidir leis an ngobadán an dá thráigh a fhreastal’) níos faide ar aghaidh san aistriúchán, agus é i bhfoirm natha, agus an bhunbhrí thraidisiúnta leis – ‘she couldn’t be in two places at once’ (DCB 298) [‘ní fhéadfadh sise dhá thráigh a fhreastal’ (DCG 430)].

c) Is i ndiaidh a chéile a ghníthear na caisleáin (DCG 762). Seo seanfhocal eile atá sa chaint le fada, agus a fhreagraíonn don seanfhocal Béarla ‘Rome was not built in a day’, a chiallaíonn, mar a luamar cheana, nach bhfuilimid in ann gach rud a dhéanamh in aon iarracht amháin. ‘These are early days, Trot,

⁶ *ibid.*, (uimhir 2953, lch. 67).

and Rome was not built in a day, nor in a year' atá i saothar Dickens.⁷ Ní fhéadfaimis aon locht a fháil ar iarracht an Ruadhánaigh anseo. Tógann sé leis brí iomlán an Bhéarla (sa mhéid is gur '...not built in a day, nor in a year' a bhí le haistriú aige). Arís eile, tá fáil air leaganacha éagsúla den cheann seo sa Ghaeilge - leaganacha nach bhfuil ach miondifir eatarthu. I *Seanfhocla Chonnacht*, mar shampla, is é an leagan atá ann ná 'i leaba a chéile a dhéantar na caisleáin'. I *Seanfhocail na Mumhan*, ansin, faighimid 'i ndiaidh a chéile is ea a dhéantar na caisleáin'⁸ Mar a tharlaíonn, tá leagan eile ar fad den seanfhocal áirithe seo i gcnuasach na Mumhan - 'Níor tógadh an Róimh in aon ló'⁹, ceann a bhfuil an chuma air gur bunaíodh é díreach ar leagan an Bhéarla. Sa chnuasach a chuir an Ruadhánach le chéile, agus atá ar coimeád i gCartlann na gCanúintí¹⁰, tá na leaganacha 'is i ndiaidh a chéile a dhéantar na caisleáin', agus 'is i ndiaidh a chéile a thógtar na caisleáin.'

d) Ba mhaith an t-ancoire an t-iarta (DCG 52). Baineadh úsáid as an seanfhocal seo leis an mBéarla 'it was my nest' (DCB 45) a aistriú. Seo ceann eile atá cláraithe sa bhailiúchán dá chuid féin, ach go bhfuil difir ó thaobh litriú na bhfocal de - 'ba mhaith an t-ancaire an t-iartha.' Ciallaíonn an Ghaeilge nach mbíonn fonn ar dhaoine áit éigin a fhágáil, rud atá gar go leor don leagan sa bhunsaothar. Ó thaobh na teanga de, tá an nath Gaeilge i bhfad níos liteartha ná an Béarla. Seo sampla eile againn ina ndearna an t-aistritheoir cinneadh comhfhiosach seanfhocal a chur isteach, sa mhéid is go bhfuil seanfhocal ar thaobh na Gaeilge

⁷ Faightear an leagan seo ar lch. 523 de *David Copperfield* an Bhéarla.

⁸ An Seabhac. *Seanfhocail na Mumhan*, An Gúm, Baile Átha Cliath, 1984 (1926) (uimhir 1181, lch. 100).

⁹ *ibid.*, (uimhir 1182, lch. 100).

¹⁰ Cnuasach B09, Cartlann na gCanúintí, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Is é atá sa chnuasach seo, bailiúchán de chora cainte agus nathanna a bhí le cloisteáil ag an Ruadhánach thart ar an gceantar arbh as dó.

nach bhfuil le fáil ar thaobh an Bhéarla. Ar chuir sé isteach é díreach ar mhaithe le saibhreas an téacs, nó ar mhaithe lena eolas féin a thaispeáint?

e) **Níl gar sa mbuaidhreadh ach éirighe thuas air** (DCG 595). As béal Bhetsey Trotwood a thagann an ceann seo agus ‘we must meet our reverses boldly’ (DCB 410) á rá aici sa bhunsaothar. Ó thaobh na bhfocal de, féadaimid a rá fúthu go n-oireann siad don bhean seo, ar a laghad ar bith. I rith an téacs, tá neart samplaí feicthe againn den aistriitheoir agus caint á cur i mbéal an charachtair seo aige, nach ndéarfadh sí choíche.¹¹ Tá fáil ar an seanfhocal seo i *Seanfhocla Chonnacht* agus é scríofa mar ‘níl aon ghar sa mbuaireamh ach éirí suas air’.¹² Ach tá an ceann díreach seo sa chnuasach dá chuid féin, áit a ndéanann an Ruadhánach an seanfhocal a mhíniú dúinn mar ‘níl aon leigheas air ach a chosc, nó é a bhrú fá chois.’

f) **Sé an díomhaoineas ughdar gach uilc** (DCG 167). ‘Idleness is the root of all evil’ (DCB 121) an nath a bhí ag Dickens sa téacs Béarla. I gcás na Gaeilge, is í an chreatlach, níos mó ná an frása é féin, a mbíonn le fáil. Is é sin le rá gur baineadh (agus go mbaintear) úsáid as an bhfoirmle ‘is é...údar gach oilc’, agus gur líonadh an bhearna ag brath ar an rud a bhí á cháineadh mar ‘údar gach oilc’. Sa chás seo, ar an ábhar sin, is é an ‘díomhaoineas’ a líonann an bhearna. Tá sampla eile de seo, ansin, in úrscéal an Ruadhánaigh, áit a bhfuil ainm Phádhraic Mháire Bháin curtha isteach sa bhearna –‘Cheanglófaí fear ab fhearr ciall ná an sean-Bhlácach. Bhí sé ag dul le gaoth na gcnoc, agus gan ainm thóir ná thiar á fháil aige nach raibh sé a thabhairt ar Phádhraic. Mar deireadh sé féin, ‘is é mac Mháire Bhán sin údar gach oilc.’¹³ Maidir leis an gcosúlacht idir an Ghaeilge agus an Béarla, ó

¹¹ Ábhar atá pléite go mion sa chaibidil ar ‘Béarla *David Copperfield*.’

¹² Ó Máille, T.S. *Seanfhocla Chonnacht*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1952 (uimhir 688, lch. 107 (I)).

¹³ Ó Ruadháin, Seán. *Pádhraic Mháire Bhán*, An Gúm, Baile Átha Cliath, 1994 (1932) (lch. 51).

thaobh chruth na teanga de, tá an cruth céanna orthu araon sa mhéid is go bhfreagraíonn seanfhocal ar thaobh na Gaeilge do sheanfocal ar thaobh an Bhéarla. Is é an míniú a fhaighimid i gcnuasach an Ruadhánaigh ar an gceann seo ná ‘is é a chothuigheas gach clampar dá mbíonn ar bun.’ Má chuirimid sin i gcomhthéacs na habairte ‘Sé an díomhaoineas ughdar gach uilc’, tuigimid gurb é an ‘díomhaoineas’ atá taobh thiar de ghach clampar – leagan a fheileann go maith do bhrí an Bhéarla.

g) Dhá dtrian den dathamhlacht an gheanamhlacht (DCG 7). Freagraíonn an seanfhocal seo don Bhéarla ‘handsome is that handsome does’ (DCB 2-3). Tá seanfhocal seo na Gaeilge le fáil go forleathan sna foinsí seanfhocal éagsúla.¹⁴ Tá sé úsáidte ag an Ruadhánach ina úrscéal féin, *Pádhraic Mháire Bhán*, chomh maith, agus é ag tagairt do sheanchleactadh úd an chleamhnais –

‘Tá sé ceart go leor ag lucht eagna a bheith ag rá gur *dhá dtrian den dathúlacht an gheanúlacht*, ach má thugann tú crannfhear leathchéad bliain isteach i dteach a mbeidh spéirbhean aerach i mbéal pósta ann, agus bualadh ort ag déanamh cleamhnais, ní heagnaíocht is fearr a théas síos léi ach óige – óige agus alluaiceacht – agus cá hóbair sin a thógáil uirthi?’¹⁵

h) Is maith an scéal gan droch-scéal (DCG 625). Tá an seanfhocal áirithe seo mar aistriúchán ar an mBéarla ‘No news is good news’ (DCB 431). Níl aon cheist ann ach go n-oireann an t-aistriúchán go maith don leagan atá ag Dickens. Is é seo an leagan díreach mar a fhaighimid é i *Seanfhocail Uladh*.¹⁶ Tá sé le fáil i

¹⁴ Tagaimid air i Seanfhocla Chonnacht, Seanfhocail Uladh, agus Seanfhocail na Mumhan. Agus tagaimid ar leagan éigin de ina bhailiúchán natha féin agus é mar – ‘dhá dtrian den dathamhlacht an chosamhlacht.’

¹⁵ Ó Ruadháin, Seán. *Pádhraic Mháire Bhán*, An Gúm, Baile Átha Cliath, 1994 (1932) (lch. 121).

¹⁶ Ó Muirgheasa, Énrí. *Seanfhocail Uladh*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1976 (1907) (uimhir 457, lch. 45).

Seanfhocla Chonnacht chomh maith, ach amháin gur ‘is geall le scéal maith gan drochscéal’¹⁷ atá ar an leagan ansin.

i) Tá Dia láidir agus tá máthair mhaith aige! ‘There is God to trust in!’ (DCB 475). ‘Nach féidir tada a dhéanamh?’ ‘Is féidir,’ ar sise. ‘Tá Dia láidir agus tá máthair mhaith aige!’ (DCG 691). Seanráiteas atá againn anseo lena mbaineann an chiall go bhfuil Dia ann le cúnamh a thabhairt dúinn in aimsir trioblóide. Ó thaobh na teanga, tá neart sa bhreis leis an nGaeilge nach bhfuil leis an mBéarla.

j) Tigean gach maith le cáirde (DCG 768). Sa bhunsaothar ba é ‘all in good time’ (DCB 527) an nath a bhí le hathrú. Ciallaíonn an leagan Gaeilge go dtagann gach rud chuig an té atá foighneach.¹⁸ Tá an bhrí chéanna leis i mbailiúchán natha an Ruadhánaigh, ‘is fiú rud maith fanacht leis’. Seo againn ceann eile de na samplaí annamha ina bhfeicimid seanfhocal ar thaobh na Gaeilge ag freagairt do chomh-mhúnla sa Bhéarla.

k) Bailigheann brobh beart (DCG 440). ‘B’fhéidir nach mbéadh ionnta ach rudaí suaracha leo féin, ach bailigheann brobh beart.’ I mbunsaothar Dickens, tá ‘trifles in themselves, but they do not seem to me to be so, when they are put together’ (DCB 305) mar an nath comhthreomhar. Ciallaíonn an Ghaeilge nach bhfuil mórán i gceist le brobh (nó rud) amháin, ach nuair a cuirtear le chéile iad, scéal eile ar fad atá i gceist. Ó thaobh snastacht na teanga, sílim gur fearr iarracht an Ruadhánaigh.

Sin, is dócha, na cinn a bhfuil cur amach sách forleathan againn orthu. Os a choinne sin, tá roinnt seanfhocal eile sa téacs – cuid acu nach mbeadh chomh mór sin ar ár n-eolas againn, agus cuid acu a bhfuil sé de chuma orthu gur fhréamhaigh

¹⁷ *ibid.*, (uimhir 1878, lch. 285).

¹⁸ *Foclóir Uí Dhónaill*, faoin bhfocal ‘cairde’.

siad ón mBéarla. Caithfimid súil, ar dtús, mar sin, ar na cinn atá bunaithe sa Ghaeilge ach nach gcloisimid chomh minic sin iad.

a) **Ní bhainfeá an cubhar den leamhnacht!** (DCG 258). D'úsáid an Ruadhánach an leagan seo ar 'As if you wouldn't say boh! to a goose!' (DCB 183) i saothar Dickens. Míniú an Ruadhánach an ráiteas seo dúinn mar 'bíonn ciúin cionntach' i mbailiúchán Chartlann na gCanúintí. Ach, má chaithimid súil ar an mbrí a thugann Niall Ó Dónaill dúinn, feicimid 'he couldn't skim milk' luaite aige¹⁹, rud nach bhfuil ag teacht leis an mbrí atá ag an Ruadhánach. Rithfeadh sé linn go gciallaíonn leagan Uí Dhónaill nach bhfuil sé ar a chumas ag an duine rud ar bith a dhéanamh, seachas go bhfuil an chuma ar an duine go bhfuil sé neamhchiontach nuair nach gá gurb amhlaidh atá an scéal.

b) **An Deamhan agus an Diabhal go mbascaidh é** (DCG 553) atá ina aistriú ar 'May the Father of all Evil confound him' (DCB 381). Maidir leis an gceann seo, tá cruth seanfhocail air – mar ábhar mallachta, ach níor éirigh liom teacht ar leagan ar bith de. Ba é an rud is cóngaraí dó ar éirigh liom a aimsiú ná – 'An áit a mbeidh an diabhal caithfidh an deamhan a bheith ann,'²⁰ nó an leagan 'Ó thigh an deamhain, go tigh an diabhail.'²¹

c) **Níl gar ag caint** (DCG 611). Aistríodh an nath áirithe seo ón mBéarla 'Least said, soonest mended!' (DCB 421). Ní féidir a rá, leis an gcéad sracfhéachaint, go bhfreagraíonn an Ghaeilge go hiomlán do leagan an bhunsaothair, sa mhéid is go gciallaíonn sí nárbh fhiú a bheith ag caint.²² Ach,

¹⁹ *Foclóir Uí Dhónaill*, faoin bhfocal 'leamhnacht'.

²⁰ Ó Máille, T.S. *Seanfhocla Chonnacht*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1952 (uimhir 4544a, lch. 301 (II)).

²¹ *Foclóir Uí Dhónaill*, faoin bhfocal 'deamhan' – a chiallaíonn 'out of the frying-pan into the fire.'

²² 'Níl gar i gcaint' atá i bhfoclóir Uí Dhónaill ach go bhfuil an bhrí chéanna leis.

nuair atá sé curtha i gcomhthéacs againn, nuair a thógaimid an sliocht é féin, feicimid go n-oireann sé go maith.

“anyhow, it fell to pieces, and never will and never can pay sixpence; and Betsey’s sixpences were all there, and there’s an end of them. **Least said, soonest mended!**” (DCB 421)

“ar aon nós thuit an tón as agus ní bheidh in ann leith-phinginn ruadh a íoc go deo; agus bhí leith-phinginneacha Bhetsey ann uilig, agus sin deireadh leo. **Níl gar ag cainnt!**” (DCG 611)

Mar a tharlaíonn, ní hin an t-aon sampla amháin den nath seo san eagrán Gaeilge de *David Copperfield*, bíodh is go bhfuil sé i bhfoirm eile. Ar leathanach 364 den leagan Béarla, tá an abairt ‘No good. A sad story, sir, however you come to know it’. Chuir an t-aistritheoir an t-aistriú seo a leanas air – ‘Níl gar ag cainnt. Scéal brónach céir bith caoi a mbreathnóchair air.’ (DCG 527). Seo rud atá le feiceáil go minic ar thaobh na Gaeilge, .i. gur éirigh leis an Ruadhánach leagan amháin na Gaeilge a úsáid ar níos mó ná leagan amháin sa teanga eile.

Tá an nath céanna in úsáid ag an Ruadhánach in *Pádhraic Mháire Bhán*, chomh maith, áit ina bhfaighimid i riocht den chineál céanna é –

‘Agus gan ceo na fríde le déanamh aige ach ag siúl suas agus anuas dréimire i rith an lae ag iompar brící agus moirtéil. Ach an deich fichead sa tseachtain...Ní raibh gar ag caint!’²³

d) Dá luighead dá n-abróchthar seadh is fusa an scéal a réidhteach (DCG 893). Tá an leagan seo ina aistriúchán ar an nath céanna Béarla ar ar thánamar in uimhir a trí thuas – ‘least said, soonest mended’ (DCB 611). Is dócha, ar an gcéad amharc, go bhfuil sé ábhairín ait nár bhain an t-aistritheoir úsáid as an leagan thuas sa Ghaeilge (‘níl gar ag cainnt’), sa mhéid is gur aistrigh sé an Béarla céanna cheana.

²³ Ó Ruadháin, Seán. *Pádhraic Mháire Bhán*, An Gúm, Baile Átha Cliath, 1994 (1932) (lch. 177)

Arís eile, ceist chéille atá againn anseo. Seo a leanas an dréacht a bhí le haistriú – ‘you hold your tongue, mother,’ he returned; ‘least said, soonest mended.’ ‘Dún do bhéal thusa, a mháthair,’ ar seisean, ‘dá luighead dá n-abróchthar seadh is fusa an scéal a réidhteach.’ Agus an scéal amhlaidh, ní bheadh ‘níl gar ag caint’ feiliúnach. B’fhéidir go raibh sé indéanta ag Dickens an nath Béarla a láimhseáil leis an dá bhrí a bhaint as, ach ní oibreodh sé ar thaobh na Gaeilge.

e) An rud atá thart bíodh sé thart (DCG 689). Theastaigh ón Ruadhánach an Béarla ‘Let sleeping dogs lie’ (DCB 474) a aistriú an iarraidh seo. Ní raibh an leagan Gaeilge seo le fáil in *Seanfhocla Chonnacht*, ach tháinig mé air in *Foclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill*, áit ina bhfuil sé aistrithe mar ‘let bygones be bygones’. Cé go bhfeileann leagan an aistritheora go maith don bhuntéacs, d’eirigh liom teacht ar an ráiteas Béarla ‘let sleeping dogs lie’ i bhfoclóir an Dónallaigh (agus i bh*Foclóir Béarla-Gaeilge de Bhaldráithe*), agus ‘ná hoscail doras na hiaróige’ (agus ‘iaróg’ a chiallaíonn troid nó argóint), mar Ghaeilge air.²⁴

f) Ba mhór é an saothar ach ba luachmhar í an duais (DCG 620). Freagraíonn an ceann seo do ‘Great was the labour; priceless the reward’ (DCB 427) sa bhuntéacs. Níor éirigh liom teacht ar leagan seo na Gaeilge in aon cheann de na foinsí, ach tháinig mé ar cheann nó dhó i *Seanfhocla Chonnacht* atá gar go leor dó ó thaobh na brí de – ‘ní mór an iarlacht ná a hiarracht’²⁵, nó leagan eile atá níos gaire fós, ‘más mór an duais is mór a saothrú’.²⁶ Tá an chuma ar an scéal go mb’fhéidir gur bunaíodh leagan an Ruadhánaigh ar an gceann deireanach seo tráth.

²⁴ Tá leagan eile in *Seanfhocla Chonnacht* – ‘nead ó anuraidh í, fág ina codladh í’ - Ó Máille, T.S. *Seanfhocla Chonnacht*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1952 (uimhir 4809, Ich. 339 (II)).

²⁵ Maidir leis an seanfhocal áirithe seo, tá dhá bhrí faoi leith leis – i) má chuireann tú an obair isteach, gheobhaidh tú luach saothair, ii) ní mór don duine uasal a bheith caifeach.

²⁶ Ó Máille, T.S. *Seanfhocla Chonnacht*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1952 (uimhir 3667, Ich. 170 (II)).

g) **Síleann bradóg na gcuach gur bradach é an sluagh** (DCG 735). Tá dhá leagan eile cosúil leis an gceann seo le fáil sa chnuasach de sheanfhocail Uladh – ‘síleann gadaí na gcruach gur sladaí an slua,’²⁷ agus, ‘síleann fear na míchéille gurb é féin fear na céille.’²⁸ Ach, cé nár aimsigh mé leagan an Ruadhánaigh díreach mar atá sé aige sa téacs, ní fheadfaimis bheith in aon amhras sa chás seo ach gur seanfhocal é a bhí ar a eolas ag an aistritheoir, toisc go ndearna sé iarracht chomhfhiosach seanfhocal Gaeilge a chur isteach (áit nach raibh rian dá leithéid ar thaobh an Bhéarla). Seo a leanas an sliocht iomlán dá bhfreagraíonn an t-aistriúchán, agus níl aon dabht ann ach go bhfuil sampla againn anseo den aistritheoir agus é ag iarraidh a chuid féin a dhéanamh den téacs.

“My dear Strong,” said Mr. Wickfield in a tremulous voice, “my good friend, I needn’t tell you that *it has been my vice to look for some one master motive in everybody, and to try all actions by one narrow test*. I may have fallen into such doubts as I have had, through this mistake.” (DCB 504)

Tabhair faoi deara ar thaobh na Gaeilge, an chaoi gur chuir an Ruadhánach ar an eolas sinn faoin rún a bhí aige seanfhocal a chur i mbéal an duine uasail –

“A Strong, a rúin,” arsa Mr. Wickfield, agus crithe ar a chainnt, “a chara mo chléibh, ní gábadh dhom a rádh leat go raibh sé de their orm ariamh *an sean-fhocal úd a bheith in m’intinn agam*, ‘*Síleann bradóg na gcuach gur bradach é an sluagh*,’ agus dá réir sin a ghnínn breitheamhnas ar gach rud. B’fhéidir gurbh é sin a thug orm a bheith san aimhreas.” (DCG 735)

h) **Cur an roda ar ath-lá a mharbhúigheas an t-am** (DCG 212). Tá an leagan seo mar aistriúchán ar ‘maxim’ athair Mrs. Micawber ‘Procrastination is the thief of time’ (DCB 152). Mar a tharlaíonn tá seanfhocal an Bhéarla sin le fáil i

²⁷ Ó Muirgheasa, Énrí. *Seanfhocail Uladh*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1976 (1907) (uimhir 365, lch. 37).

²⁸ *ibid.*, (uimhir 307, lch. 33).

bhfoclóir de Bhaldraithe agus é aistrithe mar ‘an rud a théann i bhfad téann sé i bhfuair.’ Tá an leagan céanna seo i *Seanfhocla Chonnacht* chomh maith, agus ceann nó dhó eile luaite leis – ‘mar an rud a théas i bhfad téann sé chun fuair’, ‘déan an rud ar ala na huair’, agus ‘an rud a théas i bhfad téann sé i righneadas’.²⁹ Cé nár éirigh liom teacht ar rian d’aistriúchán seo an Ruadhánaigh in áit ar bith, sa chnuasach dá chuid féin, tá fáil ar sheanfocal a fhreagraíonn don Béarla mar an gcéanna – ‘ná leig do leas ar cáirde’ (rud ata mínithe aige mar ‘tapuigh an lá, ná leig do seans/deis uait’). An bhfuil seans ann gur bunaíodh an leagan Gaeilge ‘Cur an roda ar ath-lá a mharbhuigheas an t-am’ ar leagan Béarla an bhuntéacs?

Tá dréacht de sheanfocal eile sa sliocht céanna nuair a deir an bhean – ‘never do to-morrow what you can do today’, rud atá aistrithe ag an Ruadhánach mar ‘gan an lá indiú a chur chun an lae i mbárach’.

i) Ní féidir fuil a bhaint as turnap (DCG 193). Sa chás áirithe seo, ba é an seanfhocal Béarla ‘You can’t get blood from a stone (DCB 139) a bhí le haistriú. Níor éirigh liom teacht ar an leagan seo i bhfoinse ar bith, ach amháin, sa chnuasach dá chuid féin, áit ina luaitear ‘ní féidir fuil a bhaint as turnap’ agus ‘ní féidir fuil a bhaint as cloich’ araon.³⁰ Agus an scéal amhlaidh, b’fhéidir go bhfuil sé ábhairín ait nár bhain an Ruadhánach úsáid as an dara leagan dá chuid féin, sa mhéid is go bhfreagraíonn se go díreach don rud a bhí le haistriú. Ardaítear an cheist anseo faoin tionchar a bhí ar an mBéarla ar leagan na Gaeilge. Ar fhréamhaigh an Ghaeilge ón nath Béarla ‘you can’t get blood from a turnip’ (a úsáidtear mar an gcéanna le ‘you can’t get blood from a stone’)? Cé nach bhfuilimid in ann é sin a dhearbhu, ní mór an cheist a chur.

²⁹ Ó Máille, T.S. *Seanfhocla Chonnacht*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1952 (uimhir 2130, lch. 328 (I)).

³⁰ Is iad seo na leaganacha mar a fhaighimid iad ina chnuasach ‘níl sé furusta fuil a bhaint as turnap’ agus ‘níl sé furusta fuil a bhaint as cloich.’

j) Is as na tighthe beaga a théigheas daoine sna tighthe móra (DCG 673). 'It may prove the stepping-stone to more ambitious domicilliary accommodation' (DCB 463). Seo anois ráiteas a tháinig ó bhéal Mr. Micawber, agus é ag smaoineamh go fealsúnach ar an todhchaí agus an dul chun cinn a dhéanfaidh sé am éigin. Ó thaobh oiriúnacht na cainte de, is nath é a d'fhéadfá a shamhlú ag teacht as béal Mhicawber toisc go bhfuil cuma na filíochta air – rud a bhí riamh is de shíor i gcaint an fhir seo. An t-aon argóint amháin a d'fhéadfadh a bheith leis, ná go mb'fhéidir go bhfuil sé ábhairín ró-sothuigthe i gcomparáid le galamaisíocht chainte an Bhéarla. Maidir leis an leagan Gaeilge de, tá fáil air i *Seanfhocla Chonnacht* agus é i dtrí riocht éagsúla 'As na tighthe beaga, téightear ins tighthe móra', 'As na tighthe beaga a théigheas muid 'sna tighthe móra', agus 'As na tighthe (bailte) beaga a déantar na tighthe (bailte) móra.'³¹

k) Tá nath in úsáid ag an Ruadhánach, ansin, a d'fhreamhaigh ó sheanfhocail sa leagan 'le haghaidh na coise tinne' (atá le fáil faoi dhó ann) (DCG 202, 928). Freagraíonn siad do na leaganacha áirithe 'for the family benefit' (DCB 145) agus 'for a rainy day' (DCB 635) faoi seach. Tháinig mé ar leaganacha éagsúla den nath seo sna foinsí éagsúla. Ina measc siúd bhí an leagan áirithe 'Cuir i dtaisge é le haghaidh na coise tinne'³² i *Sheanfhocla Connacht*. Luaite lena ais faightear an nod 'T' a chiallaíonn gur leagan é seo arís a bhí le clos ag an am i gceantar Iorrais. Mar a tharlaíonn freagraíonn an ceann seo go dílis don dara nath de chuid an Ruadhánaigh – 'Nuair a chailleas an chuid eile cheapas gurbh é a b'fhearr dhom gan tada a rádh fán méid sin ach a choinneál i dtaisce le h-aghaidh na coise tinne.' (DCG 928)

³¹ Ó Máille, T.S. *Seanfhocla Chonnacht*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1952 (uimhir 3967, lch. 210 (II)).

³² *ibid.*, (uimhir 637, lch. 99 (I)).

I) Mar an gcéanna tá an nath ‘sláinte an bhradáin’ (DCG 487, 989) úsáidte ag an aistritheoir ag tagairt do na habairtí Béarla ‘in the enjoyment of salubrity’ (DCB 337),³³ agus ‘a perfect nest of roses’ (DCB 676).³⁴ Chonaiceamar cheana go raibh sé de bhua ag an Ruadhánach go raibh sé in ann an teanga a láimhseáil cibé ar bith bealach a bhí uaidh, agus úsáideanna éagsúla a bhaint as an nath céanna, agus is amhlaidh atá an scéal anseo .i. in ainneoin go dtagraíonn an nath céanna d’abairtí éagsúla sa Bhéarla oireann ceachtar den dá úsáid go maith sa riocht ina bhfuil siad ag an aistritheoir. Is iad leaganacha coitianta an tseanfhocail seo ná ‘sláinte an bhradáin, croidhe folláin ’s béal (gob) fliuch’, ‘seo sláinte na mbreac agus na mbradáin’, ‘sláinte an bhric agus an bhradáin, nár fhéach ariamh sa mbogán.’³⁵

Agus na seanfhocail thuas pléite againn, caithimid súil anois ar na cinn úd nach bhfuil sé de chuma orthu gur fhreamhaigh siad ón nGaeilge. Bheadh sé deacair a shéanadh ina gcás siúd nach raibh tionchar éigin ag an mBéarla ar leaganacha na Gaeilge.

a) Ní hé an t-airgead an duine (DCG 616). Tá seo mar aistriúchán ar an mBéarla ‘It isn’t money makes the man’ (DCB 424), agus ní mór suntas a thabhairt do mhacalla an bhunsaothair atá le fáil sa leagan Gaeilge. Tá roinnt seanfhocal bunaithe sa Ghaeilge a d’fhreagródh go maith do nath an Bhéarla. I *Seanfhocla Chonnacht* tá an seanfhocal úd ar a tháingamar níos luaithe – ‘Ní mór an iarlacht ná a hiarracht’.³⁶ Tá cúpla cinn eile sa saothar céanna leis, ‘Dá gceannaíodh ór léas an

³³ ‘A dhuine uasail, is ait liom a rádh go bhfuil siad-san freisin agus sláinte an bhradáin aca.’ – ‘I rejoice to reply that they are, likewise, in the enjoyment of salubrity.’

³⁴ ‘Bhí cuma ortha go raibh sláinte an blrradáin aca bhíodar chomh úr luisneach sin ag breathnú.’ – ‘They were a perfect bed of roses; they looked so wholesome and fresh.’

³⁵ Ó Máille, T.S. *Seanfhocla Chonnacht*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1952 (uimhir 3793, lch. 186-7 (II)).

³⁶ Chonaiceamar cheana go raibh an dá bhrí leis an gceann áirithe seo, i) má chuireann tú an obair isteach, gheobhaidh tú luach saothair, ii) ní mór don duine uasal a bheith caifeach – sa chás seo, is é an dara ceann a oireann dúinn. *Seanfhocla Chonnacht*, uimhir 4247 (II).

tsoil seo, Bheadh an saibhir beo is an daibhir sínte'³⁷, agus díreach ceann amháin eile 'B'fhearr do dhuine a bheith beirthe leis an ádh ná le saibhreas'.³⁸ Ach, sin ráite, tá seanfhocal den mhúnla céanna le 'ní hé an t-airgead an duine' in úsáid aige i saothar eile dá chuid (*An Mothall Sin Ort*) – 'is é an duine é an t-éadach'³⁹, agus tá an leagan deireanach seo ina chnuasach féin chomh maith.

b) Ní féidir sparán síoda a dhéanamh as cluais cránach (DCG 526). Ba é 'you can't make a silk purse out of a sow's ear' (DCB 363) a bhí in saothar Dickens, agus is rí-léir an tionchar a bhí aige sin ar iarracht an Ruadhánaigh. B'fhéidir nárbh eisean a bhí ciontach as a chumadh, ach bheadh sé i bhfad Éireann níos fearr dá mba rud é gur bhain sé úsáid as seanfhocal bunaithe sa Ghaeilge. Arís eile, is leagan é atá úsáidte ag an Ruadhánach sa saothar úd *An Mothall Sin Ort*.⁴⁰ Is léir gur leagan é a bhí cloiste sách minic, ach gur shíl roinnt daoine go raibh tionchar díreach ar an mBéarla air. Ag deireadh an bhailiúcháin, *Seanfhocail Uladh*, tá liosta ann de na seanfhocail Ghaeilge a mheas an bailitheoir go raibh siad faoi thionchar an Bhéarla (faightear iad cláraithe faoin teideal 'Ar iasacht ón Bhéarla'). Ina measc siúd tá an ceann áirithe seo.⁴¹ Tá rudaí eile ar an ábhar céanna a d'fhéadfeadh leis an Ruadhánach a úsáid, agus iad seanbhunaithe sa teanga, leaganacha ar nós – 'Ní dhéanfadh an saol mór capall ráis d'asal'⁴² nó 'Dá mbeadh síoda ar ghabhar is gabhar i gcónaí é'⁴³ (leagan atá in úsáid aige féin in *An Mothall Sin Ort*).

³⁷ Ó Máille, T.S. *Seanfhocla Chonnacht*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1952 (uimhir 3511, lch. 146 (II)).

³⁸ *ibid.*, (uimhir 12, lch. 2(I)).

³⁹ Ó Ruadháin, Seán. *An Mothall Sin Ort*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1967 (lch. 42).

⁴⁰ Ach amháin go bhfuil séimhiú ar an bhfocal 'cránach', atá ar iarraidh in *David Copperfield* ar chúis éigin.

⁴¹ Ó Muirgheasa, Énrí. *Seanfhocail Uladh*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1976 (1907) (uimhir 1771, lch. 155).

⁴² *Seanfhocail, Seanráite, Beannachtaí, Mallachtaí, srl.* Fios Feasa, Corca Dhuibhne, 1998.

⁴³ Ó Máille, T.S. *Seanfhocla Chonnacht*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1952 (uimhir 1962, lch. 300 (I)).

Agus an Ruadhánach i mbun pinn mar scríbhneoir bhí nós aige úsáid a bhaint as seanfhocail chomh minic agus a bhí an deis aige. Is díol spéise é, ansin, gur lean sé den phort céanna agus é ag aistriú. Ní gá dúinn ach súil a chaitheamh ar na samplaí ar fad thuas leis an bpointe seo a dhearbhu. Is patrún é seo atá leanta aige tríd a chuid saothair go huilíoch, agus sna hagusíní ag deireadh an tsaothair seo tá liosta de na seanfhocail atá úsáidte aige sna saothair úd, agus tá blas iontu den ábhar leathan díobh a bhí i gcloigeann an fhir seo.

Caibidil a Naoi:

Na Samhlacha in *David Copperfield*

Sa chaibidil dheireanach, rinneamar roinnt plé ar na seanfhocail a dtagaimid orthu san aistriúchán ar *David Copperfield*. Leis sin a dhéanamh, bhí orainn sainmhíniú éigin a fháil ar bhunamar ár roghnú air. Is amhlaidh atá an scéal anseo agus muid ag caint ar na samhlacha sa saothar céanna. Cad atá i gceist againn nuair a labhramid faoi shamhlacha na Gaeilge? Tá saothar Ailbhe Uí Chorráin in úsáid agam athuair le teacht ar fhreagra éigin ar an gceist seo. Arís eile, baineann sé leis an ‘idiomatic expression’, a bhfuil cur síos le fáil air sa chaibidil roimhe seo, sa mhéid is go mbaineann ciall faoi leith leis na samhlacha sa Ghaeilge nach mbaineann leis na focail chéanna sa riocht céanna agus iad aistrithe go teangacha eile. ‘Fixed similes’¹ a thugann Ó Corráin ar an gcineál ráitis atá anseo thíos, ina bhfuil aidiacht in úsáid le comparáid éigin a chur in iúl. Tugann foclóir Oxford an míniú ‘a comparison of one thing with another, esp. as an ornament in poetry or rhetoric’², agus i bhfoclóir Cambridge, ansin, tá ‘the use of an expression comparing one thing with another; the use of ‘as’ or ‘like’.’³

Tá raidhse samhlacha le fáil sa Ghaeilge, agus, i saothar seo an Ruadhánaigh tagaimid ar ábhar maith díobh. Díreach mar a bhí an scéal i leith na seanfhocal, tá cuid de na samhlacha ina n-aistriúcháin ar shamhlacha an Bhéarla, ach tá cuid eile fós agus iad ag freagairt do ghnáth-theanga sa bhunsaothar. Tagaimid ar shamplaí eile, ansin, agus iad ina samhlacha ar thaobh an Bhéarla ach go bhfuil siad ar iarraidh mar shamhlacha ag an Ruadhánach. Sa chaibidil seo a leanas tá fúm na gnéithe siúd den aistriúchán ar *David Copperfield* a phlé.

¹ Ó Corráin, Ailbhe. *A Concordance of Idiomatic Expressions in the Writings of Séamus Ó Grianna*, Queen’s University, Belfast, 1989 (lch. x).

² *Oxford English Dictionary*, Oxford University Press, 2nd Edition, 1989.

³ *Cambridge International English Dictionary*, Cambridge University Press, 2001.

Is léir go mbaineann an chuid is mó de na samhlacha in *David Copperfield* leis na dathanna. I gcás bán, tá cúpla cinn éagsúla in úsáid ag an Ruadhánach. Faightear samhlacha curtha isteach aige ag tagairt don dath é féin, nó d'aghaidh duine éigin agus eagla nó buaireamh air/uirthi. Ceann de na rudaí is suntasaí faoin sampla seo thíos ná an chaoi go bhfreagraíonn leaganacha difriúla sa Bhéarla d'aon nath amháin sa Ghaeilge. Is comhartha sin den chumas a bhí ag an aistritheoir an teanga a láimhseáil cibé ar bith bealach a bhí uaidh – cumas atá feicthe againn go minic cheana. Seo a leanas na samplaí as an mBéarla a fhreagraíonn do 'chomh bán le páipéar' sa Ghaeilge;

1) “Céard adéarfá leis? Tá athair agat.” Chritheas agus d'éirigheas *chomh bán le páipéar*. (DCG 54)

“What do you think? You have got a Pa!” I trembled and turned *white*. (DCB 46)

2) Támuid in ár madaidh bheaga chomh sclábhanta sin go ndéanamuid gáire agus ár n-aghaidh *chomh bán le páipéar*. (DCG 111)

Miserable little dogs, we laugh, with our visages *as white as ashes*. (DCB 84)

3) Bhreathnuigheamar ar a chéile, agus thugas fá deara go raibh sé *chomh bán le páipéar*, gídh go raibh sé ag cur na súl thríom. (DCG 390)

As our looks met, I observed that he was *pale* even to his lips, though he looked very steadily at me. (DCB 271)

4) Mr. Peggotty agus a bheist stróicthe ó chéile aige, an ghruag stocach, a aghaidh agus a phuisíní *chomh bán le páipéar*, fuil ag silt síos a bhrollach (as a bhéal a thainig sí, sílim) agus e ina stán ag breathnú orm-sa. (DCG 540)

Mr Peggotty, with his vest torn open, his hair wild, his face and lips *quite white*, and blood trickling down his bosom (it had sprung from his mouth, I think), looked fixedly at me. (DCB 372)

5) Foscladh an doras agus isteach le Úna go foiriseal agus í *chomh bán le páipéar*, chuir a lámh thart ar a mhuinéal, agus dubhairt go staidéarach, “A athair, nílir ar foghnámh. Tar liom-sa!” (DCG 690)

The door opened, and Agnes, *without a vestige of colour in her face*, put her arm round his neck, and steadily said, “Papa, you are not well. Come with me.” (DCB 475)

6) Leag sí a lámh ar a righ, go h-agarthach, le cosc a chur air; agus í *chomh bán le páipéar*. (DCG 1006)

She had put her hand entreatingly on his arm, to stop him; and was *very, very pale*. (DCB 687)

Seachas an t-aon cheann amháin ‘as white as ashes’ níl ceann ar bith de na samhlacha úd bunaithe ar shamhail sa Bhéarla. Agus sin ráite, níl sé ró-shoiléir fiú cad é an ceangal idir ‘as white as ashes’ agus ‘chomh bán le páipéar’ (nó fiú cad é an ceangal idir ‘white’ agus ‘ashes’ ar thaobh an Bhéarla). Ach sin díreach an pointe a ardaíodh ag tús na caibidle seo, .i. ní fhéadfaimid samhlacha na Gaeilge (nó an Bhéarla) a aistriú go díreach go teanga éigin eile.

Maidir le dearg, ansin, feicimid go bhfuil dhá shamhail éagsúla úsáidte ag an aistritheoir. Is dócha go raibh uaidh idirdhealú idir na nathanna Béarla a thaispeáint, idirdhealú a bheadh faoi cheilt dá mbeadh an tsamhail chéanna in úsáid le haghaidh na samplaí ar fad. Tá ceann faoi leith díobh ar a bhfuil cuma ábhairín ait ar thaobh na Gaeilge, áfach. Is é sin an ceann atá ina aistriúchán ar ‘as red as could be’ (DCB 413). D’fhéadfaimis smaoineamh ar roinnt leaganacha éagsúla don cheann seo. Fiú dá mba rud é go raibh samhail de dhíth, tá ‘chomh dearg le fuil’ ann go forleathan. Ach, tá sé deacair oibriú amach cad as ar táinig an leagan atá roghnaithe ag an aistritheoir ‘chomh dearg le coileach Franncach’ (DCG 600). Mar a tharlaíonn, tá tagairt déanta ag an Ruadhánach don ‘choileach

Franncach' arís in aistriúchán eile dá chuid – *Mé Féin is M'asal* – ‘Las an seansaighdiúr suas mar bhéadh coileach Franncach ann.’⁴ Is léir ó chomhthéacs na habairte go raibh an t-ábhar céanna faoi chaibidil sa dá shampla, ach ní thugann sin leid ar bith dúinn faoi chúlra an natha.

Agus muid ar ábhar an deirg, feicimid go raibh samhail eile in úsáid níos luaithe sa saothar – ‘chomh dearg le h-aithinne’ (DCG 172). Freagraíonn sin do ‘a burning red’ (DCB 125) sa Bhéarla, agus cur síos á dhéanamh ag an údar ar aghaidh Ham agus an duine sin ag caint faoi Emily bheag. Tagaimid ar an tsamhail chéanna san úrscéal de chuid an Ruadhánaigh, *Pádhraic Mháire Bhán* – ‘bhain stad dó tamaillín beag, agus dhearg sé chomh dearg leis an aithinne.’⁵ Feicimid arís eile gurbh é an t-ábhar céanna a bhí i gceist sa dá shampla – cúis náire á léiriú.

Agus muid ar ábhar na ndathanna, feicimid go bhfuil samhail eile san aistriúchán le glas a chur in iúl. ‘Chomh glas le cuileann’ atá ag an aistritheoir ar ‘richly green’ (DCB 666) – ‘Bhí bun na sléibhte a bhí thart ar an ngleann a raibh an baile beag ann chomh glas le cuileann’ (DCG 974). Ba í an abairt ‘the bases of the mountains forming the gorge in which the little village lay, were richly green’ a bhí ag Dickens sa bhuntéacs. Is samhail í seo atá le fáil (i measc áiteanna eile) i bhfoclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill, áit ina luaitear ‘chomh glas le féar, le geamhar, le cuileann.’⁶ Is samhail í leis, a thagaimid uirthi sa chnuasach focail de chuid an Ruadhánaigh atá ar coimeád i gCartlann na

⁴ Ó Ruadháin, Seán. *Me Féin is M'asal*, Oifig Foillseacháin Rialtais, Baile Átha Cliath, 1937 (lch. 92).

⁵ Ó Ruadháin, Seán. *Pádhraic Mháire Bhán*, Oifig an tSolatháir, Baile Átha Cliath, 1994 (1932) (lch. 135).

⁶ *Foclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill*, faoin bhfocal ‘glas’.

gCanúintí.⁷ Ní don chéad uair tá sampla againn anseo de shamhail ar thaobh na Gaeilge, áit nach bhfuil samhail ag freagairt di sa bhuntéacs.

Is é dubh an chéad dath eile atá ina shamhail ag an aistritheoir, agus is é ‘chomh dubh le h-áirne’ (DCG 52) an ceann úd. Arís eile, tá sampla againn anseo den Ruadhánach agus é ag baint úsáide as samhail nuair nach raibh samhail ar thaobh an Bhéarla. Is éard a bhí le haistriú aige ná ‘if ever, in my life, I have had *a void made in my heart*, I had one made that day.’ (DCB 45). Ar thaobh na Gaeilge, is é a fhaighimid ag freagairt dó sin ná ‘agus má tharla rud ar bith ariamh a d’fhág mo chroidhe chomh dubh le h-áirne ba é an lá sin é.’ (DCG 52). Maidir leis an tsamhail í féin, níor éirigh liom teacht ar an bhfocal ‘áirne’ i bhfoclóir nua-aimseartha, ach tháinig mé air i bhfoclóir an Duinnínigh, agus na bríonna ‘sloe, sloe-tree, night watch, kidney (iol.)’⁸ leis. Is dócha gurb é ‘sloe’ an ceann a fhreagraíonn do nath seo an Ruadhánaigh. Cibé ar bith cúis a bhí leis, cailleadh an síneadh fada am éigin, agus is é ‘airne’ atá againne anois ar an gcaor úd. Seo ceann eile atá cláraithe ag an aistritheoir ina bhailiúchán féin. Agus, níorbh in an t-aon samhail amháin a bhí ar a eolas aige le dubh a chur in iúl. I saothair eile dá chuid tagaimid ar leaganacha ar nós ‘chomh dubh le pic’ (PMB 6) agus ‘chomh dubh le púca’ (MA 187).

Samhail atá úsáidte aige cúpla uair sa téacs ná an ceann úd ‘chomh geal le calóig’. Tá ‘as white as milk’ (DCB 36) agus ‘as white as if they were covered with fair linen’ (DCB 187) clúdaithe leis. ‘Bhí na ballaí aoluighthe, agus iad *chomh geal le callóig*,’ (DCG 40) ‘An dá chéim chloiche a bhí ag dul síos ón doras bhí said *chomh geal leis an gcalóig*.’ (DCG 265). An t-aon fhadhb amháin

⁷ Cnuasach B09, Cartlann na gCanúintí, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

⁸ Dinneen, Rev. Patrick S. *Foclóir Gaedhilge agus Béarla*, Irish Texts Society, Educational Company of Ireland, Ltd., 1927.

a d'fhéadfadh a bheith leis an tsamhail áirithe seo ná an easpa réiteachta idir na leaganacha Gaeilge ó thaobh na litrithe de. Toisc nach bhfuil ann ach 'calóg' amháin sa Ghaeilge, is léir gur sampla d'easpa airde an aistritheora nó an eagarthóra atá mar chúis den drochlitriú seo. Cuirtear neart leis an argóint seo sa chnuasach dá chuid, áit a bhfuil an tsamhail seo agus í litrithe le 'l' amháin.

Nuair a fheicimid ar an dá shampla den samhail 'chomh díreach le feagh' (mar atá sé ann inniu) atá san aistriúchán, ritheann sé linn go bhfuil an t-aistritheoir i ndiaidh botún a dhéanamh athuair ó thaobh litriú an fhocail de – 'd'éist m'aintín go han-aireach leis an óráid, í ina suidhe suas *chomh díreach le feigh*' (DCG 256), agus níos faide ar aghaidh – 'Tá m'aintín ann agus spéacláiri níos laidre uirthi, na ceithre scóir scoitthe aici, ach í *chomh díreach le feigh*' (DCG 1045). Níl i gceist leis an leagan 'feigh', áfach, ach leagan an tsean-tuisil tabharthaigh, a úsáideadh i ndiaidh na réamhfhocal simplí. Ba iad na nathanna 'sitting perfectly upright' (DCB 182) agus 'upright' (DCB 713) a bhí á n-aistriú ag an Ruadhánach leo siúd.

Níos luaithe sa téacs, bhí samhail eile in úsáid ag an aistritheoir le díri a chur in iúl. Ba é sin an ceann 'chomh díreach le h-ursa dorais' ('agus í ina seasamh i lár an tseomra *chomh díreach le h-ursa dorais*' DCG 26). I gcás na samhlach áirithe seo bhí sí ag freagairt do shamhail sa bhuntéacs – 'as stiff as a barrel' (DCB 27), rud, mar atá feicthe againn go minic cheana, nach bhfuil fíor i gcónaí.

Chonaiceamar níos luaithe gur bhain an t-aistritheoir úsáid as 'chomh geal le calóg', ach feicimid go raibh samhail eile aige leis, le geal a chur in iúl dúinn. D'aistrigh sé 'as pure as any snow that ever fell upon the hills' mar 'chomh geal le sneachta sléibhe'.

‘Na pánanna beaga aisteacha gloine, agus na fuinneoga beaga a bhí ní b’aistighe fós, gídh go raibh siad chomh sean leis an gceo, bhí said ar fad *chomh geal le sneachta sléibhe.*’ (DCG 265)

‘Quaint little panes of glass, and quainter little windows, though as old as the hills, were *as pure as any snow* that ever fell upon the hills.’ (DCB 187)

Feicimid dhá shamhail éagsúla luaite sa sliocht seo. Chomh maith leis an gceann úd ‘chomh geal le sneachta sléibhe’, tá ceann eile ann - ‘as old as the hills’. Air sin cuireadh ‘chomh sean leis an gceo’ – leagan eile atá le fáil sa chnuasach dá chuid i gCartlann na gCanúintí.

Má chaithimid súil ar na samhlacha eile sa téacs, feicimid go bhfuil cúpla ceann suimiúla ina measc siúd. Cé a chloisfeá choíche, i dteanga ar bith, caint ar cháil na gcoiníní de bharr a gciúineas? Shamhlófá luch a bheith ciúin, ach ní bhéinn chomh cinnte faoin gcoinín. Is léir, áfach, go raibh siad cloiste ag an aistritheoir in aon aonad amháin agus gur cheap sé gur fheil said go maith dá chéile. Tagaimid, mar sin, ar ‘the meekest of the meek’ (DCB 343) agus é aistrithe mar ‘chomh ciúin le coiníní’ (DCG 496)⁹.

D’úsáid an t-aistritheoir ceann deas snasta, ansin, agus é ag iarraidh Gaeilge a chur ar an mBéarla ‘extermely neat’ (DCB 333). I leaba úsáid a bhaint as an mír threise ‘an-’, shocraigh sé an tsamhail ‘chomh glan le criostal’ (DCG 481)¹⁰ a chur isteach. D’fhéadfá an pointe a argóint, áfach, nárbh é an chiall ‘glan’ a bhí leis an mBéarla, toisc nach ionann ‘clean’ agus ‘neat’ i gcónaí. Tá an tsamhail chéanna úsáidte ag an Ruadhánach athuair san aistriúchán a rinne sé ar shaothar Robert Louis Stevenson - *Mé Féin is M’asal* – ‘Agus mé sásta so-

⁹ ‘Measaim gur beag a chuirfeadh Steerforth é féin as dúinn dá dtigeadh sé, ach ar leagan d’fhabhra bhíomar chomh ciúin le coiníní i láthair an tseirbhísigh mheasamhla úd a bhí aige.’ (DCG 496).

mheanmnach mar seo liom féin rinneas mo bhealach síos an cnoc go dtí *Goudet* atá suidhte i gceann gleanna ghlais, *Chateau Beaufort* ar a aghaidh anonn ar aill charraigigh, an sruthán eatortha ina lochán domhain agus é chomh glan le criostal.’¹¹ Tagaimid uirthi ar a liosta féin chomh maith.

Samhail eile atá go deas, ná an ceann a chuir an t-aistritheoir ar an mBéarla ‘as gentle as any child’ (DCB 482). Is é sin, ‘chomh módhamhail le malrach’ (DCG 702). Ní fhéadfaimis a rá go cinntiúil an d’aon turas, nó an díreach comhtharlú atá ann, go bhfuil an uaim ann. Ach, pé scéal é, is cinnte go gcuireann sé go mór le dul na cainte. Tá sampla eile d’uaim le fáil sa tsamhail úd ‘chomh dall leis an daoi’ (DCG 739). Freagraíonn an ceann seo don Bhéarla ‘as blind as a brick-bat’ (DCB 508).¹² Cé go bhfuil sampla eile againn anseo de shamhail san aistriúchán agus í ag freagairt do shamhail sa bhuntéacs, is beag an gaol atá idir an dá leagan ó thaobh na bhfocal de. Ní hionann sin agus a rá, ar ndóigh, nach bhfuil an bhunbhrí chéanna leo.

Arís eile, sa tsamhail ‘chomh garbh le gráinneog mhara’ (DCG 376), tá cuid den uaim chéanna le cloisteáil. Níl mórán dabht sa chás seo, áfach, ach go raibh tionchar láidir ag an mBéarla ar aistriúchán an Ruadhánaigh. ‘As rough as a sea Porkypine’ (DCB 262) atá i leagan Dickens, caint a thagann ó bhéal Mr. Peggotty. Ba nath é, is dócha, nach raibh cur amach ró-fhorleathan ag an Ruadhánach air. Ní haon ionadh dá bharr, go bhfreagraíonn an Ghaeilge go dílis don bhunleagan. Is

¹⁰ ‘Bhí sé i dtaobh na sráide den teach, agus é chomh glan le criostal ach ar bheagán troscáin.’ (DCG 481).

¹¹ Ó Ruadháin, Seán. *Me Féin is M’asal*, Oifig Foillseacháin Rialtais, Baile Átha Cliath, 1937 (lch. 15).

¹² I gcás an Bhéarla, feicimid gur ‘bland’ atá curtha i mbéal Uriah in eagrán Penguin, ach is é ‘blind’ an bhrí atá leis an gcuid cainte céanna sa Ghaeilge. Cé go bhfuil an chuma ar an scéal ag an bpointe seo go bhfuil mithuisicint éigin déanta ag an Ruadhánach, is leis an leagan Béarla seo a bhaineann an botún. Má chaitimid súil ar leaganacha eile de shaothar seo Dickens, feicimid gur ‘blind as a brickbat’ seachas ‘bland’ atá le fáil iontu. [Dickens, Charles. *The Personal History of David Copperfield*, Oxford University Press, London, 1974 (lch. 619); Dickens, Charles. *David Copperfield*, Clarendon Press, Oxford, 1981 (lch. 529)].

léir go bhfuil an tsamhail áirithe ‘chomh daingean leis an gcarraig’ (DCG 486) bunaithe ar an mBéarla sa bhealach céanna. ‘Firm as a rock’ (DCB 336) an leagan atá i saothar Dickens. Tá an tríú samhail ann ar a bhfuil an dhílseacht chéanna don bhunteanga le feiscint. Sin an ceann ‘chomh so-scannruighthe le h-éan’ (DCG 679) a fhreagraíonn do ‘as easily scared as a bird’ (DCB 642) sa bhuntéacs.

‘Chomh réidh le peallaire’ (DCG 642) atá in úsáid ag an Ruadhánach mar aistriúchan ar an leagan Béarla ‘who could have taken him like a pill’ (DCB 442) – ‘While Jip remained behind, to bark injuriously at an immense butcher’s dog in the street, who could have taken him like a pill.’ Má chaithimid súil ar an ngiota iomlán ar thaobh na Gaeilge feicimid gur éirigh go maith leis an Ruadhánach agus an giota idir lámha aige – ‘Agus d’fhan Jip ina diaidh ag tafann go fíochmhar ar mhadadh mór millteach búistéara a bhí ar an tsráid – madadh a shluigfeadh é chomh réidh le peallaire.’¹³

Tagaimid ar an tsamhail ‘chomh lom le croidhe do bhoise’ sa dá shaothar *David Copperfield* agus *Pádhraic Mháire Bhán* araon. I gcás an aistriúcháin, freagraíonn sé don Bhéarla ‘no more hair upon his head than there is upon an egg’ (DCB 137)¹⁴. Tá an t-ábhar céanna i gceist sa dá shampla éagsúla. In *Pádhraic Mháire Bhán* is í ‘ghnítí a lán gáire faoi seo, mar go raibh mullach Maidhc chomh lom le croí do bhoise’¹⁵ an abairt ina bhfuil fáil air. Agus, seo againn arís samhail atá le fáil i mbailiúchán na Cartlainne.

B’fhéidir, ar an ábhar sin, go bhfuil sé ait nár bhain an Ruadhánach úsáid as an gceann céanna agus ‘as bald as a friar’ (DCB 276) á aistriú aige. Ach, má fhéachaimid ar an bhfocal ‘lom’ agus an bhunbhrí atá leis, tuigimid nach

¹³ Is dócha gur leagan den fhocal ‘piollaire’ atá i gceist le ‘peallaire’.

¹⁴ ‘An ceann mór soillseach a bhí air bhí sé chomh lom le croidhe do bhoise.’ (DCG 190).

¹⁵ Ó Ruadháin, Seán. *Pádhraic Mháire Bhán*, Oifig an tSolatháir, Baile Átha Cliath, 1994 (1932) (Ich. 131).

bhféadfadh sé ‘chomh lom le manach’ a chur air i ndáiríre, sa mhéid is go gciallaíonn ‘lom’ ‘bare’¹⁶ seachas ‘bald’. Is dócha gur de bharr sin a shocraigh sé úsáid a bhaint as ‘chomh maol le manach.’¹⁷

Samhail nach bhfuil a blas le fáil sa Bhéarla ná an ceann úd ‘chomh richte le dorugha’ (DCG 8). ‘With a fell rigidity of figure’ (DCB 15) an leagan de i saothar Dickens – ‘she came walking up to the door *with a fell rigidity of figure* and composure of countenance that could have belonged to nobody else’; ‘shuibhail sise aníos go dtí an doras *chomh richte le dorugha*, agus í chomh dúismeanta sin fá n-a h-aghaidh narbh fhéidir ceapadh gurbh í a h-athrú a bhí ann.’ Is deise agus is soiléire leagan an Ruadhánaigh ná leagan an bhunsaothair.

Tá an tsamhail ‘chomh mór le chéile le dhá chloigeann capaill’ le fáil i dtéacs seo an Ruadhánaigh faoi thrí, ar a laghad. Ach an ionann an leagan Béarla sna habairtí a bhfreagraíonn dóibh, .i. tá an tsamhail chéanna in úsáid ar thaobh na Gaeilge ach an bhfuil an t-aon abairt Bhéarla chéanna in úsáid chomh maith? Is é an chéad sampla atá againn ná ‘Mr. Dick and I soon became the best of friends’ (DCB 185) [‘Ba ghearr go rabhas féin agus Mr. Dick chomh mór le chéile le dhá chloigeann capaill’ (DCG 262)]. An dara ceann ansin, ‘He received us cordially, and made friends with Mr. Dick in a moment.’ (DCB 433) [‘Chuir sé fearadh na fíor-chaoin fáilte romhainn, agus ar leagan do shúl bhí se féin agus Mr. Dick chomh mór le chéile le dhá chloigeann capaill.’ (DCG 628)]. Agus an ceann deireanach, ‘We all entered warmly into these views; and I may mention at once, that the principals themselves did so, shortly afterwards, with perfect goodwill and harmony.’ (DCB 637) [‘Mholamar ar fad an chomhairle sin, agus níor

¹⁶ Ciallaíonn sé ‘thin’ chomh maith, ach ní fheilfeadh sin don aistriúchán bealach amháin nó bealach eile.

¹⁷ ‘Bheitheá chomh maol le manach ar mhullach do chinn taobh istigh de bhliadhain marach mise.’ (DCG 398).

thaise leis an mbeirt aca-san é tamall ina dhiaidh sin, agus bhíodar chomh mór le chéile le dhá chloigeann capaill.’ (DCG 931)]. Maidir leis an gcéad dá cheann, is léir go bhfeileann an t-aon abairt Ghaeilge amháin dóibh araon. Ach, bheinn in amhras faoina hoiriúnacht i gcás an tríú ceann. Is beag an ceangal, i ndáiríre, atá idir an ceann seo agus an péire eile ar thaobh an Bhéarla. Níos mó ná rud ar bith eile, bheadh ceist agam faoin iarracht atá déanta ag an Ruadhánach bunbhrí na habairte a thabhairt leis. Sa bhuntéacs, tá sé intuigthe gur ghlac na daoine eile leis na tuairimí áirithe ach, i gcás na Gaeilge, tá an chuma ar an scéal go bhfuil na daoine eile breá sásta lena chéile, seachas leis na tuairimí.

Tá sampla sa téacs Béarla ina bhfuil dhá shamhail úsáidte in aon abairt amháin. Sin an abairt ‘He was but a poor man himself, said Peggotty, but *as good as gold and as true as steel* – those were her similes.’ (DCB 39). Ar thaobh na Gaeilge, ansin, feicimid, ar an gcéad dul síos, gur bhain an t-aistritheoir úsáid as an insint dhíreach, áit nach bhfuil ach aithris á déanamh ar chaint Pheggotty sa bhuntéacs. Feicimid, leis, nach bhfuil ach samhail amháin úsáidte sa Ghaeilge in ionad dhá cheann an Bhéarla, agus nach bhfuil tagairt ar bith déanta do dheireadh na habairte ‘those were her similes’. ‘Ní raibh ann ach fear bocht é féin,’ arsa Peggotty, ‘ach go mba é croidhe na féile é agus go raibh sé *chomh cneasta leis an uibh*.’ (DCG 43). Maidir leis an tsamhail áirithe seo – ‘chomh cneasta leis an uibh’ – is ceann í a d’aimsigh mé sa chnuasach úd *Seanfhocail Uladh*, agus i mbailiúchán an aistritheora.¹⁸

Tá ‘chomh éadtrom le sop’ (DCG 874) úsáidte ag an Ruadhánach mar aistriúchán ar shamhail úd an Bhéarla ‘as light as a feather’ (DCB 598). Sa mhéid is go gciallaíonn ‘sop’ beart cocháin is leagan é atá feiliúnach go maith.

¹⁸ Sa chnuasach úd, tagaimid ar an gceann seo scríofa mar ‘chomh cneasta leis an uibh (a bhfuil a dhá cheann dúinte).’

Tá an leagan céanna ag de Bhaldraithe agus an t-aistriú céanna leis¹⁹, ach ag an Dónallach, ansin, feicimid gur ‘chomh héadrom le cleite’ atá aigesean – leagan a fhréamhaigh ón mBéarla, b’fhéidir?

Bhain Dickens úsáid as an tsamhail ‘as sulky as a bear’ (DCB 107) agus Miss Murdstone ag tagairt do phearsantacht David. Ar thaobh na Gaeilge, ansin, feicimid gur chloígh an Ruadhánach le múnla na samhlach agus ‘chomh gruamdha le beithir’ (DCG 144) mar aistriúchán aige. An bhfuil sampla eile againn anseo, áfach, den aistritheoir agus é ar scáth an bhunleagain?

I measc na samhlacha eile a fhaighimid i nGaeilge *David Copperfield*, tá cúpla cinn suimiúla iontu. Mar a chonaiceamar agus teanga Bhetsey Trotwood á plé againn sa chaibidil ar ‘Béarla *David Copperfield*’, rinne an Ruadhánach faillí éigin i mBéarla na mná agus an tsamhail ‘as sharp as a surgeon’s lancet’ (DCB 167) á aistriú aige. ‘Chomh géar leis an rásúir’ (DCG 234) atá san aistriúchán (agus atá le fáil i mbailiúchán Chartlann na gCanúintí) - caint nach bhfreagraíonn go hiomlán dá carachtar.

‘Chomh fuar leis an éag’ (DCG 813) a socraíodh mar aistriúchán ar ‘deadly cold’ (DCB 557). In ainneoin go gciallaíonn siad an rud céanna, tá neart sa bhreis sa leagan Gaeilge nach bhfuil le fáil ar thaobh an Bhéarla. I gcás na samhach ‘as dry as a chip’ (DCB 370) ansin, aistríodh é mar ‘chomh tirm le spunc’ (DCG 536). Ciallaíonn an focal ‘spunc’²⁰ ‘tinder’, rud a fheileann go maith do bhun-nath an Bhéarla. Maidir le litriú an fhocail ‘tirm’, áfach, ardaítear an cheist faoi chúis an litrithe sin. An é gur rud canúna atá ann, nó, díreach an é go ndearnadh botún ó thaobh cúrsaí litrithe de? Má fhéachaimid ar an gcnuasach a chuir an Ruadhánach le chéile, áfach, tagaimid ar nath a thugann le fios dúinn

¹⁹ Ach amháin gur ‘chomh héadrom le sop’ atá aige.

²⁰ Spunc = sponc (FGB).

gurbh in an bealach inar litrigh eisean an focal seo – ‘ní raibh snáithe *tirm* ar a chorp’ (atá mínithe aige mar ‘bhí sé fliuch báithte).

Ó thaobh na teanga de, is deas an leagan a chuir an Ruadhánach ar an nath ‘as natural and rational as ever breathed’ (DCB 231). Is é sin ‘chomh cóir feileamhnach agus a bhris an t-arán ariamh’ (DCG 330). An t-aon fhadhb amháin a d’fhéadfadh a bheith sa mhéid seo ná an té atá á rá. Is i mbéal Bhetsey Trotwood a cuireadh é – sampla eile den easpa oiriúnachta ina cuid cainte san aistriúchán?

Sampla eile atá fíor-shuimiúil ná an ceann úd ‘chomh cinnte is atá an ionga ar an ordóig’ (DCG 907). Tá sé suimiúil mar nath ann féin, ach nuair a fhéachaimid ar an rud atá ag Dickens sa bhuntéacs cuirtear neart leis an éifeacht a bhaineann leis – ‘it is as certain as death’ (DCB 621). Ar a laghad ar bith, ní bheadh neart ag an argóint a ndéarfadh go raibh an Ruadhánach go mór faoi thionchar an bhunsaothair i gcás na habairte áirithe seo. Tá liosta tugtha ag Ó Dónaill de shamhlacha a thosaíonn leis an bhfoirmle ‘chomh cinnte is’ [‘chomh cinnte is atá tú beo, grian ar an aer, méara ort, cluas ar do leiceann, gob ar phréachán, púdar i nDoire, an Cháisc ar an Domhnach!’²¹] ach níl ceann áirithe seo an Ruadhánaigh ina measc siúd. Fiú, ina chnuasach féin níl teacht ar an gceann seo, cé go bhfuil ceann atá gaolta leis ann – ‘chomh cinnte is atá méar choise nó láimhe orm’. Níos luaithe sa saothar, faightear nath eile den mhúnla céanna in úsáid ar thaobh na Gaeilge. Is é sin an ceann ‘chomh cinnte is go bhfuil gob ar ghandal’ (DCG 244), a fhreagraíonn do ‘I can tell you!’²² (DCB 173) sa bhuntéacs. Is dócha gur fhréamhaigh an leagan áirithe seo, agus an ceann úd i

²¹ *Foclóir Uí Dhónaill*, faoin bhfocal ‘cinnte’.

²² Tá plé déanta ar an nath áirithe seo sa chaibidil ar ‘Béarla *David Copperfield*’ sa mhéid is gur sampla atá ann den easpa oiriúnachta maidir le caint Bhetsey Trotwood san aistriúchán.

bhfoclóir an Dónallaigh – ‘chomh cinnte is go bhfuil gob ar phréachán’, ón nath céanna²³. Tá ceann de na samplaí eile as an bhfoclóir le fáil i riocht éigin san aistriúchán chomh maith. Is é sin an ceann ‘chomh cinnte is atá an Cháisc ar an Domhnach!’, atá ag an Ruadhánach mar ‘níor dhóiche-de an Cháisc a bheith ar an Domhnach ná go raibh...’²⁴. Tá an chuma ar an scéal go raibh cur amach níos fearr ag an aistritheoir ar an gceann seo ná mar a bhí ar leagan ar bith eile, sa mhéid is go bhfuil sé úsáidte aige i saothair eile dá chuid leis. Feicimid arís eile go bhfuil an nath seo cláraithe ag an aistritheora sa liosta dá chuid.

Tá sé feicthe againn tríd síos gur bhain an Ruadhánach úsáid as seift na samhlach ina aistriúchán, go minic amanna nuair nach raibh a chomh-mhúnla sa bhuntéacs. Tá an mhalairt le fáil ann chomh maith, .i. anois is arís tagaimid ar shamhail atá in úsáid ar thaobh an Bhéarla nach bhfuil atáirgeadh sa Ghaeilge. Seo díreach roinnt samplaí dá leithéid – aistríodh ‘I am *as proud as Punch* to think that I once had the honour of being connected with your family’ (DCB 599) mar ‘geallaim duit go *mborrann mo chroidhe le bród* nuair a smaoinim go raibh sé d’onóir agam roinn a bheith agam leis an dream dár díobh thú, tráth’ (DCG 875). ‘As happy as the week was long’ (DCB 496), atá mar ‘ar ár sáimhín suilt’ (DCG 722) san aistriúchán. I gcás ‘as poor as Job’ (DCB 82), ansin, is é a fhaighimid ar thaobh na Gaeilge ná ‘i dtuilleamhaidhe na déirce’ (DCG 107). ‘I want our pet to like me, and be *as gay as a butterfly*’ (DCB 523). ‘Ba mhaith liom go dtaitheochainn le nár bpeata, agus *go mbéadh saoghal suairc aici*’ (DCG 762). In ainneoin nár bhain an Ruadhánach úsáid as samhlacha le samhlacha siúd an Bhéarla a aistriú, bheadh sé deacair a rá go bhfuil faillí déanta

²³ Cé nach dtagaimid ar leagan seo an Ruadhánaigh ina liosta féin, tagaimid ar leagan Uí Dhónaill ann.

²⁴ Tá dhá shampla den nath seo le fáil sa leabhar Gaeilge – lch. 941 & 1017 (a fhreagraíonn do lch. 643 & 694 sa Bhéarla).

aige ar aon ghné den chaint. Feicimid mórán an rud céanna maidir leis an leagan ‘*fáilte agus fiche*’ atá úsáidte, i measc bríonna eile, leis an mBéarla ‘*as welcome as a queen*’ (DCB 101) a aistriú.²⁵ I ndáiríre, ní bheadh éifeacht pioc níos fearr ar an nath seo dá mbeadh sé aistrithe go dílis ó thaobh chruth na teanga de. Tá ‘*fáilte agus fiche*’ bunaithe sa chaint go nádúrtha, rud nach bhféadfaimis a rá i gcás nath a bheadh den chruth ‘chomh fáilte le...’

Tá dhá shampla eile den chineál céanna le fáil sa bhuntéacs – ‘*as mute as a mouse*’ (DCB 82), agus ‘*as brave as a lion*’ (DCB 174). Sa mhéid is gur chinn iad atá seanbhunaithe sa Bhéarla tá sé ábhairín ait nach bhfuil leaganacha den chineál céanna le fáil ar thaobh na Gaeilge. Sa dá chás araon, cé gur thóg an t-aistritheoir an bhunbhrí leis, níor thóg sé an múnla, .i. níl siad ina samhla sa aistriúchán. ‘Chuir sin mo bhricfosta i gcuimhne dhom, agus ‘My Charley!’ mar cheapas a chualas, ach is áthas liom a rádh gur cuimhin liom gur *choinnigheas agam féin é*’ (DCG 107). ‘Tá sé agat! Sin é go díreach an sórt duine é. Tá sé *chomh cródha le n-a bhfaca tú ariamh*, agus ní fhéadfainn a innseas duit a shochroidhighe is atá sé, a Mhr. Peggotty.’ (DCG 174).

Ní gá go mbeadh an focal ‘chomh’ in úsáid le samhail a bheith i gceist. Tá an feidhm chéanna ag an bhfocal ‘mar’ má tá sé in úsáid sa chomhthéacs ceart. Seo a leanas díreach sampla dá leithéid atá sa téacs – ‘wasting and wearing’ an rud a bhí le haistriú [‘Don’t *you* see a wasting and a wearing in him, Miss Wickfield?’ inquired Mrs. Heep(DCB 468)]. Agus ba ‘ag imtheacht **mar** an t-im ar an gcam’ an t-aistriú a rinneadh air.²⁶ [‘Nach dtugann tusa fá deara an chaoi a bhfuil sé ag imtheacht mar an t-im ar an gcam, a Mhiss Wickfield?’ arsa

²⁵ ‘Agus, a Pheggotty,’ arsa mise, ‘beidh áthas orm thú a fheiceál agus beidh fáilte agus fiche romhat.’ (DCG 136).

²⁶ Tagaimid ar an nath seo sa bhailiúchan de chuid an Ruadhánaigh agus é mar ‘leág siad mar leághfadh an t-im ar an gcam’ – atá mínithe aige mar ‘fuair siad bás).

Mrs. Heep (DCG 681)]. Caithfimid an cheist a ardú anseo, áfach, faoi bhrí an natha Gaeilge, agus faoina oiriúnacht don chomhthéacs. Má fhéachaimid ar an míniú a thugann *Foclóir Uí Dhónaill* dúinn, tá ciall leis nach réitíonn le ciall an Bhéarla – ‘tá an t-im tríd an mbrachán agat: you have made a hash of it.’²⁷

Ceann suimiúil eile is é an ceann úd ‘ag fanacht **mar** bhéadh cat ag faire luchóige’ (DCG 68). Ag tagairt do Mhiss Murdstone a bhí an ráiteas seo, ráiteas atá i bhfad Éireann níos éifeachtaí ná an Béarla ‘lying in wait’ (DCB 55). Sampla eile a fhaighimid i saothar an Ruadhánaigh ansin, ná ‘bhorr se **mar** bhéadh an t-éan gé ann’ (DCG 824), atá ina aistriúchán ar ‘he grew like scarlet beans’ (DCG 565)²⁸, agus a bhfuil fáil air i gcnuasach Chartlann na gCanúintí agus ‘ag fás go tapaidh’ tugtha mar mhíniú dúinn.

Ach, díreach mar a chonaiceamar agus muid ag caint ar na samhlacha sa dá théacs, tá roinnt samplaí den chineál seo ar thaobh an Bhéarla, agus an focal ‘like’ seachas ‘as’ in úsáid, nár aistríodh ina meafair sa Ghaeilge. Tá díreach sampla amháin dá leithéid le fáil i samhail an bhunsaothair ‘swelling **like** a rolling snowball’ (DCB 55), atá mar ‘ag borradh go biseamhail’ (DCG 68) i leagan an Ruadhánaigh.

Ón méid seo thuas, tá sé rí-léir go raibh an-dúil ag an Ruadhánach i samhlacha, agus gur theastaigh uaidh cuid den réimse díobh a bhí ar a eolas aige a thaispeáint. D’éirigh go geal leis brí an Bhéarla a atáirgeadh tríothu – ní hamháin i gcásanna ina raibh samlacha le haistriú, ach i gcásanna eile inar shocraigh seisean samhail a chur ar ráiteas nach raibh mar sin sa bhunsaothar. Is

²⁷ *Foclóir Uí Dhónaill*, faoin bhfocal ‘brachán’.

²⁸ ‘Bhí sé annsin fá mo shúile ag fás, (agus bhorr sé mar bheadh an t-éan gé ann) agus innidhe an domhain orm fán am a dtoiseochadh sé ghá bharradh féin – seadh agus fán am a mbéadh sé críon liath.’

rud í an tsamhail atá go forleathan i gcaint agus i litríocht na Gaeilge, agus is rud í, leis, atá le fáil go líonmhar i saothair uilig an Ruadhánaigh.²⁹

²⁹ Sna hagusiní ag deireadh an tsaothair seo tá liosta de na samhlacha atá úsáidte ag an Ruadhánach ina chuid leabhar éagsúil.

Caibidil a Deich:

Nathanna na Gaeilge in *David Copperfield*

Sa chuid seo a leanas, tá iarracht déanta ar bhlas den saibhreas Gaeilge a fhaightear san aistriúchán a rinneadh ar *David Copperfield* a thaispeáint. Is é atá i gceist agam le nathanna na Gaeilge ná leaganacha cainte faoi leith a bhfuil blas dúchasach orthu. An cineál ruda atá i gceist le míniú an fhoclóra Oxford ar an bhfocal ‘phrase’ –

Manner or style of expression, esp. that peculiar to a language, author, literary work, etc.; characteristic mode of expression; diction, phraseology, language.¹

Is i bhfoirm liosta atá na cora cainte agus na nathanna. Tá an liosta leagtha amach mar atá ionas go bhfeicimid an chaoi in ar éirigh le Seán Ó Ruadháin an téacs Béarla a aistriú agus é gan a bheith ró-dhílis don bhunsaothar. Thóg sé leis ciall na cainte ach gur chuir sé culaith na Gaeilge nádúrtha uirthi. Mar is léir ón liosta, tá ardsuibhreas teanga á chaomhnú ina leithéid seo de shaothar.

Tá na nathanna ar fad cláraithe faoi cheannfhocal éigin – ceannfhocail atá bunaithe ar na cinn atá úsáidte ag an Ruadhánach sa bhailiúchán focal a chuir sé le chéile idir 1961 agus 1966, agus atá anois ar coimeád i gCartlann na gCanúintí, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.² Faoin gceannfhocal, ansin, tá an nath Gaeilge agus an Béarla a bhfreagraíonn sé dó. Faoi sin arís, tugtar abairt/ comhthéacs iomlán na Gaeilge le húsáid cheart an fhocail/ natha a léiriú. Má tá thar aon chiall nó úsáid amháin leis an bhfocal áirithe, tá samplaí dóibh siúd tugtha. Más rud é gur thug an Ruadhánach míniú ar aon cheann de na focail,

¹*Oxford English Dictionary*, Oxford University Press, 2nd Edition, 1989.

² Tá trí chuid leis an gcnuasach úd - A01 agus A19 atá i bhfoirm cártaí, agus B09 atá i bhfoirm chóipleabhar.

tá sin le fáil idir lúibíní cearnógacha ag an mbun. Ciallaíonn na réiltíní ag an taobh go bhfuil an focal/ nath áirithe sin ar liosta Chartlann na gCanúintí. I gcás ar bith ina bhfuil leagan eile le fáil i bhfoclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill (bíodh go bhfuil litriú caighdeánach nó litriú eile ar fad i gceist) tá sin le fáil díreach faoin gceannfhocal nó faoin leagan cainte lena mbaineann sé, agus FGB luaite lena ais.

I roinnt cásanna, bhí deacracht agam an sliocht Béarla a bhfreagraíonn don Ghaeilge a aimsiú. Is é sin le rá, corruair gur chuir an Ruadhánach focail sa bhreis sa leagan Gaeilge, ar mhaithe le soiléireacht, a d'fheil go maith don Bhéarla, ach nach raibh a gcomhfhocail le fáil sa bhuntéacs. Sna cásanna siúd chuir mé breis den abairt Bhéarla thíos leis an gcomhthéacs a shoiléiriú. Arís eile, baineann seo leis an rud a chonaiceamar agus muid ag caint ar na seanfhocail agus na samhlacha sa téacs, .i. rud uathúil atá i ngach teanga agus ní fhéadfeadh aistriitheoir gnéithe ó theanga amháin a aistriú focal ar fhocal go teanga eile, agus tá rudaí fiú atá do-aistrithe. B'éigean dó, amanna, cur leis an téacs nó bain de, leis an scéal a shoiléiriú don spriocléitheoir agus le teanga an spriocléitheora a úsáid.

***Adhastar**

Bhéarfadh adhastar sneachta annseo iad

They would come fast enough (DCB 298)

“Ó, bhéarfadh adhastar sneachta annseo iad,” arsa Steerforth, “ach go mbéamuis ag cur as duit.” (DCG 429)

***Rith ar chois an adhastair**

(rith ar chos in adhastar – FGB)

Ligean duit rith ar chois an adhastair

Abandon you to your deserts (DCB 562)

“Níl bealach ar bith agam le do chroitheadh dhíom ach leigean duit rith ar chois an adhastair.” (DCG 820)

[Le duine a bhéadh ag dul i gcontabhuirt]

Aer

Níl a fhios agam ó thalamh go h-aer

I have not the least notion (DCB 122)

Níl a fhios agam ó thalamh go h-aer cé dhó a raibh sé ag déanamh na gcomharthaí nó cén chiall a bhí aige leo. (DCG 167)

[Féach leis (DCB 139, DCG 192) (DCB 337, DCG 487) (DCB 456, DCG 663) (DCB 489, DCG 711) (DCB 521, DCG 759-60)]

***Áilne na Gréine**

(áille - FGB)

Ba í Áilne na Gréine í

She was like sunshine (DCB 510)

Do réir mar bhí an t-athrú seo ag teacht ar Annie, i leabaidh a chéile, bhí cuma na h-aoise ag teacht ar an Dochtúr agus é ag éirghe ní ba sollamhanta, mar go raibh Annie tráth agus ba í Áilne na Gréine ar fud an tige í. (DCG 743)

Mar a bhéadh Áilne na Gréine ann

A blaze of beauty (DCB 228)

Thugas m’aghaidh ar an teach draoidheachta agus bhí sin ann soillse agus cabaireacht, ceol agus blátha, agus oifigigh (mó bhrón!) agus an Miss Larkins ba sin mar bhéadh Áilne na Gréine ann. (DCG 326)

[Cinn Dia léi]

***Ainnir**

Áluinn an ainnir

(The eldest is) a beauty (DCB 405)

“An í ise is sine?” arsa mise. “Ó, ní hí, leoga,” arsa Traddles. “Is áluinn an ainnir an bhean is sine.” (DCG 588)

Airc

Na huirc is na hairc a ghealladh do...

We threw out lures (DCB 461)/ Making the wildest promises (DCB 619)

Theastuigh gnó ar bog nó ar cruaidh ó’n teach s’agaim (sic.) fá’n am seo, agus bhuaileamar isteach leis an druinge uasail seo agus gheallamar na h-uirc is na hairc do leitiméaraí agus do dhaoine taobh amuigh ach a ngnó a thabhairt dúinne. (DCG 671)

Le cúpla móiméad roimhe sin bhí Mrs. Heep ag agairt ar an mac a bheith umhal, agus í ag dul ar a glúna os comhair gach duine againn i ndiaidh a chéile, agus na huirc is na hairc dá ngealladh aici. (DCG 905)

***Áirde**

Cur ar a thar in áirde é

Upset him (DCB 699)

“Isteach léi de rith idir a dha chois nó gur chuir ar a thar in airde é, agus annsin choinnigh greim an fhir bháidhte air.” (DCG 1023)

Alt

Níor chuimhnigh alt ina mhuinéal air ariamh

He had never thought of it in his life (DCB 623)

Ba é mo bharamhail láidir féin nár chuimhnigh alt ina mhuinéal air ariamh. (DCG 910)

Am

In am agus in an-tráth

All times and seasons (DCB 377)/ At extraordinary times (DCB 494)

“Mar atá a fhios agat, a Dhomhnaill béadh annseo in am agus in an-tráth, agus béidh gach rud mar ba mhian leat.” (DCG 547-8)

Tá a fhios agam gur mhór a ghoilleadh sé ar aintíní Dora nach raibh beann ag m’aintín-se ar chóistí ná ar státamhlacht, agus go mbuailfeadh sí isteach chuca in am agus in an-tráth de shiubhal a cos, b’fhéidir go díreach tar éis an bhricfosta nó roimh an tae. (DCG 719)

In am nó in an-tráth

Never (DCB 528)

Ach níor dhearmadas an impidhe sin i n-am nó in an-tráth. (DCG 769)

Amhas

Amhas gan truaighe gan taise

A remorseless brute and a ruthless beast (DCB 445)

Thoisigheas ag strachailt mo chuid gruaige. Dubhras go mba amhas gan truaighe gan taise a bhí ionnam. (DCG 646)

Amhlaidh

Bíodh amhlaidh

So be it (DCB 658)

“Má thuigeann mo mhuinntear-sa anois féin céard a bhíodar a chur as dóibh féin san am a caitheadh, agus más maith leo mórtas a dhéanamh anois, is fearr glacadh leis.” “Bíodh amhlaidh, a rúin,” ar seisean. (DCG 962)

***Anonn**

Anonn agus anall

All at sixes and sevens (DCB 526)/ To and fro (DCB 646)(DCB 655)

Ba é sin an fáth, freisin, nár thagras do na plátaí a bhí ag guailnidheacht a chéile ar an urlár, nó don chuma bhatráilte a bhí ar na rothóga a bhí casta anonn agus anall, go sílfeá go rabhadar ar meisce. (DCG 766)

Shiubhaileas anonn agus anall, d'fhéachas le sean-fhoclóir tír-eolais a léigheamh, d'éistean leis an torann uathbhásach: bhreathnuigheas ar aighthe agus ar radhairc agus ar fhíoghara a bhí sa teineadh. (DCG 943-4)

Bhí Mrs. Sterrforth ina stán dólamh, agus Miss Dartle anois ag caoineadh os a cionn agus ghá pógadh, ag glaothach uirthi, ghá bogadh anonn agus anall idir ucht is ascalla mar bhéadh páiste ann. (DCG 958)

Anonn nó anall

Ní rachad anonn nó anall leat

I will be as plain with you as if I were a Lady Abbess (DCB 446)

“A Mhr. Copperfield, innseochad an fhírinne duit. Is minic a ghníos crádh agus céasadh intinne duine chomh críona is a ghníos an aois é, agus ní rachad anonn nó anall leat.” (DCG 647)

Anró

Anró Chearbhaill

Unheard of agonies (DCB 259)

Nuair a fuaramar sinn féin taobh amuigh den doras dubhairt Peggotty liom go raibh Mr. Barkis “beagán níos goire” dhó féin ná mar bhíodh, agus ar an ádhbhar sin gurbh in cleas a bhíodh aige i gcomhnuidhe sul a scaradh sé le feoirling ruadh den chiste; agus go mbíodh anró Chearbhaill air gá tharraing féin amach as an leabaidh leis féin agus ghá bhaint as an mbosca mío-ádhmhail sin. (DCG 371)

Ascaill

I ngreim ascalla ina chéile

Arm-in-arm (DCB 578)

Ar aghaidh linn arís agus sinn i ngreim ascalla ina chéile; agus bhaineamar Highgate amach gan duadh gan deacracht. (DCG 845)

***Bacach**

Bacach an bhóthair

(bacach: sponger, beggar – FGB)

Any one (DCB 504)

“D’innseas don Dr. Strong,” adeir sé, “go bhfeicfeadh bacach an bhóthair go bhfuil Mr. Maldon agus an bhean uasal áluinn gheanamhail atá ina mnaoi ag an Dr. Strong, go bhfuil sin ró-thórtha ar a chéile.” (DCG 734)

Bail

Bail odhair a dhuine!

Tut, child! (DCB 517)

“Agus mise leat. Agus ar an méid a rinne tusa ar mo shon, a aintín, a rúin.” “Bail odhair a dhuine!” agus tugann a lámh do Traddles leis an mór-ghlionndar a bhí uirthi.” (DCG 754)

[Féach leis (DCB 255, DCG 366) (DCB 412, DCG 598) (DCG 599, DCB 412)]

Bail odhair a dhéanamh de

Aggravate my sufferings (DCB 75)

An duine sin gan truaighe a raibh an chos chrainn faoi rinne sé bail odhair dhíom. (DCG 96)

Nach sinn an bhail odhair

What a refreshing set of humbugs we are (DCB 275)

“Thá! Thá! Thá! Nach sinn an bhail odhair, nach sinn sin, a leinbh mo chroidhe?” arsan bhun-bhean, agus í ag cuartú sa mála agus gleic uirthi, agus a súil in áirde aici. (DCG 396)

Bail odhair!

A mixed fiddlestick (DCB 189)

“Bail odhair!” arsa m’aintín. “Tá leagan amach agat-sa le gach rud dá ndéanann tú.” (DCG 268)

Báine

Cur le báine

(ag dul i mbáine/chun báine: becaome waste, depopulated – FGB)

To distract (DCB 48)/ Go half wild (DCB 386)

‘Nach gcuirfeadh sé duine le báine,’ arsa mo mháthair. ‘ba mhaith sin ach mé ar mhí na meala, nuair a shílfeá go ngéillfeadh mo dhearg-námha dhom agus nach mbéadh i ndiaidh beagán sógha agus sonais orm.’ (DCG 57)

“Tá mac-samhail an éadain sin os comhair mo shúl a bhí os a gcomhair in mo theach féin, ar mo theallach féin in mo bhád féin, in gach áit, an t-éadan úd a raibh meangadh an gháire agus an charthannais air agus an feall i bhfolach ann, rud a chuireas le báine anois mé nuair a chuimhnighim air.” (DCG 560)

[Féach leis (DCB 485, DCG 706) (DCB 589, DCG 860)]

Balach

(baileach – FGB)

Níl a fhios agam balach

I do not distinctly know (DCB 628)

Níl a fhios agam balach anois féin cé a mhol dom i dtoiseach dul thar sáile, nó cén chaoi ar socruigheadh é go ndéanfainn taisteal ó áit go háit ag iarraidh an brón a dhearmad. (DCG 919)

Ball

An ball bán amháin in aindeise mo bheatha

The only starry spot in a miserable existence (DCB 578)

“Tá sí mar bhí sí ariamh, ina réalt eolais agus ina deágh-shompla do gach duine. A Copperfield, a rúin, sí an ball bán amháin í atá in aindeise mo bheatha.” (DCG 844)

Bambairne

I mo bhambairne

Giddy with the shock (of my mother’s death) (DCB 120)/ (My long exposure to the fierce wind had) confused me (DCB 645)

Bhíos in mo bhambairne ag bás mo mháthar. (DCG 164)

Bhíos in mo bhambairne leis an fhad a chaitheas amuigh fán stoirm uathbhásaigh. (DCG 942)

[Féach leis (DCB 647, DCG 946)]

Bannrán

(banrán – FGB)

(Not without some) grumbling (DCB 157)

Ní gan bannrán a thug Mr. Dolloby na naoi bpinginne dhom. (DCG 220)

Baoghal

(baol – FGB)

Beag an baoghal

Not he (DCB 235)/ Not I (DCB 245)/ Nothing of the sort (DCB 278)

“Is beag an t-eolas atá agat ar mo Jack Maldon bocht agus ceist mar sin a chur. É féin? Beag an baoghal.” (DCG 336)

“Mise ag baint amach céime!” arsa Steerforth. “Beag an baoghal, a Nóinín, a rúin – an miste leat mé Nóinín a thabhairt ort?” (DCG 349)

“Deirbhshiúr leat-sa, a Mhr. Copperfield?” ar sise tar éis tamaillín, agus an tsúil in áirde aici dólámh. “An mar sin é?” “Ní h-eadh,” arsa Steerforth, sul a raibh faill agam freagairt. “Beag an baoghal.” (DCG 400)

[Féach leis (DCB 44, DCG 51) (DCB 288, DCG 415) (DCB 599, DCG 875) (DCB 645, DCG 943)]

Nó baoghal ar bith air

Or anything approaching to it (DCB 643)

Agus mé i Yarmouth chluininn na máirnéalaigh ag rádh go mbíodh sé ag séideadh gunnaí mór; ach ní fhacas tada mar é seo ariamh nó baoghal ar bith air. (DCG 939)

Baois

Baois na h-óige

Our earliest folly (DCB 669)

Na bliadhanta a bhí i gceist aici bhí a dtionchur ag dil i bhfeidhm orm anois agus dom mhúnadh; agus dá mba rud é nár thugamar cúl ar gcinn da chéile nuair a bhí baois na h-óige féin orainn, bhéarfadh an teagasc sin orm leis an am, ach beagán níos moille b’fhéidir. (DCG 979)

Baois a thug chun a chéile sinn agus buile a scar ó chéile sinn!

Our love had begun in folly, and ended in madness! (DCB 403)

Agus an chéad troid mhór a bhí eadrainn (ní raibh sé seachtmhain tar éis an chleamhnais), agus nuair a chuir Dora ar ais an fáinne chugam, fillte istigh i nóta a bhí ar dhéanamh leabhair Eoghain, nóta a chráidhfeadh thú, mar dhubhairt sí “gur baois a thug chun a chéile sinn agus buile a scar ó chéile sinn!” (DCG 584)

Baoth-chainnt

Baoth-chainnt

Preposterous nonsense (DCB 566)

“A rúin mo chroidhe,” arsa mise, “ná bíodh baoth-chainnt mar sin ar siubhal agat!” (DCG 827)

***Barrach**

Beidh an lasóg sa mbarrach

There'll be a pretty kettle of fish! (DCB 232)

“Tá fúm é sin a chríochnú ar an toirt, a Trotwood – caithfear é a chríochnú ar an bpointe! Agus annsin cuirfear isteach é, tá a fhios agat – agus annsin –” arsa Mr. Dick (choisc sé é féin agus bhain stad fada dhó), “béidh an lasóg sa mbarrach.” (DCG 331-2)

[Tá an tine ins an mbarrach anois – tá an sop séidthe, tá tús curtha ar an achrann]

***Barróg**

Lata barróige

Take in both arms (DCB 62)

Chuir sí lata barróige orm agus d'fháisc le n-a coirséad mé nó go raibh an brú ag goilleadh ar mo shróin. (DCG 78)

[Féach leis (DCB 685, DCG 1003)]

Bás

Ar éigin báis

Ar éigin báis is féidir liom a chreidsint

I positively can't believe it (DCB 691)

“Ar éigin báis is féidir liom a chreidsint corr-uair,” arsa Traddles. (DCG 1012)

Go mb'ar éigin báis a bhí díol ceathrair ann

Rather a tight fit for four (DCB 299)

Le bladar mór d'aontuigh Mrs. Crupp an phrbhaois seo a théidheadh dhom, agus shearg sé chomh mór sin nuair a bhí sé leaighthe “go mb'ar éigin báis a bhí díol ceathrair ann,” mar adubhairt Steerforth. (DCG 430)

Go ndúinidh an bás mo shúil

Till I die (DCB 642)

“An chainnt a bhí innti tá sí curtha i dtaisce in mo chroidhe agam. Béidh sí ann go ndúinidh an bás mo shúil.” (DCG 938)

B'fhearr leis bás a fháil

You might drag him at the heels of four wild horses first (DCB 235)

“Is beag an t-eolas atá agat ar mo Jack Maldon bocht agus ceist mar sin a chur. É féin? Beag an baoghal. B'fhearr leis bás a fháil.” (DCG 336)

***Bascadh**

Bascadh air!

Confound him! (DCB 419)

Bhí a h-athair léi – agus Uriah Heep. “Agus is có-pháirtidhthe anois iad,” arsa mise, “bascadh air!” (DCG 608)

Bata

Lán an bhata

I am quite well (DCB 137)

Dubhras go rabhas go han-mhaith agus go raibh súil agam go raibh seisean amhlaidh. ‘Táim lán an bhata,’ arsan strainséara, ‘Glór do Dhia.’ (DCG 190)

***Bathais**

(baithis – FGB)

Ó bhonn go bathais

From head to foot (DCB 588)/ The whole system (DCB 675)

Bhí sí ar barra creatha o bhonn go bathais le buile agus le mí-chéad, agus ní mheasaim go bhfacas a leithéid de radharc ariamh cheana nó go bhfeiceadh arís go bráth. (DCG 859)

“Rud ar bith a chuireas mío-shásamh uirthi sna cosa a bhuaileas sé í i dtoiseach; ach an bobhta seo chuaidh sé sa gliabhlach, agus annsin sa gceann, agus ba é a dheireadh é gur chriothnuigh sé go h-uathbhásach í ó bhonn go bathais.” (DCG 989)

[Féach leis (DCB 73, DCG 94) (DCB 141, DCG 196) (DCB 269, DCG 387) (DCB 283, DCG 406) (DCB 326, DCG 471)]

Ó bhun go bathais

From head to foot (DCB 162)

Bhagair sé an lámh a bhí saor orm, agus annsin bhreathnuigh mé ó bhun go bathais. (DCG 228)

[Féach leis (DCB 165, DCG 232) (DCB 373, DCG 541)]

***Beag**

A bhun beag ar a bhárr mór

In short (DCB 106)

Ba é a bhun beag ar a bhárr mór é nár thaithnigheas le Miss Murdstone. (DCG 143)

[Féach leis (DCB 176, DCG 248) (DCB 341, DCG 494)]

Béal

As béal a chéile

Replied together (DCB 560)

“Cead agam labhairt léi má éirigheann liom a fagháil, dídean a thabhairt di má bhíonn a leithéid agam, agus teacht chugat-sa annsin i ngan fhios di agus do thabhairt go dtí í?” “Ta,” ar sinne, as béal a chéile. (DCG 817)

Béal a choinneáil ar a chéile

Keep to oneself (DCB 40)

Bhí aimhreas orm an mba mhaith an rud hata cocáilte go mór-mór a thabhairt dó; ach choinnigheas mo bhéal ar a chéile. (DCG 45)

Béal-scaoilte

Quite loquacious (DCB 682)

Bhí inchinn Mhr. Chillip chomh gríosúighthe, í féin, ag an néigeas nár dheacair an rud dom an chainnt a athrú agus a chur ag cainnt ar a ghnaithe féin, agus ar feadh leath-uaire ina dhiaidh sin thug sé fútha go béal-scaoilte. (DCG 997)

É in mo bhéal a rádh

With the intention of saying (DCB 453)

Ar deireadh bhíos ag tabhairt an dorais orm féin go mín réidh socair, agus é in mo bhéal a rádh leis go mb’fhéidir go mb’fhearr leis imthighthe mé. (DCG 658)

Imtheacht liom béal mo chinn tamall

Fly from myself for a short period (DCB 573)

“Séard atá fúm fá láthair, d’eile, imtheacht liom béal mo chinn tamall, agus ocht n-uaire agus dá fhichid a chaitheamh ag tabhairt cuart ar áiteacha ar fud na cathrach ar chuireas isteach scáthamh pléisiuir ionnta san am a caithead.” (DCG 838)

Imthighthe leat béal do chinn romhat

Running wild (DCB 353)

“Is deas an mhaise dhuit a rádh go bhfuilim ag balú lio, a Steerforth, agus thú féin imthighthe leat béal do chinn romhat, gach lá, gan fios cá mbíonn tú.” (DCG 511)

Bealach

**A chur ar bhealach a aimhleasa*

Ruin his prospects (DCB 386)

“Pósadh de’n tsórt sin scriosfadh sé saoghal mo mhic agus chuirfeadh ar bhealach a aimhleasa é.” (DCG 560)

I mbealach mo bhasctha

Strayed so far away (DCB 684)

Ba é an moladh ba mhó a b’fhéidir a thabhairt uirthi é; an cáineadh ba mhó a b’fhéidir a dhéanamh orm-sa. Ó, nár mé a cuireadh i mbealach mo bhasctha! (DCG 1000)

***Bealtaine**

Bealtaine a shocrú le

To settle (Could easily have settled her with one hand - DCB 170 (But Mick Walker settled him in no time - DCB 142)

Mo mháthair bhocht, creidim gur bhuail smaoineadh móiméid í m’aintín a ionnsuidhe agus a bhatráil, gídh go socróchadh sise Bealtaine léi le buille amháin. (DCG 11)

Uair amháin thoisigh Fataí Mine ag cur a chroicinn de fá rádh is go ndéanfaidhe an oiread sin díom; ach ba ghearr ar Mhick Walker Bealtaine a shocrú leis. (DCG 198)

[Féach leis (DCB 226, DCG 322) (DCB 578, DCG 844) (DCB 621, DCG 907)]

[Cuirfe mé deireadh le do chuid clamhsáin]

***Beannacht**

Mo sheacht mbeannacht

My umble respects (DCB 426)

“Lá maith agat-sa, a Mháighistir Copperfield, agus fágaim mo sheacht mbeannacht ag Miss Betsey Trotwood.” (DCG 618)

Beart

Féachtar gach beart i gcúrsaí grádha

All stratagems are fair in love (DCB 470)

“Tuigeamuid féin chomh maith sin é go gcaithfeamuid féachaint chuige nach gcuirfidh daoine nach bhfuil suarach ar leathtaobh sinn. Féachtar gach beart i gcúrsaí grádh, a dhuine uasail.” (DCG 683)

***Beirt**

Thar mholadh beirte

Indifferent (an indifferent one) (DCB 266)

Bhí seisean ina mháirnéalach mhaith ach ní rabhas-sa thar mholadh beirte; agus nuair a théigheadh sé amach ag bádóireacht le Mr. Peggotty, rud a raibh tóir mhór aige air, b'ionndamhail go bhfanainn-se ag baile. (DCG 383)

***Beirthe**

Beirthe nó beo

Quite unable (to understand why I should have any misgivings) (DCB 390)

Bhí an oiread sin measa aici orm-sa nár thuig sí beirthe nó beo cé'n fáth a mbéadh aimhreas ar bith nó balc orm i dtaobh an scéail. (DCG 567)

Nil a fhios agam beirthe ná/ nó beo

I don't know (DCB 96)

‘Caithfir a rádh leo sa mbaile, más é do thoil é, a Mhr. Peggotty,’ arsa mise, ‘nuair a cuirfear an litir sin chuca, go bhfuil Mr. Steerforth go han-mhaith dhom, agus nach bhfuil a fhios agam beirthe nó beo ceárd (sic.) a dhéanfainn gan é.’ (DCG 127)

[Féach leis (DCB 102, DCG 137) (DCB 156, DCG 219) (DCB 468, DCG 681) (DCB 526, DCG 766) (DCB 674, DCG 986)]

[Beirthe, beo ná baistthe]

***Beo**

Chomh fada agus is beo mo cheann

As long as I am alive (DCB 131)

Sean nó óg a bhéas mé, chomh fada agus is beo mo cheann agus an teach seo agam béidh sé feistighthe amhail agus dá mbeithí ag súil leat annseo móiméad ar bith. (DCG 181)

Beo-chluasaighe

Ní ba bheo-chluasaighe

More lively (DCB 487)

B'fhéidir gur mhó na pléitíní nó na rufaí a bhí ann, nó go raibh dealgán nó braisiléad nó rud beag eicín mar sin ann a chuir cuma ní ba bheo-chluasaighe uirthi. (DCG 709)

Biorán

Chluinfeá biorán ag tuitim

In the midst of a dead silence (DCB 91)

‘Tá an ceart aige, a dhuine uasail, ní theastuigheann aon cheartú uaidh,’ arsa Mr. Mell, agus go gcluiféá biorán ag tuitim; ‘is fíor an rud a deir sé.’ (DCG 121)

**Ní fiú biorán é*

It's nothing (DCB 269)

“Seafóid! Seafóid! A Nóinín, ní fiú biorán é. Nár dhubhras leat ins an teach aoidheachta i Lonndain gur minic nach dtaithnigheann mo chomhluadar féin liom.” (DCG 387)

[Féach leis (DCB 633, DCG 925) (DCB 642, DCG 938)]

Bitheamhnach

(bithiúnach – FGB)

Cliúsaidheacht an bhitheamhnaigh

A rascally cunning (DCB 498)

Thainig dath glas-uaine ar a shúile leis sin, agus é ag breathnú sna súile orm-sa, agus bhí cliúsaidheacht an bhitheamhnaigh san amharc sin. (DCG 725)

Blagóid

(blagaid – FGB)

Blagóid air

Bald (DCB 714)

An ghruag (an áit nach bhfuil blagóid air) níos stocaighe ná mar bhí sí ariamh ag bréig-chiabh an dligheadóra a bhí gha síor-chuimilt. (DCG 1048)

***Blas**

Dheamhan féin blas

Not a morsel (DCB 175)

“A bhfuil mearbhall ar bith air, d’eile?”. “Dheamhan féin blas,” arsa m’aintín. (DCG 247)

Bléar

I mo bhléar

In a state of dotage (DCB 395)

Thainig mearbhall orm ar an toirt boise; bhíos in mo dheargphléidhche lár ar na bhárach nuair a fuaras leathanach de pháipéar litreach a raibh colbh scolbáilte air. “Ar mholadh m’athar, le n-a chur i gcuimhne,” agus as sin go dtainig lá seilge bhíos in mo bhléar. (DCG 574)

***Bodach**

Bodach bundúnach

A dog of a fellow (DCB 170)

“Ba mhór an sásamh intinne, go deimhin, ar an bpáiste bocht muinighín a chur as bodach bundúnach ar bith a bhéarfadh bail na madadh uirthi ar bhealach eicín.” (DCG 239)

Bodachamlacht

(bodúlacht – FGB)

Bodachamlacht gan áird

Mere purposeless impertinence (DCB 637)

Sméid m’aintín a ceann ag teacht leis, agus níor bhain sé cor na cleite aisti. “B’fhéidir nach raibh annsin ach bodhachamlacht gan áird.” (DCG 931)

Bog

Beir bog ort!

Don't be overpowered! (DCB 242)

“Seo, a Chopperfield, a shean-bhuachail,” ar seisean, “beir bog ort féin!” agus ina dhiaidh sin féin chonnacthas dom go raibh áthas air féin freisin nuair a chonnaic sé an t-aoibhneas a chuir sé orm-sa a chasachtáil orm. (DCG 346)

Bonn

Ar áit bonn

Immediately (DCB 67)

Níorbh é amháin go dtug sé chugham ar áit bonn iad, ach ina theannta sin sheas ar mo chúl ag breathnú orm ag scríobhadh na litreach. (DCG 84)

[Féach leis (DCB 165, DCG 232) (DCB 182, DCG 257) (DCB 242, DCG 346) (DCB 514, DCG 749) (DCB 624, DCG 911) (DCB 695, DCG 1018)]

Bonn a bhriseadh

Break the establishment (DCB 406)

“Ach ba ghearr go raibh sí chomh dona agus bhí ariamh,” arsa Traddles, “mar go raibh sé de dhonas uirthi go dtainig ordú eile uirthi taobh istigh de sheactmhain. Thug sin orainn bonn a bhriseadh. (DCG 590)

**Bonn screasa*

Níl bonn screasa orm

I am your ruined David! (DCB 443)

“A Dora, a shearc mo chléibh,” arsa mise, “níl bonn screasa orm.” (DCG 643)

Lán na mbonn a bhaint as

Electrify (DCB 681)/ To throw her (DCB 105)

“Bhain Mrs. Chillip lán na mbonn asam,” adeir sé, go mall réidh, “nuair adubhairt sí gur chuir Mr. Murdstone íomhaigh de fhéin ina seasamh, agus go dtugann sé an Nádúir Dhiadha uirthi.” (DCG 996)

Ba ar an gcéad lá ariamh a tharla sé gur bhaineas lán na mbonn aisti, gídh nárbh fhurusta scannradh a chur uirthi. (DCG 142)

Bos

Mar bhuailfeá do dhá bhois fá chéile

(mar a bhuailfeá do dhá bhos ar a chéile – FGB)

In a moment (DCB 25)/ (And has run into the opposite extreme) since (DCB 360)/ As if by art-magic (DCB 711)

Toisigheann gaoth mhór, agus tá an samhradh imthigthe mar bhuailfeá do dá bhois fá chéile. (DCG 22)

“B’aingeal í ar feadh tamaill, a mháthair,” arsa Steerforth, “agus ionnus go mbéadh ‘cothromachan síne’ againn d’athruigh sí ina colg mar bhuailfeá do dhá bhois fá chéile.” (DCG 521)

“Nuair a bhí an méid sin thart glanadh na buird as an áit i gcomhair damhsa mar bhuailfeá do dhá bhois fá chéile.” (DCG 1042)

***Brabach**

Ba bheag an brabach

He made little or nothing of it (DCB 139)

Ba éard a bhí ann sórt taistealaidhe cathrach ag a lán thighthe éagsamhla fán am seo; ach ba bheag an brabach a bhí aige asta, ta eagla orm, má bhí tada. (DCG 193)

***Brachán (Brochán)**

An t-im a bheith thríd an mbrachán

The murder's out! (DCB 264)/ (His decease) might lead to some discoveries (DCB 616)

“Leis sin toisigheann Missis Gummidge ag bualadh bos mar bhéadh sí ar buile, agus tháinig sibh-se isteach. Anois tá an t-im thríd an mbrachán!” arsa Mr. Peggotty. (DCG 378)

“Bhí Mr. W. éalangach agus níor dhóiche-de scéal de ná dá bhfághadh sé bás go mbéadh an t-im thríd an mbrachán agus go gcaillfeadh – HEEP – an smacht a bhí aige ar mhuintir W.” (DCG 900)

Bradán

Sláinte an bhradáin aca

In the enjoyment of salubrity (DCB 337)/ A perfect nest of roses (DCB 676)

“Agus na páistí, a Mhr. Micawber?” “A dhuine uasail,” arsa Mr. Micawber, “is ait liom a rádh go bhfuil siad-san freisin agus sláinte an bhradáin aca.” (DCG 487)

Bhí cuma ortha go raibh sláinte an bhradáin aca bhíodar chomh úr luisneach sin ag breathnú. (DCG 989)

Braon

Chuaidh an braon a bhí i mullach mo chinn go bonn mo chois

My heart quite died within me (DCB 498)

An braon chuaidh sé go bonn mo chois. (DCG 726)

Bráth

(brách – FGB)

Mar a bhéas go bráth

Or ever will be (DCB 176)

Dubhras, tá do dhearbhráthair dá chéill – is mó i bhfad an chiall atá aige ná mar atá agat-sa, ná mar a bhéas go bráth, tá súil agam. (DCG 248)

Bréantán

Carrion (“*She* love. That carrion!”) (DCB 589)

“Grádh aici-se ar aon-duine!” ar sise. “An bréantán sin! Agus í ag iarraidh cur ina luighe orm go raibh aon tsuim ariamh aige innti?” (DCG 860)

Breillín

(breallán (fool, blunderer) – FGB)

Níor mhair ariamh pléidhce ba mhó a bhí ina bhreillín le cúrsaí grádha

As enraptured a young noodle as ever was carried out of his five wits by love (DCB 400)/ In love to distraction (DCB 402)

Thugas-sa Lonndain orm féin ar m’each glas, agus mé mar a bhéadh láimhín Dora in mo láimh, mar bhí nuair a chuir sí beannacht liom, i rith an bhealaigh,

gaus ag cuimhniú agus ag síor-chuimhniú ar fach rud dár thárla agus ar gach focal dár dhubhairt sí nó gur shíneas ar mo leabaidh ar deireadh, agus níor mhair ariamh pléidhce ba mhó a bhí ina bhreillín le cúrsaí grádha ná mé. (DCG 581)
Bhíos in mo bhreillín le grádh dí ar an móiméad sin. Bhéinn in mo bhreillín le grádh dí i gcomhnuidhe i gcomhnuidhe. (DCG 583)

Breith

**Go bráth na breithe*

Never (DCB 532)

“Dá mbéinn-se sa bpríosún ach comhluadar uasal agus ruibéar a bheith agam ní iarrfainn a fhágáil go bráth na breithe.” (DCG 775)

[Féach leis (DCB 480, DCG 699)]

Go bráthach na breithe!

Never again (DCB 481)

“Ach éist le m’athchuinge ar son Dé, agus bíodh sé de thrócaire ionnat tuairisc ar m’uncail a chur chugam mar nach leagfad súil arís air ar an saoghal seo go bráthach na breithe!” (DCG 700)

Brian

Brian Óg

(brín óg – FGB)

In a state of celibacy (DCB 340)/ (A dream of my) youthful fancy (DCB 570)/ in (his) youth (DCB 576)

“Cuireann seo i gcuimhne dhom muair a bhíos féin in mo Bhrian Óg agus sul ar iarradh ar Mhrs. Micawber an fáinne a leigean uirthi.” (DCG 493)

Ba éard a mheasas – agus ba é sin an bharamhail a bhí aga, i gcomhnuidhe – nach raibh sa rud a bhí i n-easnamh orm ach rud a shamhluigheas dom féin agus mé in mo Bhrian Óg, rud nárbh fhéidir leis teacht isteach; agus bhíos ag fagháil amach faoi seo gurb amhlaidh a bhí, agus ghoill sin orm ar bhealach eicín, mar ghoilleas sé ar gach duine. (DCG 831)

Bhí sé annsin ina sheasamh le balla agus a lámha fã n-a ascalla aige, agus é ag breathnú go cumhamhail ar na spící a bhí ar bharr an bhalla, amhail agus dá mba géaga crann iad a bhéadh snadmtha ina chéile agus a thugadh scáth dhó nuair a bhí sé ina Bhrian Óg. (DCG 842)

Briste

Téigh chun an bhriste

(We would all three) take the field (DCB 407)

Dubhras leis go mbéadh áthas ar mo shean-bhuime cuidiú leis, agus go rachamuis chun an bhriste triúr i dteannta a chéile. (DCG 591)

***Bróg**

Níor sheas i mbróig leathair ariamh

As ever draw’d the breath of life (DCB 710)

“Níor sheas sí i mbróig leathair ariamh, a Mháighistir Davy, bean eile is dílse nó is dúthrachtaighe nó is umhaile ná í.” (DCG 1041)

Rinne siad sean-bhróga dhe

They gorged themselves with the subject (DCB 457)

Bhí ciuineas agus sos san oifig a chuirfeadh an leisce i gcuimhne dhuit, agus bhí tóir an domhain ag an dream s'againne a bheith go síorruidhe ag trácht ar an rud, agus bhí daoine eile isteach is amach i rith an lae nó go ndéarnadar sean-bhróga dhe. (DCG 664)

***Brúithte**

(bruith – FGB)

Bruithte ar bhainne

(bruite ar bhainne)

(I saw now that I was) in for it (DCB 401)

Thuigeas anois go raibh sé brúithte ar bhainne dhom, agus níor thráth dá fhailighe é. (DCG 582)

Bruithe le náire

(bruite le náire)

So ashamed (DCB 565)

Bhíos bruite le náire go raibh gach duine ag tabhairt fúm mar bhí, agus bhéarfainn airgead ar bith dhó ach a bhéal a choinneál ina thost, sin nó thairgeochainn bríb mhaith as cead éaluighthe a thabhairt dó. (DCG 825)

Buaidh

(bua – FGB)

Beir buaidh agus beannacht

Best regards to (DCB 574)

Leis sin bhuaileas ar litir Mhrs. Micawber. Ba eo e a bhí innti:- “Beir buaidh agus beannacht, a Mhr. Thomas Traddles.” (DCG 839)

***Bualadh**

Ní fhacas a bhualadh ariamh

I never saw such a fellow (DCB 633)

“Gídh nach mó ná go maith a bhí Mr. Micawber ag dearcadh i ndiaidh a ghnótha féin,” arsa Traddles, “caithfead a mholadh as ucht an chaoi a ndearcann sé i ndiaidh gnótha daoine eile. Ní fhacas a bhualadh ariamh.” (DCG 925)

[Bhuail tú amach a bhfaca mé ariamh]

***Buidheach**

(buíoch –FGB)

Go buidheach beannachtach

Gratefully (DCB 87)/ The best friends possible (DCB 175)

Ina dhiaidh sin féin d’ólas é go buidheach beannachtach, agus ba mhór an onóir liom go rabhthas chomh práidhinneach ionnam. (DCG 115)

Rinne mise gáire agus rinne seisean gáire, agus scaramar le chéile go buidheach beannachtach. (DCG 247)

Buil*Shuidh buil mé*

(Until he came out with another chair and) joined me (DCB 150)

Ar an ádhbhar sin shuidheas ag fuinneog an staighre nó go dtáinig sé amach le cathaoir eile agus gur shuidh buil mé. (DCG 209)

Buile*Buile agus báine ar*

In a tremendous state of agitation (DCB 177)

Gídh go raibh buile agus báine uirthi nuair a chonnaic sí óig-fhear a bhí ag dul thart ag caochadh ar Janet a bhí ag an bhfuinneog ina dhiaidh sin féin sílim go raibh ní ba mhó measa agam uirthi, muna raibh níos lugha faitchís orm roimpí, féin. (DCG 250)

Bun**Bun agus bárr gach scéil*

The authority for everything (DCB 676)

Ba é “Tom” bun agus bárr gach scéil. Ba cosamhail go raibh práidhinn an domhan in “Tom” aici. (DCG 990)

Bun agus lorg le

(As if our happy love was) all her work (DCB 500)

Bhí Miss Lavinia ag breathnú orainn go beannachtach coimirceach, amhail agus da mba í ise ba bhun agus lorg leis an ngrádh aoibhinn a bhí againn ar a chéile. (DCG 728)

Cheap sé go mba mé bun agus lorg leis an scéal go léir

Against whom all his animosity was levelled (DCB 617) “Sin é Copperfield, a mháthair,” ar seisean, go feargach, ag síneadh na méire caoile chugam, mar go mba dhom-sa a bhí an t-olc ar fad aige de bhrígh gur cheap sé go mba mé bun agus lorg leis an scéal go léir. (DCG 901)

***Bun-bhean**

(bunbhean – FGB)

An bhun-bhean

Morsel of a woman (DCB 275)/ The little woman (DCB 381)

“Thá! Thá! Thá! Nach sinn an bhail odhair, nach sinn sin, a leinbh mo chroidhe?” arsan bhun-bhean, agus í ag cuartú sa mála agus gleic uirthi, agus a súil in áirde aici. (DCG 396)

“An Deamhan agus an Diabhal go mbascaidh é,” arsan bhun-bhean, ag cur suas a corr-mhéire idir mé féin agus a dhá súil a bhí ag lonnrú ina ceann, “agus go mbascaidh sé níos mó arís an seirbhíseach mioscasach sin.” (DCG 553)

BundúnBundún gan mhothú*

An insensible blunderer (DCB 391)

Sean-daltaí nár chuir blas suime i gcúrsaí grádha a bhí ionnta, agus bhí olc agam dóibh uilig. Bundún gan mhothú a bhí sa mBinnse. (DCG 567)

***Cadhan**

Cadhan aonraic

(cadhan aonair (lone bird) – FGB)

Solitary woman (DCB 377)

“Tá eagla orm go mbéir in do chadhan aonraic annseo!” arsa Mr. Peggotty. (DCG 548)

[I d’Oisín i ndiaidh na Féinne]

***Cáir**

(cár – FGB)

Ag cur cáire ar

Grinning (DCB 77, 96)

Rinneas dearmad a rádh go mbíodh seisean ag cainnt leis féin corr-uair, agus ag cur cáireanna air féin. (DCG 99)

[Féach leis (DCB 96, DCG 128)]

Cáirde

Ná cuireamais ar cáirde é

There is no time like the present (DCB 92)

“Scarfamuid le chéile a Mhr. Mell más é do thoil é. Dá luaithe seadh is fearr.”

“Ná cuireamuis ar cáirde é,” arsa Mr. Mell, ag éirghe ina sheasamh. (DCG 122)

Tigeann gach maith le cáirde

All in good time (DCB 527)

“Sílim go gcuirfeadh sise feabhas orm, agus sílim go bhfoghluimeochainn uaithise,” arsa Dora. “Tigeann gach maith le cáirde, a ghrádh. Tá a h-athair de chúram ar Úna le bliadhanta, tá a fhios agat.” (DCG 768)

***Caoch**

Taobh na súile caoiche

Take by surprise (DCB 211)

Ar dtús nuair a chuidh ar scoil an Dr. Strong, ba mhínic a cuairt ar Chanterbury ag breathnú orm, agus thigeadh i gcomhnuidhe in an-tráth – ag ceapadh go dtiocfadh sí taobh na súile caoiche orm, cheapas. (DCG 300)

[Féach leis (DCB 671, DCG 982)]

[I ngan fhios]

Caol

Ceangal na gcúig gcaol

Bound hand and foot (DCB 513)

An Boineannach mhíó-ádhmáil sin, Britannia, bíonn sí i gcomhnuidhe ós comhair mo shúl, ceangailte mar bhéad éan ann, í tollta ó thaobh go taobh ag pinn oifige, agus ceangal na gcúig gcaol uirthi le h-incil deirg. (DCG 748)

Capall

**Caiple bána Mhanannáin Mhic Lir*

(capaill bhána: crested waves – FGB)

The foaming heads of the great waves (DCB 647)

Bhíos in mo bhambairne chomh mór sin gur dhearcas amach ar an bhfairrge go bhfeicinn an long-bhriseadh, agus ní fhacas ach caiple bána Mhanannáin Mhic Lir. (DCG 946)

[Tonna bána ar an bhfairrge]

Chomh mór le chéile le dhá chloigeann capaill

He received us cordially, and made friends with Mr. Dick in a moment (DCB 433)

Chuir sé fearadh na fíor-chaoín fáilte romhainn, agus ar leagan do shúl bhí sé féin agus Mr. Dick chomh mór le chéile le dhá chloigeann capaill. (DCG 628)

***Cara**

A chara na gcarad

My dear boy (DCB 515)

“Creid uaim é, a chara na gcarad, go bhfuil beagnach an oiread áthais orm agus dá mbéinn ag dul ag pósadh mé féin, an scéal sona seo a bheith agat,” arsa Traddles. (DCG 751)

[Cara mhór]

Carraig

Carraigeacha cainnte

Lofty style of composition (DCB 574)

Dá fheabhas dá raibh a fhios agam an tóir a bhí ag Mr. Micawber ar charraigeacha cainnte agus a sho-ghluaiste agus a bhuaileadh se fá litreacha fada a scríobhadh, bíodh fáth aige leo nó ná bíodh, ina dhiaidh sin is uilig thuigeas nach gan fáth maith a bhuaíl sé fán litir leadránaigh seo. (DCG 839)

***Casúr**

I ladhair an chasúir

Under the harrow (DCB 611)

“Tá cuid agaibh i ladhair an chasúir agam.” (DCG 893)

[Tá a cheann ins an eangaigh, tá sé i gcorr an chochail]

***Cead**

Cead do chos

Set free (DCB 147)

Dubhairt Mrs. Micawber liom go raibh sé leagtha amach ag “a muinntir” go gcuirfeadh Mr. Micawber isteach iarratas ar a shaoirse fá acht na bhfiachmhanach briste agus go raibh súil aici go mbeadh cead a chos aige fá cheann sé seachtmhaine. (DCG 204)

Cead mo chinn

My own way (DCB 605)

“Ach, a aintín, éist liom. Caithfidh tú dul ann. Bhéad-sa ag spochadh asat go dtugair cead mo chinn dom.” (DCG 884)

Céad

Fear ar fiú na céadta é

A very remarkable man (DCB 633)

“Fear Mr. Dick ar fiú na céadta é,” arsa m’aintín, “agus dubhras i gcomhnuidhe gurbh eadh.” (DCG 925)

Cealg

Bhí an cealg ina croidhe

A deceitful, bad-hearted girl (DCB 378)

“Bhí an cealg ina croidhe,” arsa Mr. Joram. “Bhí an t-olc ag rith léi ariamh.” (DCG 549)

Ceann

Ag bagairt a gcinn thar dhruim a chéile

Bore one another down (DCB 647)

Agus an chaoi a raibh na fáganna móra ag éirghe, iad “ag bagairt a gcinn thar dhruim a chéile” agus ag teacht ina mílte dubha i mullach a chéile chuirfeadh sé criothnú croidhe ort. (DCG 945)

Ní raibh a fhios agam an ar mo cheann nó ar mo chosa a bhíos in mo sheasamh

I was lost (in blissful delirium) (DCB 325)

Se a bhfuil de chuimhne agam ar an gcuid eile den tráthnóna gur chualas bainríoghan mo chroidhe ag rádh amhráin draoidheachta i bhFrainncis, agus ba é an rud ba mhó a raibh cur síos air ann gur cheart dúinn i gcomhnuidhe i gcomhnuidhe a bheith ag rinne cér bith cor a bhéadh ar an tsaoghal, Tá, rá, lá, Tá, rá, lá! agus í ag cur léi féin ar ghléas ceoil glórmhar a bhí cosamhail le cruit. Nach raibh a fhios agam an ar mo cheann nó ar mo chosa a bhíos in mo sheasamh le teann glionndair. (DCG 470)

Bhéadh sí mar chéile aige dá gcrochadh an ceann an muinéal

He had resolved to win that woman or perish in the attempt (DCB 349)

Ach nuair adubhairt sí Little Taffin dubhairt sé go mbéadh sí mar chéile aige dá gcrochadh an ceann an muinéal. (DCG 505)

***Ceap**

Ceap sinnsir suarach

Common connections (DCB 547)

“Mhol sé don ógmhnaoi fear measamhail a phósadh, fear nach mbacfadh leis an saoghal a bhí caithte, agus fear a bhí ar a luighead chomh maith agus a gheobhadh an óigbhean cér bith caoi a mbéadh an scéal aici, mar nach raibh aici ach ceap sinnsir suarach.” (DCG 798-799)

Céile

Isteach agus amach le chéile

On the whole (DCB 79)/Generally (DCB 87)

Nídh nárbh iongnadh chuireadh sin as dom imeasc an méid sin strainséaraí agus bhaineadh na deora asam, ach isteach agus amach le chéile b’fhearr é ná mar cheapas. (DCG 104)

Measaim go raibh na gasúir s’againne, isteach agus amach le chéile, chomh haineolach le scata ar bith buachaillí ar dhruim an domhain. (DCG 116)

Trí n-a chéile

In some confusion (DCB 141)

Agus mise, beagáinín trí n-a chéile, ag breathnú suas ortha ón taobh amuigh.
(DCG 196)

Ceo

Mar d'imtheochadh an ceo

(These were) transient visions (DCB 120)

D'imthigheadh na smaointe seo ar fad mar d'imtheochadh an ceo. (DCG 165)

**Na cianta ceo ó shin*

In a remote time (DCB 464)

Níl duine ar bith againn nach samhluightheas dhó anois agus arís an rud atáimid a rádh nó a dhéanamh gur dubhradh nó go ndéarnadh cheana é na cianta ceo ó shin – go raibh na daoine céadna agus na rudaí céadna thart orainn ar an ócáid chéadna na cianta ceo roimhe sin. (DCG 675)

Nil ceo de mhaith ann

We find it fallacious (DCB 345)

“Mhol mo mhuintear dhúinn féachaint leis ach níl ceo de mhaith ann.” (DCG 499)

Ceol

Ar cheol na bracha

(ar sheol na braiche – FGB)

Very well (DCB 56)/Quite fresh (DCB 571)

Rachainn ar aghaidh ar cheol na bracha. (DCG 69)

“Caithfidh sé giota flainín a bheith ina theach aige an geimhreadh seo, agus níorbh iongantas liom é bheith ar cheol na bracha ag teacht do bhláthanna an earraigh.” (DCG 834)

B'in é a thug orainn a bheith ar cheol na bracha

Seemed to make our circle quite complete (DCB 500)

Ba mhódhmhail grásamhail sochma í, ionnus gur leig Dora a lán rún léi, mar d'aithneochthá ar an méid lasadh beag a thainig in éadan mo mhuirín, agus b'in é a thug orainn a bheith ar cheol na bracha. (DCG 728)

Ceoláinín

A little goose (DCB 520)/ A silly little thing (DCB 626)

“Cad chuige nach bhféadfá, a ghrádh?” arsa mise go tláith. “Ó, mar gur ceoláinín mé,” arsa Dora. (DCG 759)

“Is minic a cheapaim – tá a fhios agat nach raibh ionnam ariamh ach ceoláinín! – is minic a cheapaim nach dtárlóchaidh sin go deo!” (DCG 915)

Ceoláinín gan chéill

A silly little thing (DCB 572)

“Níl ionnam ach ceoláinín gan chéill i gcomhnuidhe, tá a fhios agat, ach rinne sé ní ba mheasa mé.” (DCG 835)

Ciall

Níor chiall go dtí í

Wisdom of the best quality (DCB 568)

Ba mhór ar fad an méid céille a chuireas isteach i gceann Traddles ar an mbealach seo, agus níor chiall go dtí í. (DCG 829)

Cian

Go cianmhar

Wistfully (DCB 121)

‘Agus céard atá fút a dhéanamh, a Pheggotty?,’ arsa mise, go cianmhar. (DCG 166)

**I gcéin is i gcomhgar*

Fur and wide (DCB 389)

“Tá mé ag dul ghá tóruigheacht i gcéin is i gcomhgar. Má thigeann sí abhaile romham-sa – ach faraor, tá eagla orm nach dtiocfaidh! nó má thugaim ar ais í, séard atá fúm a dhéanamh mé féin agus í féin cur fúinn go bráth in áit eicín nach mbainfear aon lasadh aisti.” (DCG 564)

[Gach áit]

Cill

Cur chun na cille

Such an insupportable affliction! (DCB 76)

Ba bheag nár chuir sé chun na cille mé! (DCG 97)

Cion

Cion sa chroidhe

Affection (DCB 52)

Chífir féin go n-abróchaidh sí leat go bhfuil an cion in mo chroidhe. (DCG 64)

Cíor

In mo chíor thuaithebhíll

(cíor thuathail – FGB)

What a state of mind I was in! (DCB 324)

Níorbh é amháin go raibh sé liath ach dubhairt sé go mba sein-sean-athair é freisin, ach ina dhiaidh sin féin bhíos marbh le h-éad leis. Nach mé a bhí in mo chíor thuaithebhíll. (DCG 468)

[Cráidhte/ céasta]

Circíneacht

Ag circíneacht le

Pecking (DCB 500)

Bhí tóir mhór ag na deirbhsheathracha beaga ar a bheith ag piocadh síolta agus a bheith ag circíneacht le siúcra. (DCG 728)

***Claidheamh**

(claíomh – FGB)

Ar dhá cheann an chlaidhimh le chéile

An incompatibility of temper (DCB 3)

Bhíodh siad ar dhá cheann an chlaidhimh mar sin le chéile nó gur mheas Miss Betsey gurbh fheárr a chuid a thabhairt dó agus col scartha a fhagháil uaidh gan dul chun dlighe. (DCG 7)

[Go mór i n-aghaidh a chéile]

***Cleite**

Gan barr cleite isteach nó bun cleite amach in áit ar bith ann

(It was a genteel old-fashioned house, very quiet and) orderly (DCB 245)

Teach galánta den tsean-déanamh a bhí ann, é an-chiúin, agus gan barr cleite isteach nó bun cleite amach in áit ar bith ann. (DCG 350)

Cliopaití

In mo chliopaití

At my elbow (DCB 474)

“Aige-sean is fearr a fhios (Uriah a bhí i gceist aige) mar gur choinnigh sé in mo chliopaití i gcomhnuidhe ag cur cogar in mo chluais.” (DCG 690)

Cloch

**An chloch ba mhó ar mo phaidrín*

So full of the subject (DCB 442)/ The dead weight on my mind (DCB 454)

Níorbh é an chaoi ar theastuigh uaim a scannradh, ach go mba é sin an chloch ba mhó ar mo phaidrín. (DCG 642)

Choinnigh Miss Murdstone na malaí troma orm gur shroichees (sic.?) an doras agus í ag breathnú chomh cosamhail sin leis an gcuma a bhíodh uirthi tuairim an ama sin ar maidin sa bpárlús i mBlunderstone gur bheag nár cheapas nach rabhas ag rádh mo cheacht i gceart arís, agus gurbh é an chloch ba mhó ar mo phaidrín an sean-leabhar uathbhásach litrighthe úd. (DCG 660)

[Féach leis (DCB 51, DCG 62) (DCB 225, DCG 321) (DCB 259, DCG 372) (DCB 623, DCG 910) (DCB 634, DCG 927) (DCB 646, DCG 943)]

**Ba í an umhlaidheacht an chloch na mhó ar mo phaidrín*

I ate umble pie with an appetite (DCB 471)

“Thugas fá deara céard a rinne an umhlaidheacht, agus ghlacas léi. Ba í an umhlaidheacht an chloch na mhó ar mo phaidrín.” (DCG 686)

Ag caitheamh cloch leis an ngealaigh

In vain (DCB 699)

Bhí a raibh le feiceál feicthe againn faoi seo. Ní bhéadh ann ach ag chaitheamh cloc leis an ngealaigh féachaint le cur ar shúile duine de shórt Mr. Creakle, Giúistís, nach raibh athrú dá luighead ar Sheacht Fichead ná ar Ocht Fichead ach mar bhí siad. (DCG 1024)

Bhí se chomh maith dhom a bheith ag caitheamh cloch leis an ngealaigh

I might as hopefully have entreated the wind (DCB 649)

Bhí sé chomh maith dhom a bheith ag caitheamh cloch leis an ngealaigh le cur romham cosc a chur ar Ham. (DCG 948)

**A scrúdfadh na clocha glasa*

Most heart-rendering (confidences) (DCB 143)

Bíodh scéalta rúin ag Mrs. Micawber dhom a scrúdfadh na clocha glasa. (DCG 198)

Cluas

**Cluas a thabhairt le*

Listen (DCB 559)

“Tabhair cluas liom anois.” (DCG 816)

Ní chluinfeá méar i gcluais uatha le torann

(The clash and glare of sundry fiery Works upon the river-side, arose by night) to disturb everything (DCB 555)

Bhí a lán oibreacha teineadh ar bhruach na h-abhna, agus ní chluinfeá méar i gcluais uatha le torann, agus dhallfadh an bladhaire thú. (DCG 811)

Isteach ar chluais agus amach ar an gcluais eile

In at one ear and out at the other (DCB 109)

Ba éard a bhíodh agam leabhar cruaidh casta eicín ar áireamh; agus táibhlí na dtomhas agus na meadhachan agus fuinn aca ghá gcur leo féin mar bheadh Rule Britannia ann nó Away with melancholy; agus nach bhfanfaidís socair nó go bhfoghlumthí iad, ach iad ag léimnigh agus ag rinne ar fud mo chinn, isteach ar chluais agus amach ar an gcluais eile! (DCG 148)

Dheargas go bun na gcluas

I blushed deeply (DCB 450)

Rugas ortha as a láimh agus gan fios agam arbh ar mo cheann nó ar mo chosa a bhíos in mo sheasamh, agus nuair a chonnaiceas ráidhte thuas ar a mbárr mar seo: “A Dora mhúirnigh, a ghrádh mo chléibh,” “A Chuid de’n tsaoghal agus a aingil,” “A Ghrádh mo chroidhe go deo deo,” agus mar sin de, dheargas go bun na gcluas agus sméideas mo cheann. (DCG 653)

Má thugair cluas liom

If you will bear with me (DCB 466)

“Tamall ó shin, roimh bhás a h-athar, nuair a cheapas gur cheart dom tarraingt anuas chuici – ach innseochad duit mar bhí sí, má thugair cluas liom.” (DCG 677)

***Cnámh**

Do cheithre cnámha féin

Your own sweet blooming self (DCB 708)

“Agus bhí sé in mo cheann i gcomhnuidhe go gcaithfinn teacht agus an Máighistir Davy a fheiceál agus do cheithre cnámha féin, agus sibh go sonasach fá chuing an phósta, sul a n-éirighinn ró-shean.” (DCG 1038)

***Cnead**

Cuir cnead as

To moan (DCB 124)

Chuir Mrs. Gummidge cnead aisti. (DCG 171)

***Cochall**

As cor an chochail

The toils in which he was held (DCB 634)

“Séard a bhí uaim i gcomhnuidhe dá bhfághainn as cor an chochail é mo bheatha go léir a thabhairt suas dó, ionnis go gcaithfinn beagán beag den chion agud den chúram atá ag dul dó uaim leis.” (DCG 927)

I gcorr an chochail

Difficulties are overwhelming (DCB 139)

‘Tá Mr. Micawber i gcorr an chochail fá láthair,’ arsa Mrs. Micawber; ‘agus níl a fhios agam ó thalamh go h-aer an rachaidh aige fagháil as.’ (DCG 192)

Cogar

Cogar feille

(cogar ceilge – FGB)

A conspiracy (DCB 610)

“Óthó! Cogar feille atá eadraibh. Rinne sibh coinne le na chéile i gcomhair na háite seo.” (DCG 892)

Coimhlinnt

(coimhlint - FGB)

Ba cruaidh an choimhlinnt í

Though it certainly was a pull (DCB 335)

“Ar an mbealach sin, agus gan a bheith ró-rabairneach, d’éirigh liom an céad punta a chnuasacht ar deireadh, agus moladh mór le Dia tá an méid sin íoctha, gídh go mba cruaidh an choimhlinnt í,” arsa Traddles. (DCG 484)

Muna raibh coimhlinnt ní la go maidin é

The competition ran very high indeed (DCB 461)

Ba éard ba mhí a mbíomuis ar fad ar a lorg ceadamhnais pósta agus udhachta beaga, agus ba in iad a b’fhearr a d’íocadh sinn; agus muna raibh coimhlinnt fútha sin ní lá go maidin é. (DCG 671)

Coiscéim

Níl ann ach coiscéim coiligh anonn

It is merely crossing (DCB 659)

“Níl ann ach coiscéim coiligh anonn,” arsa Mr. Micawber, ag fudrúscadh le na shúil-ghloine, “níl ann ach coiscéim coiligh, ach go gceapann daoine gur achar fada é.” (DCG 964)

Coitréabacha

Coitréabacha a dhéanamh dá chnámha

(I could have) done anything to him that was savage and revengful (DCB 324)

Duine lághach geanamhail a raibh blagóid an-liomhtha air d’fhiafruigh sé dhíom, treasna an bhuid, arbh é sin an chéad uair a chonnaic mé an gáirdín, agus shanntuigh mé coitréabacha a dhéanamh dá chnámha. (DCG 468)

Cor

Cor ná car i

Ní fhágfadh sé cor ná car ionnam

Quite unman me (DCB 682)

“Tuiteann an lug ar an lag agam má téightear ag cur treasnaidheachta orm, a dhuine uasail. Ní fhágfadh sé cor ná car ionnam.” (DCG 998)

Cor ná cleas/ Gan cor gan cleas as

All were motionless (DCB 83)/Quite still (DCB 540)

Bhí sí annsin ina seasamh ar aghaidh an Dochtúra gan cor gan cleas aisti, agus í chomh díocasach sin in ar dhubhairt sí go raibh drioganna ionnam. (DCG 790)
Cheapas nár gádh dó “Ciúineas!” a fhuagairt chomh fíochmhar agus rinne sé, mar nach raibh cor ná cleas as duine, ná forcal den chainnt againn. (DCG 109)
[Féach leis (DCB 367, DCG 531) (DCB 596, DCG 870) (DCB 651, DCG 952)]

**Gach cor agus casadh*

The principle vicissitudes and separations (DCB 678)

Bhuail orm ag ceapadh pictiurí dhom féin sna haithinneacha dearga, agus mé ag machtnamh, do réir mar d’athruighidís agus mar bhrisidís, ar gach cor agus casadh dár bhain an saoghal asam féin. (DCG 992)

Gan cor ná cleite a bhaint aisti

Retaining her stiff position, and apparent composure (DCB 637)

Sméid m’aintín a ceann ag teacht leis, agus níor bhain sé cor na cleite aisti.

**Corp*

Á chaitheamh idir chorp agus cheirt

Turn adrift (DCB 151)

Ní raibh cara agam ach iad, agus gurbh éard ar smaoineas air nuair a chaithfínn dul ar athrú lóistín agus a bheith i measc na gcoimhthigheach arís, gur chosamhail é le mé a chaitheamh isteach idir chorp agus cheirt ins an sórt saoghail a bhí anois agam. (DCG 210)

Idir chorp is cheirt

Pell-mell (DCB 601)

Leis sin chas an troidín an chathaoir agus Mr. Omer thart chomh stuamdha sin agus gurbh iongantach leat feithide chomh beag sin a bheith in ann chuige, agus as go bráth léi isteach sa bpárlus leo idir chorp is cheirt, gan teangmhachtáil leis an ursainn. (DCG 877)

Cos

**An chroidhe i mbonn na gcós*

Downcast and heavy of heart (DCB 173)/ Profoundly miserable (DCB 150)

Thuit an trioll ar an treall agam ar chlos na cainnte sin dom, agus chuaidh mo chroidhe síos go bonn mo chos. (DCG 244)

Bhí faitchíos orm Mr. Micawber a fhágháil leis féin nuair a bhí sé ag scaradh liom ag an lóiste, tar éis siubhal go dtí sin liom agus a bheannacht a thabhairt dom, leis an gcaoi a raibh a chroidhe i mbonn a chos. (DCG 210)

**As cos i dtaca*

One after another (DCB 677)

Cuireadh uirthi a bheith ag gabháil dóibh i rith na h-oidhche, as cosa i dtaca, (gach deirbhshiúr ag iarraidh uirthi fonn ar leith a ghabháil, agus ba í an Ailneacht an duine deireannach díobh a chuireadh a ladar isteach), nó go raibh eitreoaga ar mo chroidhe. (DCG 991)

[Gan sos]

Buail cos air

The less said the better (DCB 271)

“A Steerforth, a chara dhí, molaim go mór thú as ucht do fhlaithreamhlachta.”
“Seafóid!” ar seisean, agus las sé. “Buail cos air.” (DCG 389)

Cos a bhualadh ar

(Which I have been earnestly entreated by Dr. Strong) to conceal (DCB 539)
“A Mhrs. Strong,” arsa mise, “tá rud eicín ar eolas agam féin, ar agair an Dr. Strong mé cos a bhualadh air, agus rinneas sin go dtí anois.” (DCG 786)

**Cos i bpoll a chur le*

(He will) settle himself (DCB 512)/ Do for you finally (DCB 615)
“Bagrann sé go huathbhásach go gcuirfidh sé Cos i bPoll leis féin (an chainnt chéadna adubhairt sé); agus ní innseochaidh sé do dhuine beo céard is cionntach leis an athrú seo.” (DCG 746)
“Féachfamuid le rud eicín a fhagháil a mbéidh maith ann, agus a chuirfeas cos i bpoll leat-sa, féacfaidh sin gan mhoill, a bhuachaill,” arsa Mr. Micawber. (DCG 899)

Gabh de chosa ann

Trample on (DCB 388)
“Ghabhfainn de chosa ionnta ar fad,” adeir sí. “Leagfainn an teach ina mullach. Chuirfinn brannda ar a h-éadan agus chuirfinn sean-ghiolcaisí uirthi, agus caithfinn amach ar an tsráid í le bás a fhagháil de’n ocras.” (DCG 563)

Gan tarraingt na gcos ionnam

I was quite knocked up (DCB 329)
Bhínn ag ránaidheacht siar agus aniar ar fud na Páirce agus gan tarraingt na gcos ionnam. Coor-uair i bhfad ó chéile d’éirigheadh liom a feiceál. (DCG 476)

I gcos a chéile

In a crowd (DCB 209)
Amach linn as an seomra i gcosa a chéile go bhfeiceamuis céard a thárla agus cá bhfuigheamuis í ach sínte ar urlár an halla. (DCG 296)

Ina chosamar

In company with him (DCB 391)
Ach ba bheag an áird a bhí agam-sa nó ag Peggotty air nuair a chonnaiceamar Mr. Murdstone ina chosamar. (DCG 568)

**Na cosa a bhain glan ó*

Completely extinguished (DCB 240)
B’as béal mo ghoile a bhí mo ghlór le chlos an chuid eile den turas, ach baineadh na cosa glan uaim, agus níor fágadh ionnam ach malrach. (DCG 342)
[Dochar mór a dhéanamh do]

Phógfainn lorga a cos

I adore her with my whole soul (DCB 413)
“An gceapaim é, a aintín?” arsa mise, agus mé chomh dearg le coileach Franncach. “Phógfainn lorga a cos.” (DCG 600)

Sna cosa in áirde

Running (DCB 100)

Bhí sí mar sin liom nuair a tháinig Peggotty isteach sna cosa in áirde, gur chaith í féin ar an urlár le n-ár n-ais, agus ní raibh a fhios aici ar feadh ceathramha uaire cén áit a gcuirfeadh sí in ár suidhe nó inár seasamh sinn. (DCG 134)

Cóta

I mo chóta

In my circumstances (DCB 396)

Nuair a chonnaiceas Dora sa ngáirdín agus a leigeas orm féin nach bhfacas í, agus nuair a chuadhas thar an teach agus mé ag leigean orm féin go rabhas ghá chuartú go géar, is dóigh go ndéarnas dhá bhotún bheaga a dhéanfadh daoine uaisle ar bith eile a bhéadh in mo chóta – thainigeadar chomh réidh sin chugamsa. (DCG 574)

***Cothrom**

Cothrom na Féinne

Strict justice (DCB 394)

Caithfeadh a rádh go raibh aimhreas agam nárbh é sin cothrom na Féinne, agus an buiséal cruithneachta úd a dhéanfadh cóir de'n éagcóir ní cuirfeadh sé os mo cheann é. (DCG 571)

***Crann**

Thuit an crann air

It depended on him (DCB 264)

Ach b'ar Steerforth a thuit an crann, agus d'éirigh leis chomh maith sin go rabhamar ar ár sáimhín sógha arís, agus chomh suairc agus d'fhéadfaimis a bheith. (DCG 379)

***Crith**

Ag crith ina chroiceann roimh...

In terror of (DCB 226)

Cérbh é an búistéar óg seo?

Bhí gach duine i gCanterbury ar crith ina chroiceann roimhe. (DCG 322)

Ar balla creatha

All in a tremble (DCB 492)

Rinneas amhlaidh, agus mé ar balla creatha, agus tugadh isteach i seomra eile mé. (DCG 716)

Ar barra creatha

Extremely nervous (DCB 682)/ All of a shiver (DCB 213)

“Agus geallaim duit, a dhuine uasail, go mbím ar barra creatha ar ócáideacha den tsórt sin.” (DCG 998)

“Agus ar scannruigh sé m'aintín arís?”. “Bhí sí ar barra creatha aige.” (DCG 302)

[Ar balla (barra) creatha]

Ar crith ina chroiceann roimh

Dreadfully frightened of (DCB 75)

Bhí eagla orm go mbainfeadh seisean a lán grinn as, agus go leigfeadh air féin go raibh sé ar crith ina chroiceann romham. (DCG 97)

Ar crithe sa chroiceann

Quite dismayed (DCB 293)

Bhíos ar crithe in mo chroiceann le h-eagla roimh Mr. Jorkins leis an gcáil a chualas air. (DCG 422)

Cródha

(cróga – FGB)

Go cródha calma

Striving hard and valiantly (DCB 649)

Thug sé a aghaidh ar an luíng, é ag éirghe leis na cnuic agus ag isliú leis na gleannta, é dhá chárnaidh fán gcubhar bhorb, é ag tarraingt ar an luíng, ag cur dhe go cródha calma. (DCG 949)

***Croiceann**

(craiceann – FGB)

Ag cur a chroicinn de

He uprose (DCB 142)

Uair amháin thoisigh Fataí Mine ag cur a chroicinn de fá rádh is go ndéanfaidhe an oiread sin díom. (DCG 198)

[Ag obair go cruaidh, nó ag maslú]

Ar chroiceann do chluaise

Whatever you do (DCB 523)

“Tabhair grádh Bhetsey Trotwood don bhláth nuair a thioctas tú ar ais; agus ar chroiceann do chluaise, a Trot, fainic a ndéanfá fear bréige do Bhetsey Trotwood, mar do réir mar fheicim-se sa scáthán í tá sí dúr dalba go leor mar atá sí.” (DCG 763)

[Féach leis (DCB 575, DCG 840) (DCB 583, DCG 852)]

Ag léimnigh as a chroiceann le h-áthas

Wild with joy (DCB 226)

Bhí Mr. Dick ag léimnigh as a chroiceann le h-áthas, agus an chéad phosta eile a thainig fuaras gini ó m’aintín. (DCG 322)

Faitchíos mo chroicinn orm

I trembled (DCB 583)

Agus gídh go raibh faitchíos mo chroicinn orm go dtiocfadh an lá a mbainfidhe an dallóg dhe agus a chéasfadh a chroidhe, bhí an oiread sin creidim ag baint le n-a dhóchas, agus é ag borradh ort ar bhealach go gcuirfeadh sé an nadúir ghlan daonna a bhí taobh thiar de os do chomhair ar bhealach go scrúdfá leis, gurbh amhlaidh a bhí an meas a bhí agam air agus an t-urram a bhí agam dó ag méadú ó la go lá. (DCG 851)

[Féach leis (DCB 66, DCG 83) (DCB 120, DCG 164) (DCB 252, DCG 361)]

Náire mo chroicinn

I was abashed (DCB 245)

Bhí náire mo chroicinn orm a leithéid de bhotún a dhéanamh, agus ba mhaith liom scéal eicín eile a tharraingt anuas. (DCG 350)

Croidhe

(croí – FGB)

Ar gcroidhe féin ag dul amach ar ar mbeal

We all held our breath (DCB 614)

Bhí ár gcroidhe féin ag dul amach ar ar mbéal, sílim. Táim cinnte go raibh croidhe Uriah ag dul amach ar a bhéal-san. (DCG 898)

**Bíodh croidhe agat*

Cheer up (DCB 94, 124)

‘Bíodh croidhe agat a Mháighistir Davy, a bhuachaill,’ arsa Ham, ag straois-gháire. (DCG 125)

‘Bíodh do chroidhe agat a mháthair!’, arsa Mr. Peggotty. (DCG 171)

[Coinnigh suas do chroidhe le brostú agus misneach]

Chuirfeadh sé criothnú croidhe ort

It was most appalling (DCB 647)

Agus an chaoi a raibh na fáganna móra ag éirghe, iad “ag bagairt a gcinn thar dhruim a chéile” agus ag teacht ina mílte dubha i mullach a chéile chuirfeadh sé criothnú croidhe ort. (DCG 945)

**Croidhe i mbonn na gcos*

(Feeling) blank and strange (DCB 45)/weighed down (DCB 59)

Leis an bhfuaidreamh a bhí uirthi agus chomh amscaidh agus a tháinig sí amach as an gcairt b’ait an búrla a bhí Peggotty a dhéanamh di féin, ach bhí mo chroidhe ró-mhór i mbonn mo chos le sin a rádh léi. (DCG 53)

Ní dhéanfadh dearmad go h-éag ar mhaidin lá ar na bhárach nuair a dhúisigheas; an chaoi a rabhas úr éadtrom-chroidheach scathaimhín, agus leis an chaoi a ndeacha mo chroidhe síos i mbonn mo chos nuair a thoisigheas ag cuimhniú ar ar thárla. (DCG 73)

[Féach leis (DCB 511, DCG 744) (DCB 579, DCG 845)]

**Croidhe na féile*

Generous (DCB 206)/ The soul of generosity (DCB 289)

“Nuair adubhras leis an málóid sin an lá eile go raibh rud beag a bhain le n-a muinnti ar cheart di innseacht duit faoi – go deimhin sílim go raibh sin de dhualgas uirthi – dubhairt sí go mb’ionann sin agus rud a iarraidh ort, agus ó ba rud é go mba tú croidhe na féile nach ndéanfadh sí é mar nár eitighis ariamh í.” (DCG 293)

“Tá costas mór déanta agat le mo chuid scolaidheachta, agus bhís chomh fial liom ar gach bealach agus a d’fhéadfadh duine ar bith a bheith. Is tú croidhe na féile.” (DCG 416)

De mo chroidhe agam

Off my mind (DCB 118)

‘Tá sé de mo chroidhe anois agam, a Pheggotty,’ ar sise, nuair a chuireas a luighe í an oídhche sin. (DCG 161)

Mo chroidhe in mo bhéal le imnidhe

Worrying myself into a fever (DCB 499)

Uair a n-abrainn liom féin gur mhaith liom í féachaint mar d'fhéach sí a leithéid seo d'am, agus annsin ní bhínn cinnte nárbh fhearr liom go mbreathnóchadh sí mar bhreathnuigh sí am eicín eile; agus mo chroidhe in mo bhéal le imnidhe fán scéal. (DCG 727)

**Ó chroidhe amach*

In all sincerity (DCB 119)/With all (my) heart (DCB 124)

D'innis sí dom go mbéadh orainn scaradh le chéile agus cén fáth, agus rinneamar comh-bhrón le chéile ó chroidhe amach. (DCG 164)

'Breathnuigh orm-sa, a Pheggotty,' arsa mise, 'agus chífir go bhfuil áthas orm agus gur maith liom go mór é!'. Agus go deimhin b'amhlaidh a bhí ó mo chroidhe amach. (DCG 170)

[Le dúthracht]

Ní raibh rath ar an deágh-chroidhe!

Bother the best intentions! (DCB 103)

Thoisigh Peggotty ag monabhar léi féin, mar déarfadh sí: 'Ná raibh rath ar an deágh-chroidhe sin!' agus dubhairt rud eicín eile i dtaobh an iomarca den deágh-chroidhe a bheith ag daoine. (DCG 139)

Cruaidh

(crua – FGB)

**Ar bog ná ar cruaidh/ Ar bog nó ar cruaidh*

Ní dhéanfainn dearmad ar an méid sin ar bog ná ar cruaidh

I must not (forget, no! even to forget myself) (DCB 687)/ On any pretence whatever (DCB 105)

"Chaitfinn foighid agus dílseacht agus dóchjas agus grádh inghine nach bhfacas a leitheidí ariamh a chur ar ceal, agus ní dhéanfainn dearmad ar an méid sin ar bog ná ar cruaidh." (DCG 1006)

Nuair a tháinig sí chuici féin chuir sí geasa orm gan lámh a leagan ar mo dhearbhráthair ní ba mhó ar bog nó ar cruaidh. (DCG 142)

[Féach leis (DCB 191, DCG 271) (DCB 403, DCG 586) (DCB 461, DCG 671)]

**Go bog is go cruaidh*

Chuir sé go bog is go cruaidh orm

He anxiously endeavoured (DCB 642)

Gídh gur chuir sé go bog is go cruaidh orm gan dul d'aithnigheas air go raibh sé ar aon intinn liom; agus bhéarfadh sin orm dul ann dá mbéadh gan fonn an bheith orm féin féin. (DCG 938)

[Féach leis (DCB 338, DCG 489) (DCB 348, DCG 503) (DCB 454, DCG 661)]

Le bog is le cruaidh

Cur suas le bog is le cruaidh

Rough it (DCB 674)

"Bhoil," arsa Traddles, "cuirfeamuid suas le bog is le cruaidh, mar adubhras ar ball, agus an tseachtmhain seo caithte bhí sráideog againn ar an urlár annseo." (DCG 987)

***Cruinne**

Ar ór na cruinne

For any earthly consideration (DCB 20)/ For the wealth of the Indies! (DCB 264)

B'fhéidir go dtairgeoachadh sé focal go síbhialta dhó nó leath-fhocal nó spruaille de cheann, mar bhí a chuid cainnte chomh mall le n-a shiubhal, ach ní bhéadh sé droch-mhúinte leis, agus ní bhéadh tobann leis ar ór na cruinne. (DCG 15)

“Ní bhéadh duine ar bith ar iarraidh in bhur measc anocht – go mór-mhór an té atá ar iarraidh – mar gheall orm-sa, ar ór na cruinne!” (DCG 379)

[Féach leis (DCB 398, DCG 577) (DCB 477, DCG 694) (DCB 495, DCG 721) (DCB 514, DCG 749) (DCB 522, DCG 761) (DCB 668, DCG 977)]

Ór na cruinne

All the heaps of riches in the wureld (DCB 386)

“Bhéarfainn ór na cruinne (dá mba liom e) ar a fagháil ar ais!” (DCG 559)

Cruptha

(crup = crap – FGB)

Cruptha craptha

Crooked (old men and women) (DCB 663)

Bhí naoidheanáin ann nach raibh ach cúpla seachtmhain ar an saoghal agus sean-daoine agus sean-mhná cruptha craptha a raibh cuma ortha nach raibh ach cúpla seachtmhain de shaoghal rómpa. (DCG 969)

Cruth

I gcruth mo phósta

Ní raibheas i gcruth mo phósta

I was not fit to be a wife (DCB 627)

“Is dóigh liom go mb’fhearr dhúinn gan ach grádh a bheith againn ar a chéile mar bhéadh ag gasúr agus girrseach ann agus dearmad a dhéanamh air. Táim ghá cheapadh nach rabhas i gcruth mo phósta.” (DCG 916)

***Cuach**

Mo chuach annsin thú!

Hear, hear, hear! (DCB 278)

(mo chuach thú!: I love you! – FGB)

“Ní mó a thaithnigheas liom a dhathamhla is atá sí ná mar thaithnigheas liom a chiallmhaire is atá sí.” “Goirim thú!” arsa Steerforth. “Mo chuach annsin thú!” (DCG 400)

[Goirim thú!]

***Cuid**

Is maith an chuid é

A good fellow (DCB 382)

Ghlac sí buidheachas liom agus dubhairt go mba mhaith an chuid díom é. (DCG 555)

A chuid den tsaoghal

My dearest (James) (DCB 245)

Chuir sí fáilte roimh Steerforth, chuir barróg air, agus “a Shéamuis a chuid den tsaoghal” a thug sí air. (DCG 350)

Ina dhá chuid déag le

The bosom friend of (DCB 207)

Cheapas féin gurbh é an rud a bhí i Mr. Jack Maldon Sinbad eile, agus bhíos ghá shamhailt dom féin ina dhá chuid déag le Righthé an Oirthir ar fad, ina dhuidhe fá théastair, ag caitheamh píopaí fada casta a raibh míle ar fad ionnta dá mb’fhéidir a ndíriú. (DCG 294)

Is maith an chuid díot sin

You are very good (DCB 219)

Dubhras go mbéadh ríméad orm Mrs. Micawber a fheiceál. “Is maith an chuid díot sin,” arsa Mr. Micawber. (DCG 311)

Cuimhne

**Má’s buan mo chuimhne*

To the best of my knowledge (DCB 418)/ To the best of my remembrance (DCB 454)

Leis sin as go bráth leis, agus má’s buan mo chuimhne bhí sé trí lá súl a chuir sé a srón isteach ins an gComónacht arís. (DCG 607)

Chuireas go bog is go cruaidh air gan a bheith cruaidh ar chailín chomh mín módhamhail léi – gan bláithín briosc a bhrúghadh – agus cheapfá leis an gcaoi a scríobhas chuige, má’s buan mo chuimhne, go mba chuig Amhas a bhíos ag scríobhadh. (DCG 661)

[Chomh maith agus is cuimhneach liom]

Mo chuimhne

By-the-bye (DCB 485)

“Mo chuimhne, a Traddles mo chroidhe,” arsa mise, “b’fhéidir go mbeitheá-sa in ann comhairle a thabhairt dom.” (DCG 706)

Cúl

**Gan fios agat ach an oiread le do chúl*

Without having an idea (DCB 518)

Táim ag déanamh óráide ar an gcuma chéadna gan fios agam ach an oiread le mo chúl céard a theastuigheas uaim a rádh ach amháin go bhfuilim lán-chinnté nach bhfuil sé ráidhte agam. (DCG 755)

**Gan fios agat ach an oiread le cúl do chinn*

You would find it difficult to form the faintest conception (of my heartrending situation) (DCB 575)

“Ach gan an scéal ar fad a bheith agat, a Mhr. T. ní bhéadh a fhios agat ach an oiread le cúl do chinn a anróitighe an saoghal atá agam.” (DCG 840)

Ina chúl báire agam

As my general backer (DCB 515)

Ní theastuigheann Traddles chor ar bith ach tá sé annsin agam ina chúl báire. (DCG 750)

Cumhacht

An chumhacht ina chodladh ann

Latent power (DCB 661)

“Tá a fhios agam, freisin, cén sórt duine Mr. Micawber. Tá a fhios agam cén chumhacht atá ina chodladh ann.” (DCG 966)

***Cúpla**

Leath-dhuine cúpla

This baby was one of twins (DCB 138)

Leath-dhuine cúpla a bhí ins an bpáiste (DCG 192)

***Cur**

(cuir – FGB)

Bhíos ag cur is ag cúiteamh

I was thinking (DCB 678)

Bhíos ag cur is ag cúiteamh liom féin ag fiafruighe díom féin an bhféadfainn cur suas leis go foighdeach, agus an bhféadfainn-se mé féin a iomchur chomh réidh ina teach-san agus a d’iomchradh sise í féin in mo theach-sa. (DCG 992)

***Dall**

Bheith dall

To be stupid (DCB 55)

‘Anois, a Davy, féach leis arís agus ná bí chomh dall sin.’ (DCG 67)

Dallta ina diaidh

Over head and ears in love with her (DCB 390)

B’amhlaidh mar bhí go rabhas tuitthe do Dora. Níorbh é amháin go rabhas dallta ina diaidh, bhínn ag rámhailighe fúithi freisin. (DCG 563)

***Daoirse**

Fá dhaoirse na gcor

(faoi dhaoirse – FGB)

To lead a dismal life (DCB 534)

“Muna mbéadh an chaoi ar sheas sise ar mo shon, bhéinn fá ghlas leis na bliadhanta fá dhaoirse na gcor.” (DCG 779)

[A shrón leis an gcloich]

Dá ríre

(dáiríre – FGB)

**Dá ríre píre*

Really and truly (DCB 122)

‘An bhfuil tú ar do sháimhín suilt dá ríre?’ Rinne Peggotty gáire agus dubhairt go raibh. ‘Ach dá ríre píre, am (sic) bhfuil a fhios agat. An bhfuil tú?’ arsa Mr. Barkis. (DCG 168)

Dá ríre ón gcnáimh go dtí an smior agus ón smior go dtí an smúsach

Deep, downright, faithful earnestness (DCB 414)

“Séard is mó a theastuigheas uaidh sin duine eicín a bhéas dá ríre le bheith ina cúl taca aige agus le n-a chur ar bhealach a leasa, a Trot. Duine a bhéas dá ríre ón gcnáimh go dtí an smior agus ón smior go dtí an smúsach.” (DCG 601)

Idir shúgradh is dá ríre

In a mixture of confidential jest and earnest (DCB 233)

Nuair a bhí tamall caithte mar sin againn agus sinn idir shúgradh is dá ríre le scéalta grinn agus le scéalta rúin – nós a bhí againn ó bhíomar inár bpáistí – dhearc Una idir an dá shúil orm agus d’fhiafruigh díom i nglór eile ar fad – “A Trotwood, tá ceist amháin le cur agam ort.” (DCG 333)

Dath

**A dhiultiú duth agus dath*

Positively refuse (DCB 273)

Bhí an-tóir agam an bhean uasal seo a fheiceál, go mór-mhór thárla gur tháinig reacht gáire ar Steerforth nuair a labhras uirthi agus dhiúltaigh sé duth agus dath an cheist a chuir mé air fúithi a fhreagairt. (DCG 393)

[Féach leis (DCB 311, DCG 450) (DCB 481, DCG 700) (DCB 560, DCG 818)]

Dath na gcorp

Deadly pale (DCB 372)

Chuadhamar amach. Ag dul thairis ag an doras dom thugas fá deara go raibh dath na gcorp air, rud a chuir iongnadh an domhain orm. (DCG 539)

[Féach leis (DCB 385, DCG 558 – Very pale) (DCB 473, DCG 688 – A deadly colour) (DCB 485, DCG 707 – Lead-colour) (DCB 537, DCG 784 – Pale) (DCB 608, DCG 888 – Extremely pale) (DCB 619, DCG 904 – With a frightful face) (DCB 650, DCG 949 – Ashy pale)]

**Duth ná dath*

Absolutely (could not bear it) (DCB 21)

“Dheá-á-á!” arsa m’aintín, agus í ag drannadh le Mr. Chillip ar bhealach nárbh fhéidir leis cur suas leis duth ná dath.” (DCG 16)

**Duth nó dath*

Quite (unable to) (DCB 516)

Ní féidir liom duth nó dath a chreidsint gur mise fear an tige. (DCG 751-2)

**Duth agus dath*

Endeavour (DCB 253)

Sháróchadh orm duth agus dath cur síos ar an aoibhneas a bhí orm agus mé ag filleadh chomh so-mheanmnach sin ar na sean-áiteacha a raibh aithne agam ortha. (DCG 362)

**Nil a dath ar na maidí anois*

She is quite a shadow now (DCB 681)

“Bhíodh siad ag speireadh a chéile tamall i dtoiseach, a dhuine uasail,” arsa Mr. Chillip, “ach níl a dath ar na maidí anois.” (DCG 996)

[An droch-dhath air/uirthi]

Dé

Ar ár dé deireannach le

Ar ár dé deireannach le h-ocras

When we should have reached an advanced stage of attenuation (DCB 411)

Thugas fá deara é ag cur gitíní de'n im agus de'n cháis ina phóca, agus táim cinnte gurbh é an fáth a bhí aige leis sin ionnus go mbéadh siad aige leis an anam a choinneál ionainn nuair a bhéadh sinn ar ár dé deireannach le h-ocras. (DCG 597)

I ndeireadh na déithe

Out of breath (DCB 382)

Bhíos in mo sheasamh annsin in mo stán ag éisteacht leis an méid sin feille dá roiseadh di ag Miss Mowcher, agus í ag siubhal síos agus aníos an chisteanach nó go raibh sí i ndeireadh na déithe. (DCG 554)

[Féach leis (DCB 715, DCG 1049)]

**Ins an dé deiridh*

In a last ineffectual struggle (DCB 256)

Bhí sé chomh dona sin gur shíleas gach móiméad go bhfeicfinn a cheann ag dul síos ar chúl an chúntair, agus go bhfeicfinn an bristín dubh a bhí air, a raibh na bombailíní meirgeacha de ribín ar a ghlúine, go bhfeicfinn é ag teacht aníos ag creafadaidh agus é ins an dé deiridh. (DCG 367)

Dé nó deatach

Ní raibh dé nó deatach ann

No sign of life (DCB 651)

Bhí na dallóga anuas; an chúirt phábháilte mharbhánta bhí sí ann sin gan cuma uirthi go raibh dé nó deatach san áit. (DCG 952)

Deacracht

Gan duadh gan deacracht

Without encountering any difficulties (DCB 578-9)

Ar aghaidh linn arís agus sinn i ngreim ascalla ina chéile; agus bhaineamar Highgate amach gan duadh gan deacracht. (DCG 845)

Deamhan

An Deamhan agus an Diabhal go mbascaidh é

May the Father of all Evil confound him (DCB 381)

“An Deamhan agus an Diabhal go mbascaidh é,” arsan bhun-bhean, ag cur suas a corr-mhéire idir mé féin agus a dhá súil a bhí ag lonnrú ina ceann, “agus go mbascaidh sé níos mó arís an seirbhíseach mioscasach sin.” (DCG 553)

***Dearg**

Dearg-dhéistean ar

Sick at heart (DCB 473)

Chuir sé dearg-dhéistean orm ó thús go deireadh; agus is mór an drugall atá orm a chur síos. (DCG 687)

***Deimhin**

Go deimhin

In short (DCB 106)

Go deimhin, níor thaithnigheas le duine ar bith, fiú liom féin amháin. (DCG 143)

Go deimhin agus go dearbhtha

Very much indeed (DCB 625)

“Ní rud é a chuireas in mo cheann. Go deimhin agus go dearbhtha is géar a theastuigheas uaim a feiceál.” (DCG 914)

Deireadh

Ar deireadh is ar siar

At last (DCB 504)

“Ba mhaith linn beirt gan tagairt beag nó mór dó, nídh nárbh iongnadh. Ach ar deireadh is ar siar dubhras liom féin nach gcuirfinn fiacal ann.” (DCG 734)

**I ndeireadh na péice*

Out of breath (DCB 25)

Agus mo mháthair i ndeireadh na péice agus í ag leigean a scíthe i gcathaoir uilleann táim ghá breathnú ag casadh a coirníní lonnrach thart ar a méara. (DCG 22-3)

[Féach leis (DCB 155, DCG 217) (DCB 538, DCG 785) (DCB 579, DCG 846) (DCB 586, DCG 855)]

[I ndeireadh na déithe]

Deireannach

Deireannach déidheannach

(deireannach déanach – FGB)

The very last (DCB 603)

“An radharc deireannach a chífear tú air, an radharc deireannach déidheannach, cuir in iúl dó cén meas agus an buidheachas mór a bhí ag an dílleachta air a raibh sé níos fearr dhó ná mar bhéadh athair ann, i gcomhnuidhe.” (DCG 880)

Deiseal

Deiseal agus tuaitheall

Backwards and forwards (DCB 529)

Chomhairfeadh ar mhéara na láimhe clé arís agus arís eile, deiseal agus tuaitheall, agus séard a thiocfadh as sin go mbéadh sí chomh feargach buadhartha sin agus go mbéadh cuma chomh mío-shásta sin uirthi go ngoillfeadh sé orm an aghaidh lasmhanta sin a fheiceál go gruamdha. (DCG 770)

Deo

Go deo deo

Evermore (DCB 642)

“Cuirim mo mhíle beannacht agus mo mhíle buidheachas chugat. Slán leat go deo deo!” (DCG 938)

**Go deo na dileann*

For ever and for ever (DCB 587)/ Never (DCB 633)

“Ní bhíonn nóiméad amháin, más mo chodaldh nó mo dhúiseacht dom, nach mbíonn sé os comhair mo shúl, go díreach mar bhíodh sé an uair a chailleas me féin agus a thugas mo chúl dó go deo na díleann.” (DCG 858)

“Is furusta sin a dhéanamh, ach gan tagairt don méid comharthaí maithe a casadh orm nó ní bhéinn réidh go deo na díleann.” (DCG 926)

**Go deo na ndeor*

Never (DCB 61)

‘Séard atá uaim a rádh, gan tú dearmad a dhéanamh orm go deo na ndeor. Mar nach ndéanfadh-sa dearmad ort-sa.’ (DCG 76)

[Féach leis (DCB 158, DCG 221) (DCB 590, DCG 861)]

Deoch

Is searbh an deoch atá le hól agam

The cup is bitter to the brim (DCB 573)

“Is searbh an deoch atá le hól agam, ach tá an t-éag sa gcroidhe agam cheana féin, agus is gearr goirid go gcuiridh sé cos i bpoll liom.” (DCG 838)

Deoir

**Ag silt na ndeor*

Mrs. Micawber’s red eyes (DCB 143)/ Mrs. Micawber shed tears (DCB 149)

Ba truaghcánta an t-amharc a thugas ar Mhrs. Micawber, áit a raibh sí ag silt na ndeor. (DCG 199)

Bhí Mrs. Micawber thrí na céile ag eachtraí an lae agus ag an gcúpla, gan bacadh leis an bhflip agus d’fhreagair sí agus í ag silt na ndeor. (DCG 208)

[Ag caoineadh]

Ag tál na ndeor

(She) wept with all her heart (DCB 594)

Bhí sé chomh scrúdta sin agus go mb’éigin dom féin scrúdadh leis, agus maidir le m’aintín, bhí sí ag tál na ndeor. (DCG 867)

Na frasa deor

Rain of tears (DCB 628)

An t-éadan sin agus é lán de thruaighe agus de bhrón, na frasa deor sin, an agairt mhaon sin orm-sa, an lámh sin sínte suas go sollamhanta chuig na flaithis! (DCG 918)

Na frasa deor le

Tears fall fast (DCB 627)

Agus mé ag breathnú amach ar an oidhche tá na frasa deor liom, agus mo chroidhe a bhí gan cheannsú tá sé cráidhte cráidhte. (DCG 917)

[Féach leis (DCB 655, DCG 957) (DCB 704, DCG 1031)]

***Deoraidhe**

(deoraí – FGB)

Duine ná deoraidhe

(There was) nobody (DCB 69)

‘An bhfuil aon duine ann fã n-a dhéin?’. Ní raibh duine ná deoraidhe. (DCG 88)

[Féach leis (DCB 329, DCG 475) (DCB 670, DCG 982)]

Dia

Dia ghá réidhteach

Dear me! (DCB 143)/Oh me, oh me! (DCB 590)

“Dia ghá réidhteach,” arsa mise, go truaighbhéalach. (DCG 199)

“Ó, muise Dia ghá réidhteach!” arsa Emily chráidhte, ar chaoi a bhogfadh croidhe dá chruaidhe, cheapas; ach feacaidh ná fiaradh níor baineadh as Miss Dartle, ach í ag maol-gháire. (DCG 861)

Mar a leagfadh Dia lámh orm

Perfectly so (DCB 696)/ As well to do, as well could be (DCB 708)

“Go raibh míle maith agat, a dhuine uasail,” arsa Mr. Littimer, “táim mar leagfadh Dia lámh orm.” (DCG 1019)

“Támuid mar leagfadh Dia lámh orainn, idir chaoirigh agus bheithidhigh agus gach rud dá bhfuil againn.” (DCG 1038)

Diabhal

An diabhal is a mháthair déanta agam

I was haunted by a vague sense of enormous wickedness (DCB 522)

Bhí coinnsias dúnmharbhbhóra agam, agus bhíteas dá fheiceál dom ar chuma eicín go raibh an diabhal is a mháthair déanta agam. (DCG 761)

**Go dtugaidh an diabhal leis é!*

Deuce take the man! (DCB 425)

Nuair a chuir sé an méid sin de bhain sé croitheadh diabhailta as féin a chuir m’aintín ar mire. “Go dtugaidh an diabhal leis é!” ar sise, “céard atá ag teacht air? Ná bí spadhartha, a dhuine!” (DCG 617)

Dícheall

Ar a dícheall báis agus beatha

In the busiest manner ever witnessed (DCB 277)

Leis sin chuir sí amach cuid den rud a bhí sa mbuidéilín ar cheann de na giotáí beaga flainín agus chur braon eile ar cheann de na scuaibíní agus bhuaíl uirthi annsin ag cuimilt agus ag scríobadh Steerforth ar mhullach a chinn ar a dícheall báis agus beatha, agus í ag síorradh cainte i rith an ama. (DCG 398)

**A sheacht ndícheall a dhéanamh*

Exerted himself (DCB 359)

I rith an lae sin ar fad, agus go mór-mhór ón gcuid sin de, rinne Steerforth a sheacht ndícheall, agus ba réidh uaidh é, leis an gcéatúr aisteach seo a chur in ordú. (DCG 519)

Míle dícheall

With all my heart (DCB 497)

Séard atá i gceist agam rud ar bith a chuireas romham a dhéanamh ariamh go dtugas faoi ar mo mhíle dícheall; go rabhas i gcomhnuidhe lán dá ríre leis na rudaí beaga chomh maith leis na rudaí móra. (DCG 723)

***Dócha**

Níor dhóiche-de an Cháisc a bheith ar an Domhnach ná

(níor dhóichí(de) – FGB)

There was too much reason to think (might have foundered before they could run in anywhere for safety) (DCB 643)/ Strong probability of (DCB 694)

Bhí na mná seo ag caoineadh mar nár dhóiche-de an Cháisc a bheith ar an Domhnach ná gur báidheadh na fir sul a raibh faill aca dídean a bhaint amach. (DCG 941)

Nuair a mínigheadh dúinn cén chaoi a dtéighthí chun séipéil agus mar sin de, thuigeads féin nár dhóiche-de an Cháisc a bheith ar an Domhnach ná go raibh níos mó eolais ag na príosúnaigh ar a chéile ná mar cheapfá agus go raibh neart deise aca ar scéala a chur ó dhuine go duine. (DCG 1017)

Domhan

Ar ádhmharaighe an domhain

As it happens (DCB 229)

Ach bhíos in ann Waltz a dhaimhsiú (agus go maith freisin, ar ádhmharaighe an domhain), agus thugas amach Miss Larkins. (DCG 327)

[Féach leis (DCB 526, DCG 767)]

Ar ór an domhain

For the whole wureld (DCB 371)

“Beirim ar rudaí agus leagaim uaim iad, agus láimhsighim iad chomh cúramach agus dá mba í Em’ly í féin a bhéadh ann. Is mar sin a bhím le n-a boinéidíní agus mar sin de. Ar ór an domhain ní leigfinn froch-úsáid a thabhairt do cheann aca.” (DCG 538)

Ó túsúigheadh an domhan

Since there was darkness on the face of the deep (DCB 376)

“Ní hé m’áit é feasta, a Mháighistir Davy,” ar seisean; “agus má chuaidh aon bhád go tóin ariamh ó túsúigheadh an domhan tá an ceann sin thíos.” (DCG 546)

Donas

An donas go dtugaidh leis thú!

“Deuce take the man!” (DCB 189)

“Cén fáth a bhfuilir ghá dhéanamh seo?” arsa m’aintín, “I gcomhnuidhe ag iarraidh déanamh amach cén fáth, agus é os comhair do shúl agat!” (DCG 267)

In ainm an donais agus a mbaineann leis

What the unmentionable to ears polite (do you think I want with rouge?) (DCB 277)

“Rouge,” arsa Charley leis an raibiléara. “In ainm an donais agus a mbaineann leis cén ghnaithe a bhéadh agam-sa de ROUGE, an measann tú?” (DCG 398)

Drábh

An drábh a bheith orm...

(I should have) been quite crushed (DCB 249)

“Ba mhaith an chara dhom an tráth sin é agus ba fial, a mháighistreás, geallaim duit,” arsa mise, “agus bhí cara mar é ag teastáil uaim. Marach é bhéadh an drábh orm.” (DCG 355)

***Driopásach**

Go driopásach

In an agitated way (DCB 648)

Iad-san go driopásach ag iarraidh a cur in iúl dom – níl a fhios agam cén chaoi, mar an beagán a bhíos in ann a chlos bhíos chomh líonruighthe sin nár thuigeas é – go dtug fuireann an bháid tárrthála aircis ortha go cródha uair an chluig ó shin, agus nár fhéadadar tada a dhéanamh. (DCG 947)

[Driopásach: duine a mbíonn fuadar faoi i gcomhnaidhe]

Druim

(droim – FGB)

Ar dhruim teacht i dtír

Tolerably convalescent (DCB 218)

Agus d’fhiafruigeas de cén chaoi a raibh Mrs. Micawber. “Go raibh maith agat,” arsa Mr. Micawber, ag sméideadh na láimhe mar ba gnás leis, agus ag socrú na smige i mbóna na léineadh, “Tá sí ar dhruim teacht i dtír.” (DCG 311)

***Dá dhruim sin**

Wherefore (Mr. Micawber set to work) (DCB 147)

Dá dhruim sin bhuail Mr. Micawber ar an athchuinge agus chum sé í, agus ghreann í ar ghiota mór millteach páipéir. (DCG 205)

***Druim díbeartha a chur le**

Get rid of (DCB 565)/ Cast out (DCB 590)

Ní raibh a fhios agam bealach ar bith sa domhan le druim díbeartha a chur leis agus bhínn ag cuimhniú ar an saoghal a bhí amach romham, agus ar an gcaoi a mbéadh sé sa mbealach orainn nuair a bhéadh sé ina shean-fhear. (DCG 824)

“Ach féach!” ar sise, go mall dúr, ag foscailt an dorais go dtéigheadh sí amach, “tá fúm-sa druim díbeartha a chur leat muna nglanaidh tú leat as mo bhealach ar fad agus fan a bheith ag cur i gcéill mar atá tú.” (DCG 862)

[Chuir mé an ruaig air]

***Druim láimhe a chur le**

Throw (me) away (DCB 559)

“Cuir druim do láimhe liom mar ghníos gach duine. Marbhuigh mé mar gheall ar go bhfuil mé mar atáim, agus go rabhas mór léi tráth.” (DCG 815)

Shanntuigheas leithead a dhroma de’n urlár a thabhairt dó

I would have given all I had, for leave to knock him down (DCB 472)

Bhí ní ba mhó le rádh aige i rith an dinnéir ná mar ba gnás leis; d’fhiafruigh dá mháthair nach raibh cuma air go raibh sé ag éirghe ró-shean le fanacht singil ní b’fhuide; agus dhearc ar Úna uair amháin ar bhealach a chuir an oiread sin feirge orm gur shanntuigheas leithead a dhroma de’n urlár a thabhairt dó. (DCG 686)

Duairc

Go duairc nó go suairc

Sentimental or comical (DCB 254)

“Má innsir dhom cá mbéidh orm dul, fã cheann dá uair an chluig béad réidh le dul leat ar chaoi ar bith is breágh leat, go duairc nó go suairc.” (DCG 363)

Dubh

An dubh a chur ina gheal ar dhuine

Win somebody over (DCB 126)

‘Tá sé ina chainnteoir chomh maith sin,’ arsa mise, ag leanamhaint orm, ‘go gcuirfeadh sé an dubh ina gheal ar dhuine ar bith.’ (DCG 174)

***Dubh bán nó riabhach**

Níl a fhios agam dubh bán nó riabhach

I have not the least idea (DCB 324)

Ní cuimhin liom cé a bhí ann ach amháin Dora. Níl a fhios agam dubh bán nó riabhach céard a bhí ar an dinnéar againn ach amháin Dora. (DCG 468)

[Dubh, buidhe nó riabhach]

***Dubhshlán**

(dúshlán – FGB)

Dubhshlán an phobail a thabhairt

Throw down the gauntlet to society (DCB 346)

“Séard a cheapaim-se, a Mhr. Copperfield, a rúin,” arsa Mrs. Micawber, go fuinneamhail, “gur chóir do Mhr. Micawber dubhshlán an phobail a thabhairt ós árd, agus a rádh mar seo, ‘Ca bhfuil an té a chuirfeas ina aghaidh sin. Sé seo an talamh aige.’” (DCG 501)

[É an-mhisneamhail nó an-ghaisceamhail]

Duibheagán

As an dubh-dhuibheagán

From the black void (DCB 646)

Ach níor fhéadas tada a fheiceál ach scáile na múch-choinnle a d’fhágas lasta, a bhí le feiceál ar ghloiní na fuinneoige, agus scáile m’éadain féin ag breathnú orm as an dubh-dhuibheagán. (DCG 944)

Duine

Duine a rinne Dia dó féin

A weak-minded person (DCB 535)

“Duine bocht a bhfuil mearbhall air, a dhuine uasail,” arsa Mr. Dick, “duine sódhanta, duine a rinne Dia dó féin.” (DCG 781)

***Eadartha**

(eadra – FGB)

Chaitheas na h-eadartha

For hours (I lay there) (DCB 646)

Chaitheas na h-eadartha sínte annsin ag éisteacht leis an ngoiith agus leis an bhfairrge. (DCG 944)

[Chaith sé eadrath (eadartha) mór ar an aonach – tamall fada]

Éag

Dearmad go h-éag a dhéanamh ar ...

That I shall never forget (DCB 191)

Gídh go raibh cuma shuairc shubháilceach ar a h-éadan bhí soineann eicín ag baint leis, agus léi-se – módhamhlacht agus maitheas agus ciuineas – nach ndéarnas dearmad ariamh air; nach dearmad go h-éag air. (DCG 270)

***Éan**

Bhorr sé mar bhéadh an t-éan gé ann

He grew like scarlet beans (DCB 565)

Bhí sé annsin fá mo shúile ag fás, (agus bhorr sé mar bhéadh an t-éan gé ann) agus imnidhe an domhain orm fán am a dtoiseochadh sé ghá bhearradh féin – seadh agus fán am a mbéadh sé críon liath. (DCG 824)

***Éire**

I bhfad Éireann ní ba mhó

Of proportions greatly surpassing... (DCB 186)/ Infinitely more (DCB 195)

Mhóidigh go ndéanfadh coileach gaoithe eile le h-aghaidh na nócaid sin a bhéadh i bhfad Éireann ní ba mhó ná an ceann a bhí aige. (DCG 264)

Ach dá mhéad mío-shásamh dar chuir sé orm a bheith gan acluidheacht gan léigheann ba mhó i bhfad Éireann a ghoill sé orm nuair a thuigeas go mba mhó an neamh-chosamhlacht a bhí idir mé féin agus mo chompánaigh de bhárr an roda nach raibh. (DCG 277)

Éiric

Éiric a dhéanamh i ngach rud go dtí an fheoirling

Make the utmost restitution (DCB 619)

“Chuadhas eatortha de léim, agus chuireas fá deara di go bhféachfamuis ar fad chuige go ndéanfadh sé éiric i ngach rud go dtí an fheoirling.” (DCG 905)

***Eitreog**

(eitreog = eitleog – FGB)

Eitreoga ar an gcroi le h-áthas

Intoxicated with joy (DCB 399)

Bhí eitreoga ar mo chroidhe le h-áthas. Bhí eagla orm nach raibh ann ach brionglóideach leis an aoibhneas a bhí orm, agus go mba gearr go ndúisighinn i Sráid Bhuckingham agus go gcluinninn Mrs. Crupp ag déanamh torainn leis na cupáin agus í ag réidhteach an bhricfosta. (DCG 579)

Eitreoga air ag an gceol

In raptures with the music (DCB 469)

Thugadh sí súil thart air anois agus arís agus d’innseadh do Úna go raibh eitreoga air ag an gceol. (DCG 682)

[Aoibhneas agus áthas orm]

Fabhra

**Ar leagan d’fhabhra*

In a moment (DCB 343)

Measaim gur beag a chuirfeadh Steerforth é féin as dúinn dá dtigeadh sé, ach ar leagan d'fhabhra chíomar chomh ciúin le coiníní i láthair an tseirbhísigh mheasamhla úd a bhí aige. (DCG 496)

[Sméideadh na súl]

Chomh-fhad agus bheitheá ag leagan d'fhabhra

In a flash of lightning (DCB 493)

Ní bhíodh ar a chumas a choinneál suas ach chomh-fhad agus bheitheá ag leagan d'fhabhra, nó go dtuiteadh sé. (DCG 717)

***Fad**

Ar feadh na fuide

All the while (DCB 114)

Bhí sí ar a glúna chomh fada agus bhí sí ghá dhéanamh sin agus port beag meidhreach ar bun aici ar feadh na fuide. (DCG 156)

[Féach leis (DCB 160, DCG 224) (DCB 169, DCG 237) (DCB 606, DCG 885)]

[Ar feadh tamaill fhada]

Fail

Ag faire ar uair na faille

For ever lying in wait (DCB 569)

Ach thuigeas go mba bheag a b'fhiú mo dhicheall, sin nó go gcaithfinn toisiú ar an gcleasaidheacht arís agus a bheith i gcomhnuidhe ag faire ar uair na faille. (DCG 831)

***Fáilte**

Fáilte Uí Cheallaigh roimh

What a pleasure (DCB 408)

"A aintín, a stór!" arsa mise. "Tá fáilte Uí Cheallaigh romhat, agus ba mhaith sin ach gan mé ag súil leat." (DCG 593)

[Féach leis (DCB 579, DCG 845) (DCB 707, DCG 1036-7)]

Fearadh na fáilte roimh

Hearty at your service (DCB 96)

'Is beag le rádh an teach atá agam, a dhuine uasail, ach béidh fearadh na fáilte romhat ann am ar bith a dtiocfaidh tú le Máighistir Davy.' (DCG 128)

Fearadh na fíor-chaoin fáilte (roimh)

He received us cordially (DCB 433)

Chuir sé fearadh na fíor-chaoin fáilte romhainn, agus ar leagan do shúl bhí sé féin agus Mr. Dick chomh mór le chéile le dhá chloigeann capaill. (DCG 628)

[Féach leis (DCB 234, DCG 334)]

Fáir

Gan fáir nó freagra aige

Not answering a word (DCB 473)

Ba cosamhail le fear buile é ar feadh tamaill; ag strachailt na gruaige dhe féin, ag bualadh a chinn, ag iarraidh mo chur uaidh agus é féin a tharraingt uaim, agus gan fáir nó freagra aige orm ná é ag breathnú ar aon duine. (DCG 688)

Fáisc

Marbh fáisc ar...!

Drat the man! (DCB 100)/ Confound the girl (DCB 253)

‘Ó, marbh fáisc air!’ arsa Peggotty. ‘Teastuigheann uaidh mo phósadh.’ (DCG 135)

“Marbh fáisc ar an mnaoi sin, tá cineál eagla orm roimpi. Measaim gur taidhbhse í.” (DCG 363)

Fánaidhe

(fánaí – FGB)

An Fánaidhe bocht

My fallen child (DCB 376)

“Ise, agus ní thusa, a chaitheas aircis a thabhairt ar an bhfánaidhe bocht!” (DCG 546)

Fáth

Gan fáth gan ádhbhar

(gan fáth gan ábhar – FGB)

In an unaccountable manner (DCB 77)

Rinneas dearmad a rádh go mbíodh seisean ag cainnt leis féin corr-uair, agus ag cur cáireanna air féin, agus ag dúnadh a dhoirn, agus ag cangailt na bhfiacal, agus ag tarraingt a chuid gruaige, gan fáth gan ádhbhar. (DCG 99)

Sin é féin an fáth

The more’s the reason (DCB 28)

“Sin é féin an fáth,” arsa Peggotty, “go n-abraim nach ndéanfaidh seo cúis. Ní dhéanfaidh.” (DCG 27)

Feacadh

Gan feacadh gan fiaradh (a bhaint as)

In a sedate, immovable manner (DCB 197)

Ach nuair a thug sé fá deara gur lean Mr. Wickfield air ag ithe ar a lóin-triall, gan feacadh gan fiaradh a bhaint as, agus nach raibh aon mhaith a bheith ag iarraidh a bhogadh dubhairt sé... (DCG 281)

[Féach leis (DCB 182, DCG 257) (DCB 293, DCG 422) (DCB 311, DCG 450) (DCB 385, DCG 558) (DCB 398, DCG 578) (DCB 418, DCG 607) (DCB 504, DCG 734) (DCB 560, DCG 818) (DCB 590, DCG 861) (DCB 612, DCG 895)]

Fear

(fearr – FGB)

Le fear is bárr bróid

With the greater admiration (DCB 336)

“Níl ort ach é sin a chur ar fhuinneoig párlúis,” arsa Traddles, ag seasamh siar uaidh beagán le fear is bárr bróid go bhfeiceadh sé i gceart é, “agus plannda a chur ann – agus tá réidh.” (DCG 485)

Fear is bárr cineáltais

A high treat (DCB 25)

Bhíos marbh le codladh, agus tuirseach de bhárr na léightheoireachta, ach ós rud é go raibh cead agam, le fear is bárr cineáltais, fanacht in mo shuidhe go dtigeadh

mo mháthair a bhí ar a cuairt i dteach comharsan b'fhearr liom bás a fhagháil i mbun mo ghnótha ná dul a luighe. (DCG 23)

Fear is barr meadhachain a chur ann

To make it the more impressive (DCB 152)

Le fear is barr meadhachain a chur in san sompla a bhí sé a thabhairt uaidh d'ól Mr. Micawber gloine puins agus d'aithneochthá air gur thaithnigh sé go maith leis, agus bhuail sé Corn-phíopa an Choláiste ar fheid. (DCG 213)

Fearr

Fearr is bárr gránach

The more ridiculous (DCB 237)

Ba é an fáth ar chuir an obair seo ar fad fearr is bárr gránach orm-sa mar go raibh sí ag tabhairt anbhruithe dhom le spúnóig ar feadh na fuide. (DCG 237)

Fearr is bárr measa

More respectable (DCB 251)

Ach ar nós gach tréithe eile dá raibh ann ní dheárna sin ach fearr is bárr measa a tharraingt air. (DCG 359)

Le fearr is bárr dúthrachta

For the greater emphasis (DCB 263)

Leag sé lámh ar mo ghlúin-sa agus lámh ar ghlúin Steerforth (d'fhliuch sé ar dtús iad le fearr is bárr dúthrachta), agus dubhairt an chainnt seo a leanas agus é ag breathnú ó dhuine go duine againn... (DCG 378)

Le fear is barr ríméid a chur ort

For your greater delight (DCB 63)

Sparán docht-leathair a raibh srán ann a bhí ann, agus trí scilleacha geala ann istigh, agus ba cosamhail gur líomh Peggotty iad le gealachán le fear is barr ríméid a chur orm. (DCG 79)

***Féasóg**

Ag dul sa bhféasóig aige

Making snaps or bounces at him (DCB 425)

Chuir an rabharta sin balc ar Mhr. Heep, agus níorbh iongnadh é; agus rinne sé an scéal ní ba mheasa an chaoi ar chorrúigh m'aintín í féin ar an gcaothair tamall ina dhiaidh sin, agus ar thoisigh sí ag croitheadh a cinn mar bhéadh sí ag dul sa bhféasóig aige. (DCG 617)

[Racha siad ag troid]

Feic

Chifeamuid a bhfeicfeamuid!

We shall see! (DCB 612)

"Ní chuimhnigheann tú chor ar bith ar an gcaoi a gcúiteochad-sa leat é, nó go gcuirfead ar lámha an dlighe thú mar gheall ar an gcogar feille seo agus araoile? Maith go leor. Chifeamuid a bhfeicfeamuid!" (DCG 894)

Bhéarfainn a bhfacas ariamh

I would give the world (DCB 84)

Tá mo cheann chomh trom agus dá mba luaidhe é, Bhéarfainn a bhfacas riamh ar chodladh maith. (DCG 111)

***Féidir**

B'fhéidir go mbéadh agus b'fhéidir nach mbéadh, mar go bhfuil an dá b'fhéidir ann

(bíonn an dá 'bh'fhéidir' ann – FGB)

Which may be, or may not be (MIC, DCB 573)

“Má's rud é go mbéidh am agat an droch-scríbhneoireacht seo a léigheam chomh fada seo - b'fhéidir go mbéadh agus b'fhéidir nach mbéadh, mar go bhfuil an dá b'fhéidir ann, teastóchaidh uait fagháil amach, nídh nach iongnadh, céard a thug orm an litir seo a scríobhadh?” (DCG 837)

Tá an dá bhféidir ann!

You may not, you know. But then, you see, you may! (DCB 470)

“Tá a fhios agat nach bhfuil sé e oibliogáid orm an cheist sin a fhreagairt. B'fhéidir nach bhfuil go deimhin, ach tá an dá bhféidir ann!” (DCG 683)

Féin

Liom féin, féin

Quite alone (DCB 707)

“An dtainig tú leat féin?” arsa Úna. “Thainigeas, a mháighistreás,” ar seisean, “liom féin, féin,” ag pógadh a láimhe. (DCG 1037)

Mé féin féin

With my own hand (DCB 584)

“Bhíos ar a lorg-san ach ní raibh sé ag baile. Scríobhas síos dó cén áit a rachadh sé agus d'fhágas ar a bhord dó é, mé féin féin.” (DCG 853)

***Feithidín**

Nár bheag an feithidín é

What a poor little mite of a fellow (DCB 605)

“Ní shuidheann tú fút ag innsean scéalta dhom i dtaobh Doady, nuair a bhí na bróga curtha as a chosa aige, agus é foluighthe le deannach – ó, nár bheag an feithidín é, an créatúr!” (DCG 884)

Fiacal

(fiacail – FGB)

An t-uisce a bhaint ó d'fhiacla ag smaoineadh ar

It sets my teeth on edge thinking of it (DCB 58)

Leis sin rugas greim fiacal ar an láimh a raibh greim aige orm léi, agus ghearras í. Baineann sé an t-uisce ó m'fhiacla smaoineadh air. (DCG 72)

**Na fiacla a thabhairt dá chéile*

Words passed between us (DCB 548)

“Thugamar fiacla dá chéile mar gheall air agus d'fhágas é mar gur mhaith liom mo cháil a chosaint.” (DCG 800)

[Searbh-chainnt nó caismirt eatortha]

***Fighte**

(figh – FGB)

Fighte fuaighte

(fite fuaite)

So bound by (an infinite variety of ties to all that had preceded it) (DCB 641)

Táim anois ag dul ag tagairt do thráth áithrid de mo shaoghal, tráth atá chomh do-dhearmadtha, chomh uathmhar, chomh fighte fuaighte sin le gach rud eile a bhain liom agus dá bhfuil curtha síos agam sa gcunntas seo, go bhfacas é ag borradh orm agus ag méadú ó thús an tráchtais seo do réir mar bhíos ag teannadh leis. (DCG 936)

[Dlúth-bhaint eatortha]

Fios

Fios a mhalart

To know better (DCB 78)

‘An raibh an duine sin annseo arís?’. ‘Ní raibh’. ‘Ní raibh,’ arsa Mr. Creakle. ‘Tá a fhios aige a mhalart.’ (DCG 102)

Gan fios agam arbh ar mo cheann nó ar mo chosa a bhíos in mo sheasamh

With a most desolate sensation (DCB 449)

Rugas ortha as a láimh agus gan fios agam arbh ar mo cheann nó ar mo chosa a bhíos in mo sheasamh, agus nuair a chonnaiceas ráidhte thuas ar a mbárr mar seo: “A Dora mhúirnigh, a ghrádh mo chléibh,” “A Chuid de’n tsaoghal agus a aingil,” “A Ghrádh mo chroidhe go deo deo,” agus mar sin de, dheargas go bun na gcluas agus sméideas mo cheann. (DCG 653)

I ngan fhios dom féin

Involuntarily (DCB 342)

Cé a bhéadh agam ann ach mo Littimer breágh ina sheasamh go forasta agus a hata ina láimh aige os mo chomhair. “Céard atá bun os cionn!” arsa mise leis, i ngan fhios dom féin. (DCG 495)

Fírinne

Corp na fírinne

(All that I know to be) the fact (DCB 182)

“Tá gach rud dá n-abróchainn ráidhte chomh maith sin ag mo dhearbhráthair, agus gan focal ráidhte aige ach corp na fírinne, nach bhfuil tada le rádh agam-sa ach amháin buidheachas a ghabháil leat fá na dheágh-bhéasaighe is atáir.” (DCG 256)

**De ráidhte na fírinne*

To tell the truth (DCB 170)

An t-urlabhra a chuir sí aisti bhain sé geit mhór as Mr. Dick; agus asam féin freisin de ráidhte na fírinne. (DCG 239)

[Leis an bhfírinne a rádh]

**Lom-chlár na fírinne*

Why, yes, decided enough (DCB 680)/ Perfectly right (DCB 681)

“Sin é lom-chlár na fírinne,” arsa mise. “Cá bhfaca tú í, a Mhr. Chillip?” (DCG 995)

“Measaim go bhfuil lom-chlár na firinne ag Mrs. Chillip,” arsa mise. (DCG 997)
[Lán na firinne]

***Flaitheas**

I bhFlaitheas

(Translated to) regions of exquisite happiness (DCB 491)

Bhuail Traddles air ag déanamh comh-gháirdeachais liom féin, agus mise agus go raibh mé lán-chinnté go rabhas i bhFlaitheas. (DCG 715)

[Duine a bhfuil áit bhreágh nó teach breágh aige]

**Shílfeá gur as flaitheas a thuiteas chuige*

He greeted me with great fervour (DCB 310)

Casadh Traddles orm ar an staighre agus leigeas m’ aithne leis, agus shílfeá gur as flaitheas a thuiteas chuige. (DCG 448)

Focal

Gan focal chuige nó uaidh

Without reservation (to this paper) (DCB 529)/ Truly and entirely (DCB 704)

Níl rud dá bhfuil ar eolas agam nach bhfuilim a chur síos ar an bpáipéar seo, gan focal chuige nó uaidh. (DCG 771)

D’fhéachas le n-a raibh ar m’intinn a nochtadh dí gan focal chuige nó uaidh. (DCG 1032)

Fóidín

Fóidín meara

(fóidín mearaí – FGB)

(I am) astray (and seem to see nothing) (DCB 517)

Is dóigh gurab é an fáth a bhfeicim an méid sin mar go bhfuil a fhios agam gurab amhlaidh atá; ach tá fóidín meara orm, agus shílfeá nach bhfeicim tada. (DCG 753)

***Frigh**

(fríd – FGB)

Ceo na frighde

Nothing (DCB 31)/ Without a word in answer (DCB 184)

Níorbh fhéidir liom féin ceo na frighde a fheiceáil nuair a cuireadh ar mo shúil é ach mé ag cur i gcéill go bhfacas. (DCG 32)

Ach an chaoi ar dhubhairt sí an chainnt bhí sé chomh fuinneamhail leis an gcainnt í féin, ionnus nach ndéarna Miss. Murdstone ceo na frighde ach greim ascalla a bhreith ar a dearbhráthair go críonna gan smid a labhairt agus siubhail go postamhail amach an doras. (DCG 259)

Gan oiread na frighde

(gan oiread na fríde – FGB)

Not one microscopic speck (DCB 173)

Annsin scuab sí an broscar le scuaibín nó go raibh an brat urláir gan oiread na frighde de shalachar air. (DCG 244)

Fuaradh

(fuarú – FGB)

Fuaradh nó faoiseamh

Ní fhuighinnn fuaradh nó faoiseamh go gcuirinn leis an tsúil go maith iad

I burned with a desire to develop their utmost resources (DCB 298)

Bhí fear is bárr bróid agam as mo chuid seomraí tar éis an mholta a rinneadh ortha, agus ní fhuighinn fuaradh nó faoiseamh go gcuirinn leis an tsúil go maith iad. (DCG 429)

Fud

Ar fud na bhfud

(I swim about) in space (DCB 229)

Ní raibh a fhios agam cén áit, nó cé leis, nó cáid. Ba é a raibh a fhios agam go rabhas ag ropadh thart ar fud na bhfud, le h-aingeal gorm, agus go mb'ionann é agus a bheith i bhflaitheas. (DCG 327)

Gabhar

Ba in gabhar eile marbh

That was settled (DCB 298)

Dubhras gur dhóigh liom nach ndéanfadh, agus ba in gabhar eile marbh. (DCG 430)

***Gad**

Theann an gad ar an scórnaigh ag...

His difficulties came to a crisis (DCB 144)

Theann an gad ar an scórnaigh ag Mr. Micawber ar deireadh, dá ríre píre, agus gabhadh é maidean amháin go moch. (DCG 201)

Gadhar

Gadhar gaoithe

A bloodhound (DCB 383)

“B’fhearr do Littimer gadhar gaoithe ar a lorg ná Mowcher bheag.” (DCG 555)

Gáir

Trí gártha ar cnoc

Three cheers (DCB 92)

Ar deireadh na h-óraide chroith sé lámh le Steerforth, agus chuir sinne trí gártha ar cnoc asainn – ní raibh a fhios agam i gceart cén fáth, ach go raibh baramhail agam go mba do Steerforth iad agus chuireas leo go duthrachtach, gídh go raibh ualach bróin orm. (DCG 122)

[Féach leis (DCB 208, DCG 296) (DCB 664, DCG 970)]

Gamall

(gamal – FGB)

Simpleton (DCB 413)

“Tá an oinseach bhocht tar éis agairt orm cuid dá chuid airgid a ghlacadh uaithi – mar go bhfuil an iomarca dhe aici! An gamall!” (DCG 599)

Gamh

Bhaineas an ghamh as

I softened it (DCB 452)

Níor dhubhras mar sin go díreach é; bhaineas an ghamh as chomh maith agus b'fhéidir liom, ach ba in é brigh na cainnte, agus ní dheachas siar na aniar leis. (DCG 658)

***Gaobhar**

Do mo ghoire nó do mo ghaobhar

Near me (DCB 475)

Duine níor thainig do mo ghoire nó do mo ghaobhar nó go raibh sé mall san oidhche. (DCG 691)

[Féach leis (DCB 606, DCG 885)]

Gaoth

Ag dul le gaoith na gcnoc

Entire deliverance of herself to her anger (DCB 388)

Rud ar bith a chuirfinn síos annseo ní chuirfeadh sé i dtuigsint an chuma a bhí uirthi, ná an chaoi a raibh sí ag dul le gaoith na gcnoc. (DCG 563)

Cér bith gaoth a shéidfeas

On any account (DCB 491)/ Come what might (DCB 676)

“Caithfear an méid sin a thuigsint go cruinn, agus ní bhéidh aon dul as cér bith gaoth a shéidfeas.” (DCG 715)

Ní chuirfeadh rud ar bith ina aghaidh í; urram agus muinighín ag dul dó i gcomhnuidhe, ó chroidhe amach, cér bith gaoth a shéidfeadh. (DCG 990)

Ní luaithe ar an ngaoith ná orm ag dul ó áit go h-áit

I'm here, and there, and where not (DCB 274)

“Ach bíim i ngach uile áit, a dhuine mo chroidhe thú. Ní luaithe ar an ngaoith ná orm ag dul ó áit go h-áit. Fearacht leath-choróin an ghleacuidhe i naopcín póca na mná uaisle.” (DCG 394)

Gath

Gath seithe i...

(ga seá ann – FGB)

(She now stood) panting (DCB 588)

Bhí sí annsin ina seasamh agus gath seithe innti, agus í ag breathnú uirthi chomh fuathmhar agus b'fhéidir léi ar an domhan é. (DCG 859)

***Gealach**

An té atá sa ngealaigh

The man in the south (DCB 512)

“Agus níl a fhios agam céard a bhíos sé a dhéanamh ó mhaidin go hoídhche ach an oiread leis an té atá sa ngealaigh, cé is mó-de go bhfuil a fhios agam go mbíonn sé san oifig.” (DCG 746)

Gearr

Le scéal gearr a dhéanamh dhe

In short (DCB 181)

“Ach nuair a phós sí arís – nuair a bhí sé de thubaiste uirthi tusa a phósadh, d’eile,” arsa m’aintín, “le scéal gearr a dhéanamh dhe – ar labhair duine ar bith ar son an ghasúir an uair sin?” (DCG 255-6)

***Geas**

(geis – FGB)

Fá gheasa droma draoidheachta

(Made him) promise positively (DCB 298)

Ar an ádhbhar sin chuireas fá gheasa droma draoidheachta é teacht, é féin agus a bheirt charad, agus leagamar amach an sé a chlog le h-aghaidh an dinnéir. (DCG 429)

[Féach leis (DCB 491, DCG 715)]

[Chuir sé bannaí nó móid orm]

***Gimléad**

Ag cur na súl thríom mar bhéadh dhá ghimléad ann

Scrutinised me with a piercing gaze (DCB 652)

Chuaidh sí beagáinín ar chúl na cathaoireach ionnus nach bhfeicfeadh Mrs. Steerforth a h-aghaidh; agus thoisigh sí uirthi ag cur na súl thríom mar bhéadh dhá ghimléad ann, gan sos móiméid a thabhairt dom. (DCG 953)

Gíog

Gan gíog (nó míog) as

Silent (DCB 120)/ Profoundly quiet and attentive (DCB 619)

Níor labhair Peggotty smid ar feadh tamaillín; agus lean mise orm ag téidheadh na lámh agus gan gíog asam ach an oiread. (DCG 165)

Bhí m’aintín go dtí sin agus gan gíog nó míog aisti ach cluas uirthi, agus níorbh iongantaisge liom an sneachta dearg anois ná í a feiceál ag ionnsuidhe Uriah Heep agus ag breith ar bhóna air le na dhá láimh! (DCG 904)

***Giolcadh**

Ag éiri le giolcadh na maidineacha dorcha

Getting up by candle-light on these dark mornings (DCB 691)

“Dá bhfeictheá an chaoi a n-éirigheann sí le giolcadh na maidineacha dorcha seo ag réiteach i gcomhair an lae.” (DCG 1012)

***Girrfhiadh**

Beatha an ghirrfhiaidh

Níl agam ach beatha an ghirrfhiaidh

I lead the life of an owl (DCB 562)

“Táim giobach go leor más é sin atá i gceist agat,” ar seisean. “Níl agam ach beatha an ghirrfhiaidh.” (DCG 820)

***Gnúsacht**

Ag cur gnúsachta as

Growling (DCB 98)

‘N-níor dhubhras,’ arsa Mr. Barkis, ag smaoineadh ar an gceist agus ag cur gnúsachta as. (DCG 132)

***Go**

Ó dhuine liath go leanbh

Ár gclann ó dhuine liath go leanbh

Our children (DCB 629)

“B’fhéidir nach dtiocfadh liom an chomhairle atá glactha agam féin agus ag Mrs. Micawber agus, le do chead-sa, ag an gclann le chéile ó dhuine liath go leanbh, a chur i dtuigsint ar bhealach is fearr ná a chur i gcainnt an fhile cáileamhla úd adubhairt, ‘Tá ar mbád ar an gcladach agus tá ar mbarc ar an muir.’” (DCG 920)

Goile

Béal mo ghoile

Pit of my stomach (DCB 240)

B’as béal mo ghoile a bhí mo ghlór le chlos an chuid eile den turas, ach baineadh na cosa glan uaim, agus níor fágadh ionnam ach malrach. (DCG 342)

Gonc

Gonc a fháil

Disappointed (DCB 150)

Ghoill sin go mór orm agus fuaras gonc freisin, mar gur shíleas go mbéadh lá aoibhinn aerach againn agus chomh fada agus is bhíomar ag fanacht leis. (DCG 210)

Fuair sí an gonnc

(fuair sí an gonc – FGB)

Her disappointment (DCB 682)

Níor chuir an néigeas aon athrú ar a shiubhal, mar adéarfá, ach níorbh iongantas liom dá dtugadh an chuislín an dó nó an trí de bhuillí ní ba mhó gach móiméad ná mar rinne sí an oidhche mór úd a bhfuair m’aintín an gonnc, nuair a thug sí iarraidh dá boinead air. (DCG 998)

Grádh

(grá – FGB)

Grádh na gcéadta ar...

To love true (DCB 264)

“Tá – tá grádh na gcéadta agam uirthi. Níl duine uasal ar an domhan go h-iomlán – ná ar an bhfairrge mhóir féin – a dtiocfadh leis grádh a bheith aige ar a leannán níos mó ná mar atá agam-sa uirthi-se.” (DCG 379)

Gramaisc

Gramaisc na sráide

The very scum of society (DCB 611)

“Is deas an drong sibh mo chléireach a cheannach, fear nach bhfuil ann ach duine de ghramaisc na sráide – mar bhí ionnat féin, a Chopperfield, tá a fhios agat é, sular ghlac aon duine truaighe dhuit – le mo chrochadh le na chuid bréag.” (DCG 892)

Greim

Ar ghreim giobúis

By the head and shoulders (DCB 322)

Níl a fhios agam anois i gceart cén bhaint atá aige liom nó cén fáth go mbascfadh sé mé le gach cor agus cleas; ach am ar bith a bhfeicim mo shean-chara, an

buiséal, dá thabhairt isteach ar ghreim giobúis (mar tugtar é i gcomhnuidhe, cím), tuitim in éad-dóchas ar an toirt. (DCG 466)

Greim an fhir bháidhte ar...

Her hold never relaxed (DCB 34)

Bhí greim an fhir bháidhte ag Peggotty ar láimh an chiseáin i gcomhnuidhe, agus thuiteadh sí ina codladh agus a smig leagtha aici uirthi. (DCG 37)

[Féach leis (DCB 424, DCG 616) (DCB 648, DCG 946) (DCB 699, DCG 1023)]

**(Caithfidh daoine) greim a mbéil a shaothrú*

We must work, to live (DCB 446)

Níorbh fhéidir a rádh leis an éadainín caoin scannruighthe sin ar bhealach ar bith eile ach go h-aerach greannmhar go gcaithfidh daoine greim a mbéil a shaothrú. (DCG 649)

Gruaig

A gcuid gruaige le gaoith

Streaming hair (DCB 644)

Ar deireadh nuair a bhainamar an baile mór amach thugadh na daoine leath-fhoscladh ar na doirse agus dhearcadh amach agus a gcuid gruaige le gaoith, ag déanamh iongantais de chóiste na litreach a rinne a bhealach a leithéid d'oidhche. (DCG 940)

Guth

Guth an ghola sa bhéal

Sobbing (DCB 16)/ In a broken voice (DCB 374)

Chrom sí a ceann, an créatúr, amhail agus dá mb'uirthe-se a bhéadh an locht, agus dubhairt, agus guth an ghola ina béal, go raibh eagla uirthi nach raibh innti ach baintreabhach leanbaidhe, agus nach mbéadh innti ach máthair leanbaidhe dá maireadh sí. (DCG 9)

"A Mháighistir Davy," arsa Ham, agus guth an ghola ina bhéal, "níl aon neart agat-sa air – agus níl aon mhilleán dá chur agam ort-sa – ach Steerforth is ainm dó, agus is diabhal as ifreann é!" (DCG 542)

Idir

**Idir an leac is an losad*

(idir leac is losaid – FGB)

Altogether (DCB 513)

Idir an leac is an losad níl aon chaill ar an gcaoi a bhfuil mé. (DCG 748)

[Féach leis (DCB 631, DCG 923)]

[D'imthigh na caoirigh orainn idir an leac agus an losad – níor thug sinn aire cheart dóibh, nó lig siad uainn le sleam-chúis iad]

Idir eatortha

(idir eatarthu – FGB)

A happy medium (DCB 484)

Bhíos idir dha chomhairle céard a chuirfinn orm nuair a thainig an la mór, mar gur mhaith liom mé féin a chur leis an tsúil, agus ina dhiaidh sin bhí eagla orm tada a chur orm a bhéarfadh ar na Misses Spenlow ceapadh go mba duine aereach mé. D'fhéachas le mé féin a ghléas idir eatortha. (DCG 705)

Idir is eatortha

In the meantime (DCB 681)

“Ach idir is eatortha,” arsa Mr. Chillip, “ tá an ghráin shaoghlach ortha; agus ós rud é go n-orduigheann siad gach duine nach dtaitnigheann leo go tigh diabhail, tá a lán cainnte ar thigh diabhail sa gcomharsanacht s’againne!” (DCG 997)

Imnidhe

(imní – FGB)

Imnidhe an tsaoghail

Extreme anxiety (DCB 177)

Chuaidh tamall thart sul arbh fhéidir freagadh a fhagháil ar an litir a chuir sí chuig Mr. Murdstone, agus bhí imnidhe an tsaoghail orm i rith an ama sin. (DCG 250)

***Iomaire**

An t-iomaire romhainn a threabhadh

No aspiration beyond the ignorant present (DCB 402)

Ach bhí táimh-néall na h-óige chomh mór sin orainn gur dóigh liom nár bhreathnuigheamar romhainn nó in ár ndiaidh, ná ní mheasaim go raibh a fhios againn tada ach “an t-iomaire romhainn a threabhadh.” (DCG 583-4)

Buailim fá’n iomaire atá romham a threabhadh

I have a course at once (DCB 465)

“Tigeann tusa go Lonndain. Cuirim mo mhuinighín asat agus tá a fhios agam ar an toirt boise céard is ceart dom a dhéanamh, agus buailim fá’n iomaire atá romham a threabhadh.” (DCG 676)

[Déan an obair atá idir lámha agat]

***Iongantach**

(iontach – FGB)

Níorbh iongantaighe le...ná an sneachta dearg

The amazed (Peggotty) (DCB 18)

Thug sí an t-ordú seo uaithi chomh h-ughdarásach agud dá mbíodh máighistireacht aici ins an teach ó rinneadh é, agus annsin bhreathnuigh amach, go bhfaca sí Peggotty ag déanamh uirthi an pasáiste aníos agus coinneal léi nuair a chuala sí an glór strainséardha, rud nárbh iongantaighe léi ná an sneachta dearg. (DCG 12)

[Féach leis (DCB 62, DCG 78) (DCB 94, DCG 124-5) (DCB 222, DCG 316) (DCB 273, DCG 393) (DCB 276, DCG 397) (DCB 408, DCG 592) (DCB 458, DCG 666) (DCB 619, DCG 904)]

Lá

An lá cáirde beagnach thuas

The time was close at hand (DCB 641)

Tráthnóna amháin agus an lá cáirde beagnach thuas bhíos féin agus Peggotty agus a dearbhráthair inar suidhe linn féin. (DCG 936)

An tráth de lá a bheannaigh do...

I gave him good morning (DCB 251)

Bheannuigheas an tráth de lá dhó, agus d'fhiafruigheas de cén t-am é. (DCG 360)

Ar bhuilg an lae

The warm part of the day (DCB 207)

Is cuimhin liom gurbh é baramhail a raibh i láthair nach raibh an India chomh dona is a bhí a cáil, agus nach raibh aon locht uirthi ach amháin tíogar nó dhó, agus bruitean beag ar bhuilg an lae. (DCG 293-4)

Brothall an lae

In the hot light (DCB 163)

Ó shin i leith ní fhéadfainn gan cuimhniú air uair ar bith a chuimhnighim ar shráid ghrianmhair Chanterbury, agus í, mar adéarfá, ag míogarnaigh le brothall an lae. (DCG 229)

Fochra an lae

The day was coming (DCB 158)

Ach thug sé misneach shom nuair a chonnaiceas go raibh ag dul ar na réalta agus go raibh sé ag bánú beagán le fochra an lae. (DCG 221)

[Féach leis (DCB 360, DCG 522)]

Go lá an luain

To defy the shocks of age (DCB 253)

Shocrúigh sé ár gcuid bagáiste ar an gcarráistín a bhí le n-ár dtabhairt go Lonndain, amhail agus dá mbéadh siad le bheith annsin go lá an luain. (DCG 362)

I dtaca an lae

Towards morning (DCB 290)

Na seomraí ar chodluigheamar ionnta bhíodar ar an leibheann céadna agus níl uair ar feadh na h-oidhche dá gcluineadh sí cóistí nó cartacha margaidh nach ndúisigheadh sé mé ag bualadh ar mo dhoras agus ag fiafruighe “ar chualais na scrúingí?” Ach i dtaca an lae chodail sí ní b'fhearr, agus thug faille codlata domsa freisin. (DCG 418)

**Lá an tSléibhe*

At the Judgment Throne (DCB 375)

Seadh, a Steerforth, gidh gur fada ar shlighe na firinne thú b'fhéidir go mbéadh mo chuid bróin sascála in d'aghaidh Lá an tSléibhe agus gan leigheas agam-sa air, ach ní bhéidh aon droch-smaoineadh na aon mhilleán uaim ann. (DCG 544)

Lá ar na nórtha

Next day but one (DCB 287)

Chuaidh seisean abhaile nuair a shroicheamar ceann scríbe, agus gheall go dtiubhradh sé cuairt orm lá ar na nórtha. (DCG 414)

Lá ó rinne slat cóta dhó

Níl lá ó rinne slat cóta dhó

All his life (DCB 600)

“Déarfainn-se gur ab in garamhlacht. Níl lá ó rinne slat cóta dhó nach raibh sé garamhail.” (DCG 876)

Lá philip an Chleite

Doomsday (DCB 297)

Caintnt ba bhinne níor chualas. Dubhairt mé dá bhfanadh sé leis sin go bhfanfadh sé go lá Philip an Chleite. (DCG 429)

Le fada an lá

For a long time (DCB 118)

‘Ní raibh sí go maith le fada an lá,’ arsa Peggotty. ‘Bhí sí mío-shuaimhneach, mío-shásta.’ (DCG 160)

Ní lá fós é

Munar mhúch sí le buidheachas agus le beannachta mé ní lá fós é

She thanked me over and over again (DCB 366)

Rug Peggotty barróg orm agus Munar mhúch sí le buidheachas agus le beannachta mé ní lá fós é, fán tsubhailce a chuireas uirthi (ba in é an focal adubhairt sí) agus í fá bhrón. (DCG 530)

***Ladar**

Ladar a chur sa scéal

Step in (DCB 176)

“Leis sin chuireas mo ladar sa scéal.” (DCG 248)

***Lagarán**

(lagar – FGB)

Weak aspirant (DCB 224)

Deir Úna gur féidir, ach deirim-se nach féidir, agus innsim di gur beag a thuigeas sí a bhfuil d’eolas bailighthe ag an Duine iongantach úd, gídh go gceapann sí go n-éireochaidh le leagarán de mo shórt-sa dul chomh hárd leis leis an am. (DCG 320)

Lámh

Cur dá lámha

Get rid of (DCB 135)

Gídh gur thuigeas nach raibh san bhfuagradh sin ach gur theastuigh uatha mo chur dá lámha féin ní cuimhneach liom i gceart an sásta a bhíos nó a mhalairt. (DCG 187)

Lámh i rioball eascon

Ní raibh ann ach lámh i rioball eascon

His life hung by a thread (DCB 649)/ Shadowy prospect (DCB 668)

Gídh gur bheag é m’eolas-sa ar a leithéid b’fhursta tabhairt fá deara go raibh an long ag scoilteadh ina lár, agus nach raibh sa bhfear aonraic a bhí ar an gcrann ach lámh i rioball eascon. (DCG 948)

Ach do réir mar chuidh an t-am thart chaitheas sin féin as mo cheann, mar nach raibh ann ach lámh i rioball eascon. (DCG 978)

Lán

Lom-lán le daoine

(The house) swarmed with people (DCB 585)

bhí an teach lom-lán le daoine. Agus sinn ag dul suas foscladh doirse seomraí agus chuir daoine amach a gceann; agus casadh tuilleadh linn ar an staighre agus iad ag teacht anuas. (DCG 854)

***Lasadh**

Lasadh a bhaint as

Make blush (DCB 65)

Eisean ina sheasamh ar m'aghaidh ag cur na súl thríom agus gach lasadh dá bhaint aige asam gach uair dá bhfeicinn é ag faire orm. (DCG 82)

[Is iomdha duine ar bhain sé lasadh (náire) as – is iomdha duine a mhasluigh sé]

Las go bun na gcluas

Turn red all over (DCB 65)

Sílím gur lasas go bun na gcluas le cúthaileacht. (DCG 82)

[Go bun an dá chluas]

Na súile ar dearg-lasadh

With flashing eyes (DCB 654)

Bhuail sí cos fán talamh agus a dhá súil ar dearg-lasadh, amhail agus dá mbéadh sí ghá dhéanamh sin. (DCG 956)

Na súile ar lasadh ina ceann

Her eyes gleamed like fire (DCB 653)

Thainig, ach ní go báidheamhail ná go lágach é. Bhí na súile ar lasadh ina ceann nuair a thug sí aghaidh ar a mháthair, agus bhuail uirthi ag gáire go h-uathbhásach. (DCG 954)

***Leabhar**

Bhéarfainn an leabhar go...

I swear (she was born to be a lady) (DCB 279)

“Táim cinnte dearbhta go bhfuigheadh sí fear níos fearr; agus bhéarfainn an leabhar gur ádhbhar mná uaisle atá innti.” (DCG 401)

[Mionnóchthá go raibh]

Leagan

**Ar leagan do shúl*

(ar leagan na súl – FGB)

In a moment (DCB 234)

Chuir sí a bos go h-éadtrom ar mo bhéal sul a raibh deireadh ráidhte agam, agus ar leagan do shúl bhí sí in aircis a h-athar ag an doras agus i ngreim ascalla ann. (DCG 334)

***Léigheamh**

(léamh sna leabhair – FGB)

Ní raibh léigheamh sna leabhra ar

It was transcendent (DCB 214)

Bhí gnáoi gach duine air, agus ní raibh léigheamh sna leabhra ar a chliste is bhí sé le mion-rudaí. (DCG 304)

[Féach leis (DCB 430, DCG 625) (DCB 667, DCG 976)]

[Níl teora/righeachan leis le...]

***Leigheas**

Ní raibh aon leigheas ar...

There was nothing for it (DCB 448)

Ní raibh aon leigheas air ach toisiú arís. (DCG 652)

***Léim**

In mo shean-léim

(My health was quite) restored (DCB 667)

Bhí an tsláinte go dona agam nuair a d'fhágas Sasana, ach bhíos in mo shean-léim fán tráth seo. (DCG 977)

[Ina shain-léim – tá sé go breágh láidir]

Thiubhrainn trí léim sa gcroich le na cliú a chosaint

I would have died to have brought back her good name (DCB 558)

“Agus tá a fhios ag Dia féin nach amhlaidh atá, mar go dtiubhrainn trí léim sa gcroich le na cliú a chosaint!” (DCG 814)

[Is beag nárbh fhearr liom an bás]

Leisce

An t-ualach leisce

The lethargy (DCB 646)

Bhuail uamhan iongantach do-thuigthe mé a chuir an dá rud ar leath-taobh; agus nuair a dhúisigheas – nó nuair a chroitheas díom an t-ualach leisce a choinnigh ar an gcathaoir mé – bhíos ar barra creatha le h-eagla eicín nár thuigeas agus nach raibh aon fáth leis. (DCG 943)

Léithe

Léithe orm

(ag dul i léithe – FGB)

Grey hair (DCB 688)

“Ba in é ba cionntach leis an léithe a bhí orm nuair a thainigis annseo ar dtús, is cuimhin leat.” (DCG 1007)

Leitis

Leitis mharbh

Paralysis (“Not paralysis, I hope?” - DCB 416)

“Is truagh liom a rádh go bhfuilim tar éis droch-scéal a fhagháil ó m’aintín.”

“Nílir!” ar seisean. “Dia linn! Tá súil agam nach leitis mharbh atá uirthi?” (DCG 604)

***Locht**

Ní locht sin orm, tá súil agam

Pleasantly, I hope (DCB 232)

“A Thiarcais, nach tú atá cosamhail léi, a Trotwood!” “Ní locht sin orm, tá súil agam, a aintín,” arsa mise. (DCG 331)

***Loscadh**

Ina loscadh sléibhe

(News) Soon spread (DCB 375)

D’imthigh an scéal ina loscadh sléibhe ar fud an bhaile; mar go gcualas na daoine ag ag cur síos air ag na doirse ar maidin lá ar na bharach agus mé ag siubhal na sráide. (DCG 544)

[Bhí sé i mbéal gach duine ar an bpointe]

Luaithe

Dá luaithe seadh is fearr

The sooner the better (DCB 92)

“Scarfamuid le chéile a Mhr. Mell más é do thoil é. Dá luaithe seadh is fearr.”

“Ná cuireamuis ar cáirde é,” arsa Mr. Mell, ag éirghe ina sheasamh. (DCG 122)

Ní dá luaithe nach amhlaidh is fearr

The sooner the better (DCB 573)

“Is searbh an deoch atá le hól agam, tá an t-éag sa gcroidhe agam cheana féin, agus is gearr goirid go gcuiridh sé cos i bpoll liom. Ní dá luaithe nach amhlaidh is fearr.” (DCG 838)

Dá thuisce dá n-imtheochad gurab amhlaidh is fearr é

The sooner I am off, the better (DCB 197)

“Ach ós rud é go bhfuil athrú comhairle déanta aige do réir mar atá fút-sa a dhéanamh liom, sin a bhfuil le rádh faoi, ach amháin dá thuisce dá n-imtheochad gurab amhlaidh is fearr é.” (DCG 280)

Lúb

Lúb ar lár

Pause (in our festivity) (DCB 299)/ Anything wrong (DCB 350)

Leis an gcaoi ar éirigh le Steerforth chomh iongantach sult agus siamsa a dhéanamh dhúinn ní raibh lúb ar lár ar bith sna gnaithe. (DCG 431)

“Tá súil agam nach mbéidh aon lúb ar lár ann,” arsa mise. “Tá súil agam nach mbéidh. Ní dóigh liom go mbéidh, d’eile, mar nach bhfuil sé ach cúpla la ó dubhairt sé go raibh taisce déanta ina chomhair.” (DCG 506)

Lug

An lug tuithe ar an lag ag...

(an lug tite ar an lag – FGB)

She was mortally affronted (DCB 15)

Measaim go raibh tráth ann a raibh cion mór aici ar m’athair, ach thuit an lug ar an lag aici nuair a phós sé, mar gurb é a baramhail mach raibh in mo mháthair ach ‘babóg chéarach.’ (DCG 7)

[Féach leis (DCB 160, DCG 224) (DCB 178, DCG 251) (DCB 328, DCG 475) (DCB 410, DCG 596) (DCB 416, DCG 605) (DCB 579, DCG 845) (DCB 638, DCG 933) (DCB 658, DCG 963) (DCB 695, DCG 1018)]

***Mac**

Ba bhrónach an mac mé

Melancholy pleasure (DCB 328)

Bhí Dora ag an mbord leis an tae a dhéanamh arís, ar aon nós; agus ba bhrónach an mac mé ag cur láimhe ‘un mo hata dhi as an gcóiste. (DCG 475)

Gach mac máthar

Everybody (DCB 83)/ Nobody (DCB 142)

Gach mac máthar acu (DCG 109)

Ní raibh a fhios ag mac máthar ach agam féin cén briseadh croidhe nó cén buaidhreadh a bhí orm. (DCG 197)

Mac máthar

Ní raibh mac máthar ann nár shíl na deora

It brought a tear to the manliest eye present (DCB 711)

“Nuair a d’impidh sé ar na daoine óga a bhí i láthair gan dul i bhfiacha nach mbéadh siad in ann a íoc, ní raibh mac máthar ann nár shíl na deora.” (DCG 1042)

[Ní raibh duine ann, fear ná bean]

***Madadh**

(madra – FGB)

Bail na madadh

Ill-usage (“Certain to ill-use her in some way or other” - DCB 170)

“Ba mhór an sásamh intinne, go deimhin, ar an bpáiste bocht muinighín a chur as bodach bundúnach ar bith a bhéarfadh bail na madadh uirthi ar bhealach eicín.” (DCG 239)

[Rinne sé spídiúchán as cuimse air]

Madadh gribe a dhéanamh de

(madra draoibe a dhéanamh de dhuine – FGB)

Gloriously defeat (DCB 230)

Ach fá cheann an achair sin bhí mo sháith den chineál sin saoghail agam agus thoisigh an búistéara ag spochadh asam arís. Chaitheas uaim an bláth, chuadhas leis an mbúistéara agus rinneas madadh gribe dhe. (DCG 328)

[Féach leis (DCB 240, DCG 343)]

[Bhuail mé go mór é – tharraing mé sa lathaigh é]

Magadh

Thar a mhagadh sin

By-the-by (DCB 55)/Once for all (DCB 90)

Cá dtéigheann siad thar a mhagadh sin? (DCG 67)

‘Fan go fóill, a Chopperfield,’ arsa Steerforth, ag teacht aníos an t-urlár. ‘An bhfuil a fhios agat céard é a Mhr. Mell thar a mhagadh sin. (DCG 119)

***Maise**

Ba críonna an mhaise dó

And a wise man he was (DCB 176)

Agus ba críonna an mhaise dhó-san a leithéid de bharamhail a bheith aige dhó!
(DCG 248)

Nach dall an mhaise dhom-sa é!

How stupid I am! (DCB 237)

“A Thiarcais, a Áine, nach mío-chúramach a scríobhas do chol-ceathrar, Maldon, agus nach dall an mhaise dhom-sa é!” (DCG 338)

Nach dána an mhaise duit é!

“You”re a bold boy!” (DCB 229)

“Bláth de do chuid-se, agus béadh chomh cúramach faoi leis an tsúil atá in mo cheann.” “Nach dána an mhaise duit é!” arsa Miss Larkins. (DCG 327)

Nach domblasta an mhaise duit é

(domlasta – FGB)

How can you be so aggravating? (DCB 28)

‘Nach domblasta an mhaise duit é,’ arsa mo mháthair, ag neartú sa ngol, ‘a bheith ag cainnt chomh h-éagcórach sin. (DCG 27)

Nach leitheadach an mhaise do... é

Like his impudence (DCB 123)/ How dare you (DCB 178)

‘Nach leitheadach an mhaise dó é,’ arsa Peggotty, ‘ach is cuma liom-sa! (DCG 169)

“Cén ghnaithe atá annsin agat? Nach leitheadach an mhaise dhuit é? Glan leat! Ó, a ropadóir mhadramháil!” (DCG 251)

Nach maith an mhaise dhó é!

How very nice! (DCB 246)

“Nach maith an mhaise dhó é!” arsa Miss Dartle. “Nach mór an sólas é! Coinnsias aige dá ríre píre.” (DCG 352)

Nach sunnda an mhaise dhuit é?

How dare you? (DCB 52)

‘A Jane Murdstone,’ arsa Mr. Murdstone, de ghlór fhíochmhar. ‘An mbéir in do thost? Nach sunnda an mhaise dhuit é?’ (DCG 63)

Nár ghuagach an mhaise dhúinn é

What a sensitive pet it is! (DCB 572)

“Nár ghuagach an mhaise dhúinn é, d’eile!” arsa m’aintín, ag cromadh anuas uirthi go ceanamhail. “Ag leagan amach gurbh fhéidir fearg a chur orm-sa!” (DCG 835)

***Maith**

Is maith a rinnis é!

Well done! (DCB 117)

Annsin chualas meacan, agus cé a chífínn ina seasamh léi féin imeasc na muinntire eile ach an seirbhíseach maith dílis sin, an duine is mó ins an domhan a

raibh grádh agam uirthi, agus a rabhas cinnte in mo chroidhe istigh go n-abróchadh an Tighearna léi lá eicín, ‘Is maith a rinnis é.’ (DCG 160)

***Mall**

Ba mhall agus ba ró-mhall

Very slowly (DCB 567)

Ba mhall agus ba ró-mhall a bhí an múnlú ag dul chun cinn. (DCG 828)

***Málóid**

A mhálóid

You stupid creature (DCB 100)

Ní dhearna sí ach an t-aprún a theannadh thart ar a h-éadan nuair a rinne mo mháthair iarracht ar a tharraingt di, agus shuidh annsin amhail agus dá mbéadh a ceann i sac. ‘Céard atá tú a dhéanamh a mhálóid?’ arsa mo mháthair ag gáire. (DCG 135)

[Duine gan mórán tuigsiona]

Marbh

Fág marbh é

Never mind (DCB 205)

“Ó seadh,” arsan Dochtúr, go carthannach, “fág marbh é.” “Ní fhágfad marbh é,” arsan Sean-Saighdiúir, ag leagan an an ghaothráin ar a phuisíní. (DCG 292)

***Marbh le dúil ann**

To Like it very much (DCB 68)

Nuair a rinneamar moill i gcomhair suipéir ní raibh sé de mhisneach ionnam aon bhlas a ithe, gídh go rabhas marbh le dúil ann, ach shuidheas agus dubhras nach raibh aon tsuim agam ann. (DCG 86)

Marbhtha

(marbhtha = maraithe – FGB)

Sna marbhtha ar

Could not relent (DCB 423)

Thug m’aintín isteach go mbíodh an Thames ag breathnú go maith nuair a bhíodh an ghrian ag taitneamh uirthi, gídh nár tada í i gcomórtas leis an bhfairge a bhí ar aghaidh an bhótha, ach bhí sí i gcomhnuidhe sna marbhtha ar thoit Lonndan mar gur “bhrocuigh sí gach rud” mar adubhairt sí. (DCG 614)

***Maróg**

Ag tuitim i maróig

(titim chun maróige – FGB)

What a porpoise you do grow! (DCB 112)/ Growing corpulency (DCB 188)

Bhain Mr. Omer de an hata leathan, agus shuidh síos agus saothar air. Bhí sé chomh reamhar sin go mb’éigin dó leanamhaint air tamall leis an ngath seite sul ar fhéad sé ‘is maith é sin; a rádh. ‘A athair,’ arsa Minnie, le n-a cuid grinn, ‘nach tú atá ag tuitim i maróig!’ (DCG 153)

Bhí dath breágh sultmhar air fá n-a aghaidh agus cheapas do réir mar d’innseadh Peggotty dom nach mbíodh sé ar aon duine ach daoine a d’óladh fion; agus cheapas go raibh sin le tabhairt fá deara ar a ghlór freisin, agus go mba é an rud céadna a bhí ag tabhairt air a bheith ag titim i maróig. (DCG 267)

[Nó ‘ag dul i maróig’ – le duine atá ag éirghe an-reamhar]

Máthair

Deágh-mháthair an deágh-mhic

The worthy mother of a worthy son (DCB 611)

“Seo í Mrs. Heep, a dhuine uasail,” arsa Traddles, ag teacht isteach agus deágh-mháthair and deágh-mhic sin leis. (DCG 893)

**Mar ghearrfá anuas dá máthair í*

Her mother renewed her youth, like the phoenix (DCB 435)

Casadh orm Miss Micawber arís freisin, agus í mar adubhairt Mr. Micawber “mar ghearrfá anuas dá máthair í.” (DCG 632)

***Meall**

Tá mise meallta

If I know her (DCB 483)/ If I don’t deceive myself (DCB 557)

“Muna bhfághad í b’fhéidir go bhfuigheadh sí amach in am eicín nár éirigh a h-uncail grádhmhar as a bheith ghá cuartú nó gur cailleadh é; agus tá mise meallta nó béarfaidh sin féin uirthi filleadh ar an mbaile ar deireadh thiar!” (DCG 702)

“Táim meallta go mór,” ar sise, agus meacan innti, “nó is tusa a thainig isteach sa gcisteanaigh an oidhche úd a ndéarna sí gradh Dé mór orm.” (DCG 814)

Meon

Gach meon féachta

To have tried all ways (DCB 120)

‘Tá gach meon féachta agam, a mhúirnín, le h-áit fheileamhnach a fhágháil annseo i mBlunderstone – gach meon dá bhfuil ann agus gach meon nach bhfuil; ach níl aon áit fheileamhnach ann, a ghrádh.’ (DCG 166)

Mian

Ar mo mhian

I was sufficiently ill at ease (DCB 137)

Níor mhó ná ar mo mhian a bhíos. (DCG 190)

Míle

Mílte fada a chur as na cosa

Go miles and miles (DCB 522)

“Agus fios agat an lá eile nuair adubhrais gur mhaith leat greimín éisc, go ndeachas féin amach agus gur chuireas mílte fada as mo chosa ghá ordú dhuit, le é a bheith de nuaidheacht agam dhuit.” (DCG 760-1)

***Mín**

Idir mhín agus gharbh

In one way and another (DCB 422)

“Bím saor i gcomhnuidhe tar éis an ceathair ní an cúig a chlog, agus bíonn am le spáráil agam go moch ar maidin. Idir mhín agus gharbh,” arsa mise, agus d’airigh mé lasadh beag ag teacht ionnam nuair a smaoinneas ar an méid ama a chuireas amudha ag leoisteoireacht thart ar fud an bhaile mhóir agus siar agus aniar ar Bhóthar Norwood, “tá stolladh ama agam.” (DCG 613)

[Is é an rud céadna le gach duine/ go díreach mar atá sé]

***Mí-thapa**

(míthapa – FGB)

De mhíó-thapadh

Through some chance (DCB 140)

Tharla go dtainigeas abhaile de mhíó-thapadh ar an sé a chlog, agus chonnaiceas í ina luighe fán ngráta agus í i laige. (DCG 194)

Nuair a d'éirigh an míó-thapadh di

When she was lost (DCB 478)

“Nuair a d'éirigh an míó-thapadh di,” arsa Mr. Peggotty, “bhí baramhail láidir agam go dtiubhradh sé go dtí na tíortha sin í.” (DCG 696)

[Botún mór]

Mór

Ba mhór agus ba rí-mhór an t-áthas

An unspeakable relief (DCB 502)

Ina dhiaidh sin féin ba mhór agus ba rí-mhór an t-áthas a chuir sé orm sin a chlos óna béal brághad féin ar dhual dó an fhirinne. (DCG 732)

Mothú

Gan mothú gan arann i...

Motionless and unconscious (DCB 590)

Leis sin thóig sé ina bhaclainn í, agus d'iomchuir síos an staighre í gan mothú gan arann innti, agus a h-aghaidh, a raibh an folach air, le na ucht. (DCG 862)

Mothú nó arann níor fhan i...

I was paralysed (DCB 372)

Mothú nó arann níor fhan ionnam nuair a chonnaic mé a bhuaighthartha is a bhí sé. (DCG 539)

[Féach leis (DCB 485, DCG 707)]

***Muc**

Ag déanamh na muice

Quite an uncommon dissipation (DCB 680)

“Táim ag déanamh na muice,” arsa Mr. Chillip, “ach ní hé gach lá a castar comhráidhteach mar thusa orm.” (DCG 994)

[Ag dul thar fóir le hól, srl.]

Ar mhuint na muice

On common (DCB 94)/ To be made (DCB 203)

‘Scríofaídh Em’ly bheag chuig mo dheirbhshiair ar dhul abhaile dhom, ag rádh go bhfacas thú agus go bhfuil ar mhuint na muice, agus bainfeamuid ‘tara-thart’ as mar scéal.’ (DCG 126)

Dá mbéadh sé d’ádh ar bhitheamhnach ar bith go n-éireochadh leis teacht sáthach gar dhó agus lideadh féin a thabhairt dó go raibh anró ar bith air bhéadh an bitheamhnach sin ar mhuint na muice go ceann dá lá. (DCG 288)

[Féach leis (DCB 335, DCG 484-50)]

Ar mhuin na muice méithe

At the height of earthly bliss (DCB 640)

“Táim ag foscailt na litreach seo arís le na innsean díbh go bhfuil ar gcomh-chara Mr. Thomas Traddles (nar fhág sinn go fóill, agus atá ag breathnú thar cionn) tar éis na fiacha agus an costas a íoc i n-ainm uasal Miss Trotwood; agus go bhfuilim féin agus mo mhuirighin ar mhuin na muice méithe arís.” (DCG 935)

[Féach leis (DCB 676, DCG 989) (DCB 706, DCG 1036)]

[Ar mhuin na muice (méithe): tá an saoghal go breágh aige/ ar sheol na bracha]

Muc ar gach malaidh le...

(muc ar gach mala – FGB)

(Her) face would fall (DCB 496)

Thiocfadh muc ar gach malaidh le mo Dora bhocht ghleoidhte, agus dhéanfadh róisín den bhéal arís, amhail agus dá mba mhó a thaitheochadh léi mo bhéal-sa a dhúnadh le póig. (DCG 722)

[Bhí gothadh an-ghruamdha air]

Muc ar gach malainn ag...

A severe frown (DCB 91)

Thug Mr. Creakle aghaidh ar a chongantóir, muc ar gach malainn aige, agus é ag ligean air féin a bheith go han-tsíbhialta. (DCG 121)

Muc ar gach malainn le...

Knitted her brows (DCB 172)

Nuair a bhí an bricfasta caithte aici leig m’aintín í féin siar sa gcathaoir go mín réidh socair, chuir muc ar gach malainn léi, chuir a lámha fa n-a h-ascalla, agus bhí ag breathnú orm ar a sógh di féin. (DCG 243)

[Féach leis (DCB 184, DCG 259) (DCB 268, DCG 841) (DCB 576, DCG 386)]

***Mullach**

Anuas sa mhullach ar

Tháinig an tubaiste anuas sa mhullach

(So here was another) earthquake (DCB 484)/ The addition of (DCB 639)

Thainig an tubaiste sin anuas sa mhullach orm i gcuideachta na cuideachtan sul a rabhas chugam féin ó’n gceann eile! (DCG 705)

“Tá tusa tar éis do chuid féin den bhuaidhreadh a fhagháil, a thaisce, gan mo chuid-se a chur anuas sa mullach ort.” (DCG 933)

[Sul a raibh mé réidh]

***Néall**

(néal – FGB)

Ó neamh go néall

No idea (DCB 267)

Ní raibh a fhios agam ó neamh go néall cén chaoi a gcaithfeadh sé an chuid eile den am, ach amháin go raibh a fhois agam go raibh meas mór air ins an áit, agus go raibh neart bealaigh aige ar an am a chur thart go gnóthach in áit nch n-éireochadh le duine eile sin a dhéanamh. (DCG 383-4)

[Féach leis (DCB 595, DCG 869) (DCB 612, DCG 894) (DCB 647, DCG 945)]

Neart

Ina neart

In the prime of life (DCB 520)

Bean a bhí innti a bhí ina neart, aghaidh dhúismeannta uirthi, agus mar bhéadh bruiteach nó scros deart ag gabháil dí i gcomhnuidhe (go mór-mhór ar na righeacha). (DCG 758)

Neart na gcapall

Many times stronger (DCB 593)

“Níl a fhios agam cá’d a sheas sin di; ach annsin thainig codladh uirthi, agus gídh go raibh neart na gcapall innti roimhe sin, le linn an chodlata níor fhan neart naoidheanáin innti.” (DCG 866)

Nuaidheacht

(nuacht – FGB)

Go mairidh tú do nuaidheacht

I am happy to congratulate you (DCB 21)

“Bhoil, a mháigistreás, go mairidh tú do muaidheacht” (DCG 17)

***Ocras**

Slabhradh ocrais a bheith ar

Hungry appetite (DCB 562)

Bhí sé ag ithe chomh maith le bheith ag ól, agus cuma air go raibh slabhradh ocrais air. (DCG 819)

[Ocras an-mhór]

***Óinseach**

Óinseach gan staidéar

A thoughtless fool (DCB 380)

“Nach uathbhásach an rud go dtárlóchadh rud mar seo agus é ar mo chumas fios a fhagháil air agus cosc a chur air muna mbéadh gur óinseach gan staidéar mé.” (DCG 551)

[Duine gan chéill]

***Olann**

Bhí an olann te go maith orm

I was very hot (DCB 449)

Bhí an olann te go maith orm, agus shílfeá nárbh é mo ghlór féin a bhí ann chor ar bith nuair a d’fhreagras “is me a dhuine uasail”. (DCG 653)

Olc

**An t-olc ag rith léi*

There was no good in her (DCB 378)

“Bhí an cealg ina croidhe,” arsa Mr. Joram. “Bhí an t-olc ag rith léi ariamh.” (DCG 549)

Dá mb’olc maith le

In spite of (DCB 45)

Bhéadh Blunderstone Rookery le feiceál ar deireadh dá mb'olc maith léi é nuair a thogróchadh capall an charraera é – agus bhí. (DCG 52-3)
[Féach leis (DCB 580, DCG 847)]

Ór

Ar ór ná ar airgead

Not for the world (DCB 607)

“Ní bhlaifinn greim ar ór ná ar airgead, a chara mo chroidhe!” arsa Mr. Micawber, ag cur coisc air agus é ag déanamh ar an gclog; “is fadó an lá ó bhí aon dúil i mbiadh agam, a Mhr. Dixon.” (DCG 887)

***Ordlach**

(orlach – FGB)

Ní raibheas ordlach luath

I was none too soon (DCB 645)

Ní rabhas ordlach luath, mar go raibh an saor bád agus laindéar ina láimh aige ag glasáil gheata an chlóis. (DCG 943)

Pingin

Trí leith-phinginneacha an bhualadh saghad aige

A sixpence to bless himself with (DCB 82)

Chualas nár dhroch-dhuine Mr. Mell ach nach raibh trí leith-phinginneacha an bhualadh saghad aige, agus nach raibh aimhreas ar bith nach raibh Mrs. Mell, a mháthair, i dtuilleamaidhe na déirce. (DCG 107)

***Plump**

(plimp – FGB)

De phluimp

In a moment (DCB 285)

Leis sin féin mhúscail Steerforth suas agus tháinig an chainnt chuige de phluimp, go deimhin thioctadh leis athrú ar bith ba mhian leis a chur air féin de phluimp. (DCG 411)

[Féach leis (DCB 386, DCG 560) (DCB 592, DCG 865)]

Poinnte

(pointe – FGB)

Ar an bpointe boise

In a twinkling (DCB 342)

Tugadh isteach ar an bpointe boise é agus bhuail orainn ar áit bonn ag déanamh mar mhol Mr. Micawber. (DCG 495)

Port

Bhí a phort seinnte

It was quite useless (DCB 457)

Tugadh dochtúr chuige chomh luath agus b'fhéidir é ach ní raibh aon mhaith ann – bhí a phort seinnte. (DCG 664)

Port a chanadh

(His favourite) expression (DCB 143)

‘Dá dtárladh rud ar bith,’ port a bhíodh dá chanadh aige go mion minic. (DCG 199)

Puis-bhean

(puisbhean – FGB)

An phuis-bhean

The old maid (DCB 485)

Go deimhin b’fhada leagtha amach eatortha féin é nach bpósfadh sí choidhche, agus an phuis-bhean a thugaidís uirthi. (DCG 706)

Rae roilleacán

Rae roilleacán sa cheann

Was to lose all presence of mind (DCB 396)

Nuair a chonnaiceas í ag leagan na mbláth in aghaidh a smige puillínighe ba é an chaoi a raibh rae roilleacán in mo cheann agus ar chailleas an chainnt leis an rabharta aoibhnis a thainig orm. (DCG 575)

Ribe

Dul i reimhre an ribe ó

(reimhre = raimhre – FGB)

Swerve from it in the least degree (DCB 491)

Chuireas mé féin fá gheasa droma draoidheachta, agus d’fhuagras fiadhnaise ar Traddles go gcomhlíonfainn an gheallamhaint; agus thugas mé féin thíos agus thuas nach rachainn reimhre an ribe uaithi. (DCG 715)

Fá raimhe an ribe do

Within an inch of (DCB 630)

“Agus iad ar ócáideacha den tsórt sin b’éigin a dtabhairt abhaile fá dhó agus iad tar éis dul fá raimhe an ribe do rud eicín éirghe ina mullach.” (DCG 922)

Mar a shéidfeá ribe de do bhois

Made a clean breach (DCB 648)

Rop an fhairrge léi os cionn na luinge luascaigh agus ghlan as amharc fir agus sprionnlaí agus barailí agus súsáin agus tonnach agus eile, mar shéidfeá ribe de do bhois, nó gur chuach sí an méid sin chuirí sna tonnta báidhte. (DCG 946)

Righte

(rite – FGB)

Go rachadh sé righte leat

That you might have some difficulty (DCB 138)

Ar eagla go rachadh sé righte leat do bhealach a dhéanamh...tiocfad fá do dhéin tráthnóna. (DCG 191)

Rith

Ní raibh rith nó rása aisti

Still she neither ran nor walked (DCB 572)

Ach dubhradh linn fanacht cúpla lá eile; agus annsin fanacht cúpla lá eile; ach ina dhiaidh sin féin ní raibh rith nó rása aisti. (DCG 835)

Rógair

A rógair reatha na gcarad

You dear bad boy (DCB 501)

“Tá sé imthighthe as mo cheann,” arsa Dora, agus í ag casadh an chnaipe dólámh, “cén gaol atá ag Úna leat-sa, a rógair reatha na gcarad.” (DCG 729)

Rogha

Rogha an dá dhíogha

Of the two, I would have much preferred to be the object of the latter (DCB 589)

Ba mheasa an mí-chéad uaithi ná an lom-fhearg. Dhéanfainn rogha den fheirg dá mba liom rogha an dá dhíogha a bheith agam. (DCG 860)

Roighin

(righin – FGB)

Go réidh roighin

By imperceptible degrees (DCB 664)

Ach go réidh roighin thoisigheas ag machtnamh, thuigeas i gceart an bhreis uathbhásach a d’éirigh dhom – an grádh agus an carthannas a bhí ar ceal agus gan spéis agam in aon rud. (DCG 972)

Ropadóir

(ropaire – FGB)

A ropadóir mhadramháil!

You bold-faced thing! (DCB 178)

“Cén ghnaithe atá annsin agat? Nach leitheadach an mhaise dhuit é? Glan leat! Ó, a ropadóir mhadramháil!” (DCG 251)

Saibhreas

De shaidhbhreas ar thóin na fairrge

For all the treasures that’s wrecked in the sea (DCB 281)

“Dá láighe agus dá charthannaighe dá bhfuil sé, ní fhulaingeochadh sé an bheirt sin a fheiceál i gcomhluadar a chéile ar a bhfuil de shaidhbhreas ar thóin na fairrge.” (DCG 405)

Sál

(sáil – FGB)

Ag baint na sál dá chéile

Running everywhere (DCB 518)

Gheibheann Dora amach go ndéarna sí dearmad ar a lán rudaí beag, agus tá iongantas mór uirthi faoi sin; agus tá gach duine ag baint na sál dá chéile ghá dtabhairt chuici. (DCG 756)

Aniar le n-a shála

Flying after him (DCB 564)

Ba é an tráth ba contráilte i gcomhnuidhe a gcluiféa glaoth as ar lorg conganta – cuir i gcás nuair a bhéadh dream beag ar dinnéar againn, nó suim charad istigh tráthnóna – agus ba in chugat amach as an gcisteanaigh é agus cíoith iarannacha aniar le n-a sála. (DCG 824)

Ar bharra sál

On tiptoe (DCB 105)

Ar chuma ar bith ó ba rud é go gcaithfidhe a dhéanamh chuadhas síos chun an phárlúis, ach go ndeachas leath bealaigh an dó nó an trí de chuarta agus ar ais arís ar mo bharra sál go dtí mo sheomra féin sul a ndéarnas é. (DCG 141)

Le n-ar sála

Never ceased to hover near us (DCB 312)

Dubhras go raibh an comhlúadar ar fad imthighthe, ach níor chomhaireas Uriah, mar nár chomhlúadar é, agus bhí seisean le n-ar sála gach áit da ndeachamar. (DCG 451-22)

[Féach leis (DCB 561, DCG 819)]

Sna sála againn

(She would trudge) after us (DCB 572)

Bhíodh m'aintín sna sála againn ag traisteal agus a sean-ualach seálta agus piolúr léi. (DCG 835)

Salach

Go salach suarach

Defiled and miserable (DCB 556)

“Gluaiseann sí as ceantair thuaithe, áiteacha nach raibh aon urchóid innti ar dtús – agus snigheann léi thríd na sráideanna uaigneacha, agus í go salach suarach, agus imthigheann léi, ar nós mo bheatha-sa, go dtí fairrge mhór a bhíos go síorruidhe buadhartha, agus táthar ghá fheiceál dom go gcaithfead-sa dul léi.” (DCG 812)

Sámhas

Is é do shámhas é

You revel in it (DCB 103)

‘Sin a ndéanann tú ach amháin do chuid oibre. Bír i gcomhnuidhe ag tabhairt lideadh uait. Is é do shámhas é. (DCG 139)

Saoghal

(saol- FGB)

A chuid den saoghal!

My life! (DCB 150)

“A chuid den saoghal!,” arsa Mr. Micawber, ag cur barróige uirthi. “Tá a fhios sin go maith agam.” (DCG 209)

An saoghal a b'fhearr

The best times (DCB 127)

An saoghal a b'fhearr a bhíodh againn ba é an uair é a mbíodh sí ina suidhe go socair sásta ins an doras ag déanamh a cuid oibre, agus mise in mo shuidhe ar an gcéim ádhmaid ag a cosa agus mé ag léigheamh di. (DCG 175-6)

Ar ór an tsaoghail

For all the world and his wife (DCB 101)

‘Mise thú a fhágháil, a stór!’ arsa Peggotty. ‘Ní dhéanfainn é ar ór an tsaoghail.’ (DCG 136)

Béin an tsaoghail ar...

Oh, but, really? (DCB 247)

“Béin an tsaoghail ort? Innis dom faoi ‘riú. An amhlaidh atá?” ar sise. “An amhlaidh atá cén rud? Agus cé atá i gceist agat?” arsa Steerforth. (DCG 353)

Sin go hathrú saoghail

For ever and ever so long (DCB 605)

“Béidh aithreachas ort nach ndeachaidh ann, mar dhéanfadh bean mhaith, béidh sin go hathrú saoghail, muna dtéighir ann.” (DCG 885)

Saolann

Ina saolann súl

Much admired (DCB 546)

“Thugas fá deara nach raibh áit dá ndeacha sinn nach raibh sí ina saolann súl.” (DCG 798)

Scamall

Is dubh an scamall é sin

That is a black shadow (DCB 272)

Leis sin féin cé a rachadh tharainn – mar bhéadh sí ghá leanamhaint – ach bean óg... “Is dubh an scamall é sin le bheith i ndiaidh an ghearrchaile,” arsa Steerforth, agus sheas sé; “céard is ciall dó?” (DCG 391)

Scéal

**An scéal a chioradh agus a shlámadh*

A little discussion (DCB 189)

Tar éis an scéal a chioradh agus a shlámadh tamall thairg sé m’aintín a thabhairt go dtí an scoil, ionnus go mbéadh a breitheamhnas féin aici, agus thairg sé, freisin, a thabhairt, ar an ádhbhar chéadna, go dtí an dó nó an trí do thighthe ar mheas sé go bhféadfainn lóistín a fhagháil ionntu. (DCG 268)

Fada agus gearr an scéil

In short (DCB 31)

Ba é fada agus gearr an scéil é go raibh an-lá againn. (DCG 32)

[Féach leis (DCB 205, DCG 292) (DCB 322, DCG 465-6)]

Le scéal fada a dhéanamh gearr

To cut the matter short (DCB 467)

Le scéal fada a dhéanamh gearr dubhras go mbéadh an seomra eile agam nó nach bhfanfainn chor ar bith. (DCG 680)

**Ní raibh rath air mar scéal*

Deuce take it (DCB 311)

“Ó, ná raibh rath air mar scéal,” ars an duine uasal seo, ag breathnú thart ar an gcomhlúadar agus cáir aortha air, “ní féidir linn Fuil a shéanadh, ta a fhios agat.” (DCG 449)

Scioflóg

(scioflóg = cifleog – FGB)

An scioflóg

(Let him put away) his whim (DCB 387)

“Díbreadh sé an scioflóg sin anois, agus béidh fáilte ar ais roimhe.” (DCG 561)

Scian

Ba scian ar mo chroidhe é

I was shocked (DCB 612)

Agus an chaoi a raibh na paisiúin shalacha a thug air tóir a bheith aige ar chailín nach dtiocfadh leis meas a bheith aige ar a subháilcí, an chaoi a raibh siad le feiceál ann nuair a thuig sé nárbh fhéidir leis na paisiúin sin a shásamh, ba scian ar mo chroidhe é cuimniú go mbéadh comhnuidhe uirthi ar feadh uaire an chluig féin i n-aon-teach le na leithéid. (DCG 894)

Seasgach

(seascach – FGB)

Sean-sheasgach

Old bachelor (DCB 297)

“Thugadh chun bealaigh le láimh láidir mé,” arsa Steerforth, “an chéad mhaidean ariamh tar éis mé dul abhaile. Ach féach, a Nóinín, nach tú an sean-sheasgach dá ríre san áit seo.” (DCG 428)

Séideán

Séideán ann

Very much out of breath (DCB 672)

Thainig dalta beag géar-chúiseach a raibh cuma air a bheith ina ghiománach agus ina chléireach, thainig sin amach chugam agus séideán ann, ach dhearc sé orm amhail agus dá mbéadh sé ag tabhairt mo dhubhshláin sin a chruthú go dlightheamhail. (DCG 983)

Siar

Ní dheachas siar na aniar leis

I was resolute (DCB 452)

Níor dhubhras mar sin go díreach é; bhaineas an ghamh as chomh maith agus b’fhéidir liom, ach ba in é brigh na cainnte, agus ní dheachas siar na aniar leis. (DCG 658)

Siocair

Siocair mo sháith agam

Sufficient reasons (DCB 226)

Dá bhrigh sin cheapas go mb’fhearr dhom an búistéar a throid mar go raibh siocair mo sháith agam. (DCG 322)

Síol

Síol Éabha agus Ádhaimh

Everybody (DCB 698)

“Ach maithim duit, a Mhr. Copperfield,” arsa Uriah, agus ní chuirfeadh síos an tsamhail a tharraing sé chuige féin le n-a mhaitheamhnaighe is a bhí sé a chur i

dtuigsint bhí sí chomh uathbhásach aindiadha sin. “Maithim síol Éabha agus Ádhaimh.” (DCG 1022)

Sláinte

Cois na sláinte

Worldly circumstances (DCB 92)

‘Cheapas gur thuigis i gcomhnuidhe nach raibh mórán le cois na sláinte agam,’ arsan congantóir. ‘Tá a fhios agat an chaoi a bhfuil an scéal agam annseo agus a raibh ó thús. (DCG 122)

I dtogha na sláinte

Robust (DCB 323)/ Very well (DCB 355)

“Cén chaoi a bhfuil Mr. Murdstone?” “Tá mo dhearbhráthair i dtogha na sláinte,” ar sise, “go raibh maith agat.” (DCG 467)

Leis sin dubhras leis, agus spaspairt orm, agus an t-amharc ag scapadh orm, go raibh súil agam go raibh Miss Spenlow go matih; agus d’fhreagair Mr. Spenlow gan aon mhothú, go díreach amhail agus dá mbéadh sé ag cainnt ar ghnáth-dhuine ar bith, go raibh sé buidheach díom agus go raibh sí i dtogha na sláinte. (DCG 514)

[Féach leis (DCB 406, 590)]

Slighe

(slí – FGB)

Ar shlighe na firinne

Removed from the scenes (DCB 375)/ Dead (DCB 479)

Seadh, a Steerforth, gidh gur fada ar shlighe na firinne thú b’fhéidir go mbéadh mo chuid bróin sascála in d’aghaidh Lá an tSléibhe agus gan leigheas agam-sa air, ach ní bhéidh aon droch-smaoineadh na aon mhilleán uaim ann. (DCG 544)

“Bhí cuid aca a raibh ingheanacha leo ar shlighe na firinne. Agus níl a fhios ach ag Dia amháin a chineálta is a bhí na máithreacha sin liom-sa!” (DCG 697)

Slighe do chéadta

Oceans of room (DCB 525)

Bhí faitchíos mo chroicinn orm nach bhféadfadh sé an scian agus an ghabhlóg a oibriú, ach dhearbhuigh sé dhom go suairc go raibh “Slighe do chéadta ann, a Chopperfield. Slighe do chéadta!” (DCG 766)

Slug

(slog – FGB)

Sluig a chur

Make pitfalls (DCB 404)

As sin suas ba é a ndéanadh Mrs. Crupp sluig a chur ar an staighre (le crúiscíní ba mhó a ghníodh sí é) ag súil go mbrisfeadg Peggotty a cos. (DCG 588)

Smaoineadh

(smaoineamh – FGB)

Bhuail fiche smaoineadh mé

I had a delirious idea (DCB 316)

Bhuail fiche smaoineadh mé breith ar an mbrionglán dearg as an teinidh agus a speireadh leis. (DCG 457)

Sméar*Sméar mhullaigh*

Something very uncommon (DCB 405)

“Ó, dar m’fhocal duit,” arsa Traddles, “gur sméar mhullaigh í!” (DCG 589)

Smior*Chuaidh sé go smior ionnam*

I felt it sorely (DCB 61-2)

Bhí curtha ina luighe aca uirthi go mba bitheamhnach mé, agus ba mhó an brón a chuir sin uirthi ná mé bheith ag imtheacht. Chuaidh sé go smior ionnam. (DCG 77)

Snaidhm*Chrup sí an t-éadan mar chrupfadh snaidhm*

It passed over her face like a spasm (DCB 589)

Fuair an báine an ceann is fearr uirthi arís tamaillín, chrup sí an t-éadan mar chrupfadh snaidhm, ach chuir sí di, agus thoisigh sí ag maol-gháire. (DCG 860)

Sochar*Ba mhó an sochar ná an dochar*

The good predominated (DCB 395)

Maith go leor. Ba mhó an sochar ná an dochar. B’fhéidir nár chórus comhiomlán é; ní raibh tada comhiomlán; ach ba éard a raibh seisean ina aghaidh gan rudaí a fhágáil mar a bhíodar. (DCG 573)

Sógh

(só – FGB)

Le sógh agus le anró

Under so many vicissitudes (DCB 643)

Chuadhas ar an gcóiste tráthnóna agus thugas m’aghaidh ar an mbóthar céadna sin a chuadhas go minic cheana le sógh agus le anró. (DCG 938)

Solus

(solas – FGB)

Ar sholus mo shúl

I never did in my days behold (anything like Mowcher) (DCB 277)

Ní fhacas ar sholus mo shúl ariamh aon rud eile a bhí cosamhail le Mowcher, agus í ina seasamh annsin ar an mbord, ain-spéis dhá chur aici sa seanchus seo, agus í ar a táirm ag cuimilt cinn Steerforth, agus ag caochadh orm-sa amach thairis. (DCG 399)

Sos*Gan sos gan comhnuidhe*

Without a moment’s pause (DCB 647)

Bhí an long dá cárnadh go huathbhásach gan sos gan comhnuidhe, agus bhí an t-ualach sceadais sin dá bualadh ar an taobh le gach tuairt, go sílfeá go réabfaidhe í. (DCG 946)

Gan sos gan stad

Unbroken (DCB 556)/ Incessant (DCB 647)

Ach ba bheag a ghoill sin ar an toit truíim a bhí ag brúchtadh gan sos gan stad as na simléir a bhí ortha. (DCG 811)

Bhí torann na ngunnaí chomh millteach sin, gan sos gan stad ortha, nár fhéadas rud eicín a chlos ar theastuigh uaim go mór a chlos, agus leis an bhfulang a chuireas orm féin dhúisigheas. (DCG 945)

***Spadánta**

Tá sé spadánta

He mopes (DCB 624)

B'fhéidir gurab é ata ag cur air gan a mhaighistreás a bheith in ann a bheith leis mar bhíodh, agus gan a bheith in ann an croidhe a choinneál ann; ach tá sé spadánta agus tá an t-amhanc lag aige, agus tá an lúth cailte aige, agus tá brón ar m'aintín mar nach mbíonn sé ag doicheadh roimpi ainois. (DCG 912)

***Spaspairt**

(spaspas – FGB)

Spaspairt a bheith ar

In a state of frenzy (DCB 557)

“Tá spaspairt uirthi,” arsa mise leis i gcoar, “labhróchaidh sí go céillidhe ar ball.” (DCG 813)

[Ní raibh a fhios agam an in mo shuidhe nó in mo sheasamh a bhí mé/ níor fhan focal den chainnt agam]

***Spéir**

Shílféa gur as an spéir a thuiteas chuige

He received me with absolute enthusiasm (DCB 258)

D'fhanas taobh amuigh den doras scathaimhín nó gur innis sí do Bharkis go rabhas ar fagháil, agus annsin isteach liom chuig an othar. Shílféa gur as an spéir a thuiteas chuige. (DCG 370)

[Áthas mór air m'fheiceáil]

***Spleic**

Spleic air

(speic air – FGB)

His head on one side (DCB 679)

“Goidé seo, a dhuine uasail!” arsa Mr. Chillip, ag breathnú orm agus spleic air. (DCG 994)

[A cheann casta aige mar bhéadh le feirg]

***Sruth**

Ár maidí a ligean le sruth

If we failed to hold our own (DCB 352)

“Dá leigeamuis ar gcuid maidí le sruth fá rádh is go raibh an chinneamhaint atá i ndán don rígh agus don bhacach ar cuairt in áit eicín ní dhéanfamuis rud ar bith ar an saoghal seo.” (DCG 510)

[D'éirigh (sé) neamh-shuimeamhail ins an rud a bhí idir lámha aige]

***Storlamán**

Ina storlamán

Deader than pork (DCB 63)

“Bhéadh an capall sin ina storlamán,” ars an carraera, ‘ghá theaisbeáint dom le croitheadh den tsrian “sul a mbíodh sé leath an bhealaigh.” (DCG 79)

[Ina chnaoiste/ tá sé marbh nó sínte le buille, gan cor as go sílfeá go raibh sé marbh]

Stríoc

Ní stríocfadh agus ní staonfadh sí

She would never waver in it, never be diverted from it, never relinquish it (DCB 560)

Dhearc sí suas ar Dhia agus dhearbhuigh sí go sollamhanta go ndéanfadh sí a dearg-dhicheall, agus nach stríocfadh agus nach staonfadh go deo na ndeor nó go sáruigheadh uirthi. (DCG 817)

***Suaire**

Go suaire agus go duaire

Half playful and half sorrowful (DCB 414)

Dubhairt sí sin chomh deas lághach sin, agus chomh macánta, agus í idir a bheith go suaire agus go duaire, go dtainig balc orm. (DCG 601)

***Suarach**

Is suarach an cleas é

That’s mean (DCB 138)

‘Ná gabh i bhfolcah tá a fhios agat. Is suarach an cleas é sin.’ (DCG 194)

***Suidhe**

(suí – FGB)

Gan suidhe forais

In an agitated state of mind (DCB 206)

“Tá an Dr. Strong ag fanacht , ar chuma ar bith, a ghrádh,” arsa mise, “agus gan suidhe forais aige go bhfághaidh sé freagra.” (DCG 292)

Súil

As rioball na súile

Look sideways (DCB 192)

Nuair a leigeas mé féin amach ar an bhfuinneoig agus a chonnaiceas ceann de na h-éadain a bhí ar cheann na rataí ag breathnú orm as rioball a shúl, ba é an smaoinéadh a bhuaíl mé gurbh é Uriah Heep ar éirigh leis dul aníos annsin ar chuma eicín, agus ba ghearr an mhoill orm an fhuinneog a dhúnadh agus a chur as m’amharc. (DCG 273)

**(Ag breathnú air) le mo shúile cinn*

I see it done (DCB 641)

Ní ag iarraidh cuimhniú air atáim ach ag breathnú air le mo shúile cinn tá sé chomh glan soiléir sin os comhair m’aigne, mar bhéadh sé ag tuitim amach arís. (DCG 936)

[Le mo dhá shúil féin]

Táirnge

(tairne – FGB)

An fhad agus tá an táirnge ar an troigh is féidir liom-sa buille fuinneamhail a thabhairt dó

While the iron is hot, I can strike it vigourously (DCB 270)

“Bhoil is dóigh liom gur duine ádhmhailleach mé, a David. Tá a fios agam gurab eadh ach an fhad agus tá an táirnge ar an troigh is féidir liom-sa buille fuinneamhail a thabhairt dó freisin.” (DCG 288-9)

[Tá an táirnge ar an troigh: tá an rud réidh le déanamh]

Taise

**Gan truaighe gan taise*

Unmercifully (DCB 81)

Ní raibh aon mháighistir le fagháil a bhéarfadh barr air bhí sé chomh cruaidh coirpthe sin; go dtreascradh sé ar gach taobh de gach uile lá, go n-ionnsuigheadh na gasúir bheaga mar bhéadh tarbh ann, agus é ag lascadh leis gan truaighe gan taise. (DCG 106)

[Féach leis (DCB 132, DCG 182) (DCB 521, DCG 759-60) (DCB 654, DCG 956)]

Níor thaise le

Just the same (DCB 143)

Agus níor thaise le Mrs. Micawber é. (DCG 199)

Talamh

Ar thalamh na cruinne

In the material world (DCB 323)

Ní raibh rud ar bith arbh fhiú trácht air ar thalamh na cruinne le h-iongantas a dhéanamh de ach Dora Spenlow. (DCG 467)

***Támh**

Nuair thámh sí tamall

After a silence (DCB 120)

‘Cén chaoi a bhfuil a fhios agat nach é sin é?’ arsa Peggotty, nuair thámh sí tamall. ‘Ó, is rud eile ar fad an brón atá air.’ (DCG 165)

[Bí i do thámh: bí ciúin]

***Taod**

(taod = taghd – FGB)

Gan taod gan tarraingt ann

Such determination (DCB 649)

Bhí an aigne sochair aige, gan taod gan tarraingt ann, ba cuma leis snámh nó bádhadh. (DCG 948)

Tarcuisneach

(tarcuisneach – FGB)

Go leath-tharcuisneach

With some indignation (DCB 17)

“Peggotty!” arsa Miss Betsey, ar ais go leath-tharcuisneach. “An bhfuil tú ghá rádh liom, a leibh, go ndeaca colann duine ar bith isteach i dteampoll Chríostamhail agus gur leig sí an t-ainm sin a thabhairt uirthí féin.” (DCG 12)

***Te**

Bog te

Immediately (DCB 567)

Ba in leagan a bhí an-choitchinn agus thaithnigh sé go maith liom, agus dubhras go múnlóchainn intinn Dora. Bhuaileas orm bog te. (DCG 828)

[Féach leis (DCB 584, DCG 853) (DCB 682, DCG 998)]

[Ar an bpointe]

Teine

(tine – FGB)

A chur ó theach is ó theinidh

I should rob (my family) (DCB 157)

“Bhéinn ag cur mo pháistí ó theach is ó theinidh,” ar seisean, “dá dtairgiun naoi bpinginne uirthi.” (DCG 220)

Ar chúl na teineadh

(I felt all this while as if my ear were) blazing (DCB 78)

Agus go sílfeá ar feadh an ama gur ar chúl na teineadh a bhí mo chluas leis an scealpóig a bhain sé aisti. (DCG 102)

**Bhíos ar an teinidh*

I had suffered tortures (DCB 459)

Ba in tuairim sé seachtmhaine i ndiaidh a bháis. Bhíos féin ar an teinidh i rith an ama; agus bhíodh faitchíos orm go tiubhrainn an-bhás dom féin nuair a chuireadh Miss Mills an sean-scéal chugam i gcomhnuidhe, nach n-abróchadh Dora bhocht s’agamsa an chroidhe bhriste tada nuair a ghníthí tagairt dom-sa. (DCG 667)

Thíos

**Bíodh thíos bíodh thuas*

At all hazards (DCB 237)/ Beyond all doubt (DCB 701)

“Go bhfuil an oiread sin anró fulaingte agam ó thainigeas annseo agus go bhfuil fúm imeacht, bíodh thíos bíodh thuas, ar chead tinnis má fhéadaim, ach eireochad as bun barr mar n-éirighidh liom an cead sin a fhagháil.” (DCG 338)

Dubhras liom féin go socróchainn an cheist dom féin, bíodh thíos bíodh thuas, agus má bhí coimhthigheas ar bith mar sin eadrainn go gcuirfinn deireadh go deo leis gan níos mó moille. (DCG 1026)

[Is cuma céard a thioctas as]

Dar a bhfuil thíos agus thuas

Lord love my heart alive (DCB 126)

‘Sin cara agat, ós ag trácht ar cháirde é! Dar a bhfuil thíos agus thuas, is mór an sasámh intinne ar dhuine breathnú air.’ (DCG 173)

**Thíos agus thuas*

Alow and aloft (DCB 660)

“Níor dhóiche-de scéal de ná go mbéidh an oiread sin ar ar n-aire, thíos agus thuas, gur iongantas a bhéas thuas ar bhárr an chrainn láir ‘Tír ar amhanc’!” (DCG 965)

Thú

Gan “thú” gan “thá” as

He remained calm and silent (DCB 549)

Bhí sé annsin gan “thú” gan “thá” as, agus é ag féachaint faoi ar an talamh, bárr gach méire de chuid na láimhe deise leagtha go h-éadtrom ar bhárr gach méire de chuid na láimhe clé. (DCG 801)

Tír

Tír na hÓige

Enchantment (DCB 37)/ Fairyland (DCB 328)

A bheith ag éisteacht leis an ngaoith ag toisiú ag séideadh ar an bhfarraige, fios a bheith agat go raibh an ceo ag dúnadh isteach ar an macaire uaigneach taobh amuigh, agus breathnú ar an teinidh agus fios a bheith agat gur bhád an teach agus nach raibh aon teach eile dod’ ghoire nó dod’ ghaobhar ba in é Tír na hÓige agat. (DCG 42)

Níl a fhios agam an rabhamar triúr i dTír na hÓige, ach is cinnte go rabhas-sa ann. (DCG 474)

Tugtha i dtír

Restored (DCB 486)

“Nuair a tugadh Sarah i dtír b’éigin an rún a leigean leis an ochtar eile, agus ní raibh duine aca nar ghlac go dona é.” (DCG 707)

***Togha**

Togha gach bíd agus rogha gach díghe

An abundance of things, pretty and substantial to eat and drink (DCB 518)

Tá bricfasta againn, togha gach bíd agus rogha gach díghe, agus táim ag gabháil dóibh mar dhuine ann a bhéadh leath ina chodladh, gan fios dá luighead agam cén blas nó boladh atá ortha. (DCG 755)

***Toirt**

Ar an toirt (boise)

Directly (DCB 242)

Thionntuigheas thart ar an toirt boise agus thainigeas ar ais agus bhreathnuigheas arís. Níor aithnigh sé mé, ach d’aithnigheas-sa é ar an bpointe beagnach. (DCG 345)

[Féach leis (DCB 385, DCG 558) (DCB 465, DCG 676) (DCB 483, DCG 704) (DCB 584, DCG 853)]

Toll

I dtoll a chéile

Packing (DCB 207)

Dubhairt Mrs. Strong nach nimreochadh sí mar nár airigh sí í féin go maith; agus bhí leith-scéal ag a col ceathrar, Maldon, mar go raibh rudaí le cur i dtoll a chéile aige. (DCG 294)

***Tón**

(tóin – FGB)

Thuit an tón as

It fell to pieces (DCB 421)

“Ar aon nós thuit an tón as agus ní bheidh in ann leith-phinginn ruadh a íoc go deo; agus bhí leith-phinginneacha Bhetsy ann uilig, agus sin deireadh leo.” (DCG 611)

Torann

Gan torann gan troimpléasc

Noiselessly (DCB 343)

Do réir mar chuireadh gach duine againn uaidh a phláta thóigeadh seisean é gan torann gan troimpléasc, agus annsin leag chugainn an cháis. (DCG 496)

***Trácht**

Ní fiú trácht uirthi

Are dust, compared to rocks (DCB 489)

“An ábhaillidhe a bhíos ar bun ag daoine an-óga – mar nach mbíonn ann ach ábhaillidhe ar ghualainn an ghrádhá seo atá i gceist agam – ní fiú trácht uirthi.” (DCG 712)

***Tráth**

I dtráth agus in an-tráth

(i dtráth agus in an-tráth (in season and out of season) – FGB)

At the most untimely hours (DCB 50)/ At all hours (DCB 139)

Bhí sí chomh cinnte sin de, go dtugadh sí ruaig ar chlúid an ghuail i dtráth agus in an-tráth. (DCG 61)

Thigeadh siadsan i dtráth agus in an-tráth. (DCG 193)

Treall

Bhuail treall mé

Some softening influence moved faintly in my breast (DCB 665)

Ar mo bhealach anuas an chonair chasta ar thaobh an tsléibhe chonnaiceas é ag lonnú i bhfad síos uaim. Leis sin féin bhuail treall mé. (DCG 974)

Thuit an truill ar an treall ag...

He lost his presence of mind (DCB 20)

Bhí Mr. Chillip chomh scannruighthe sin le n-a bhuirbhe is labhair sí – mar dubhairt sé sin le mo mháthair gurbh É Dia a thárrthuigh é nár thuit an triull ar an treall aige. (DCG 15-6)

[Féach leis (DCB 563, DCG 821)]

[Bhí sé ina bhambairne/ ina bhail odhair/ ina staic]

**Thuit an trioll ar an treall ag...*

(thit an drioll ar an dreall – FGB)

My spirits sank (DCB 173)

Thuit an trioll ar an treall agam ar chlos na cainnte sin dom, agus chuaidh mo chroidhe síos go bonn mo chos. (DCG 244)

***Tromach**

Tromach tramach

Bundled up together (DCB 30)/ (Entangled) in a maze (DCB 946)

Bhí carn cótaí agus clochaí bád agus bratach in aon tromach tramach amháin caithte i gcúinne. (DCG 31)

Bhí ceann de na crainn briste an sé nó an seacht de throighthe ón gclár, agus é sínte amach thar thaobh na luinge, agus seolta agus sceadas casta thart air tromach tramach. (DCG 946)

[Táiplis ar bun]

***Troscadh**

In mo throscadh

(I should remain) hungry (DCB 68)

Ach ba é an chuid ba mheasa den scéal go raibh a fhios agam go mbéadh náire orm tada a ithe nuair a bhéadh an fhaill agam, agus go mbéinn in mo throscadh ar feadh na h-oidhche agus gan caithte agam ach droch-dhinnéar. (DCG 86)

Truillic

Chuir sé truillic ionnam anonn chuige

Pushed me over to him (DCB 70)

Nuair ba mheasa a bhíos tháinig fear isteach agus thug cogar don chléireach; chuir seisean de sciótán den scála mé, agus chuir truillic ionnam anonn chuige, amhail agus dá mbéinn meadhuighthe, ceannuighthe, tugtha suas, agus go mbéadh íoctha asam. (DCG 89)

***Truisle**

(tuisle – FGB)

Truisle a bhaint as

To trip (DCB 55)

Gheibhim amharc amháin ar an leathanach agus mé ghá thabhairt di, agus as go bráth liom in árd mo chinn an fhad agus atá cuimhne agam air. Baineann focal truisle asam. (DCG 67)

***Trup**

Trup trap

A considerable scuffling (DCB 672)

Chualas trup trap a bhí láidir go leor, taobh istigh, ach ba in a raibh. Chnagas arís. (DCG 983)

[An torann a dhéanfadh a lán daoine ag siubhal le bróga troma]

Tubaiste

Tubaiste na tire léi

All ill go with it (DCB 272)

“Tá sí imthighthe!” ar seisean, ag breathnú thar a ghualainn. “Agus tubaiste na tíre léi.” (DCG 392)

Tuitim

(titim – FGB)

Gan tuitim gan timpist

Safe and sound (DCB 682)

Chaitheas an lá ar na bhárach ar chóiste Dover; isteach liom bog te, gan tuitim gan timpist, i sean-phárlús m’aintín, agus í ag ól a cuid tae. (DCG 998)

***Tútghail**

(tútachán – FGB)

A monster of meanness (DCB 636)

“Fágann sin go méaduigheann ar an gcaimiléarachta aige, bíodh fáth dá luighead leis, sin nó gan fáth ar bith. Níl ar dhuine ach cuimhniú ar an gcaoi ar oibrigh sé annseo,” arsa Traddles, “leis an scéal sin a thuigsint.” “Tútghail ar fad é!” arsa m’aintín. (DCG 929)

***Uile**

Ina dhiaidh sin is uilig

Still (I don’t believe it) (DCB 515)

Ach ina dhiaidh sin is uilig ní chreidim é. (DCG 751)

[Uile: ‘uilig’ in Iorras]

Uille

(uillinn – FGB)

Uille ar uilinn

Arm-in-arm (DCB 54)

Arís agus an triúr aca ag siubhal leo uille ar uilinn, agus mise ina ndiaidh, táim ag faire ortha, agus mé ag iarraidh déanamh amach an bhfuil coiscéim mo mháthar ag éirghe níos truime ná bhíodh sí, agus an bhfuil suairceas na dathamhlachta cailte aici leis an mío-shásamh. (DCG 66)

Uisce

Bháithfeá le bolgam uisce mé

You have no idea what a monster I felt (DCB 676)

“Bháithfeá le bolgam uisce mé, a Chopperfield nuair a chonnaic mé a raibh sa teach ag caoineadh agus ag tuitim i laige ar fud na h-áite.” (DCG 989)

Nach orm a d’imthigh an t-uisce bruite

What I have come down to be (DCB 474)

“Ó, a Trotwood, a Trootwood!” arsa Mr. Wickfield, ag fáscadh a lámh. “Nach orm a d’imthigh an t-uisce bruite ó thainigis chun an tighe seo ar dtús!” (DCG 689)

**Uisce fá thalamh*

Conspiracy (DCB 581)

“Tá bitheamhntas ag cur as dom; tá cealg agus cliúsaidheacht agus uisce fá thalamh ag cur as dom; agus sé is ughdat leis an ualach mioscais sin ar fad – HEEP!” (DCG 848)

[Comh-cheilg ar bun]

**Ag déanamh uisce fá thalamh*

On disagreeable business (DCB 306)/ Plotting (DCB 499)/ You are playing Booty (DCB 610)

“Bhí sé i Lonndain seachtmhain romham-sa. Tá eagla orm go bhfuil uisce fá thalamh eicín dhá dhéanamh aige, a Trotwood.” (DCG 442)

“Ní thiubhradh an seans d’aon duine a bheith ag déanamh uisce fá thalamh in m’aghaidh-se, chífidh tú féin.” (DCG 726)

“Tá uisce fá thalamh da dhéanamh agat le mo chléireach, a Chopperfield, an bhfuil?” (DCG 892)

Caibidil a hAon Déag:

David Copperfield mar Shaothar Ghaeilge

Má táimid ag caint ar stíl Dickens caithfimid smaoineamh ar an mBéarla Viteoiriach agus an cineál stíle a bhaineann leis. Ceann de na rudaí is suntasaí faoi litríocht na tréimhse seo ná an ghné mhaoithneach de. Tréimhse achrannach a bhí inti go sóisialta. Ceistíodh deighiltí sóisialta, agus cuireadh an bhéim ar an isle-aicme agus an streachailt a bhí ar bun ag na daoine sin stádas éigin a bhaint amach. Tá scáthánú air sin i litríocht na haoise – feicimid an bhéim á díriú ar na coinníollacha ag an am.

The social conditions of the thirties and forties
wring the consciences of all men who were
worth the name...¹

I gcás Dickens, feicimid go bhfuil an scéal amhlaidh. Díríonn a chuid saothar ar an duine daonna atá ag dul i ngleic leis an saol.

Dickens belongs to the common people. He stands among the rising forces. That middle and lower class of England which the fastidious observer finds so dreary and Philistine, Dickens reveals as palpitating with human interests, with tragedy and comedy. He is as strenuous a champion of the poor as Victor Hugo...He is a man of the common people too in that he lives far more by feeling than by reason.²

Focal eile a a ritheann linn maidir leis an litríocht Viteoiriach ná ‘méaldrámata’. Tá an dá ghné sin le feiceáil go flúirseach i saothar seo Dickens – an méaldráma agus an maoithneachas. Tá cosúlacht éigin ansin le scríbhneoireacht na Gaeilge, sa mhéid is go smaoinimid ar an dá ghné chéanna i gcomhthéacs cuid mhaith de litríocht na teanga seo chomh maith.³ Oireann

¹ Tillotson, Goffrey. *A View of Victorian Literature*, Clarendon Press, Oxford, 1978 (lch. 26).

² *ibid.*, (lch. 120).

³ Díreach mar shampla amháin, tóg *Cré na Cille* a scríobh Máirtín Ó Cadhain. Tá úrscéal againn ansin ina bhfuil spleachadh maoithneach ar shaol an ghnáthdhuine Gaeltachta, ach go bhfuil sé

David Copperfield don Ghaeilge agus dá léitheoirí. Táimid cleachtadh ar na scéalta faoi dhaoine a bhfuil gach rud ag dul ina gcoinne. Táimid cleachtadh ar na daoine agus iad ag streachailt leis an saol. D'fhéadfadh David Copperfield (nó Mr. Micawber fiú) a bheith ina Éireannach. D'fhéadfadh Dickens a bheith ina scríbhneoir Gaeilge.

Ciallaíonn sin go bhfuil an dá ghné seo ag baint leis an leagan Gaeilge de *David Copperfield* go nádúrtha – nach raibh ar an Ruadhánach cinneadh comhfhiosach a dhéanamh iad a chur isteach. B'fhéidir nár éirigh leis an Ruadhánach na haicmí difriúla a thaispeáint tríd an gcaint, ach d'éirigh go geal leis ó thaobh na gnéithe eile de stíl Dickens.

Agus mo chuid taighde á dhéanamh agam, rith ceist eile liom maidir leis an scéal áirithe seo – ceist a d'fhéadfadh a bheith thar a bheith suimiúil. An bhfuil macalla éigin de laoch na seanscéal traidisiúnta ar an bpríomhcharachtar David Copperfield? Má thógaimid roinnt de na pointí a ardaítear faoin laoch in *The Heroic Biography of Cormac Mac Airt* feicimid cuid acu a fheileann do phríomhcharachtar saothair seo Dickens. An chéad rud a rithfeadh linn ná nach bhfuil gné mhíleata leis an scéal seo, nach nglacann an príomhcharachtar páirt i gcomhrac aonair. Ach mar a deir Tomás Ó Cathasaigh –

The heroic biography is not limited to martial figures, and that it does not always relate to a setting dominated by a military aristocracy and celebrating martial virtues.⁴

Dírítear sa leabhar céanna ar an gcaidreamh idir an laoch agus 'the Otherworld Deity' agus an chaoi go mbaineann tábhacht faoi leith leis an

lomlán den mhéaldráma. [Ó Cadhain, Máirtín. *Cré na Cille, Sáirséal & Dill*, Baile Átha Cliath, 1949].

⁴ Ó Cathasaigh, Tomás. *The Heroic Biography of Cormac Mac Airt*, Dublin Institute for Advanced Studies, 1977 (lch. 11).

gcaidreamh úd. I gcás an scéil áirithe seo, tá David i riocht an laoich agus Mr. Murdstone mar ‘the Otherworld Deity’. Feicimid iad in adharca a chéile arís agus arís eile. Go luath sa scéal rinne ‘the Otherworld Deity’ (Murdstone) iarracht saol an laoich (David) a lot. D’éalaigh an laoch go rúnda – cé go bhfuair an duine eile amach an áit ina raibh sé anois inti. Feicimid ansin, in ainneoin iarrachtaí Mhurdstone, gur éirigh le David dul ar aghaidh sa saol, agus gur bhain sé leas as an oideachas – a bhí ina ábhar conspóide eatarthu le fada – leis an bhfear eile a shárú. Tá sin cosúil le gné an laochais a thagraíonn don chaoi ina bhfaigheann an laoch an lámh in uachtar ar an té oilc trí arm an duine eile a úsáid. Bhí gráin ar David ar an oideachas agus é óg i ngeall ar Mhurdstone. Ach fuair sé dearcadh eile ina dhiaidh sin, agus fuair sé ard-oideachas a thug ardstádas dó nach mbeadh ag Murdstone choíche. Uaislíodh é thar cheann an fhir eile.

...these personages figure in a scenario in which the hero kills the Otherworld god with the latter’s weapon.⁵

Tagraíonn Ó Cathasaigh do theoiric T. F. O’Rahilly ar an laoch, agus luann sé gné amháin den teoiric sin, ach go háirithe, atá thar a bheith oiriúnach i gcás David. Is é sin an rud ar a thugann sé *The Syntagm*, agus an ról atá ag an ‘Otherworld Deity’ i saol an laoich. Faoin *syntagm* deirtear an méid seo –

...but it does lead to the conclusion that the Otherworld god can intervene in the hero’s life (i) as Villain or (ii) as Helper.⁶

I ndiaidh do mháthair David bás a fháil bhí todhchaí David ag brath ar chinneadh an fhir eile – bhí an rogha aige é a chur ar bhóthar a leasa nó ar bhóthar a aimhleasa. Ar an drochuair don bhuachaill, shocraigh Murdstone faillí a dhéanamh ar a oideachas, agus é a chur amach ag sclábhaíocht. Mar thoradh ar an

⁵ *ibid.*, (lch.14).

⁶ *ibid.*, (lch. 15).

gcinneadh sin chaith David seal ag maireachtáil sa timpeallacht a chruthaigh Murdstone. Bhí ar an laoch éalú, mar a luadh cheana, ach, fiú ina áit nua, chas sé le daoine eile ón domhan céanna arbh as do Mhurdstone – Uriah Heep mar an sampla is fearr. Agus, is gnéithe iad siúd atá ar aon dul le beathaisnéis laoch na Gaeilge (ach amháin nach bhfeileann an pointe deireanach don chás seo) –

It now seems clear that in Irish tradition the heroic biography is inextricably bound up with ‘Otherworld’ personages and locations: many of the heroes make journeys to the Otherworld, personages from the Otherworld intervene at crucial stages in heroes’ lives, and heroes sometimes marry (or have sexual relations with) Otherworld maidens.⁷

Leis an méid seo thuas theastaigh uaim an cheist a ardú faoin bhféidearacht go bhféadfaimis ceangal a dhéanamh idir David Copperfield, an carachtar, agus an laoch sna seanscéalta Gaeilge. Níl aon ach díreach blas de na cosúlachtaí a d’fhéadfadh a bheith eatarthu agus na féidearachtaí a d’fhéadfadh a bheith ann. Ach, b’fhéidir gur laochscéal de chineál éigin atá againn anseo sa mhéid is go bhfeicimid an príomhcharachtar ag dul i ngleic leis an saol, agus lena leasathair oilc, sula bhfaigheann sé slánú éigin ag an deireadh.

Ba é *David Copperfield* an saothar ba mhó agus b’éachtúla a thug Seán Ó Ruadháin faoi a aistriú. Tháinig an t-aistriúchán amach, ar deireadh, i 1938 in ainneoin gur cuireadh tús leis an bpróiseas foilsitheoireachta trí bliana roimhe sin. Fuair Oifig an tSoláthair litir dar dáta 22/03/1935 ón Oifigeach Foillsiúchán⁸, Seán MacLellan, inar thug sé a chead saothar an Ruadhánaigh a chur amach –

The Department of Education has accepted the accompanying Gaelic MS – DAVID COPPERFIELD – for publication under the

⁷ *ibid.*, (lch. 19).

⁸ Seo an chaoi ina raibh teideal an phoist litrithe.

scheme for the Production of Works of General Literature in Irish.⁹

De ghnáth, bhíodh ar an gcoiste foilseacháin cead a fháil ó fhoilsitheoirí an bhunshaothair leis an téacs a aistriú. I gcás *David Copperfield*, áfach, ní raibh an fhadhb sin ann toisc nach raibh sé faoi chóipcheart –

I am to add for your information that all rights in this translation were purchased by the state – through an tAire Oideachais – and that as the original book is not in copyright there were no negotiations regarding permission to translate in this case.¹⁰

Tá 1049 leathanach sa téacs Gaeilge agus ní haon ionadh go bhfuair an Ruadhánach níos mó airgid as an saothar seo ná as ceann ar bith eile a rinne sé. Má fhéachaimid ar na sonraí seo a leanas, gheobhaimid tuiscint ar an gcineál bearna a bhí ann idir na híocaíochtaí a bhfuair sé:

David Copperfield

An chéad íocuíocht: £273:15: - Do h-íocadh an tsuim seo i lár mí Feabhra, 1932

An íocuíocht dheiridh: £91:5: - Do h-íocadh an tsuim seo i lár mí Aibreáin, 1933

Wild Sports of the West

An chéad íocuíocht: £57:10: - Do h-íocadh ar 3adh Iúl 1929

An íocuíocht dheiridh: £57:10: - Do h-íocadh i dtosach mí na Samhna, 1931¹¹

Ros Comáin

Fuair sé £54 as an saothrú seo a aistriú.¹²

⁹ Litir 22/03/1935, Comhad *David Copperfield*, An Chartlann Náisiúnta.

¹⁰ *ibid.*

¹¹ Litir 08/06/1933, Comhad *David Copperfield*, An Chartlann Náisiúnta.

¹² De réir fianaise litreach a chuir an Ruadhánach chuig an Gúm, bhí níos lú airgid saothraithe aige ná lena raibh sé ag súil – ‘bhíos lán-chinnte nuair a gheallas an stair úd a aistriú go raibh £2-10-0 as an míle focal mar gur chuir sibh chugam cearcallán cúpla bliadhain ó shin ag rádh go mbéadh sin le faghail as téacsleabhra...a aistriú...Bhí cuid mhór de *Conndae Ros Comáin* aistrighthe agam nuair a thugas fá deara gur £1 an míle focal a bhí as – muna mbéadh an méid de a bhí déanta agam chuirfínn ar ais arís é.’ (Litir 06/03/1936).

Ó thaobh mhéid an dá shaothar, is é an leagan Gaeilge an leagan is mó. Má fhéachaimid ar liosta na nathanna, tuigimig ó fhad cuid acu an fáth go bhfuil an scéal amhlaidh. De réir mheastachán an Ghúim, tá suas le 365,000 focal sa leagan Béarla.¹³ Bhí córas íocaíochta na scéime bunaithe ar mhéid na bhfocal sa bhuntéacs (seachas san aistriúchán), agus sin an chúis go ndearnadh meastachán air. Réitíonn sin leis na figúirí íocaíochta a luadh thuas don saothar seo, .i. fuair an Ruadhánach £365 as a chuid oibre. Ar an drochuair, níor éirigh liom teacht ar thaifead de mhéid na bhfocal sa leagan Gaeilge, ach rinne mé iarracht meastachán a dhéanamh bunaithe ar mheastachán an leagan Béarla.¹⁴ Thart ar 425,000 focal atá sa leabhar Gaeilge de réir an mheastacháin úd – breis is 50,000 focal níos mó ná mar atá i leagan Dickens. Níos mó ná rud ar bith eile, cinntíonn sin dúinn nár chloígh an Ruadhanach ró-dhocht le foclaíocht an Bhéarla. Thuig seisean go raibh gá in amanna le breis focal a chur isteach ar thaobh na Gaeilge le brí an Bhéarla a atáirgeadh, agus mar is léir anois, níor leasc leis é a dhéanamh.

Toisc a mhéid agus a bhí an saothar Gaeilge, ní haon ionadh go bhfuil comhad iomlán sa Chartlann Náisiúnta de litreacha ina raibh smaointí á gcaitheamh timpeall maidir le dhá imleabhar a dhéanamh de. Bhí siar agus aniar ar an ábhar – daoine ag argóint ar a shon sin agus daoine eile ina aghaidh. Ar deireadh, socraíodh ar imleabhar amháin –

The Editor and I have already discussed the desirability of making 2 volumes of this book. We think however it would be better to have one volume only and that printed on thin opaque paper like the paper used in Oxford University Press fireside edition. The latter is a 1000 page book and does not look unwieldy.¹⁵

¹³ 365,020 an figiúr a d'oibrigh siad amach.

¹⁴ Féach Aguisín a Sé leis an dá mheastachán a fheiceáil.

¹⁵ Cáipéis dár dháta 1937, Comhad *David Copperfield*, An Chartlann Náisiúnta.

Sa leagan Gaeilge den saothar tá roinnt pictiúr de radharcanna áirithe ar tógadh as scannán de chuid Metro-Goldwyn-Mayer Pictures Ltd. iad. I mbunchomhaid an tsaothair, tá fáil ar chomhfhreagras leanúnach idir an dá ghrúpa agus iad ag iarraidh teacht ar réiteach maidir leis na pictiúir úd.

Our Irish version of 'David Copperfield' (1100 pages of solid type) will look very dull if there are no pictures...The Editor suggests that a selection of 'slides' from the motion-picture be used to illustrate the Irish version. I recommend approval. The only cost will be the making of the blocks.¹⁶

We acknowledge receipt of your communication of 9th instant regarding intended Irish translation of DAVID COPPERFIELD. We are placing the matter before our London office and will let you have their reply in due course.¹⁷

Further to our letter of 11th instant we have pleasure in attaching hereto two sets of photographs from the film DAVID COPPERFIELD to illustrate the Irish translation of this subject. We note that it is your intention to acknowledge the source of the illustrations.¹⁸

I am asked by the Minister for Education to thank you very cordially for your kindness in sending us two sets of photographs from the film "DAVID COPPERFIELD" to illustrate the Irish translation. We shall have great pleasure in fully acknowledging, by an inscription in the book, the courtesy of Metro-Goldwyn-Mayer Pictures in the matter.¹⁹

Agus an t-am ag druidim le deireadh na bliana 1938, is léir go raibh an tOifigeach Foillsiúchán ag éirí buartha faoin leabhar agus cathain a mbeadh sé ar

¹⁶ Nóta ó Sheán MacLellan don leas rúnaí, 19/10/1937.

¹⁷ Litir ó M-G-M chuig an Oifigeach Foillsiúchán, Seán MacLellan, 11/10/1937, An Chartlann Náisiúnta.

¹⁸ Litir ó M-G-M chuig an Oifigeach Foillsiúchán, Seán MacLellan, 15/10/1937, An Chartlann Náisiúnta.

¹⁹ Litir ó Sheán MacLellan chuig M-G-M, 23/10/1937, An Chartlann Náisiúnta.

fáil, mar gur chuir sé litir chuig Oifig an tSoláthair leis na sonraí úd a fháil.²⁰ Mar a tharlaíonn ní raibh air fanacht mórán níos faide. Ar an 3ú de mhí na Samhna, 1938 foilsíodh an t-aistriúchán.²¹

Ar an drochuair ní raibh Coiste na Leabhar (nó an Ruadhánach is dócha) iomlán sásta leis an saothar críochnaithe nuair a tháinig sé ar ais chucu. I ndiaidh a chéile bhí siad ag teacht ar roinnt botún clódóireachta –

Sompla eile de'n droch-chlódóireacht ata le tigheacht chugainn le goirid s'eadh an leabhar so. Ní thuigimid cé'n fath nach mbeadh na clódóirí i n-ann cló cothrom a chur ar na leathanaigh; tá go leor aca ar leath-mhaing, féach leathanaigh: 6, 27, 28, 29, 32, 35, 36, 60, 61, 421, 417, 389, 291, 515, 676, 579, 942, &rl.

Bhí cuid de na leathanaigh seo ceart sa bhfromhadh deiridh a cuireadh chugainn ach níor tugadh aon aire do na himill 'na dhiaidh sin cé gur h-iarradh ar na clódóirí bheith cúramach fútha.²²

Conas mar a d'éirigh leis mar shaothar Gaeilge?

Má dhírimid ár n-aird ar fhigiúirí díolacháin an tsaothair, gheobhaimid tuairim éigin faoin rath a bhí ar *David Copperfield* mar leabhar Gaeilge. Nuair a foilsíodh é cuireadh 500 cóip ar fáil. As an méid sin, díoladh 432 go dtí 31/03/1949 – díoladh 25 cóip sna 12 mhí go dtí 31/03/1949 agus díoladh cóip amháin ansin sna 12 mhí go dtí 31/03/1950.²³

Fuair an saothar cuid mhaith poiblíochta ag an am – dearfach don chuid is mó de. Ar an 15ú mí na Samhna bhí alt faoi san *Irish Times* a chuir in iúl do dhaoine go raibh an leabhar le fáil. Ceithre lá níos déanaí, scríobhadh sliocht cuibheasach fada sa *Clonmel Nationalist* ina ndearnadh plé ar *David Copperfield*,

²⁰ Litir ó Sheán MacLellan chuig Oifig an tSoláthair, 29/10/1938, An Chartlann Náisiúnta.

²¹ 'Do foillsigheadh "David Copperfield" cúpla lá ó shoin agus cuireadh coipeanna dhe chugainne.' Litir ó Sheán MacLellan chuig Oifig an tSoláthair, 07/11/1938, An Chartlann Náisiúnta.

²² *ibid.*

Tour of the World in Eighty Days, a d'aistrigh an tOllamh J. O'Donoghue, Ollscoil na hÉireann, Corcaigh, agus *Iolar agus Sionnach* a tháinig ó pheann Sheáin Mhic Mhaoláin. Maidir le saothar an Ruadhánaigh, dúradh an méid seo faoi –

...bulky book of 1,050 pages in a parcel received from "An Gum" publishing department, 3 and 4 College St., Dublin, attracted our special attention by its size and the very small sum it costs – three shillings, cloth bound, fine clear Gaelic type and ten full page illustrations. The book is an Irish translation of Charles Dickens "David Copperfield", done by Sean O'Ruadhain. Sean's fine Irish story "Padraig Mhaire Ban" had the distinction of having been sold out within a year of publication – a fine tribute to its author and the interest and literary value of the book. He has done much good work for "An Gum" in recent years. His Irish translation of "David Copperfield" is a work that places him in the first rank of our writers of Irish.²⁴

I mí na Nollag, ansin, bhí píosa eile sa *Times* faoin leabhar agus an ceannteideal 'Micawber 'na Ghaedheal!' air. Arís eile, alt thar a bheith moltach a bhí sa cheann seo inar tugadh ardmholadh don Ruadhánach mar scríbhneoir agus mar aistritheoir.

There is a huge book, a translation of *David Copperfield* made by Seán Ó Ruadháin. I am against the translation of English classics into Irish as a rule; for as long as Ireland is bilingual, everyone will have English, and if you have knowledge of any language, you ought to use it to read what is best in that language. However, Seán Ó Ruadháin's translation is so good, so clever – (imagine Micawber waiting for something to turn up, in Irish!) – that I have read chapter after chapter with delight.

Sometimes, new books in Irish puzzle me so much that I wonder if I know the language at all, but then comes a book like Seán Ó Ruadháin's that flows like music; and the same

²³ Figiúirí díolacháin de chuid *David Copperfield*, Comhad *David Copperfield*, An Chartlann Náisiúnta.

²⁴ 'Jules Vernes, Wells, and Dickens in Irish', *Clonmel Nationalist*, 19/11/1938, An Chartlann Náisiúnta.

let me say of Niall O'Domhnaill's translation of
Stevenson's *Master of Ballantrae*, and I cry:
"That's the Irish I know!"²⁵

Scríobhadh léirmheas Gaeilge ar an saothar ansin, i mí Eanáir na bliana 1939, sa *Leader* - léirmheas ina raibh mórán den rud céanna á rá faoin saothar. D'oscail an sliocht le tagairt don Ghúm agus do thorthaí na scéime nua a bhí ar bonn ann – 'Do mhúch an Gúm le leabhraibh sinn um Nodlaig.'²⁶ (Léiríonn sé sin, ar a laghad ar bith, go raibh ag éirí leis an tionscnamh ó thaobh ábhar léitheoireachta na Gaeilge a sholáthar.)

Mar a luadh cheana, saothar 1049 leathanach agus breis agus 400,000 focal atá san aistriúchán seo ar *David Copperfield*. Agus sin á chur san áireamh againn, nach mór an t-ábhar iongantais é gur éirigh leis an Ruadhánach ardchaighdeán Gaeilge a choinneál tríd síos an téacs iomlán. Caithfidh go raibh muinín éigin ag Coiste an Leabhar as, in ainneoin na n-argóintí ar fad a bhí eatarthu i rith na mblianta, agus cead á thabhairt acu dó an saothar seo a aistriú. Bhí muinín ag iriseoir an *Leader* as, leis –

Nuair d'airigh mé go raibh Seán Ó Ruadháin ag aistriúghadh "David Copperfield" is é dubhairt mé acht má bhí aoinne beo d'fheudfadh é dheunamh gurbh' é Seán an duine agus bhí cíocras orm chum a leabhar d'fagháil agus dó léigheamh.²⁷

Ach, is dócha go bhfuil an moladh is fearr ar fad tugtha don Ruadhánach mar aistritheoir sna habairtí seo a leanas, mar go gcuireann siad in iúl gur éirigh leis bunspríoc an aistriúcháin a bhaint amach, .i. gur éirigh leis saothar a chur ar

²⁵ 'Micawber' na Ghaedheall, *Irish Press*, 15/12/1938, An Chartlann Náisiúnta.

²⁶ 'Tuilleadh leabhar', *The Leader*, 21/01/1939, An Chartlann Náisiúnta.

²⁷ *ibid.*

fáil a bhí inléite sa Ghaeilge agus nach raibh sé de chuma air gur scríobhadh i dteanga ar bith eile ar dtús é.²⁸

Is beag na fuighinn lámha do chroitheadh leis na sean-cháirdibh, le Barkis agus le Peggotty, le Creakle agus leis na Micawbers, le Betsey Trotwood agus an chuid eile aca, aithnighim chómh maith san iad i n-aimhdheoin na teangan nua a labhraidh.²⁹

I ndiaidh dúinn na caibidlí ar na seanfhocail, na samhlacha agus na cora cainte sa saothar Gaeilge a léamh, is léir go raibh an Ruadhánach níos buartha faoi bhrí an scéil a atáirgeadh, agus sin a dhéanamh trí Ghaeilge bhreá dhúchasach, ná faoi mhúnla Dickens a aistriú. Níor leasc leis focail sa bhreis a chur isteach amanna leis an scéal a mhíniú, nó le rud éigin a shoiléiriú don spriocléitheoir. Tá samplaí feicthe againn chomh maith, áfach, den Ruadhánach agus giotáí fágtha amach aige anseo is ansiúd.³⁰ Ar an iomlán, agus le gach rud curtha san áireamh againn, d'fhéadfaimid a rá gur lean an t-aistritheoir scéal Dickens go dílis, gur éirigh leis na heachtraí ar fad a atáirgeadh, ach gur chuir sé culaith nádúrtha na Gaeilge air mar úrscéal.

Ní fhéadfaimid a shéanadh ach gur chuir Seán Ó Ruadháin uaidh ceann de na leabhair is fearr agus is cáiliúla a chuir an Gúm amach lá ar bith, agus saothar is fiú go mór a léamh.

Más é *David Copperfield* a d'aistrigh Seán Ó Ruadháin an leabhar is toirtiúla ar fad díobh (de na haistriúcháin), is saothar máistriúil aistriúcháin agus scríbhneoireachta é san am céanna.³¹

²⁸ Mar atá ráite ag Theodore Savory – 'A translation should be able to pass itself off as an original and show all the freshness of an original composition.' Savory, Theodore. *The Art of Translation*, Jonathan Cape Ltd., London, 1957 (lch. 52).

²⁹ 'Tuilleadh leabhar', *The Leader*, 21/01/1939, An Chartlann Náisiúnta.

³⁰ Féach an chaibidil ar 'Béarla *David Copperfield*', agus an plé ar chaint Mhicawber ach go háirithe, le roinnt samplaí dá leithéid a fheiceáil.

³¹ Titley, Alan. *An tÚrscéal Gaeilge*, An Clóchomhar, Baile Átha Claithe, 1991 (lch. 46).

Leabharliosta

1. Clonmel Nationalist, 19/11/1938
2. Irish Independent, 09/02/1928
3. Irish Press, 15/11/1938
4. Irish Press, 15/12/1938
5. Irish Times, 18/07/2001
6. The Leader, 21/01/1939
7. The Western People, 31/12/1938

Comhaid na Cartlainne Náisiúnta

A13

- *Wild Sports of the West*

A83

- *Tale of Two Cities*

A87

- *Travels with a Donkey* (Ó Caomhánaigh)

A99

- *David Copperfield*

A268

- *Travels with a Donkey*

A310

- *Dear Ducks*

A333

- *Ros Comáin*

A

- *The Woman in White*

- *Monarch the Big Bear*

G5 (1)

- agreement forms

G6(1)

- payments to civil servants

G8

- preliminary correspondence 1924-25

G8(2)

- minutes of Coiste na Leabhar

G8(3)

- minutes of Coiste na Leabhar, 1927

G8(4)

- minutes of Coiste na Leabhar

G8(5)

- minutes of Coiste na Leabhar

G8(6)

- preliminary correspondence, 1930

G8(1926)

- preliminary correspondence

G8(1942-'71)

- minutes of Coiste na Leabhar

G49

- comhfhreagras faoi chuid de na haistriúcháin a bhí idir lámha

G54

- notice to writers of Irish

G56

- minutes of Coiste na Leabhar from 28/7/28 to end of year (1st meeting of amalgamated committee)

G58

- annual report of Department

G59

- Coiste na Leabhar, Minutes 1927

Cartlann na gCanúintí

- Cnuasach B09

1. An Gúm. *Ceardlann Aistriúcháin*
2. An Seabhac. *Seanfhocail na Mumhan*, An Gúm, Baile Átha Cliath, 1984 (1926)
3. Breathnach, Colm. *Spléachadh ar Obair na Téarmaíochta*, Teangeolas 32, 1993
4. Brook, G.L. *The Language of Dickens*, Deutsch, London, 1970
5. *Cambridge International English Dictionary*, Cambridge University Press, 2001
6. Carey, John. *The Violent Effigy – a study of Dicken' imagination*, Faber and Faber, London, 1973
7. Chesterton, G.K. *Charles Dickens*, Burns & Oates, London, 1975 (1906)
8. Corkery, Daniel. *The Fortunes of the Irish Language*, The Mercier Press Ltd., Cork, 1956 (1954)
9. Cronin, Micheal. *Translating Ireland; Translation, Languages, Cultures*, Cork University Press, 1996
10. Daltún, Séamas. *Scéal Rannóg an Aistriúcháin*, Teangeolas 17, 1983
11. Dickens, Charles. *David Copperfield*, Penguin Popular Classics, England, 1994
12. Dickens Charles. *David Copperfield*, Clarendon Press, Oxford, 1981
13. Dickens, Charles. *The Personal History of David Copperfield*, Oxford University Press, London, 1974
14. Dinneen, Rev. Patrick S. *Foclóir Gaedhilge agus Béarla*, Irish Texts Society, Educational Company of Ireland, Ltd., 1927
15. Donnelly, Patrick, J.A. *A Communicative Grammar of the Irish of Niall Ó Donaill*, M.Phil., N.U.U., Coleraine, 1979
16. Greene, David. *The Irish Language – An Ghaeilge*, The Three Candles, Ltd., Dublin, 1966
17. Heaney Séamus. *Earning a Rhyme*, Poetry Ireland Review, no. 25, 1989
18. Hervey Sándor G.J., *Thinking Translation: a course in translation method, German to English*, Routledge, London, 1995
19. Hervey, Sándor G.J. *Thinking Translation: a course in translation method, French-English*, Routledge, London, 1992

20. Kenny, Dorothy. *The Introduction of Irish as a Target Language to the Eurotra Machine Translation System*, Teanga 14, 1994
21. Leavis, Q.D. & Leavis F.R. *Dickens The Novelist*, Rutgers University Press, New Jersey, 1970
22. Mac Amhlaigh, Dónall. *Feasta*, Deireadh Fómhair, 1961
23. Mac Aonghusa, Proinsias. *Ar Son na Gaeilge – Conradh na Gaeilge 1893-1993*, Conradh na Gaeilge, Baile Átha Cliath, 1993
24. Mac Lochlainn, Antain. *Cuir Gaeilge Air*, Cois Life Teo., Baile Átha Cliath, 2000
25. Mac Niocláis, Máirtín. *Seán Ó Ruadháin – Saol agus Saothar*, An Clóchomhar Tta, BÁC, 1991
26. Mag Uidhir, Séamus. *Fánaidheacht i gConndae Mhuigh Eo*
27. MagShamhráin, Antain. *Foilseacháin an Ghúim*, An Gúm, Baile Átha Cliath, 1999
28. Mhac an Fhailigh, Éamonn. *The Irish of Erris, Co. Mayo*
29. Newmark, Peter. *Approaches to Translation*, Prentice Hall International (UK) Ltd., 1982
30. Newmark, Peter. *Textbook of Translation*, Prentice Hall International (UK) Ltd., 1988
31. Ní Dheirg, Íosold. ‘*Glór gan Chabhair Choigeriche*’? *Smaointe ar Théarmaíocht na Gaeilge agus ar ról na Nua-Iasachtaí*, Teangeolas 30 & 31
32. Nic Eoin & MacMathúna (eag.). *Ar Thóir an Fhocail Chruinn*, Baile Átha Cliath, 1997
33. Nic Mhaoláin, Máire. *A Thuilleadh faoin gCaighdeán*, Teangeolas 20, 1985
34. Nolan, Mary Catherine. *MT: Some definitions and an example: EUROTRA*, Teangeolas 23, 1987
35. Ó Cadhain, Máirtín. *Cré na Cille*, Sáirséal & Dill, Baile Átha Cliath, 1949
36. Ó Cathasaigh, Tomás. *The Heroic Biography of Cormac Mac Airt*, Dublin Institute for Advanced Studies, 1977
37. Ó Conchúir, Micheál F. *Lámhleabhar Seanfhocal*, Cló Iar-Chonnachta, Indreabhán, Conamara, 1996
38. O’Connor, Joseph. *Hostage to Fortune*, Michael F. Moynihan, Baile Átha Cliath, 1951

39. Ó Corráin, Ailbhe. *A Concordance of Idiomatic Expressions in the Writings of Séamus Ó Grianna*, Queen's University of Belfast, Belfast, 1989
40. Ó Cróinín & Talbot. *Eireterm: an Introduction*, Teangeolas 30 & 31, 1992
41. Ó Cuilleanáin, Cormac. *A Different Kind of Failure: Approaches to the Translation of Poetry*, Teanga 4, 1984
42. Ó Cuív, Brian (ed.). *A View of the Irish Language*, Stationery Office, Dublin, 1969
43. Ó Floinn, Tomás. *Scéal na Téarmaíochta sa Chóras Oideachais*, Teangeolas 12, 1981
44. Ó Máille, T.S. *Seanfhocla Chonnacht (I & II)*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1952
45. Ó Muirgheasa, Énri. *Seanfhocail Uladh*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1976 (1907)
46. Ó Murchú, Séamas. *Céard é an Caighdeán?*, Teangeolas 17, 1983
47. Ó Ruadháin, Seán. *An Mothall Sin Ort*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1967
48. Ó Ruadháin, Seán. *Braoninin Fola*, Comhar, Meitheamh 1944
49. Ó Ruadháin, Seán. *Chuanaidhe Crutanta*, Comhar, Eanáir, 1945
50. Ó Ruadháin, Seán. *Feasta*, na haltanna dá chuid a foilsíodh go míosúil idir Nollaig 1960 agus Nollaig 1964
51. Ó Ruadháin, Seán. *Máthair-Mhórachas agus Béarlachas*, Feasta, Eanáir, 1951
52. Ó Ruadháin, Seán. *Mé Féin is m'Asal*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1937
53. Ó Ruadháin, Seán. *David Copperfield*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1938
54. Ó Ruadháin, Seán. *Pádraic Mháire Bhán*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1932
55. Ó Ruadháin, Seán. *Sealgairacht an Iarthair*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1933
56. Ó Ruadháin, Seán. *Stair na gConndae – Ros Comáin*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1938
57. Ó Ruairc, Maolmhaodhóg. *Aistrigh go Gaeilge – Treoirleabhar*, Cois Life Teoranta, Baile Átha Cliath, 1997

58. Ó Súilleabháin, Seán. *Scéalaíocht in Éirinn*, Cló Mercier, Corcaigh, 1973
59. *Oxford English Dictionary*, Clarendon Press, 1933
60. *Oxford English Dictionary*, Oxford University Press, 2nd Edition, 1989
61. Pritchard, Rosalind MO. *Automatic Translation: Systran*, Teangeolas 16, 1983
62. Prút, Liam. *Cúrsaí Aistriúcháin an Stáit*, Irisleabhar Mhá Nuad, 1996-97
63. Savory, Theodore. *The Art of Translation*, Jonathan Cape ltd., London, 1957
64. *Seanfhocail, Seanráite, Beannachtaí, Mallachtaí, srl.* Fios Feasa, Corca Dhuibhne, 1998
65. Stanford, William Bedell. *Ireland and the Classical Tradition*, Allen Figgis & Co., Baile Átha Cliath, 1976
66. Stevenson, Robert Louis. *Travels with a Donkey in the Cévennes*, Longman York Press, London, 1980
67. Synge, J.M. *Collected Works, Vol. 2*, Oxford University Press, 1966
68. Tillotson, Goffrey. *A View of Victorian Literature*, Clarendon Press, Oxford, 1978
69. Titley, Alan. *Ag Scaipeadh Smaointe agus Ag Cur Siolta*, Irish Times, 18/07/01
70. Titley, Alan. *An tÚrscéal Gaeilge*, An Clóchomhar, Baile Átha Cliath, 1991
71. Tony Catherine Antoine William (“Fear Pholl a’ Bhroic”). *Seanfhocail as Acaill*, Cló Iar-Chonnachta, Indreabhán, Conamara, 1995 (lch. 22)
72. *Tús an Choiste Téarmaíochta sa Chóras Oideachais*
73. Welch, Robert. *A History of Verse Translation from the Irish*, Colin Smythe Ltd., Buckinghamshire, 1988
74. Williams, J.E. Caerwyn & Ní Mhuiríosa, M. *Traidisiún Liteartha na nGael*, An Clóchomhar, 1985 (1979)

AGUISÍNÍ

- | | |
|---|---------|
| 1. Seanfhocail an Ruadhánaigh | 259-265 |
| 2. Samhlacha an Ruadhánaigh | 266-268 |
| 3. Liosta na gComhad sa Chartlann Náisiúnta | 269-272 |
| 4. Na coinníollacha aistriúcháin faoi scéim an Ghúim | 273 |
| 5. Leagan amach na foirme comhaontaithe | 274-275 |
| 6. Meastacháin ar líon na bhfocal in <i>David Copperfield</i> | 276 |
| 7. Altanna Nuachtáin faoin leagan Gaeilge de <i>David Copperfield</i> | 277-279 |

Aguisín a hAon: Seanfhocail an Ruadhánaigh

Seo a leanas liosta de na seanfhocail atá le fáil i saothair an Ruadhánaigh i gcoitinne. (Is iad ainm an tsaothair agus uimhir an leathanaigh a fhaighimid idir na luibíní).

- A chú lena chois, a sheabhac ar a bhois, agus a chapall caol donn á iompar (an trí ní a bhí riamh ó fhear seilge) (MO 85)
- A chomhairle féin do mhac Anna, agus ní bhfuair riamh comhairle níos measa (PMB 134)
- Ach ní mar síltear a bítear (DCG 71)
- Ag dul siar don ghréin is mairg nach mbeadh rud in do chóimhrín féin (PMB 192)
- Ag gol agus ag gáire ciall na bpáistí (MO 95)
- Ag seasamh cirt agus ag cosaint córa (MO 11)
- Airí an mhagaidh ag déanamh an mhagaidh (PMB 83)
- An áit a mbíonn bó bíonn bean, agus an áit a mbíonn bean bíonn caint (MO 49)
- An beo i riocht na marbh (MA 87)
- An chomhairle a luíos le croí duine is í is fearr a thaitníos leis (PMB 121)
- An glór nach dtoilleann sa gceann is cuma é a bheith ann nó as (PMB 175)
- An rud a chí an leanbh is é a ní an leanbh (MO 104)
- An rud atá thart bíodh sé thart (DCG 689)
- An rud is annamh is iontach (PMB 84)
- An rud nach bhfeicfidh siad ní dhéanfaidh sé aon imní dóibh (PMB 122)
- An rud nach bhfuil leigheas air foighid is fearr chuige (MO 29-30)
- An scian is géire feannadh sí (PMB 55)
- An té a bhfuil builín aige gheobhaidh sé scian a ghearrfas é (MO 13)
- An té a luíos leis an mada, éireoidh sé leis na dreancaidí (MO 111)
- An té nach gcuirfeadh san earrach ní bhainfidh sé sa bhfómhar (PMB 27)
- An té nár loiteadh ariamh is uaigneach é a shaoghal (RC 119)
- Ba cosamhail le céile ball séire agus a ghiolla (RC 243)
- Ba é an mac a ghníodh na piléir agus nach mbíodh an t-athair ach ag loscadh na n-urchar (PMB 48)

- Ba é scaradh an anama leis an gcolainn scaradh leis-sean (MA 20)
- Bailigheann brobh beart (DCG 440)
- Baintear an chloch fhuar as an uisce Lá Fhéile Pádraig (MO 91)
- Ba mhaith an t-ancoire an t-iarta (DCG 52)
- Ba mhór é an saothar ach ba luachmhar í an duais (DCG 620)
- Baois a thug chun a chéile sinn agus buile a scar ó chéile sinn (DCG 584)
- Beart gan leigheas foighid is fearr chuige (SI 27)
- Beart gan leigheas is foighid is fearr chuige (SI 92)
- B'fhearr leis teitheadh maith na drochsheasamh (PMB 45)
- B'fhusa é sin a rádh ná a dhéanamh (SI 19)
- B'fhusa sin a rádh ná a dhéanamh (MA 44) (RC 206)
- Bhí cara sa gcúirt agam (SI18)
- Bhí gach mac máthar acu agus a phort féin aige (PMB 58)
- Bhí go maith is ní raibh go dona (PMB 117)
- B'iad na mná a dhóigh an áich (SI 212)
- Bíonn an t-áidhbheirseoir i gcomhnuidhe ag mealladh an fhir dhíomhaoin (DCG 275)
- Bíonn an t-áidhbheirseoir i gcomhnuidhe ag mealladh an fhir ghnaihigh (DCG 275)
- Bíonn briseadh a shróine ar barr a theanga (MO 108)
- Bíonn ceann dubh ar gach maidin earraigh (MO 91)
- Bíonn uair na hachainí ann (PMB 153)
- Bladair an droch-mhada is ní baol duit an dea-mhada (PMB 29)
- Blas na meala ar gach uile ghreim agus gan greim ar bith tur (MO 83)
- Castar na daoine le chéile, ach ní chastar na cnoic le sléibhte (PMB 162)
- Céard a dhéanfadh mac an chait ach luch a mharú (MO 34)
- Ceo soininne ar aibhne agus ceo doininne ar chnoic (MO 94)
- Coinneál i dtaisce é le h-aghaidh na coise tinne (DCG 928)
- Cur an roda ar ath-lá a mharbhuigheas an t-am (DCG 212)
- Dá fhada an ionga sea is mó an onóir (MO 43)
- Dá luigheadh dá n-abróchthar seadh is fusa an scéal a réidhteach (DCG 893)
- Dá mbeadh spré ag an gcat is maith a phósfaí é (MO 14)
- Dá mbíodh soineann go Samhain bheadh breall ar dhuine éigin (MO 93)
- Dána muc ná gabhar ach sháraigh bean an diabhal (MO 81)
- Déan mar níodh Fionn; cuir d'ordóg faoi d'fhiacail is bain fios aisti (MO 12)

- Dhá dtrian den dathúlacht an gheanúlacht (PMB 121)
- Eidir é seo agus an bruitean, agus scéal na mban (SI 18)
- Filleann feall (PMB 179)
- Focal amadáin nó dealg fóthannáin nó fiacail choileáin – na trí ní is géire ar bith (PMB 70)
- Gan an lá indiú a chur chun an lae i mbárach (DCG 212)
- Garbhshíon na gcuach, is garbh é agus fuar (MO 92)
- Go dtuga an diabhal dearg leis thusa (PMB 31)
- I ndomhan na ndall is rí fear an leathroisc (PMB 122)
- Iníon na cailí giobaí pósta ó inné, agus a liachta bean deas fágtha mar go bhfuil sí gan spré (MO 14)
- Inis do Mháire i gcoagar é agus inseoidh Máire don phobal é (MO 105)
- Is as na tighthe beaga a théigheas daoine sna tighthe móra (DCG 673)
- Is bocht an rud é an magadh nuair is duine é féin atá ina cheap magaidh (MA 19)
- Is cosúil Mael le Caplait (RC 73)
- Is dána muc ná gabhar ach sháraigh bean an diabhal (MO 81)
- Is deacair drochrud a chur chun báis (PMB 169)
- Is dhá dtrian den dathamhlacht an gheanamhlacht (DCG 7)
- Is é airgead na n-óinseach a chuireas bróga ar bhean an phiobaire (MO 30)
- Is é an ceann cíortha a dhíolas na cosa (MO 14)
- Is é an duine é an t-éadach (MO 42)
- Is é a scéal féin scéal gach aon duine (RC 238)
- Is é ___ údar gach uilc (DCG 167)
- Is éidreorach an feithide an duine (PMB 100)
- Is fada ó n-a chéile an chainnt agus na gníomhartha (SI 198)
- Is fearr a gcoinnítear cuimhne air an rud is mó a ndéantar gáire faoi (MO 97)
- Is fearr ag dúil le muir ná ag dúil le cill (PMB 104)
- Is fearr dea-shampla ná dea-theagasc (MO 104)
- Is fearr go mall ná go brách (PMB 39)
- Is fearr greim de choinín ná dhá ghreim de chat (MO 34)
- Is fearr paidir romhat ná dhá phaidir i do dhiaidh (MO 26)
- Is fuarasta toisiú ar an ól ach go mba dheacair éirí as (PMB 186)
- Is gaire cabhair Dé ná an doras (PMB 108)

- Is geal leis an bhfiach dubh a ghearrcach féin (MO 105)
- Is í an aimsear a ghníos an iascaireacht (SI 63)
- Is í mo bhean féin í cailleach an airgid (MO 13)
- Is i ndiaidh a chéile a ghnítheas na caisleáin (DCG 762)
- Is iad na Faoilligh a mharaíos na caoirigh (MO 92)
- Is iad na mbá a dhóigh an áith (MO 49)
- Is iomaí caoi le cat a mharú thar a thachtadh le him (PMB 48)
- Is iomaí fearthainn agus gaoth a bhuaile faoi mhaol a múr (MO 98)
- Is iomdha meon a chítear don duine (SI 225)
- Is iomdha meon a feictheas do dhuine sul 'á dtéighidh sé ag iarraidh déirce (SI 52)
- Is ionann urchar bodaigh i bpoll móna agus oíche fhómhair ag titim (MO 93)
- Is leor do dhuine dhona a dhícheall a dhéanamh (PMB 142)
- Is máighistir gach duine an goile (SI 44)
- Is maith an scéal gan droch-scéal (DCG 625)
- Is maith an scéalaidhe an aimsear (SI 61)
- Is maith an t-annlann an t-iasc (SI 77)
- Is maith Dia go lá agus ní fearr ná go brách (PMB 20)
- Is minic a bhris teanga duine a shrón (PMB 31)
- Is olc an ghaoth nach fearr-de duine éicín é (SI 346)
- Is olc an rud mallacht baintrí (PMB 153)
- Is treise an cleite na an claíomh (MO 67)
- Is trom an t-ualach an t-aíneolas (MO 22)
- Is túisce deoch ná scéal (PMB 123)
- Is uaigneach an béile nach mbíonn bean aige (SI 44)
- Labhair ar an diabhal agus tiocfaidh sé (PMB 90)
- Leá na bhFiann ní dhéanfadh a leigheas (MO12)
- Leigheas an phótaire – ól arís (PMB 92)
- Leigheas an phótaire, ól arís (SI 327)
- Má chuireann tú síoda ar ghabhar is gabhar i gcónaí é (MO 42)
- Má ghoireann an chuach ar chrann gan duilliúr díol do bhó agus ceannaigh arbhar (MO 92)
- Marbh le tae agus marbh gan é (PMB10)

- Mar mhaithe leis féin a níos an cat crónán, agus ní taise leis an duine é (MO 35)
- Márta garbh gaofar, Aibreán bog braonach, Bealtaine béilfhliuch, agus Fómhar breá grianmhar (MO 92)
- Márta garbh gaothach, Aibreán bog braonach, Bealtaine béalfhliuch, agus fómhar breá grianmhar (PMB 84)
- Más maith is mithid (PMB 221)
- Méadaíonn an taithí an tarcaisne (MO 131)
- Mol an óige agus tiocfaidh sí (MO 105)
- Múinfidh a shrón féin comhairle dó (MO 108)
- Mura bhfuil tine agat féin déan do ghoradh leis an ngréin (PMB 192)
- Ná bain le geis is ní bhainfidh geis leat (PMB 57)
- Na caiple deiridh ag dul chun tosaigh (PMB 85)
- Ná creid fiolar agus ná creid fiach agus ná creid briathra mná, má's moch mall a éireochas an ghrian, is mar is toil le Dia a bhéas an lá (SI 102)
- Ná cuir ar cáirde é (DCG 122)
- Na hamhais gan trócaire; is mian leo ar marbhú gan aon torann (SI 285)
- Na muca ciúine a itheas an triosc (MO 81)
- Na trí nithe a sháraigh ar Arastotail a dhéanamh amach: oibreacha na mbeach, intinn na mban, agus teacht agus imeacht na taoide (MO 82)
- Nach ait an mac an saoghal (SI 292)
- Nach arán cam a níos bolg díreach (MO 131)
- Nach beag an rud is lugha ná máthair na hurchóide (SI 312)
- Nach e lá na gaoithe lá na scolb (PMB 10)
- Ní bhainfeá an cubhar den leamhnacht! (DCG 258)
- Ní bheathaíonn na briathra na bráithre (MO 24)
- Ní bheidh ár leithéidí arís ann (MO 116)
- Ní bhíonn deireadh go deo leis, ar nós mhallacht baintreabhaighe (SI 22)
- Ní caithtear an t-uabhar gan an buaidhreadh a bheith thríd (SI 201)
- Ní dhéanann an dúlra dúbailt (MO 107)
- Ní díri a fhásas an droim sa lacha na Lá Fhéile Pádraig i lár an earraigh (MO 91)
- Ní féidir fuil a bhaint as turnap (DCG 193)
- Ní féidir leis an ngobadán an dá thráigh a fhreastal (DCG 295)

- Ní féidir sparán síoda a dhéanamh as cluais chránach (DCG 526) (MO 42)
- Ní fhéadfadh sise dhá thráigh a fhreastal (DCG 430)
- Ní gach lá a mharbhuigheas Mánuis bullán (SI 228)
- Ní gnáth díth airm ar ghlac ghleice (SI 156)
- Ní hé an t-airgead an duine (DCG 616)
- Ní h-é an té is láidre creideamh an t-asbal is gllice i gcomhnaidhe (MA 98)
- Ní hiad na fir mhóra a bhaineas an fómhar (PMB 49)
- Ní hionann dul chun an bhaile mhóir agus a fhágáil (PMB 57)
- Níl a oiread aici féin agus a cheannóchadh cabhail (SI 21)
- Níl amadán ar bith chomh dona leis an seanamadán (PMB 130)
- Níl aon dlí ag an riachtanas (PMB 174)
- Níl bóthar ar bith gan clocha a bheith air (MA 8)
- Níl gar ag cainnt! (DCG 611)
- Níl gar ag caint (PMB 177)
- Níl gar sa mbuaidhreadh ach éirighe thuas air (DCG 595)
- Ní lia duine na barúil (MO 39)
- Ní lia tír na gnás (MO 43)
- Ní lia tír ná gnás (PMB 172)
- Níl tuile dá mhéad nach dtránn, ach tuile na ngrás (PMB 193)
- Ní mar a shíltear a bhítear (PMB 172)
- Ní mar síltear bítear (SI 25)
- Ní measa leis an rí a mhicín ná leis an gcat a phisín (MO 34)
- Ní moille siubhal ná rith (MA 12)
- Níor dhóiche an Cháisc a bheith ar an Domhnach ná... (MO 57)
- Níor léir do dhuine cat thar chóiste (MA 44)
- Níor thráth dá fhaillí é (PMB 214)
- Ní raibh aige ach snámh nó bá (MO 137)
- Ní raibh a shrón ar dhea-dhuine riamh (MO 107)
- Ní raibh bréan ann níos uaisle ná an mhuc (PMB 48)
- Ní raibh gar ag cainnt (SI 10)
- Ní raibh thar thoirt madaidh innti (MA 5)
- Ní raibh toirt fia ná feannóige le feiceáil ar aon taobh (MO 131)
- Ní seasann an rith maith don each i gcónaí (PMB 191)
- Nuair a bhíonn gábhadh le rud cumtar é (SI 52)

- Nuair a bíos an t-ól istigh bíonn an chiall amuigh (SI 267)
- Nuair a théas an gabhar chun teampaill ní bhíonn sé sásta go dté sé ar an altóir (PMB 139)
- Nuair is cruá don chailligh caithfidh sí rith (MO 133)
- Nuair is cruaidh don chailligh caithfidh sí rith (SI 152)
- Ó chuaigh an slige sa chloich, an duille sa ghual agus an chuil san ómra (MO 20)
- Oisín i ndiaidh na Féinne (MO 11)
- Plúchadh le póga é, múchadh le deora é, tiormaíodh le héadaí síoda agus sróil é (nuair a chuaigh an laoch ar cuairt nó ar féasta...) (MO 89-90)
- Rud gan leigheas is foighid is fearr chuige (PMB 206)
- Saol an mhada bháin (MO 110)
- Saol fata i mbéal muice agat (MO 81)
- Sé airgead na n-óinseach a chuireas bróga ar bhean an phiobaire (PMB 58)
- Sé an díomhaoineas ughdar gach uilc (DCG 167)
- Sé cruthú na putóige a hithe (SI 190)
- Sháródh sé seacht gcatha na Féinne (MO 12)
- Síleann bradóg na gcuach gur bradach é an sluagh (DCG)
- Sláinte an bhradáin (MA 82)
- Sláinte na gealaighe mórdha a ól (MA 178)
- Suan na muice bradaí (MO 81)
- Súil an chait ag an bpisín (MO 34)
- Tá an Teamhair ina féar agus féach an Traoi mar tá (MO 75)
- Tadhg an dá thaobh (RC 238)
- Tá Dia láidir agus tá máthair mhaith aige (DCG 691) (PMB 75)
- Taise don trua agus troid don tréan (MO 10)
- Tigeann gach maith le cáirde (DCG 768)
- Tuigeann Tadhg Taidhgín (SI 59)
- Tús maith leath na hoibre (SI 197) (MO 18)

Aguisín a Dó: Samlacha an Ruadhánaigh

Seo a leanas blas de na samhlacha a fhaighimid i saothair an Ruadhánaigh i gcoitinne. (Is iad ainm an tsaothair agus uimhir an leathanaigh a fhaighimid idir na luibíní).

- chomh bán le páipéar (DCG 54, 111, 390, 540, 690, 1006)
- chomh binn leis an gcuach (PMB 81)
- chomh cinnte is atá an ionga ar an ordóig (DCG 907)
- chomh cinnte is atá bianna ar mhaide bacaigh (MO 121)
- chomh cinnte is go bhfuil gob ar ghandal (DCG 244)
- chomh ciúin le coiníní (DCG 496)
- chomh ciúin le poll móna (PMB 110)
- chomh cneasta leis an uibh (DCG 43)
- chomh cóir feileamhnach agus a bhris an t-arán ariamh (DCG 330)
- chomh críonna le Solamh (PMB 1)
- chomh crua le cloich (MO 87)
- chomh daingean leis an gcarraig (DCG 486)
- chomh dall leis an daoí (DCG 739)
- chomh dearg le coileach Franncach (DCG 600)
- chomh dearg le h-aithinne (DCG 172)
- chomh dearg leis an aithinne (PMB 135)
- chomh díreach le feagh (DCG 256, 1045)
- chomh díreach le h-ursa dorais (DCG 26)
- chomh dubh le h-áirne (DCG 52)
- chomh dubh le pic (PMB 6)
- chomh dubh le púca (MA 187)

- chomh éadtrom le sop (DCG 874)
- chomh fairsing le móin (PMB 59)
- chomh fial le Fionn (MO 11)
- chomh flaithiúil leis na Fianna (MO 11)
- chomh fuar leis an éag (DCG 813)
- chomh garbh le gráinneog mhara (DCG 376)
- chomh geal le sneachta sléibhe (DCG 265)
- chomh geal leis an gcalóg (DCG 40, 265) (MO 129)
- chomh géar leis an rásúir (DCG 234)
- chomh glan le criostal (DCG 481) (MA 15)
- chomh glas le cuileann (DCG 974)
- chomh glas leis an gcuileann (MO 129)
- chomh gnóthach le bean bhocht ar aonach (PMB 56)
- chomh gorm le saifir (MA 69)
- chomh gruamdha le beithir (DCG 144)
- chomh heasonórach le capall a bheadh ag treabhadh píosa bogaigh (PMB 55)
- chomh huaigneach leis an gcill (MO 53)
- chomh láidir le capall (PMB 221)
- chomh lom le croidhe do bhoise (DCG 190) (PMB 131)
- chomh maol le manach (DCG 398)
- chomh módhamhail le malrach (DCG 702)
- chomh mórghoileach le Conán na Féinne (MO 12)
- chomh mór le ceann do mhéire (PMB 178)
- chomh mór le cheile le dhá chloigeann capaill (DCG 262, 628, 931)
- chomh réidh le peallaire (DCG 642)

- chomh righte le dorugha (DCG 8)
- chomh rua le sionnach (MO 7)
- chomh sean leis an gceo (DCG 265)
- chomh so-scannruighthe le h-éan (DCG 679)
- chomh tirm le spunc (DCG 536)
- chomh trom le luaidhe (PMB 145)
- chomh umhal le taidhbhse (MA 11)

Aguisín a Trí: Liosta na gComhad sa Chartlann Náisiúnta

Seo a leanas liosta de chomhaid na Cartlainne Náisiúnta ar bhain mé úsáid astu don saothar seo.

A13

- *Wild Sports of the West*

- litir ón Ruadhánach ag lorg eolais faoin gcomórtas
- toradh an chomórtais aistriúcháin
- tairiscint á déanamh don Ruadhánach
- sonraí an bhunsaothair
- comhfhreagras idir Seán Ó Ruadháin agus Coiste na Leabhar
- liosta focal a bhí ag cur as don Ruadhánach
- foirm íocaíochta
- sonraí foilsitheoireachta an leabhair
- sonraí clódóireachta

A83

- *Tale of Two Cities*

- sonraí an bhunsaothair
- foirm íocaíochta
- sonraí faoin gcóipcheart

A87

- *Travels with a Donkey* (Ó Caomhánaigh)

- tairiscint á déanamh don Chaomhánach
- comhfhreagras eatarthu
- an Caomhánach ag éirí as an gcó-aontú

A99

- *David Copperfield*

- ailt nuachtáin
- liosta de na leabhair a mbeadh suim ag an Ruadhánach iontu
- tairiscint á déanamh don Ruadhánach
- comhfhreagras agus an Ruadhánach i mbun oibre
- figiúirí díolacháin
- sonraí íocaíochta
- sonraí an bhunsaothair
- sonraí an aistriúcháin
- treoracha clódóireachta
- ceist an dá imleabhair á plé
- comhfhreagras le MGM maidir le pictiúir a fháil srl.
- bunscríbhinn an Ruadhánaigh

A268

- *Travels with a Donkey*

- ailt nuachtáin
- litir chuig comhlacht an chóipchirt
- an t-aistriúchán á thairiscint don Ruadhánach

- comhfhreagras agus an Ruadhánach i mbun oibre
- foirm íocaíochta
- sonraí an aistriúcháin
- sonraí an bhunsaothair
- treoracha don chlódóir
- comhairle choitcheanta d'aisdritheoirí
- tagairt á déanamh ag an Ruadhánach do bhunsaothar atá ina chloigeann aige – faoi chúrsaí polaitíochta

A310

- *Dear Ducks*

- tairiscint á dhéanamh don Ruadhánach
- comhfhreagras agus an Ruadhánach i mbun oibre
- có-aontú idir an t-aistritheoir agus an roinn
- sonraí an bunsaothair
- foirm íocaíochta

A333

- *Ros Comáin*

- ailt nuachtáin faoin saothar (idir an bunsaothar agus an t-aistriúchán)
- litreacha ag dul thart ag iarraidh smaoineamh ar an aistritheoir ba oiriúnaí
- an t-aistriúchán á thairiscint don Ruadhánach
- comhfhreagras agus an Ruadhánach i mbun oibre
- sonraí an aistriúcháin
- sonraí an bhunsaothair
- foirm íocaíochta
- ceist ainm an údair/aistritheora a chur ar an leabhar á plé
- figiúirí díolacháin

A

- 'The Woman in White'
 - litir chuig iarrthóirí an chomórtais
- 'Monarch the Big Bear'
 - litir chuig Micheál Ó Siochfhradha – an buaiteoir eile

G5 (1)

- agreement forms
 - coingheallacha a bhaineas le haistriúchán a deintar fé ughdarás na roinne oideachais

G6(1)

- payments to civil servants
 - comhfhreagras faoi scéim a bhunú le saothair Ghaeilge a sholáthar
 - cáipéis faoi chúrsaí íocaíochta na roinne faoin scéim
 - Coingheallacha bhaineas le h-obair aistriúcháin, srl., do bheith dhá déanamh ag Stat-Seirbhísigh faoi scéimeanna na Roinne Oideachais chun leabhra Gaedhilge do chur ar fagháil

G8

- preliminary correspondence 1924-25

- comhfhreagras idir an Roinn Oideachais agus An Roinn Airgid

G8(2)

- minutes of Coiste na Leabhar
 - Gum chun cabhruithe le foillsiu leabhar i nGaedhilg

G8(3)

- minutes of Coiste na Leabhar, 1927
 - comhfhreagras faoi chúrsaí maoinithe agus íocaíochta
 - comhfhreagras faoin easpa ábhar léitheoireachta i nGaeilge agus an bealach leis an easnamh a shásamh
 - litreacha re. aistriúcháin – litreacha chuig an Aire san áireamh
 - costais clódóireachta

G8(4)

- minutes of Coiste na Leabhar
 - cúrsaí íocaíochta agus maoinithe á bplé
 - litir ó shagart ag gearán faoi ábhar na saothar a bhí á n-aistriú (Fánaí)

G8(5)

- minutes of Coiste na Leabhar
 - mode of publication of general works of literature in Irish

G8(6)

- preliminary correspondence, 1930
 - litreacha faoin easpa leabhar sa Ghaeilge
 - ceist faoi rannóg foillsiúcháin a chur ar bun faoin Roinn
 - an easpa suime ag foillsitheoirí in ábhar Gaeilge á plé – an chontúirt a bhain leis
 - bunú an Ghúim
 - feidhmeanna na heagraíochta
 - athbhreathnú ar tháillí údar, etc. agus ar ghnéithe eile d'imeachtaí an Ghúim
 - Bord na Leabhar Gaeilge – aidhmeanna, feidhmiú, srl.

G8(1926)

- preliminary correspondence
 - comhfhreagras leis an Roinn Airgid ag lorg deontais
 - cúrsaí maoinithe á bplé
 - alt faoi chúlra na scéime

G8(1942-'71)

- minutes of Coiste na Leabhar
 - agallamh san Irish Times le Sairséal agus Dill
 - an Gúm: íocaíocht na n-údar

G49

- comhfhreagras faoi chuid de na haistriúcháin a bhí idir lámha
- sonraí íocaíochta cuid de na leabhair
- aistriúcháin a bhí curtha ar ceal sular foilsíodh iad

G54

- notice to writers of Irish
 - liosta de na daoine a bhí ag lorg eolais faoin gcomórtas aistriúcháin
 - litir an Ruadhánaigh agus an rud céanna uaidh

G56

- minutes of Coiste na Leabhar from 28/7/28 to end of year (1st meeting of amalgamated committee)
 - baill an Choiste
 - leabhra go bhfuil a n-aistriúcháin curtha i gcúram daoine áirithe
 - leabhra á n-aistriú

G58

- annual report of Department
 - ‘liosta athchomair de sna coingheallacha fé n-a bhfostuighthear scríbhneoirí chun leabhar nach téics-leabhra iad d’aistriúghadh go Gaedhilg le foillsiúghadh féin scéim’
 - cáipéis faoi Choiste na Leabhar – cathain ar cuireadh ar bun é, srl.

G59

- Coiste na Leabhar, Minutes 1927
 - cáipéis faoin scéim (béarla) – conas mar a oibríonn sí, srl.
 - comhfhreagras faoi fheidhmeanna an Ghúim, an fhoireann ann, srl.

Aguisín a Ceathair: Coinníollacha na Scéime Aistriúcháin

[G5 (1) – Agreement forms]

AN ROINN OIDEACHAIS

COINGHEALLACHA A BHAINÉAS LE HAISTRÍÚCHÁN A DEINTAR FÉ UGHDARÁS NA ROINNE OIDEACHAIS

1. An t-aistritheóir do dhéanamh réidh-mheastacháin ar an am a bhainfidh sé dhe an obair do chríochnú, agus meastachán san do chur fé bhrághaidh na Roinne Oideachais. Ar ghlacadh don Roinn leis an meastachán san cuirfar sgéala chun an aistritheora 'á iarraidh air tosnú ar an aistriúchán.
2. An t-aistriúchán do sheoladh isteach 'na chodaibh ó am go ham (cg. 'na chaibidil is 'na chaibidil) má's toil leis an Roinn go ndéanfaí ar an gcuma san é.
3. Má thárluion an iomarca moille do bheith 'á chur ar an obair ag an aistritheóir agus gan cúis réasúnta aige leis an moill sin tá lán-chead ag an Roinn an margadh a deineadh do chur ar neamhní agus an leabhar do thabhairt do dhuine eile len' aistriú, nó gan an leabhar san d'aistriú i n-aon chor.
4. An t-aistritheóir do dhéanamh ceartuithe nó athruithe ar bith dá n-iarrann an Roinn air do dhéanamh san aistriúchán.
5. Íocfar leis an aistritheóir ar a chuid saothair suim airgid a bhéas do réir ráta ar a gcinnfidh an Roinn Oideachais. Sé an gnáth-ráta £1 (púnt) ar gach míle focal dá bhfuil sa leabhar bunaidh. Íocfar an t-airgead ar mbeith críochnuithe don aistriúchán chun sástacht na Roinne Oideachais.
6. Tar éis an íocuíocht d'fhagháil do ní bheidh aon cheart ag an aistritheóir chun an aistriúcháin: ní leis féin é feasta ach leis an Roinn Oideachais.

Aguisín a Cúig: Foirm Chomhaontaithe an Aistritheora

Seo thíos leagan amach na foirme comhaontaithe a bhí le síniú ag an aistritheoir agus é ag tabhairt faoi shaothar a aistriú faoi scéim an Ghúim –

[G5(1)]
(an fhoirm oifigiúil)

CO-AONTU ar n-a dhéanamh an _____ idir Aire Oideachais Shaorstáit Eireann ina oifigí, 1 Sráid an Húmaigh, Baile Átha Cliath, (dá ngairmtear an tAire anso feasta) ar thaobh, agus

_____ as _____ i gContae _____ (dá ngairmtear An tAistritheoir anso feasta) ar an taobh eile.

DE BHRI go bhfuil An tAistritheoir tar éis a chur in úil don Aire gur mian leis go ndéanfaí leabhar do thug An tAistritheoir amach agus dar teideal _____ d'fhoillsiú fé fhorálacha Scéime do cheap An tAire chun cabhrú chun leabhair den tsórt san d'fhoillsiú, agus

DE BHRI go bhfuil An tAire tar éis aontú leis an leabhar ar a bhfuil an teideal san roimhráite d'fhoillsiú amhlaidh

ANOIS CO-AONTUITEAR tríd seo, ag Páirtithe an Chó-aontuithe seo agus eatorra, mar leanas:-

- (1) Aontuonn an tAistritheoir le hatharú no le ceartú ar bith a mheasfaidh An tAire do bheith riachtanach i dtéacs an leabhair sin.
- (2) Téigheann An tAistritheoir in urraíocht air leis seo nách sárú ar aon chóipcheart atá ann anois an leabhar san gurb é a fhoillsiú abhar an Chó-aontuithe seo. Téigheann An tAistritheoir in urraíocht air freisin go slánóidh agus go gcimeádfa sé slán An tAire agus Foillsitheoirí an leabhair sin fé seach o gach aicsean, abhar aicsin, costas, muirear, damáiste, caiteachas agus iarmairt no o imeachta ar bith in aghaidh An Aire agus na bhFoillsitheoirí fé seach i dtaobh no alos aon chóipchirt den tsórt san no a shárúithe.
- (3) Aontuonn An tAistritheoir a fhágháil féin Aire, i gcomhairle le hOifig an tSoláthair, na nithe seo leanas do shocrú, tar éis aon chúis a dhéanfaidh An tAistritheoir do phlé ina dtaobh do blreithniú mar is cuibhe, eadhon, an cló a húsáidfean, cuma agus ceangal an leabhair sin, na fiacha ar a ndíolfar é, an méid cóip a clóbhuailfean agus ce'ca cimeádfar cló na a buanófar cló.
- (4) Co-aontuítear idir Pháirtithe an Chó-aontuithe seo gurb í Oifig an tSoláthair a dhéanfaidh gach uile shocrú i dtaobh an leabhair san d'fhoillsiú.
- (5) Aontuonn An tAistritheoir an leabhar san, maraon le pé cóipcheart a bheidh aige ann, do bheith agus d'fhanúint dá gcuid féin ag Rialtas Shaorstáit Eireann go dtí go mbeidh an brabús a thiocfaidh as díol an leabhair sin chó mór le hiomlán an chaitheachais (agus suim an Deontais dá bhforáitar sa chéad mhír eile d'áireamh) fé

n-ar chuathas á thabhairt amach agus á fhoillsiú. Nuair a bheidh an brabús a thiocfaidh as díol an leabhair sin tar éis caiteachas iomlán roimhraithe a thabhartha amach agus a fhoillsithe d'foc amhlaidh, raghaidh gach ceart sa leabhar, agus a chóipcheart ann d'áireamh, maraon le haon stoc de chóipeanna bheidh ar lámh, agus na plátaí buanchló má dintear a leithéidí, raghaidh thar n-ais chun An Aistritheora agus leis seo sanntar do iad.

- (6) Iocfaidh An tAire leis An Aistritheoir Deontas do réir _____ scilling _____ pingin an 1000 focal sa bhun-leabhar ar ar dincadh an t-aistriú, agus íocfar £ _____ mar chuid den Deontas san chó luath agus is féidir é tar éis an Có-aontú so do dhéanamh. Iocfar an chuid eile den Deontas leis An Aistritheoir nuair a bheidh An tAire sásta leis an bpromtha deiridh den leabhar san agus a bheidh an leabhar curtha chun Oifig an tSoláthair chun a chlóbhuailte.
- (7) Beidh sé de cheart ag An Aire cur suas do dhul ar aghaidh le foillsiú an leabhair sin má mheasann go bhfuil a dhóthain de chúis mhaith aige chuige sin agus maidir leis sin ní bheidh dul thar a bhreith agus dá dhruim sin saorfar é o oblagáid ar bith fé seo.
- (8) Má eiríonn ceist ar bith i dtaobh léiriú no brí no feidhmiú aon fhorála d'fhorálacha an Chó-aontuithe seo isé An tAire thabharfaidh breith ar an gceist sin agus ní bheidh dul thar an mbreith sin.

DO DHEANAMH A FHIANAISE SEO do chuir An tAistritheoir a lámh leis seo agus do chuir An tAire fé ndéar a Shéala Corparáide do chur air.

Ar n-a shighniú do

_____ san

I bhfianaise

_____ Séala An Aire ar n-a chur air seo i bhfianaise

Aguisín a Sé: Meastacháin ar líon na bhfocal in *David Copperfield*

Fuair mé an meastachán seo a leanas ar leagan Béarla *David Copperfield* i gcomhaid an Ghúim. Is ar an meastachán sin a bunaíodh an ceann ar an leagan Gaeilge den saothar.

David Copperfield – an leagan Béarla [A99: Íocuíocht an Aistritheora]

| Full Pages | Pages broken by Chapter Headings |
|--|---|
| Page 20.....496 | Page 18.....381 |
| Page 21.....470 | Page 48.....400 |
| Page 69.....350 | Page 85.....382 |
| Page 74.....454 | Page 92.....343 |
| Page 75.....451 | Page 125.....384 |
| Page 83.....460 | Page 137.....380 |
| Page 107.....404 | Page 157.....395 |
| Page 237.....360 | Page 182.....382 |
| Page 305.....390 | Page 202.....405 |
| Page 349.....388 | Page 267.....368 |
| Total for 10 pages = 4224 Average per page = 422 | Total for 10 pages = 3820 Average per page = 382 |
| Total no. of pages in book = 870 No. of broken pages (by Ch. Head.) = 53 No. of full pages = 817 | No. of words on broken pages = 382 x 53 = 20,246 No of words on full pages = 817 x 422 = 344,774 |
| | Estimate = 365,020 |

David Copperfield – an leagan Gaeilge

| Full Pages | Pages broken by Chapter Headings |
|---|--|
| Page 20.....398 | Page 18.....280 |
| Page 21.....432 | Page 36.....356 |
| Page 69.....423 | Page 77.....329 |
| Page 74.....436 | Page 108.....230 |
| Page 75.....343 | Page 187.....218 |
| Page 83.....383 | Page 206.....279 |
| Page 107.....419 | Page 242.....261 |
| Page 237.....452 | Page 273.....285 |
| Page 305.....445 | Page 298.....227 |
| Page 349.....395 | Page 426.....365 |
| Total for 10 pages = 4126 Average per page = 412 | Total for 10 pages = 2830 Average per page = 283 |
| Total no. of pages in book = 1049 No. of broken pages (by Ch. Head.) = 55 No. of full pages = 994 | No. of words on broken pages = 283x 55 = 15,565 No of words on full pages = 412 x 994 = 409,528 |
| | Estimate = 425,093 |

IRISH PRESS

15/11/1938

“David Copperfield”

AISTRÍÚ AR SCÉAL DICKENS

“David Copperfield” fe chulaith Gaedhilge – bíodh a fhios ag an saoghal fódach go bhfuil sin ar fáil anois againn.

Sid é an tarna uirscéal le Dickens gur cuireadh tionntódh air – más cruinn mo chuimhneamh; “Sgéal an dá Chathair” an chéad cheann.

Seán Ó Ruadháin do rinne an t-aistriú so, agus tá breis agus míle leathanach de dheagh-Ghaedhilg ann ar thrí scilleacha. Slad-mhargadh é.

IRISH PRESS

15/12/1938

Micawber ‘na Ghaedheal!

TURNING TO LITERARY matters, - have you heard what remarkable work the Gúm is doing now?

Within two or three weeks, half a shelf of splendid new books in Irish has appeared; and if anybody cannot find something to his taste, as a Christmas present for himself, he is beyond pleasing.

Those who don't know Irish will get pictures in the Gaelic version of *Peter Pan* – so even they are remembered.

THERE IS a huge book, a translation of *David Copperfield* made by Seán Ó Ruadháin.

I am against the translation of English classics into Irish as a rule; for as long as Ireland is bilingual, everyone will have English, and if you have any knowledge of any language, you ought to use it to read what is best in that language.

However, Seán Ó Ruadháin's translation is so good, so clever – (imagine Micawber waiting for something to turn up, in Irish!) – that I have read chapter after chapter with delight.

SOMETIMES, new books in Irish puzzle me so much that I wonder if I know the language at all, but then comes a book like Seán Ó Ruadháin's that flows like music; and the same let me say of Niall O'Domhnaill's translation of Stevenson's *Master of Ballantrae*, and I cry:

“That's the Irish I know!”

JULES VERNES, WELLS, AND DICKENS IN IRISH

A bulky book of 1,050 pages in a parcel received from "An Gum" publishing department, 3 and 4 College St., Dublin, attracted our special attention by its size and the very small sum it costs – three shillings, cloth bound, fine clear Gaelic type, and ten full page illustrations. The book is an Irish translation of Charles Dickens "David Copperfield", done by Sean O'Ruadhain. Sean's fine Irish story "Padraig Mhaire Ban" had the distinction of having been sold out within a year of publication – a fine tribute to its author and the interest and literary value of the book. He has done much good work for "An Gum" in recent years. His Irish translation of "David Copperfield" is a work that places him in the first rank of our writers of Irish. At the low price of three shillings, the book should have a large sale as a school and college reader, a Christmas gift, and a school prize for students who have earned recognition by their interest in their Irish studies.

In the same parcel we find Irish translations of two other famous classics and favourites of ours in their original telling – viz., Jules Vernes' "Tour of the World in Eighty Days" (translated by Professor J. O'Donoghue, M.A. University College, Cork ("Torna")), and "The First Man in the Moon" by H.G. Wells, translated by Michael O'Griobhtha, another "best seller in half a dozen Irish books – original and translated. The name of "Torna" (Professor O'Donoghue) is synonymous with all that is best in Irish scholarship. We spent a very pleasant Sunday renewing our acquaintance with Jules Vernes; Phileas Fogg of Saville Row and The Reform Club; Passepartout, Colonel Proctor, etc., in Torna's magnificent Irish. H.G. Wells' "First Man in the Moon", in its Irish dress, gave us more pleasure than the original, so well has Michael O'Griobhtha done his work.

The two books cost only 2s. each, cloth bound, Gaelic type.

"Iolar agus Sionnach" by Sean MacMaolain is an original Irish story of Belfast and district in 1798. Sean is one of the most gifted of the school of Irish writers from Ulster, whose books have done much to popularise the Ulster dialect. His gifts as a teller of a thrilling story are equal to his talents as a writer.
– S.O'F.

TUILLEADH LEABHAR

Do mhúch an Gúm le leabhraibh sinn um Nodlaig. Ar éigean atá a bhfuairas féin díobh léigthe fós agam acht táim ‘ghá gcur díom i n-áit a chéile. I bhfochair a bhfuil molta san leader cheana agam díobh, tráchtfad ar dha cheann eile an tseachtmhain seo.

Nuair bhímís ag foghlaim na Laidne ar scoil fadó bhíodh “eochair” againn le h-aghaidh pe téacs bhíodh againn. I bhfolach bhíodh sí againn de ghnáth acht bhíodh fo-ollamh ag imtheacht a thiubhradh cead duit an eochair do bheith agat go h-oscailte. Tá daoine ann anois a mholfadh duit leabhair aistriúcháin do léigheamh sa tslighe cheandna i nGaedhilg d’fhonn a mhúineadh duit cionnus Gaedhilg do chur ar gach aon saghas Beurla. Tá daoine eile ann agus ní mholfaidís duit aon aistriughadh do léigheamh ar eagla go bhfágfadh sé dall thú ar cheart agus ar chóir na Gaedhilge.

Idir an dá dhream is truagh é cás an duine bhíonn ag aistriughadh na leabhar. Má imthigheann sé ró-fhada ó’n mbun-ádhbhar, ní bhíonn aon mhaith i n-a shaothar mar “eochair” agus má leanann sé go ró-dhlúth de ní bhíonn aon ró-bhlas ar a chuid Gaedhilge na on tó-thaitneamh aige fein dí.

Seadh; nuair d’airigh mé go raibh Seán Ó Ruadháin ag aistriughadh “David Copperfield” is é dubhairt mé acht má bhí aoinne beó d’fheudfadh é dheunamh gurbh’ é Seán an duine agus bhí cíocras orm chum a leabhar d’fhagháil agus do léigheamh. Ní’l sé léigthe fós agam (ta 1049 leathannaigh de ann) acht an méid de atá, is beag na fuighinn lámha do chroitheadh leis na sean-cháirdibh, le Barkis agus le Peggotty, le Creakle agus leis na Micawbers, le Betsey Trotwood agus an chuid eile aca, aithnighim chómh maith san iad i n-aimhdheoin na teangan nua a labhraidh. Ní’l slighe agam d’á gcainnt annso – níor mhór roinnt mhaith dí do scríobhadh chum an blas atá uirthi do chur i n-iúl, agus mar sin, bíodh an léightheóir sásta le giota i dtaoibh na stoirme úd, - “the best prose description of a storm in English” a ndubhairt Ruskin –

“bhí sé an-deacair dom rud ar bith a chlos ach gaoth agus tontracha, agus bhí sluagh chomh mór sin ann, agus rí-rá chomh mór sin gur dhearcas amach ar an bhfairrge go bhfeicinn an longbhriseadh, agus ní fhacas tada ach caiple bana Mhanannain Mhic Lir.

Bhí ceann de na crainn briste an se nó an seacht de throighte ón gclár, agus é sínte amacht that thaobh na luinge, agus seolta agus sceadas casta thart air tromach tramach. Bhí an long dá cárnadh go huathbhásach gan sos gan chómhnuidhe, agus bhí an t-ualach sceadais sin dá bhualadh ar an taobh le gach tuairt, go sílfeá go réabfáidhe í. An tráth sin féin bhítear ag iarraidh an chuid seo den sceadas a ghearradh agus a leigean le sruth, mar go raibh taobh na luinge linn, agus nuair thug sí a ceann orainn, san únfairt a bhí uirthi, chonnaic mé annsin go soiléir an fuireann ag gabháil dó le tuaghanna. Duine aca a raibh gruag fhada chatach air agus a bhí ní ba shuaithnidhe ná an dream eile bhí saothar mór air. Ach leis sin féin cluineadh uaill uathbhásach ón gcladach, uaill a chluinfeá d’aimhdheoin na gaoithe agus na dtonn féin; rop an fhairrge léi os cionn na luinge luascaigh agus ghlan as amharc fir agus sprionnlaí agus barailí agus súsaín agus tonnach agus eile, mar shéidfeá ribe de do bhoir, nó gur chuach sí an méid sin chuici sna tonna báidhte.”